# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2007

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2007

***Curtha i láthair faoi réir Ailt 3 (11) de Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste(Leasú), 1993***

**Baile Átha Cliath**
**Foilsithe ag Oifig an tSoláthair**
Le ceannach díreach ón
**Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais**
**Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2**
nó tríd an bpost ó
**Fhoilseacháin Rialtais, Roinn Trádála Poist,**
Aonad Páirc Miondíola Cois Locha, Clár Chlainne Mhuiris, Contae Maigh Eo

Guthán: 01-6476834/37 nó 1890 213434,

Facs: 01-6476843 nó 094 9378964)
nó trí aon siopa leabhair.

320) Praghas €8.00

Ullmhaíodh an tuarascáil ar bhonn eolais, cáipéisí agus míniúcháin faighte ó Ranna agus Oifigí Rialtais luaite sa tuarascáil.

Cuireadh dréachtaí de sleachta ábhartha den tuarascáil chuig na Ranna nó na hOifigí i gceist agus d'iarradh orthu a gcuid tráchtanna a thabhairt. Nuair ba chuí, bhí na tráchtanna seo curtha san áireamh sa leagan deireanach den tuarascáil.

An English language of this Report is also available (Prn. A8/1317).

© Rialtas na hÉireann 2008

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí – 2007

Tá dualgas orm faoi Alt 33 den Bhunreacht tuairisciú chuig Dáil Éireann ag tréimhsí ainmnithe de réir an dlí. Faoi chumhacht Ailt 3 de Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá sé de dhualgas orm tuairisciú chuig Dáil Éireann ar m'iniúchadh ar Chuntais Leithreasa Ranna agus Oifigí agus na cuntais de fháltas ioncaim an Stáit níos luaithe ná 30 Meán Fómhair sa bhliain i ndiaidh na bliana lena baineann na cuntais.

Mar sin cuirim an tuarascáil do 2007 i láthair faoi réir Ailt 3 den Acht thuasluaite.

Seán Ó Buachalla

**SEÁN Ó BUACHALLA**

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

19 Meán Fómhair 2008

**Clár**


**CAIBIDIL 1** .......... **7**

**ÁBHAIR GHINEARÁLTA** .......... **7**

1.1 TORADH AIRGEADAIS AN RIALTAIS LÁIR .......... 8

**CAIBIDIL 2** .......... **11**

**AN PRÍOMH-CHÍSTE** .......... **11**

2.1 COSTAIS PHOSTAIS UM THOGHCHÁN .......... 12

**CAIBIDIL 3** .......... **17**

**IONCAM** .......... **17**

3.1 IONCAM A BAILÍODH .......... 18
3.2 CÁIN DHÍSCRÍOFA .......... 21
3.3 ANAILÍS AR NA CÁSANNA AR DÍSCRÍOBHADH NA SUIMEANNA IS MÓ INA LEITH .......... 23
3.4 CÁNACHA GAN ÍOC AGUS ÁSPC .......... 32
3.5 FORBAIRTÍ Ó THAOBH AN RIOSCA COMHLÍONTA A BHAINISTIÚ .......... 34
3.6 CLÁR INIÚCHTA NA GCOIMISINÉIRÍ IONCAIM .......... 35
3.7 CLÁR ATH-INIÚCHTA .......... 38
3.8 IONCHÚISIMH CHOIRIÚLA .......... 40
3.9 FIOSRÚCHÁIN SPEISIALTA .......... 42
3.10 SEICEÁLACHA NOCHTA DEONAIGH .......... 45
3.11 SCÉIM NA GCUNTAS SPEISIALTA DREASACHTA COIGILTIS .......... 50
3.12 ÚS AR ÍOCAÍOCHTAÍ DÉANACHA CÁNACH .......... 56
3.13 SOCHAIR CHOMHCHINEÁIL .......... 60

**CAIBIDIL 4** .......... **63**

**OIFIG NA NOIBREACHA POIBLÍ** .......... **63**

4.1 CEISTEANNA BAINISTÍOCHTA MAOINE .......... 64
4.2 TIONSCADAIL FAOISIMH TUILE .......... 69

**CAIBIDIL 5** .......... **71**

**AN GARDA SÍOCHÁNA** .......... **71**

5.1 IMSCARADH FEITHICLÍ AN GHARDA .......... 72

**CAIBIDIL 6** .......... **77**

**SEIRBHÍS PHRÍOSÚIN** .......... **77**

6.1 SOLÁTHAR I SEIRBHÍS PHRÍOSÚIN NA HÉIREANN .......... 78
6.2 COSTAIS TAISTIL .......... 82

**CAIBIDIL 7** .......... **83**

**AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL** .......... **83**

7.1 SCÉIMEANNA RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA .......... 84

**CAIBIDIL 8** .......... **89**

**AN ROINN CUMARSÁIDE, FUINNIMH AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA** .......... **89**

8.1 IONAD NÁISIÚNTA TAIGHDE DIGITEACH .......... 90

**CAIBIDIL 9** .......... **93**

**AN ROINN TALMHAÍOCHTA, IASCAIGH AGUS BIA** .......... **93**

9.1 COMHDHLÚTHÚ TEIDLÍOCHTAÍ I LEITH AONÍOCAÍOCHTA ....94

**CAIBIDIL 10 ....97**

**AN ROINN FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA ....97**

10.1 FIACHAS NA SCÉIME ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA....98

**CAIBIDIL 11 ....101**

**AN ROINN COSANTA ....101**

11.1 LIÚNTAS SEIRBHÍSE COIS TEORANN.... 102

**CAIBIDIL 12 .... 105**

**AN ROINN GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH .... 105**

12.1 RÓ-ÍOCAÍOCHTAÍ.... 106
12.2 IONCHÚISIMH .... 109
12.3 FÓIRDHEONTAS CHUIG AN MBORD PINSEAN .... 112

**CAIBIDIL 13 ....115**

**AN ROINN SLÁINTE AGUS LEANAÍ....115**

13.1 IRISH BLINDCRAFT .... 116

**CAIBIDIL 14 ....119**

**FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE ....119**

14.1 BAINISTÍOCHT ATHRUITHE I FSS.... 120
14.2 BAINISTIÚ AN BHUISÉID .... 132

**CAIBIDIL 15 .... 143**

**GNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA .... 143**

15.1 GNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA .... 144

**AGUISÍN 1 .... 153**

**IONCAM.... 153**

# Caibidil 1

# Ábhair Ghinearálta

# 1.1 Toradh Airgeadais an Rialtais Láir

Ba é €48.9 billiún glanioncam an Rialtais Láir in 2007. Ba ioncam cánach de €47.3 billiún an chuid ba mhó de seo[1]. Tá toradh foriomlán na bhfáltas agus an chaiteachais ar phríomhghníomhaíochtaí an rialtais láir leagtha amach i Tábla 1.

**Tábla 1 Fáltais agus Caiteachas an Státchiste**

| | 2007 €bn | 2007 €bn | 2007 €bn | 2006 €bn |
|---|---|---|---|---|
| **Fáltais** | | | | |
| Fáltais Chánach (Tábla 7) | | 47.33 | | |
| Fáltais Eile | | | | |
| Ioncam Neamhchánach | 0.64 | | | |
| Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí | 0.75 | | | |
| Fáltais Chaipitil | 0.19 | 1.58 | 48.91 | 47.38 |
| **Caiteachas** | | | | |
| Glanchaiteachas a Vótáladh (Tábla 4) | | 44.69 | | |
| Caiteachas Eile | | | | |
| Fónamh d'Fhiachas Náisiúnta | 1.68 | | | |
| An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean | 1.61 | | | |
| Íocaíochtaí leis an AE | 1.57 | | | |
| Iasachtaí a Eisíodh | 0.74 | | | |
| Eile | 0.23 | 5.83 | 50.52 | 45.33 |
| **Barrachas/(Easnamh) na bhFáltas i gcomparáid le Caiteachas** | | | **(1.61)** | **2.05** |

Léirítear gluaiseachtaí sreafa airgid a bhaineann le torthaí airgeadais an rialtais láir i Tábla 2.

**Tábla 2 Gluaiseachtaí Sreafa Airgid**

| | 2007 Iarmhéid Tosaigh €bn | 2007 Iarmhéid Deiridh €bn | 2007 Gluaiseacht €bn | 2006 Gluaiseacht €bn |
|---|---|---|---|---|
| Cuntas an Státchiste | 3.59 | 4.00 | 0.41 | 1.41 |
| Gníomhaíocht Taisce Thráchtála | – | 0.49 | 0.49 | – |
| Méideanna a Vótáladh Dlite (do)/ó Ranna agus Oifigí | 0.31 | 0.23 | (0.08) | (0.05) |
| Iarmhéideanna Ioncaim | (0.42) | (0.33) | 0.09 | (0.17) |
| (Fáltais)/Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí | | | (2.52) | 0.86 |
| **Iomlán** | | | **(1.61)** | **2.05** |

[1] Sonraithe i Tábla 7 do Chaibidil 3.1

## Comparáid idir an Toradh Vótáilte agus an Soláthar

Leithreasaigh Dáil Éireann €45.3 billiún in 2007 chun caiteachas ar sheirbhísí a vótáladh a mhaoiniú. Tábla 3 ar an soláthar le haghaidh seirbhísí vótáilte in 2007, mar a dhearbhaigh Dáil Éireann san Acht Leithreasa, 2007.

**Tábla 3 Soláthar don Bhliain**

| | 2007<br>€bn | 2007<br>Iomlán<br>€bn | 2006<br>Iomlán<br>€bn |
|---|---|---|---|
| Meastacháin le haghaidh Seirbhísí Soláthair | | | |
| Meastachán Bunaidh | 49.05 | | |
| Meastacháin Forlíontach | 0.25 | | |
| Géilleadh Iarchurtha 2006 | 0.16 | 49.46 | 44.50 |
| *Lúide: -* | | | |
| Leithghabhálacha-i-gCabhair | | | |
| Meastachán Bunaidh | 4.18 | | |
| Meastacháin Forlíontach | (0.03) | 4.15 | 4.02 |
| **Glanchaiteachas Measta** | | **45.31** | **40.48** |

Ba é €44.7 billiún an glanchaiteachas a íocadh as trí na leithreasaí seo. Dá thairbhe sin bhí farasbarr €620m ann a chuirfear €126m de ar aghaidh go 2008 faoi na rialacha reachtúla maidir le géilleadh iarchurtha leithreasaí caipitil áirithe.

**Tábla 4 Soláthar i gComparáid le Toradh**

| | 2007<br>€bn | 2007<br>Iomlán<br>€bn | 2006<br>Iomlán<br>€bn |
|---|---|---|---|
| Glanchaiteachas Measta (Tábla 3) | | 45.31 | 40.48 |
| Caiteachas Comhlán Iarbhír | 48.93 | | |
| Leithghabhálacha Iarbhír i gCabhair | (4.24) | | |
| Glanchaiteachas | | 44.69 | 39.44 |
| Farasbarr don Bhliain | | 0.62 | 1.04 |
| Géilleadh Iarchurtha 2007 | | 0.13 | 0.16 |
| **Méid le Géilleadh** | | **0.49** | **0.88** |

Is ionann an barrachas atá le géilleadh agus 1.08% den Ghlanchaiteachas Measta. Cuireadh €36.5m den mhéid a géilleadh ar aghaidh go 2008 faoi shocrú riaracháin buiséid eile.

### Fáltais Státchiste Bhreise

Ba é méid na bhFáltas Breise iníoctha leis an Státchiste mar atá taifeadta sna Cuntais Leithghabhála ná €188.99m.

## Géilleadh Iarmhéideanna de Vótaí 2006

B'fhiú €878m na hiarmhéideanna a bhí le géilleadh as Vótaí do Sheirbhísí Poiblí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006. Dearbhaím anseo go bhfuil na hiarmhéideanna seo géillte mar is cuí.

## Cuntais Stoic agus Stóir

Tá scrúdú déanta ar chuntais stoic agus stóir na Rann agus toradh sásúil orthu de ghnáth.

# Caibidil 2

# An Príomh-Chíste

# 2.1 Costais Phostais um Thoghchán

Cuireann an Post réimse lacáistí ar fáil do chustaiméirí a chuireann post ar fáil ag am nó ar bhealach atá costéifeachtach don chuideachta. Is féidir sonraí ginearálta a fháil faoi leas a bhaint as na lacáistí sin i mbróisiúr An Post dar teideal *'Bulk Discounts for Mailers'*. Tugtar le fios sa bhróisiúr gur féidir conradh lascaine a fáil ó dhuine ar bith dá Bhainisteoirí Cuntais agus molann sé go mbuailfí le custaiméirí chun a riachtanais a phlé leo. Is léir óna bhfuil scríofa faoin ábhar go spreagann An Post custaiméirí chun leas a bhaint as bulcphostáil toisc go mbíonn sé costéifeachtach don chuideachta.

Cuireann An Post na critéir seo a leanas san áireamh nuair atá cinneadh á dhéanamh faoi theidlíocht i leith lacáiste

- an oiread is a chuirtear an t-ábhar le postáil ar fáil don Phost ag am a éascaíonn iad a shórtáil agus a phróiseáil ag uaireanta beagéilimh
- an féidir le trealamh uathoibrithe de chuid An Post an t-ábhar a phróiseáil a chuirtear ar fáil le postáil
- an oiread ab'fhéidir nó ar féidir an t-ábhar a chuirtear ar fáil le postáil a shórtáil gan aon obair láimhe
- an féidir seachadadh an phoist a chur ar athló *.i.* an mbeadh na custaiméirí sásta mura sheachadfaí an t-ábhar an chéad lá oibre dar gcionn
- an sásaíonn an t-ábhar na tomhais sainithe.

## Forálacha Reachtúla Maidir le Post-Vótáil Toghchánaíochta

Bunaíodh An Post faoin Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983 (Acht 1983). Sainíonn Rialacháin 4.2(a) de Rialacháin 2002 (I.R. 616/2002) de chuid na gComhphobal Eorpach gurb é An Post soláthraí na Seirbhísí Uilechoiteann Poist.

Tá foráil in Alt 57(1) den Acht Toghcháin 1992, gur féidir le gach iarrthóir sna toghcháin Dála cumarsáid a bhaineann leis na toghcháin sin a chur saor ó tháille phostais chuig gach duine ar chlár na dtoghthóirí Dála sa dáilcheantair sin nó chuig aon chuallaíocht dá leithéid de dhaoine, agus tá foráil in Alt 92 go seachadfaí cártaí faisnéise vótaíochta saor ó tháille phostais. Tá foráil in Alt 75 den Acht 1983 go gcúiteofaí An Post as gach postas saor den sórt sin a chuirtear ar fáil.

> *'Beidh an chuideachta (An Post) i dteideal go gcúiteofaí í as an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis as an bpostas a chaillfidh sí de bhíthin aon achtachán a dhéanann socrú le haghaidh postais in aisce i ndáil le haon toghchán nó reifreann nó aon achainí nó aitheasc chun an Uachtaráin, chun an Rialtais nó chun ceachtar Teach den Oireachtas.'*

Féadfaidh An Post na cumhachtaí atá dílsithe ann de bhun Alt 74 d'acht na bliana 1983 agus le cead an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, rialacháin a cheapadh ag leagadh síos na gcritéar faoina bhféadfaidh iarrthóirí sna Toghcháin Dála leas a bhaint as scéim an tsaorphostais. Tugadh isteach na rialacháin seo san Ionstraim Reachtúil 338/1992 agus leagann siad síos na riachtanais agus na srianta maidir le cineál na bpacáistí poist, a meáchan agus a méid, agus an t-am agus an chaoi a tugtar iad ar láimh in oifig an phoist.

## Méideanna le hAisíoc le An Post

Ba é €14,686,283[2] an méid a aisíoc an Príomh-Chiste le An Post faoi na forálacha seo i leith Toghcháin Ghinearálta agus Toghcháin an tSeanaid in 2007 (Íocadh €7m ar cuntas ar 26 Meitheamh 2007, agus iarmhír de €7,686,283 ar 17 Eanáir 2008). Mar thacaíocht lena n-éileamh ar íocaíocht, chuir An Post na

[2] Ní háirítear sa mhéid seo an tsuim de €11,987 maidir le seachadadh páipéar ballóide trí phost cláraithe chuig Oifig an tSeanaid.

sonraí seo a leanas ar fáil faoi na nithe a postáladh agus na táillí postála cuí a gearradh orthu.

**Tábla 5 Éileamh maidir leis an Toghchán Ginearálta agus Toghchán an tSeanaid 2007**

| Líon na Míreanna | Ráta | Iomlán € |
|---|---|---|
| 25,739,471 | €0.54 | 13,899,314 |
| 25,949 | €0.55 | 14,272 |
| 626 | €0.95 | 595 |
| 11,183 | €4.93 | 55,132 |
| 143,394 | €5.00 | 716,970 |
| **25,920,623** | | **14,686,283** |

Cé go n-aithnímid an dualgas reachtúil atá ann postas saor in aisce a sholáthar d'iarrthóirí nuair a bhíonn toghcháin ann, is cosúil mar sin féin, nuair a chuirtear na coinníollacha a leag An Post síos faoi IR 338/92, ba chóir go bhféadfadh An Post sábháil shuntasach a dhéanamh ar chostais de bharr bharainneacht mhórscála agus an chaoi gurbh fhusa dá bharr sin an t-ábhar toghchánaíochta a láimhseáil.

D'aithin an Roinn Airgeadais é sin agus chuadar i mbun caibidlíochta in 1998 agus in 2007 chun laghdú a fháil ar an méid a bhí á éileamh ag An Post don tseirbhís seo. Theip ar na hiarrachtaí sin. Is léir ó pháipéir na Roinne Airgeadais a ndearnadh athbhreithniú orthu le linn an iniúchta gur éiligh an Roinn go laghdófaí an bille nuair a bhí sí ag glanadh dara sonrasc (an sonrasc deireanach) An Post i Meán Fómhair 2007. Dhiúltaigh An Post aon lacáiste a thabhairt agus íocadh an tsuim iomlán a bhí ar an sonrasc in Eanáir 2008.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Bhí lacáiste ó 6 go 11 cent ó na gnáthrátaí poist á thairiscint ag An Post i gcás bulcphóstála agus bhraithfeadh an lacáiste ar na roghanna postála a bheadh ag teastáil. Dá mbeadh lacáistí mar seo le fáil don mhéid a postáladh sa toghchán ginearálta agus i dtoghchán an tSeanaid in 2007 spárálfaí costas idir €1.5 agus €3.3m ar an Státchiste.

Cé gur chosúil go bhféadfadh An Post costais shuntasacha a spáráil de bharr an fhógra a tugadh faoi am na dtoghchán agus an cuíchóiriú a rinneadh ar sholáthar an ábhair phostála dá bharr, in ainneoin sin is uile, ní raibh an Stát agus í ag úsáid seirbhísí poist in ann tairbhe a bhaint as lacáistí cosúil leo siúd a bhí á n-ofráil do chustaiméirí eile na seirbhíse.

Ó bhí cúrsaí amhlaidh, d'iarr mé ar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais, ós í a reáchtálann an Príomh-Chiste, agus ar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ós í atá freagrach as reáchtáil na dtoghchán, a mbarúil a thabhairt faoin scéal.

# Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go mbaineann freagracht a Roinne maidir le toghcháin agus reifrinn don chuid is mó le cúrsaí beartais agus leis an gcreatlach reachtaíochta maidir lena reáchtáil. Lena chois sin bhí an Roinn freagrach as gnéithe áirithe de riaradh toghchán agus reifreann. Ba ar chinn chomhairimh na nDáilcheantar a bhí an phríomhfhreagracht maidir le reáchtáil na dtoghchán agus na reifreann. Cé go mbíonn an Roinn i dteagmháil le An Post faoin sonraíocht theicniúil a bhaineann le roinnt cumarsáidí toghchánaíochta a bhfuil An Post i dteideal aisíocaíocht a fháil orthu, ní bhaineann costas na seirbhísí féin le sainordú na

Roinne.

Nuair a ghairtear toghchán nó reifreann tugann an Roinn sonraí do An Post faoi na toghthóirí ar bhonn cathrach/contae agus dáilcheantair (is iad an 34 comhairle cathrach agus contae a chuireann na sonraí ar fáil don Roinn ós iad sin na húdaráis chláraithe. Tugann sí sonraí do An Post faoi na toghthóirí ar na hoileáin agus is iad na cinn chomhairimh a dhéanann cinntí faoi laethanta luathvótála orthu. Cabhraíonn an fhaisnéis seo le An Post chun pleanáil a dhéanamh faoin lear mór cártaí faisnéise vótaíochta a seolfar tríd an gcóras poist le linn tréimhse toghcháin nó reifrinn. Déanann na cinn chomhairimh agus na húdaráis chláraithe socruithe mionsonraithe ar an leibhéal áitiúil leis na hoifigí poist faoi na cártaí faisnéise a phostáil.

Níl aon ról ag an Roinn faoi fheidhmiú na n-áiseanna saorphostála a chuireann An Post ar fáil d'iarrthóirí agus do pháirtithe polaitiúla ag amanna toghchán agus baineann ceisteanna faoi chostas leithdháilte cártaí faisnéise vótaíochta nó Ráiteas (faoi leith) chun faisnéis a thabhairt do vótálaithe leis an Roinn Airgeadais faoi réir Alt 75 den Acht 1983, Alt 4 den Acht Toghcháin, 1992 agus reachtaíocht bhainteach eile.

## Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais

Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais gurb é beartas soiléir an Rialtais, arna achtú i reachtaíocht an Oireachtais, go dtabharfaí cártaí vótaíochta agus teachtaireachtaí uatha siúd go léir a bheadh ag seasamh don toghchán do na toghthóirí go léir nuair a bheadh toghchán ar siúl agus go dtabharfaí ráitis faisnéise dóibh i gcás reifreann. Leag sé béim ar an gcaoi

- a socraíonn An Post na scéimeanna saorphostála tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus nach bhfuil aon foráil reachtúil ann go rachaidís i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.
- Ceist don Rialtas, agus go háirithe don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, is ea beartas sa chomhthéacs seo a athrú.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom go ndearna an Roinn ceist an lacáiste a phlé roinnt uaireanta ach gurb é an freagra ba mhinice a fuaireadar ó An Post ná go raibh siad i dteideal aisíocaíocht iomlán a fháil de bharr an phostais a chailleadar. Tá siad i dteideal é seo a fháil de réir na comhairle dlí a fuarthas. Rinne Oifig an Ard-Aighne soiléiriú ar shainmhíniú/léirmhíniú téarmaí áirithe a úsáideadh sa reachtaíocht, *.i. 'saor ó aon táille phostais', cailliúint postais'* agus *'go gcúiteofaí í'* as an bPríomh-Chiste as a chaillfidh sé, agus dúirt gur dhearbhaigh an téarma *'cúitigh'* go gcaithfear An Post a íoc as cibé cailliúint a thabhaíonn sé, agus gurb ionann é sin agus an méid a thuillfeadh sé dá bhfancálfaí go hiomlán na teachtaireachtaí a seoladh faoin scéim saorphostála. Thacaigh an tArd-Aighne leis an sainmhíniú a thug An Post ar a raibh caillte acu - gurb ionann é sin agus na táillí poist a chaill An Post maidir le teachtaireachtaí a seachadadh '*saor ó aon táille phostais*'.

Dhearbhaigh an chomhairle dlí freisin go bhfuil ar an Roinn an méid a ghearrann An Post a íoc.

Ar an iomlán, ba é tuairim an Oifigigh Chuntasaíochta ós rud é go mba beartas follasach an Oireachtais é, mar a cuireadh i bhfeidhm sa reachtaíocht toghchánaíochta, go n-eiseofaí teachtaireachtaí chuig gach duine de na toghthóirí i gcás toghchán Dála agus reifreann go raibh oibleagáid dhlíthiúil ar an Roinn an méid a ghearr An Post a íoc. Ceist bheartais a bheadh ann aon leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht agus bheadh ar an Rialtas cinneadh a dhéanamh faoi, bheadh ar an Oireachtas é a cheadú, agus ós rud é gurb é beartas an Rialtais é faoi na hAchtanna Toghcháin go dtugtar teachtaireachtaí go pearsanta do na thoghthóirí go léir, ní féidir leis an Roinn na dualgais nó na teidlíochtaí sin a athrú.

## Torthaí

Cé go spreagann An Post lucht gnó agus aonáin eile a bhíonn post ar an mórchóir acu a chuid seirbhísí a úsáid agus go dtugann sé táillí laghdaithe postais dóibh dá bharr, baineann an Stát leas as a seirbhísí ach níl sé in ann leas a bhaint as na téarmaí fabhracha seo atá ar fáil go forleathan.

Aithnítear go ndearna an Roinn Airgeadais iarracht caibidlíocht a dhéanamh lacáistí a fháil i gcás a cuid bulcphostas agus go ndearna sí an oiread is a d'fhéad sí i gcomhthéacs na creatlaí reachtaíochta agus beartais. Is é an toradh atá air ná go gcuireann téarmaí dochta na reachtaíochta cosc ar lacáistí a fháil agus ós rud é go bhfuil monaplacht ag An Post níl soláthraithe eile ann lena dhéanamh.

# Caibidil 3

# Ioncam

# 3.1 Ioncam a Bailíodh

Faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ní mór domsa

- pé imscrúdú a dhéanamh agus a mheasaimse bheith iomchuí d'fhonn a fháil amach ar bunaíodh córais, nósanna imeachta agus cleachtais ar leor iad chun seiceáil éifeachtach a shlánú um measúnú, bailiú agus leithdháileadh iomchuí ioncaim an Stáit agus chun mé féin a shásamh gur leor é an chaoi ina bhfuiltear á n-úsáid agus á gcur chun feidhme.
- imscrúdú a dhéanamh i leith an chuntais ioncaim a fuair agus a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh leis an Státchiste d'fhonn mé féin a shásamh ó thaobh a iomláine agus a chruinnis agus torthaí m'imscrúdaithe a thuairisciú do Dháil Éireann.

Ar bhonn timthriallach, déanaim imscrúdú ar chórais Ioncaim le cáin a mheasúnú agus a bhailiú Tagraítear le hailt 3.2 go 3.12 do chúrsaí ag éirí as an imscrúdú seo. Pléitear in alt 3.13 le hábhar ag éirí as m'iniúchadh ar an Vóta do na Coimisinéirí Ioncaim.

Déanaim tuairim maidir le hiomláine agus cruinneas an Chuntais Ioncaim ar bhonn an imscrúdaithe agus na tástála a rinne m'Oifig ar na córais éagsúla fáltais, aisíocaíochta agus cuntasaíochta laistigh d'Ioncam. Glacaim leis go dtugann an obair maidir le córais, ar tagraíodh di thuas, cinnteacht freisin. Leagtar an Cuntas Ioncaim, in éineacht le mo thuairim air, amach san Aguisín a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

## Ioncam a Bailíodh

Ba é an ollsuim a bhailigh Ioncam in 2007 ná €66.1 billiún san iomlán. Leagtar comhdhéanamh na hollsuime a bailíodh amach i Tábla 6. Nuair a fhágtar na suimeanna eile arna mbailiú thar ceann Ranna agus ghníomhaireachtaí eile as an áireamh, €56.6 billiún is inchurtha i leith lárioncam an Stáit.

**Tábla 6 Ollsuim Iomlán a Bailíodh**

| | 2007 €m | 2007 €m | 2006 €m | 2006 €m |
|---|---|---|---|---|
| Ollsuim a Bailíodh | | 66,148 | | 62,330 |
| *Lúide an tsuim is inchurtha i leith Rann agus Gníomhaireachtaí eile* | | | | |
| ÁSPC | (9,292) | | (8,348) | |
| Tobhach Sláinte | (188) | | (168) | |
| Tobhach Comhshaoil | (22) | | (19) | |
| Eile | (7) | (9,509) | (7) | (8,542) |
| **Cáin agus Dleachtanna a Bailíodh** | | **56,639** | | **53,788** |

Athíocadh €9.1 billiún le cáiníocóirí in 2007. Is ionann na haisíocaíochtaí seo agus 16% d'iomlán na bhfáltas. Is mar gheall ar dhá theideal cánach go príomha a tharlaíonn aisíocaíochtaí. I gcás CBL tarlaíonn siad sa chás gur mó an CBL ar cheannacháin trádálaí ná an CBL ar a dhíolacháin. Is féidir le roinnt trádálaithe a bheith i riocht go mbíonn CBL á haisíoc go buan i gcásanna go mbíonn nialas curtha de ráta ar a ndíolacháin ach go mbíonn CBL á gearradh orthu maidir le roinnt nó gach ceann dá gceannacháin - roinnt gnóthaí bia mar shampla. Is féidir leis tarlú freisin sa chás go méadaíonn trádálaí stoc nó sa chás go gceannaíonn sé píosa costasach trealaimh in imeacht tréimhse. Is é an teideal eile a mbíonn ardleibhéal aisíocaíochtaí i gceist leis ná Cáin Ioncaim. Sa chás seo, chomh maith le

haisíocaíochtaí faoi chomhchodanna difriúla na Cánach Ioncaim, tá íocaíochtaí d'fhaoiseamh cánach ag an bhfoinse le haghaidh úis mhorgáiste san áireamh i bhfigiúr na n-aisíocaíochtaí chomh maith le hárachas sláinte agus íocaíochtaí i leith SSIA agus Creidmheas Dreasachta Cánach na bPinsean[3]. Leagtar amach i dTábla 7 an ghlansuim a bailíodh de réir an teidil chánach tar éis d'aisíocaíochtaí a bheith curtha san áireamh.

**Tábla 7 Cáin a Bailíodh agus a Aisíocadh**

| | 2007 Ollfháltais €m | 2007 Aisíocaíochtaí €m | 2007 Glanfháltais €m | 2006 Glanfháltais €m |
|---|---|---|---|---|
| Cáin Ioncaim | 16,788 | 3,206 | 13,582 | 12,375 |
| Cáin Bhreisluacha | 19,248 | 4,729 | 14,519 | 13,451 |
| Mál | 6,127 | 124 | 6,003 | 5,696 |
| Cáin Chorparáide | 7,329 | 936 | 6,393 | 6,685 |
| Dleachtanna Stampála | 3,309 | 65 | 3,244 | 3,632 |
| Dleachtanna Custaim | 280 | 7 | 273 | 255 |
| Cáin Fháltais Caipitiúil | 397 | 6 | 391 | 343 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 3,161 | 64 | 3,097 | 3,099 |
| **Iomlán** | **56,639** | **9,137** | **47,502** | **45,536** |
| Suimeanna iníoctha le FSS don Dleacht Máil ar Thobac [(a)] | – | – | (168) | (168) |
| **Suim Iomlán Iníoctha leis an Státchiste** | | | **47,334** | **45,368** |

[(a)] Alt 3 den Acht Leithreasaithe, 1999, faoi mar a leasaíodh

Ba é an glanioncam ó chánacha agus dhleachtanna don bhliain ná €47,334m. Íocadh €47,247m leis an Státchiste[4].

Ba é sprioc lá Bhuiséad 2007 le haghaidh ioncam cánach ná €49,074m. Dá réir sin, bhí easnamh €1,827m san ioncam cánach sa bhliain. Soláthraítear miondealú ar ghlansuim an easnaimh de réir na dteideal cánach iar leith i Tábla 8.

[3] Tugtar Creidmheas Dreasachta Cánach na bPinsean do shealbhóir cáilithíoch SSIA a infheistíonn iomlán na gcistí aibithe, nó cuid díbh, faoi réir ag suim uasta, i scéim pinsean cheadaithe.
[4] Le himeacht ama, cuirtear iarmhéideanna fionraí san áireamh leis an tsuim arna híoc leis an Státchiste i gcásanna inar íoc cáiníocóir cánacha ach nach bhfuil siad leithdháilte. Ba é an tsuim a íocadh roimh ré ag 31 Nollaig 2007 ná €329m (€416m ag 31 Nollaig 2006).

**Tábla 8 Ioncam Cánach 2007 a Íocadh leis an Státchiste i gcomparáid leis an tSuim Réamh-mheasta**

| Cáin | Réamh-mheastachán | Íocaíochtaí leis an Státchiste | Farasbarr/(Easnamh) | |
|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | % |
| Cáin Ioncaim | 13,555 | 13,572 | 17 | 0.1 |
| Cáin Bhreisluacha | 14,870 | 14,497 | (373) | (2.5) |
| Mál | 6,069 | 5,838 | (231) | (3.8) |
| Cáin Chorparáide | 6,650 | 6,391 | (259) | (3.9) |
| Dleachtanna Stampála | 3,925 | 3,186 | (739) | (18.8) |
| Dleachtanna Custaim | 285 | 266 | (19) | (6.7) |
| Cáin Fháltais Caipitiúil | 375 | 392 | 17 | 4.5 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 3,345 | 3,105 | (240) | (7.2) |
| **Iomlán** | **49,074** | **47,247** | **(1,827)** | **(3.7)** |

Cuireann Ioncam an t-easnamh i gcoinne an tsuim a réamh-mheasadh[5] a tharla i bhformhór na dteideal cánach, síos do mhoilliú sa mhargadh maoine go príomha agus do leibhéal caiteachais ó thomhaltóirí a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil. Chuaigh fáltais Chánach Ioncaim os cionn an tsuim a réamh-mheasadh áfach toisc go raibh an fhostaíocht ag dul i méad go leanúnach agus toisc go bhfuarthas níos mó fáltais ón gCáin Choinneála ar Ús Taisce ná mar a bhíothas ag súil mar gheall ar mhéaduithe ar rátaí úis, agus go raibh daoine fós ag coinneáil suimeanna airgid i gcuntais SSIA mar thaiscí tar éis deireadh a dtéarma a bheith sroichte. Fritháiríodh cuid díobh seo toisc go raibh fáltais chánach ioncaim ó dhaoine féinmheasúnaithe níos ísle ná mar a bhíothas ag súil mar gheall go raibh leibhéil an bhrabúis bhunúsaigh a raibh siad sin ag súil leo níos ísle ná mar a bhíothas ag súil.

[5] Scrúdaítear an mhodheolaíocht réamh-mheastacháin a úsáideann an Roinn Airgeadais i dTuairisc Ghrúpa an Athbhreithnithe ar an Modheolaíocht le Cáin a Réamh-mheas, Feabhra 2008.

## 3.2 Cáin Dhíscríofa

Díscríobhadh €118m de chánacha agus ÁSPC i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2007. Díscríobhadh €2.5m, a bhain le 7,641 cás le hiarmhéideanna níos lú ná €1,000 agus a measadh go mbeadh sé neamheacnamúil leanúint leo, ar bhonn uathoibrithe in 2007. Measúnaíodh an t-iarmhéid a bheadh le díscríobh ó chás go chéile. Taispeántar miondealú i Tábla 9 ar an tsuim iomlán a díscríobhadh de réir an cheannteidil chánach. Nuair a cheadaítear é, cuirtear marcálaí díscríofa ar thaifead ríomhaire an cháis, rud a fhágann go stoptar aon ghníomhaíocht bhailiúcháin eile. Cuirtear liostaí ar gach cás a mholtar le díscríobh faoi bhráid Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim lena gceadú.

**Tábla 9 Cánacha Díscríofa**

| Cáin | 2007<br>€000 | 2006<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Cáin Bhreisluacha | 46,195 | 45,253 |
| ÍMAT | 24,009 | 21,623 |
| ÁSPC | 21,899 | 23,799 |
| Cáin na gConarthaí Ábhartha | 14,796 | 9,492 |
| Cáin Ioncaim | 6,219 | 14,181 |
| Cáin Chorparáide | 1,496 | 3,505 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 479 | 799 |
| Suimeanna Eile a Díscríobhadh go hUathoibríoch | 2,544 | 994 |
| **Iomlán** | **117,637** | **119,646** |

Déanann na Coimisinéirí Ioncaim an fáth go ndíscríobhtar suim a thaifeadadh i ngach cás agus tugtar mionsonraí i Tábla 10 ar líon na gcásanna agus ar an tsuim a díscríobhadh le haghaidh gach catagóir. Tháinig breis is €96m den tsuim a díscríobhadh chun cinn i gcásanna inar scoireadh de ghnóthaí nó i gcásanna a raibh deacrachtaí ag gnóthaí. Baineann an t-iarmhéid de €22m le cásanna nár bailíodh an tsuim a bhí fós le híoc toisc nach rabhthas in ann teacht ar an gcáiníocóir, mar gheall ar chinneadh na gCoimisinéirí Ioncaim nárbh fhiú an tsuim a bhí fós le híoc go gcaithfí acmhainní lena bailiú agus mar gheall ar fhachtóirí eile, ar nós fáthanna comhthrua.

**Tábla 10 Fáthanna gur Díscríobhadh Suimeanna**

| Fáth | 2007 Líon na gCásanna | 2007 €000 | 2006 Líon na gCásanna | 2006 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Scoireadh den Ghnó/Deacracht Leis** | | | | |
| Leachtú/Glacadóireacht/Féimheacht | 704 | 41,798 | 592 | 46,313 |
| Deireadh le trádáil – gan sócmhainní ar bith | 1,196 | 46,423 | 2,106 | 44,438 |
| Dobhailithe de bharr chúinsí airgeadais an cháiníocóra | 191 | 4,678 | 306 | 3,177 |
| Scrúdaitheoireacht | 10 | 2,275 | 6 | 185 |
| Éagtha agus Eastát Dócmhainneach | 80 | 834 | 162 | 1,762 |
| **Fáthanna Eile** | | | | |
| Ní féidir a rianú / Lasmuigh den Dlínse | 325 | 9,763 | 644 | 12,391 |
| Neamheacnamúil chun coinneáil leo [(a)] | 8,498 | 9,735 | 4,644 | 8,829 |
| Forais Atruacha | 122 | 1,827 | 179 | 1,865 |
| Dliteanas gan Fhoras | 53 | 304 | 120 | 686 |
| **Iomlán** | **11,179** | **117,637** | **8,759** | **119,646** |

[(a)] Tá 7,641 cás a díscríobhadh go huathoibríoch san áireamh.

Ba é €2.9m an tsuim shingil ba mhó a díscríobhadh in 2007 i leith ÍMAT/ÁSPC an Fhostóra agus CBL a bhí dlite ag grúpa cuideachtaí sa tionscal earcaíochta a chuaigh faoi ghlacadóireacht. Bhí aon chás déag eile ann inar mhó ná €1m an tsuim a díscríobhadh.

Is é an Brainse Iniúchta Inmheánaigh de na Coimisinéirí Ioncaim a thugann faoi scrúdú bliantúil ar shuim na cánach a díscríobhtar. Scrúdaíodh sampla de 207 cás ina iniúchadh in 2007, arbh ionann agus 44% (€50m) de luach na suimeanna díscríofa neamh-uathoibrithe (€115m). Bhí an Brainse Iniúchta Inmheánaigh sásta gur díscríobhadh gach suim de réir na gcritéar a fhorordaítear gan ann ach eisceacht amháin. Sa chás seo, a bhain le €87,275 a dhíscríobh i leith CBL agus ÍMAT/ÁSPC, bhí fianaise ann gur tharla dhá idirbheart maidir le maoin tráth ar díscríobhadh an cháin agus ba chosúil go ndearna an cáiníocóir thart ar €1m de bhrabús de bhar na n-idirbheart sin. Táthar tar éis an aisíocaíocht a aisiompú ó shin agus táthar ag leanúint leis an gcáin atá fós le híoc. D'imscrúdaigh an Brainse Iniúchta Inmheánaigh torthaí na gcúrsaí díscríofa uathoibrithe freisin agus dhearbhaigh siad gur feidhmíodh na critéir roghnaithe údaraithe i gceart le haghaidh gach aon chúrsa.

Scrúdaigh mé an 20 cás inar díscríobhadh na suimeanna ab airde d'ÍMAT/ÁSPC in 2007. Tá mionsonraí ar an scrúdú seo i gCaibidil 3.3, chomh maith leis na torthaí.

## 3.3 Anailís ar na Cásanna ar Díscríobhadh na Suimeanna is Mó ina Leith

Leagtar amach i gCaibidil 3.2 mionsonraí ar cháin gan íoc a díscríobhadh in 2007. Sa bhliain sin, díscríobhadh €118m as a bhain €46m le hÍMAT/ÁSPC. Leagtar amach an patrún maidir leis na suimeanna a díscríobhadh le cúig bliana anuas i Tábla 11.

**Tábla 11 Suim Iomlán na Cánach a Díscríobhadh 2003 go 2007**

| Bliain | Líon na gCásanna | An tSuim Iomlán a Díscríobhadh €m | IMAT/ÁSPC a Díscríobhadh €m | % den Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 2003 | 42,741 | 119 | 34 | 29% |
| 2004 | 26,141 | 173 | 73 | 42% |
| 2005 | 65,762 | 143 | 49 | 34% |
| 2006 | 8,759 | 120 | 45 | 37% |
| 2007 | 11,179 | 118 | 46 | 39% |
| **Iomlán** | **154,582** | **673** | **247** | **37%** |

Mar chuid den iniúchadh, roghnaíodh 20 de na cásanna inar díscríobhadh an tsuim is mó le go ndéanfaí athbhreithniú orthu - ba é suim an ÍMAT/ÁSPC a díscríobhadh i ngach cás an bonn ar cinneadh iad a roghnú. Bhain €11.4m den €17m a díscríobhadh sna cásanna seo le hÍMAT/ÁSPC a raibh €6.5m de bunaithe ar thuairisceáin a cuireadh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim agus bhí €4.9m bunaithe ar mheastacháin a tharraing na Coimisinéirí Ioncaim anuas.

### Buncheisteanna an Iniúchta ar an Iomlán

Tá baol ann gurb éard atá i gceist le sciar mór de na dliteanais chánach a díscríobhadh ná cáin a baineadh d'fhostaithe ach nár cuireadh chuig na Coimisinéirí Ioncaim í. D'fhéach mé, agus na suimeanna seo a díscríobhadh á n-úsáid agam mar chás-staidéir, le scrúdú a dhéanamh ar na fachtóirí a bhí i gceist agus a d'fhág gur díscríobhadh an tsuim d'fhonn is go dtiocfainn ar aon impleachtaí don bhealach a bhainistíonn na Coimisinéirí Ioncaim an córas. Go ginearálta, bhain na tréithe seo a leanas leis na cásanna tar éis dóibh a bheith rangaithe.

- Bhí cuid mhaith cánach díscríofa i gcásanna inar tháinig fadhbanna, ó thaobh dlíthe cánachais a chomhlíonadh, chun cinn go luath tar éis clárú (30% de na cásanna samplacha).
- In ainneoin go ndearnadh monatóireacht ar chásanna ar aithníodh gur bhain fadhbanna leo, tharla díscríobhadh in 8 gceann den 20 cás.
- Níor aisghabhadh aon ioncam cé gur bhain 25% de na cásanna le fiontair eile a raibh na daoine céanna i gceist leo.
- Bhí íocaíochtaí nár gearradh cáin orthu, agus a tugadh d'fhostaithe, san áireamh le rioscaí sonracha na hearnála sa tionscal slándála.
- Is cosúil nach raibh éifeacht iomlán le forfheidhmiúchán ón Sirriam i gcás amháin.
- Níor aisghabhadh aon chánacha go dtí seo sa chuid sin den sampla a d'eascair as leachtuithe.

## Breathnadóireachtaí Ginearálta an Oifigigh Chuntasaíochta

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur ghlac na Coimisinéirí Ioncaim cur chuige cásoibre, ó lár na 1990idí, i leith an fhiachais agus nósanna comhlíonta dlíthe cánach a bhainistiú sa chaoi is gur dhírigh aonaid aonfheidhme bhainistíochta fiachais ar thuiscint a fháil ar thréithe gach cáis lenar bhain fadhb i dtaobh fiachais nó dhlíthe cánach a chomhlíonadh, agus gur úsáid an t-aonad an cur chuige bailiúcháin agus forfheidhmiúcháin ab éifeachtaí bunaithe ar eolas agus ar fhaisnéis an cháis aonair sin. Tá an fócas leanúnach ar an gcur chuige cásoibre a fheabhsú agus a mhionathrú chun feabhais i leith bainistiú fiachais agus comhlíonta á léiriú ag

- An 16 aonad aonfheidhme i Rannán an Ard-Bhailitheora a bhíonn ag spriocdhíriú ar ghníomhaíochtaí comhlíonta agus bainistíochta fiachais a bhainistiú ar bhealach struchtúrtha.
- Na haonaid laghdaithe fiachais a úsáidtear ionas go gclúdófar an oiread agus is féidir den iliomad cás lena mbaineann leibhéil ísle ó thaobh fiachais de.
- Na sainaonaid a spriocdhíríonn ar rioscaí áirithe amhail féinics[6] cásanna agus cásanna lena mbaineann fiachas suntasach comhiomlán atá nasctha toisc go bhfuil na stiúrthóirí céanna i gceist.
- Fócas leanúnach ar ábharthacht agus leorgacht threoirlínte agus nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim ionas go bhfoghlaimeofar an oiread agus is féidir de bharr a bheith ag obair ar chásanna.

Cinntítear go ndearbhaítear cáilíocht an chur chuige cásoibre trí

- Cásanna a bheith á roghnú go neamhspleách go ndéanfaidh an fhoireann ábhartha bainistíochta cásoibre athbhreithniú ar an gcáilíocht a dearbhaíodh a bheith leo. Déantar gníomhartha ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal foirne, de réir mar is cuí, chun leanúint le riachtanais ó thaobh nósanna imeachta, próisis nó riachtanais oiliúna a aithnítear.
- Cuirtear tuairisc, maidir le hathbhreithniú ar dhornán de chásanna díscríofa a roghnaíodh, faoi bhráid an Ard-Bhailitheora ar bhonn míosúil chun aon mholtaí áirithe chun an chásobair a fheabhsú a aithint.

## Clárúcháin Nua

Bhain fadhbanna, ó thaobh dhlíthe cánach a chomhlíonadh, le cúig chinn de na cásanna sa sampla a scrúdaíodh, go luath tar éis dóibh a bheith cláraithe chun críocha cánach agus, ar deireadh, díscríobhadh suimeanna suntasacha cánach. Chuaigh cás eile i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cúrsaí clárúcháin in 2002 ach níor cláraíodh é ach i mí na Samhna 2004 le Deireadh Fómhair 2002 mar dháta éifeachta. Díscríobhadh breis is €1m in ÍMAT/ÁSPC agus CBL sa chás seo.

### Buncheisteanna an Iniúchta

Toisc gur léirigh roinnt cásanna sa sampla fadhbanna ó thaobh dhlíthe cánach a chomhlíonadh go luath tar éis clárúcháin, lorg mé dearcaí an Oifigigh Chuntasaíochta maidir le cleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim le cásanna nua a bhainistiú.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom go rangaítear cáiníocóirí, atá cláraithe den chéad uair agus a

[6] Is éard is cásanna féinics ann ná réimse áirithe den imghabháil chánach ina bhféachann stiúrthóirí le húsáid a bhaint as cosaint an dliteanais theoranta le dliteanais chánach a sheachaint d'aon ghnó, go bunúsach, trína bheith ag scor de ghníomhaíocht faoi scáth chuideachta amháin agus na sócmhainní agus gnó a aistriú chuig cuideachta "nua" a bhfuil taifead glan ó thaobh cúrsaí cánach aici.

loiceann tuairisceáin a chur isteach, astu féin (faoi Chlár na gCoimisinéirí Ioncaim Méid Ar Bith sa Chás[7]). Ó 2004, tá athbhreithniú déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim ar nósanna imeachta chun na cásanna seo a bhainistiú. Bíonn comhfhreagras leis an gcáiníocóir i gceist leis na nósanna imeachta seo agus ina dhiaidh sin, atreoraítear an cáiníocóir ar aghaidh chuig an gceantar cánach ábhartha ionas go leanfaí leis sa chás go mbeifí fós gan dlíthe cánach a chomhlíonadh. Scrúdaíonn an Ceantar Ioncaim an cás ansin lena dhéanamh amach an bhfuil an cáiníocóir i mbun trádála agus, mura bhfuil, socraíonn sé an cás a chealú más cuí sin. Seachas sin, lorgóidh an Ceantar tuairisceáin agus íocaíochtaí agus, más gá, tarraingeoidh sé meastacháin anuas a fhorfheidhmeofar ina dhiaidh, de réir mar is cuí.

I ndáil leis an gcás a chláraigh go déanach, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, cé gur chosúil go ndearnadh teagmháil éigin leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2002 maidir leis an gcás a chlárú, níor chláraigh an chuideachta ag an tráth sin. Chláraigh an chuideachta i mí na Samhna 2004 ina dhiaidh sin, le Deireadh Fómhair 2002 mar dháta éifeachta. Ní raibh dlíthe cánach á gcomhlíonadh ón tús agus d'aithin na Coimisinéirí Ioncaim gurb amhlaidh a bhí an scéal agus rinneadh idirghabháil dá thoradh sin i mí Iúil 2005. Is é an phríomhchúis go raibh moill ar idirghabháil na gCoimisinéirí Ioncaim ná gur cláraíodh an chuideachta go déanach. Is é gnáthchleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cásanna a chlárú ná a chinntiú go mbainistítear gach cás ar bhealach gníomhach lena chinntiú go soláthraíonn an custaiméir mionsonraí iomlána don chlárú ar bhealach tráthúil.

## Torthaí an Iniúchta

Nuair a chuirfear athbhreithniú, atá ar siúl faoi láthair, i gcrích ar chlár foriomlán Méid Ar Bith sa Chás, atá deartha sa chaoi is go ndéanfar meastóireacht ar a mhéid is a dhéanann sé chun tacú le daoine dlíthe cánach a chomhlíonadh go tráthúil, ba cheart go mba léir éifeachtacht an chur chuige seo i leith cásanna a chláraítear den chéad uair agus a loiceann tuairisceáin a chur isteach.

## Monatóireacht ar Chásanna a mBaineann Fadhbanna Leanúnacha Leo

Tugadh le fios de bharr an athbhreithnithe ar an iniúchadh

- I sé chás, bhí fadhbanna leanúnacha ann ó thaobh dhlíthe cánach a chomhlíonadh agus ó thaobh íocaíochta, a raibh cásoibrithe na gCoimisinéirí Ioncaim ag gníomhú ina leith.
- Braitheadh dliteanais shuntasacha de bharr iniúchadh iarghlacadóireachta a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ar chás ar bhain fadhbanna leanúnacha leis.
- I gcás amháin, ní raibh na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas, in ainneoin monatóireachta leanúnaí, go raibh an chuideachta tar éis scor den trádáil.
- Chuaigh cás eile i mbun a leachtaithe gan íocaíocht chánach a dhéanamh riamh.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Tháinig an cheist chun cinn, de bharr gur carnadh riaráiste in ainneoin athbhreithnithe leanúnaigh, maidir le conas agus cathain a bhain na Coimisinéirí Ioncaim leas as a gcumhachtaí le haghaidh a thabhairt ar fhiachas cánach a bheith á charnadh, cé acu ar féachadh ar chur chuigí malartacha i leith a bheith ag déileáil le cásanna nár éirigh leis an gcur chuige cásoibre ina leith, agus, cén ceachtanna a tarraingíodh i gcoitinne as taithí na gCoimisinéirí Ioncaim i gcásanna den sórt sin.

[7] Is éard a dhéantar leis an gClár Méid Ar Bith sa Chás ná cáiníocóirí a chláraíonn, ach a loiceann tuairisceáin a chur isteach, a phiocadh suas.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur gné shuntasach a chuir leis an bhfiachas sna sé chás ná gur fógraíodh suim ba lú ná an tsuim chánach a bhí dlite. Tháinig seo chun solais de bhun idirghabhálacha iniúchta ar thug na Coimisinéirí Ioncaim fúthu nó de bharr ganníocaíochta i rith chúrsa na bliana cánach, a tháinig chun solais nuair a cuireadh tuairisceán an P35 isteach. Bíonn sé deacair ar na Coimisinéirí Ioncaim a bhrath láithreach an bhfuil suim níos lú ná an tsuim fiachais atá dlite á híoc agus á fógairt i rith chúrsa na bliana cánach. Tá foráil shonrach ann sa dlí áfach lena gcuirtear in aghaidh gníomh den sórt sin sa mhéid go gceadaítear leis na rialacha úis go bhfeidhmeofaí ús ó lár na bliana cánach sa chás go ndéantar íocaíochtaí móra leis an tuairisceán bliantúil le fiachas a chothromú. Lena chois sin, tá nósanna imeachta monatóireachta agus athbhreithnithe níos dlúithe i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim anois ionas go n-íoslaghdófar a nochtaithe is a bheidh siad do ghníomhartha den sórt sin trí, mar shampla i gcás na ndochar díreach, ghníomhú go gasta lena chinntiú go gcuirfear an tuairisceán bliantúil isteach ionas nach féidir ganníocaíocht d'aon ghnó i rith na bliana a cheilt tuilleadh trí mhoill maidir leis an tuairisceán bliantúil a chur isteach. I gcoitinne, bhí na Coimisinéirí Ioncaim sásta go bhfuil raon na mbeart atá ar fáil dóibh, in éineacht lena shofaisticiúla is atá an córas REAP[8] ag cabhrú leis le spriocdhíriú ar bhealach tráthúil ar na cásanna is mó a mbaineann rioscaí leo. Tá raon na mbeart bailiúcháin agus forfheidhmiúcháin atá ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear an próiseas le hús a ghearradh, cásanna a atreorú ar aghaidh chuig sirriam, imeachtaí cúirte, orduithe astaithe, orduithe tráthchoda Cúirte , díol éigeantach sócmhainní, imeachtaí féimheachta agus leachtaithe, ina chuid shuntasach d'fhreagairt fhoriomlán na gCoimisinéirí Ioncaim ar chásanna nach gcomhlíonann dlíthe cánach nó ganníocaíochta cánach.

Rud eile a thug sí le fios ná nach dócha go bhfaighfí torthaí níos fearr dá ndéanfaí idirghabháil le hiniúchadh níos luaithe sa chás glacadóireachta toisc go raibh sé ag dul rite leis an gcuideachta a hoibleagáidí íocaíochta a chomhlíonadh cheana féin bunaithe ar na fiachais a fógraíodh i dtuairisceáin a cuireadh isteach agus toisc go raibh taithí na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil leis an gcuideachta a scoir den trádáil sách neamhghnách. I ndáil leis an gcuideachta nach ndearna íocaíocht ar bith riamh leis na Coimisinéirí Ioncaim, chuir sí in iúl dom go ndeachaigh an chuideachta seo faoi leachtú deich mbliana ó shin agus go bhfuil an méid a foghlaimíodh as an gcás seo léirithe i gcleachtais agus nósanna imeachta reatha i gcomhair cásanna Méid Ar Bith sa Chás.

### Torthaí an Iniúchta

Bíonn sé deacair ar na Coimisinéirí Ioncaim a bhrath ar bhealach tráthúil cé acu an bhfuil suim níos lú ná an tsuim atá dlite á híoc agus á fógairt. Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar conas gur féidir monatóireacht a bhreisiú bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ó na cásanna sin ina dtarlaíonn mainneachtana móra.

## Seiceálacha Comóntachta

Féachtar le seiceálacha comóntachta, a thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach tar éis scrúdú a dhéanamh ar na suimeanna a díscríobhadh agus a leagadh amach i dTuarascáil Bhliantúil 2001[9], le déanamh amach cé acu an raibh lámh ag an gcáiníocóir in aonáin trádála eile a bhfuil cáin fós le híoc acu. Sa chás go n-aithnítear aonáin ghaolmhara leis an tseiceáil a mbaineann fadhbanna leo ó thaobh cúrsaí íocaíochta, glactar cur chuige comhbheartaithe i leith gach dliteanas atá fós le comhlíonadh. D'aithin na Coimisinéirí Ioncaim saincheisteanna ó thaobh na comóntachta i ndáil le cúig chinn de na cásanna sa sampla.

[8] Measúnú Riosca agus Próifíliú Anailíse.
[9] Caibidil 4.7, Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2001

### Buncheisteanna an Iniúchta

D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta cén gníomhartha a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim sa chás go mbíonn lámh ag mainnitheoirí i dtrádáil eile agus cibé an ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na seiceálacha comóntachta.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndéantar seiceáil chomóntachta ar chás nuair a chláraítear é, ag céim na cásoibre nuair a théann fiachas os cionn €50,000 agus nuair atáthar á dhíscríobh sa chás gur mó ná €50,000 é an fiachas. Nuair a aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim tréithe comóntachta, atreoraítear na cásanna ar aghaidh chuig Aonad Comóntachta nó chuig an Aonad Bainistíochta Fiachais ábhartha i Rannán an Ard-Bhailitheora. I ngach cás, déantar dianmhonatóireacht ar na cásanna atá i gceist, agus idirghabháil agus gníomhartha forfheidhmiúcháin go luath, de réir mar is gá. Fuair an tAonad Comóntachta 110 cás a atreoraíodh chuige in 2004, 156 in 2005, 73 in 2006, 54 in 2007 agus 28 faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2008 agus tá monatóireacht á déanamh aige ar 1,200 cás ar an iomlán faoi láthair. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gurb é príomhfhócas na seiceálacha comóntachta ná a chinntiú go mbainistítear aonáin ghaolmhara le fócas ar an riosca foriomlán as seo ar aghaidh.

Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht na gclár féinics agus comóntachta foriomlána i mí Iúil 2006. Measúnaíodh, i gcoitinne, go raibh na socruithe monatóireachta ag obair go han-éifeachtach agus go raibh fíorthionchar acu maidir le haghaidh a thabhairt ar chásanna nach gcomhlíonann dlíthe cánach ar bhonn tráthúil sna cásanna nasctha seo. Ciallaíonn líon suntasach na gcásanna atá ann cheana féin ar gá monatóireacht a dhéanamh orthu, in éineacht le cásanna nua a bheith ag teacht chun cinn go leanúnach, go gcaithfear fócas a dhíriú ar na cásanna lena mbaineann an riosca is mó.

### Torthaí an Iniúchta

Díscríobhadh fiachas i gcúig chás trádála a bhí ar siúl ag páirtithe gaolmhara. Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta dom gur minic, i gcoitinne, a fhágann seiceálacha comóntachta go gcomhlíonann aonáin ghaolmhara dlíthe cánach dá dtoradh nó go scoirtear de na haonáin sin agus go mbíonn fócas idirghabhálacha ar na haonáin ghaolmhara a bheith ag comhlíonadh dlíthe cánach go leanúnach seachas ar a bheith ag aisghabháil fiachais ón aonán ar theip air.

## Rioscaí ó thaobh Earnálacha - an Tionscal Slándála

### Buncheisteanna an Iniúchta

Toisc, maidir le sé chinn de na cásanna a scrúdaíodh, gur díscríobhadh suim shuntasach chánach (€6.7m) i leith cuideachtaí a bhí i mbun trádála in earnáil amháin – an tionscal slándála – ba chosúil go raibh fadhb ar leith ann ó thaobh dlíthe cánach a chomhlíonadh sa tionscal sin. Lorg mé tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta maidir leis seo.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go raibh nósanna comhlíonta cánach sa tionscal slándála ina n-ábhar imní roimhe seo agus go bhfuil fós ar bhonn leanúnach do na Coimisinéirí Ioncaim. Nasctar an neamhchomhlíonadh cánach seo, nó cuid de ar a laghad, leis an bhfíric gurb airgead tirim go príomha a bhíonn i gceist leis an tionscal agus nár rialáladh na hoibreoirí san earnáil go dtí le déanaí. In 2004, bunaíodh an tÚdarás Slándála Príobháidí (ÚSP). Tá an ÚSP freagrach as an tionscal slándála príobháidí in Éirinn a cheadúnú agus a rialáil. Bhí tionchar dearfach ag an obair seo ar leibhéil ghinearálta na gcuideachtaí a bhí ag comhlíonadh dlíthe cánach sa tionscal, toisc go gceanglaíonn an réimeas ceadúnúcháin ar iarratasóirí ar cheadúnas deimhniú imréitigh chánach a thabhairt ar láimh. Ghlac na

Coimisinéirí Ioncaim an deis le hoibriú i gcomhar leis an ÚSP le líon na gcuideachtaí a chomhlíonann dlíthe cánach san earnáil a fheabhsú.

Le cois an dlúthchaidrimh seo leis an ÚSP, chuir na Coimisinéirí Ioncaim tionscadal trí bliana i gcrích le déanaí maidir le hearnáil na slándála "ag doirse agus imeachtaí" i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tugadh le fios de bharr an tionscadail go bhfuil an neamh-chomhlíonadh cánach, i bhfoirm íocaíochtaí nach ngearrtar cáin orthu is a dtugtar d'fhostaithe, ina thréith den tionscal. Reáchtáladh ceithre chomhiniúchadh leis an ÚSP agus rinneadh dul chun cinn suntasach ó thaobh ghníomhaíocht fhéinics a chomhrac. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag breathnú go gníomhach ar a thuilleadh tionscnamh de bhun an tionscadail seo. Rud a tháinig de thoradh an tionscadail go díreach ná go bhfuil comhaid maidir le beirt stiúrthóir leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus go bhfuiltear ag smaoineamh ar chásanna eile a thabhairt ar aghaidh lena n-ionchúiseamh. Fuarthas €1.6m de thoradh an iniúchta ón tionscadal seo in 2006 agus €730,000 in 2007.

## Torthaí an Iniúchta

Admhaítear gur dócha, sna cásanna seo, go ndearnadh obair maidir le dlíthe cánach a chomhlíonadh roimh an tráth gur díscríobhadh suim chánach agus dá bharr sin, go bhfuil an méid a d'fhéadfaí a fhoghlaim ó chásanna den chineál seo teoranta. Bunaithe ar a measúnú foriomlán maidir le rioscaí áfach, ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim leanúint ar aghaidh lena chur chuige ó thaobh a bheith ag díriú ar earnálacha a mbaineann rioscaí áirithe leo.

## Forfheidhmiúchán ón Sirriam

I gcás inar díscríobhadh isteach is amach ar €978,000 ar deireadh, atreoraíodh an fiachas ar aghaidh chuig an sirriam lena fhorfheidhmiú i mí Dheireadh Fómhair 2005. Tugtar le fios sna nótaí a ghabhann leis an gcás gur bhuail an sirriam isteach in áitreabh na cuideachta i mí Iúil 2006 agus thuairiscigh sé chuig na Coimisinéirí Ioncaim nach raibh an chuideachta ag déanamh gnó ón áitreabh a thuilleadh. Bhí na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil leis an gcuideachta chomh fada le deireadh mhí an Mheithimh 2006 áfach agus bhí faisnéis acu go raibh an chuideachta fós i mbun trádála ón áitreabh an lá tar éis don sirriam bualadh isteach ann. Bhuail an sirriam isteach san áitreabh arís agus thuairiscigh sé go raibh an chuideachta fós i mbun trádála ach nach n-íocfadh sí an tsuim a bhí dlite sa bharántas toisc gur mhaígh sí go raibh achomharc ar siúl maidir leis an gcáin a bhí dlite. Ní raibh aon fhianaise ar thaifead cánach na cuideachta áfach go ndearnadh achomharc. I mí Lúnasa 2006, chuir stiúrthóir de chuid na cuideachta in iúl don Chigire gur scoir an chuideachta de thrádáil ag deireadh mhí an Mheithimh 2006.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Bhí sé ina ábhar imní tar éis na n-imeachtaí a leagadh amach thuas nach mbíonn éifeacht i gcónaí le forfheidhmiúchán ón sirriam.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go n-úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim seirbhísí sirriam i gcúinsí nár éirigh le gnáthchur chuigí cásoibre iontu. Ní bhíonn sirriamaí freagrach go díreach do na Coimisinéirí Ioncaim ina gcuid oibre maidir le barántais a fheidhmiú le cáin a bhailiú toisc gurb oifigigh na gCúirteanna iad. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur éirigh go han-mhaith leis an bpróiseas le cásanna a atreorú ar aghaidh chuig sirriamaí chun cáin gan íoc a aisghabháil. In 2007, mar shampla, atreoraíodh 43,157 cás ar aghaidh chuig sirriamaí agus fuarthas €249.2m d'íocaíocht de thoradh an fhorfheidhmiúcháin. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim monatóireacht ar an tseirbhís trí idirghníomhaíocht agus chomhphlé leanúnach le sirriamaí. Sa chás áirithe a luadh, bhí moill sa phróiseas le leanúint leis an gcás nuair a atreoraíodh ar dtús é. Bhí roinnt amhrais ann áfach, don sirriam agus do na Coimisinéirí Ioncaim araon áfach, maidir le stádas beacht an ghnó ó thaobh na trádála agus cibé acu ar éagsúlaigh sé é féin go raibh dhá aonán ar leithligh ann le fírinne. Ceist a pléadh leis na sirriamaí ar fad le chéile is ea an gá le gníomhartha a dhéanamh go

pras chun leanúint le cásanna a atreoraíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh chucu. Leag an tOifigeach Cuntasaíochta béim áfach ar a shásta is a bhí sí, ar an iomlán, leis an tseirbhís a sholáthraíonn sirriamaí.

### Torthaí an Iniúchta

Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim leanúint ar aghaidh lena chomhráite leanúnacha le sirriamaí mar bhealach le monatóireacht a dhéanamh ar an tseirbhís a sholáthraítear agus ceachtanna, atá le foghlaim ó thoradh cásanna aonair, a aithint in éineacht leo.

## Gníomhaíocht tar éis an Leachtaithe

Ó bhlianta dheireadh na 1990idí, is é beartas na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le cásanna leachtaithe ná gach cáin gan íoc a dhíscríobh a luaithe agus a cheaptar leachtaitheoir ar an gcoinníoll nach bhfuil aon ábhar ag na Coimisinéirí Ioncaim le cur i gcoinne an leachtaithe agus go mbíonn éileamh curtha faoi bhráid an leachtaitheora lena leagtar amach dliteanas cánach iomlán na cuideachta.

### Buncheisteanna an Iniúchta

Bhí imní orm maidir le cibé

- I bhfianaise an bheartais seo, an raibh na Coimisinéirí Ioncaim ag aisghabháil aon chuid den cháin gan íoc i gcásanna leachtaithe
- Ar chuimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim ar leanúint le stiúrthóirí le haghaidh fiachas cánach atá le híoc ag cuideachtaí atá faoi leachtú.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom nár aisghabhadh aon suimeanna go dtí seo sna cásanna leachtaithe sna hiniúchtaí samplacha ach go mb'fhéidir go bhfaighfear díbhinn i roinnt díobh sula gcuirfear an leachtú i gcrích. Leachtaíodh formhór na gcásanna le hocht mí dhéag anuas agus ní bheadh na Coimisinéirí Ioncaim ag súil le díbhinn a fháil fós.

Cé go bhfuil mionsonraí ar na suimeanna cánach a díscríobhadh ar chúiseanna dócmhainneachta, idir chorparáideach agus phearsanta, ar fáil[10], ní dhéantar idirdhealú ar bhunachar sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim idir na cineálacha éagsúla suimeanna a dhíscríobhtar de bharr dócmhainneachta. Fuarthas na torthaí seo a leanas áfach i scrúdú a rinneadh le déanaí ar shampla beag de chásanna leachtaithe

- Leachtuithe toilteanacha cuideachtaí - as sampla de 20 cás, inar díscríobhadh €2.2m, fuarthas díbhinn €266,000 (12%).
- Leachtuithe cúirte - as sampla de 21 cás, inar díscríobhadh €4.2m, fuarthas díbhinn €1m (24%).

I ndáil le bheith ag dul sa tóir ar stiúrthóirí le haghaidh fiachas cánach cuideachta, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur breithníodh go mór ar an rogha seo i gcás roinnt leachtuithe. Rogha is ea é áfach arb annamh a thugtar faoi. Cé gur féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim féachaint le dul i bhfeidhm ar leachtaitheoirí le gníomh den sórt sin a dhéanamh i gcásanna cuí, is faoin leachtaitheoir a bhíonn an cinneadh deiridh maidir le cé acu an rachaidh siad sa tóir ar na stiúrthóirí go pearsanta. Bhí roinnt cúiseanna ann go raibh sé deacair leanúint leis an rogha seo. Caithfidh sócmhainní luachmhara a bheith ag na stiúrthóirí atá i gceist, bíonn sé an-deacair a chruthú go raibh trádáil mheargánta nó chalaoiseach ar siúl agus bíonn na costais a bhíonn i gceist an-ard. Bhí na Coimisinéirí Ioncaim ag tacú le leachtaitheoirí ag am sin i roinnt cásanna den sórt sin ar measadh ina leith go bhféadfaí an dualgas cruthúnais a chomhlíonadh

[10] Féach Caibidil 3.2 den Tuarascáil seo.

sa chaoi is go sásófaí na Cúirteanna.

## Torthaí an Iniúchta

Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim leanúint ar aghaidh le bheith ag déanamh athbhreithnithe ar gach rogha dá bhfuil ar fáil maidir le cáin gan íoc a aisghabháil i gcásanna leachtaithe.

## Suimeanna Eile a Díscríobhadh

Tugadh suntas do na cúrsaí ginearálta seo a leanas in athbhreithniú ar an sampla cásanna

- I gcás amháin a scrúdaíodh, ar díscríobhadh thart ar €942,000 ina leith, eisíodh deimhnithe imréitigh chánach chuig an gcuideachta ar thrí ócáid, a raibh dhá cheann díobh le haghaidh tréimhse trí mhí, ag tráth a raibh tuairisceáin agus/nó cáin fós le tabhairt isteach.
- I roinnt cásanna a scrúdaíodh, díscríobhadh ÍMAT/ÁSPC nuair nach raibh aon mhionsonraí ar fhostaithe ar fáil, toisc nár cuireadh P35 isteach.
- Is cosúil nach raibh próiseas foirmiúil ann le nithe a fhoghlaim de bharr chásanna a ndíscríobhtar suimeanna ina leith.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go dtacaíonn na forálacha maidir le deimhnithe imréitigh chánach go láidir leis an bpróiseas le dlíthe cánach a chomhlíonadh go toilteanach, dar leis na Coimisinéirí Ioncaim. Cuireann sé brú an-úsáideach ar chustaiméirí le hiad a spreagadh le fiachais chánach atá fós dlite a íoc. Ní heisíonn na Coimisinéirí Ioncaim deimhniú imréitigh chánach i gcásanna den sórt sin go dtí go ndéanfaidh an custaiméir idirghníomhaíocht iomlán lánbhrí leis na Coimisinéirí Ioncaim. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nárbh fhéidir a dhéanamh amach anois cén fáth gur deonaíodh deimhnithe imréitigh chánach sa chás samplach. Bhí sí sásta áfach go raibh na Coimisinéirí Ioncaim ag baint dóthain úsáide as an mbrú a chuirtear ar dhaoine dlíthe cánach a chomhlíonadh trí dheimhnithe imréitigh chánach a iarraidh.

Maidir le cásanna nach raibh aon mhionsonraí ar fhostaithe ar fáil dóibh, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur féidir creidmheas a thabhairt d'fhostaithe le haghaidh suimeanna ÁSPC a baineadh as a bpá sa chás, in ainneoin iarrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim nó an leachtaitheora, nach raibh aon P35 curtha isteach. Sna cúinsí seo, is féidir leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh fógraí scríofa lena leagtar amach mionsonraí a bhfostaíochta a iarraidh ó fhostaithe agus, nuair a bheidh an Roinn sásta leis na mionsonraí sna fógraí, go gcaithfidh sí leis na ranníocaíochtaí mar chinn a íocadh.

Maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó na cásanna ar díscríobhadh suimeanna cánach ina leith, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim roinnt athbhreithnithe ar chásanna den sórt sin. Ar dtús, nuair atá iarmhéid á díscríobh, bíonn ceanglas ar an oibrí ar an gcás tuairisc a chur i gcrích maidir leis an gcinneadh le suim a dhíscríobh. Le cois faisnéis ghinearálta a sholáthar maidir leis an gcás, taifeadtar faisnéis mhionsonraithe sa tuairisc seo ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh ó thaobh obair ar an gcás, lena n-áirítear tionchar ghníomhartha forfheidhmiúcháin ar an gcás agus suim an fhiachais atá gan íoc ag tráthanna suntasacha i dtimthriall na cásoibre. Caithfear aon tréimhsí fada nach bhfuil aon obair á dhéanamh maidir leis an gcás lena linn nó nach bhfuil aon ghníomhartha forfheidhmiúcháin á ndéanamh lena linn, a mhíniú. Ceanglaítear ar an oibrí ar an gcás aon cheachtanna a foghlaimíodh a aithint chomh maith leis an mbealach a fheidhmeofar na ceachtanna sin amach anseo.

Gach mí, aithnítear an deich gcás is mó as an ngnáth-chásobair, a ndíscríobhtar suimeanna cánach ina leith agus as na cásanna leachtaithe chomh maith, agus déanann an fhoireann ábhartha bainistíochta cásoibre athbhreithniú ar na cásanna agus táirgeann sí tuairisc don Ard-Bhailitheoir. Roinnt de na saincheisteanna a bhfuil gníomhartha cuí le leanúint leo á ndéanamh ina leith i bhfianaise saincheisteanna a aithníodh sna

hathbhreithnithe éagsúla ná cleachtais, nósanna imeachta agus oiliúint/meantóireacht chásoibre.

## Torthaí Fhoriomlán

Is cosúil go bhfuil scóip ann le haghaidh grinnmheastóireachta ó na Coimisinéirí Ioncaim ar na fachtóirí a d'fhág gur díscríobhadh suimeanna cánach agus gur cailleadh ioncam, go háirithe an eilimint sin a baineadh as pá fostaithe agus de cháiníocóirí eile. D'fhéadfadh meastóireacht den sórt sin, lena ndéanfaí idirdhealú idir na fachtóirí atá fite fuaite leis an aonán, na fachtóirí ó thaobh timpeallachta agus feidhmíocht na gCoimisinéirí Ioncaim féin, faisnéis luachmhar a thabhairt maidir le cúiseanna an chaillteanais ioncaim chomh maith leis na deiseanna le fiachas a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

# 3.4 Cánacha gan Íoc agus ÁSPC

Bhí €1.3 billiún gan íoc ag 31 Márta 2008. Léiríonn Tábla 12 gníomhaíochtaí agus idirbhearta i dtréimhse an dhá mhí dhéag chomh fada leis an dáta sin. Ullmhaíodh an fhaisnéis seo ar bhonn faisnéise a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil.

**Tábla 12 Cánacha gan Íoc agus ÁSPC**

| | | | | | | Anailís ar an Iarmhéid an 31 Márta 2008 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 31 Márta 2007 €m** | **Cáin nó Tobhach** | **Glanmhuirir a Cruinníodh €m** | **Íoctha €m** | **Díscríofa €m** | **Iarmhéid an 31 Márta 2008 €m** | **Faoi Achomharc €m** | **Ar Fáil lena Bailiú €m** |
| 196 | CBL | 13,203 | 13,110 | 47 | 242 | 99 | 143 |
| 135 | ÍMAT | 11,652 | 11,644 | 13 | 130 | 10 | 120 |
| 160 | ÁSPC | 9,230 | 9,206 | 15 | 169 | 2 | 167 |
| 277 | Cáin Ioncaim (seachas ÍMAT) | 3,281 | 3,241 | 4 | 313 | 89 | 224 |
| – | Cáin Choinneála ar Ús Taisce | 552 | 552 | – | – | – | – |
| 144 | Cáin Chorparáide | 6,128 | 6,053 | – | 219 | 77 | 142 |
| 158 | Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 2,761 | 2,728 | 1 | 190 | 112 | 78 |
| 3 | Cáin Fháltais Caipitiúil | 391 | 391 | – | 3 | – | 3 |
| 8 | Cánacha ar cuireadh Deireadh leo | – | – | – | 8 | – | 8 |
| 26 | Cáin na gConarthaí Ábhartha | 22 | 21 | 15 | 12 | 2 | 10 |
| **1,107** | **Fiachas Iomlán** | **47,220** | **46,946** | **95** | **1,286** | **391** | **895** |
| **2.6%** [a] | **Fiachas mar % de ghlanmhuirir a cruinníodh** [b] | | | | **2.7%** | **0.8%** | **1.9%** |

[a] Ba hiad na glanmhuirir a cruinníodh sa bhliain chomh fada le Máta 2007 ná €42,683m.
[b] Cuireadh an fiachas in iúl mar chéatadán de na glanmhuirir den chéad uair sa tuairisc seo. Is é an aidhm ná tomhas a thabhairt ar chomh maith is a d'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim ó thaobh na cánacha agus tobhaigh seo a bhailiú.

Leagtar amach i dTábla 13 anailís aosaithe den iarmhéid a bhí gan íoc ar 31 Márta 2008 arna hullmhú ag na Coimisinéirí Ioncaim. Baineann thart ar 57% den tsuim atá gan íoc le tréimhsí cánach roimh 2006.

**Tábla 13 Anailís Aosaithe ar an bhFiachas ar 31 Márta 2008**

| Cáin | Cáin Iomlán Gan íoc ag 31 Márta 2008 €m | Suimeanna Gan íoc do 2007 €m | Suimeanna Gan íoc do 2006 €m | Dlite do na blianta 2003 go dtí 2005 €m | Dlite do thréimhsí níos luaithe (.i. > 5 bliana) €m |
|---|---|---|---|---|---|
| CBL | 242 | 77 | 25 | 105 | 35 |
| ÍMAT | 130 | 74 | 17 | 27 | 12 |
| ÁSPC | 169 | 110 | 22 | 25 | 12 |
| Cáin Ioncaim | 313 | 3 | 81 | 69 | 160 |
| Cáin Chorparáide | 219 | 49 | 43 | 80 | 47 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 190 | 6 | 40 | 25 | 119 |
| Cáin Fháltais Caipitiúil | 3 | – | – | – | 3 |
| Cánacha ar cuireadh Deireadh leo | 8 | – | – | – | 8 |
| Cáin na gConarthaí Ábhartha | 12 | 12 | – | – | – |
| **Iomlán** | **1,286** | **331** | **228** | **331** | **396** |

## 3.5 Forbairtí ó Thaobh an Riosca Comhlíonta a Bhainistiú

Ar na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar líon na ndaoine a chomhlíonann dlíthe cánach, tá leibhéal na hoibre iniúchta agus dearbhaithe chomh maith le héifeacht dhíspreagthach na muirear agus na bpionós úis. Roghnaítear cásanna a leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim leo agus a scrúdóidh siad bunaithe ar anailís agus ar phróifíliú ó thaobh rioscaí. Tugadh Córas Anailíse Measúnaithe agus Próifílithe Riosca isteach i ngach Dúiche in 2006. Tá sé ina bhuneilimint de chlár na gCoimisinéirí Ioncaim lena chinntiú go gcomhlíontar dlíthe cánach ó tugadh isteach é. Is í 2008 an chéad bhliain go bhfuil ceanglas ar gach Dúiche úsáid a bhaint as an gcóras agus as seo amach, fágfaidh forbairt a rinneadh ar bhogearraí cásoibre na gCoimisinéirí Ioncaim go mbeifear in ann teacht suas le staitisticí na gcásanna atá ar an gcóras. Déantar anailís leis an gcóras ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar cháiníocóirí trí thacar rialacha a fheidhmiú ar bhunachar sonraí d'fhaisnéis ar cháiníocóirí, na torthaí a scóráil agus na cásanna a rangú de réir na scóranna sin. Díorthaíodh na rialacha sin ó eolas agus ó thaithí iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim, agus leanfar ar aghaidh le hiad a mhionathrú chun feabhais le rioscaí agus foinsí sonraí úra a thabhairt san áireamh. Bunaithe ar rangú an chórais, breithníonn na hoifigigh Dhúiche an riosca a bhaineann le gach cás le cásanna a roghnú lena scrúdú agus le teacht ar chinneadh i leith na hidirghabhála cuí.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom, chomh maith leis an bpróifíliú agus rioscaí a mheasúnú, gur cuireadh tús le hobair le déanaí chun tomhais feabhsaithe níos ábhartha a bhunú maidir le torthaí ó thaobh líon na gcáiníocóirí a chomhlíonann dlíthe cánach. Maidir le héifeacht dhíspreagthach an úis agus na bpionós, dúirt sí go raibh sí sásta go raibh réimeas reatha na bpionós láidir agus gur sholáthair sé díspreagadh láidir do dhaoine gan féachaint le cáin a imghabháil. Bhí réimeas na bpionós reachtúla, lena n-áirítear foráil le haghaidh foilsiúcháin, trom ar cháiníocóirí. Bhí ús agus pionóis ina gcuid shuntasach den tsuim a bailíodh ó chlár na n-iniúchtaí caighdeánacha/na n-imscrúduithe speisialta. B'ionann ús agus pionóis in 2007 agus 31% de shocraíochtaí uile na n-iniúchtaí agus na n-imscrúduithe. B'ionann iad agus 60% den toradh iomlán a fuarthas ó liosta na mainnitheoirí a foilsíodh i mí an Mhárta 2008 nó 1.5 uair níos mó ná an tsuim a bailíodh le cáin.

# 3.6 Clár Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim

## Clár Iniúchta Foriomlán

Sa chóras féinmheasúnachta a fheidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim, glactar le tuairisceáin a chuireann cáiníocóirí comhlíontacha isteach mar an bunús le dliteanais chánach a áireamh. Dearbhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim bailíocht na dtuairisceán trí obair iniúchta nó dhearbhaithe. Braitheann an cineál idirghabhála a ghlacann na Coimisinéirí Ioncaim in aon chás ar leith ar cé acu an mbraitear go mbaineann an riosca le ceannteideal cánach nó dleachta amháin nó níos mó nó le saincheisteanna nó idirbhearta sonracha.

- Tagann iniúchadh cuimsitheach chun cinn sa chás go roghnaítear cás lena iniúchadh ó thaobh cúrsaí cánach ioncaim nó cánach corparáide go príomha agus cuimhnítear ar rioscaí suntasacha eile a bhaineann le cánacha eile freisin.
- Tagann iniúchtaí faoi il-cheannteidil chánach agus faoi cheannteideal singil cánach chun cinn sa chás go roghnaítear cásanna ar chúiseanna seachas cúiseanna a bhaineann le cúrsaí cánach ioncaim nó cánach corparáide, go príomha agus sa chás go gclúdaíonn an t-iniúchadh obair le fáil amach ar comhlíonadh cineál cánach nó dleachta amháin nó níos mó.
- Díríonn iniúchtaí a bhaineann le saincheist nó le hidirbheart amháin ar shaincheisteanna níos sonraí ó thaobh rioscaí nó idirbhearta (seachas cineál cánach iomlán a chlúdach). Tá cláir d'obair maidir le comhlíonadh cánach san áireamh leo seo, i ndáil le faoiseamh nó réimeas cánach áirithe. Is é cuspóir chlár den sórt sin ná a dhéanamh amach an bhfuil ábhair imní ann, ó thaobh dlíthe cánach a bheith á gcomhlíonadh, a bhaineann le faoisimh shonracha.
- D'fhéadfadh tástálacha, seiceálacha fíorúcháin, scrúduithe deisce, cuairteanna ar áitreabh, cuardaigh, cuairteanna ar shuímh agus teagmhálacha ar an nguthán i gcomhair cáipéisíocht tacaíochta a bheith i gceist le seiceálacha dearbhaithe. Tionscnaítear seiceálacha den sórt sin leis an aidhm is go ndearbhófar do na Coimisinéirí Ioncaim, gan a bheith ag dul i muinín gníomhaíochta iniúchta nó forfheidhmiúcháin lena úsáidfear cuid mhór acmhainní, go bhfuil na cánacha agus dleachtanna atá á seiceáil á gcomhlíonadh ag an gcustaiméir, a bheag nó a mhór. Bhí seiceálacha dearbhaithe ina gcuid an-shuntasach d'iarrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim lena chinntiú go gcomhlíonfaí dlíthe cánach agus freagrachtaí custam. Tá líon na n-idirghabhálacha den sórt sin tar éis dul i méad go mór, ó 98,981 in 2005 go dtí 237,626 in 2007. De bharr na seiceálacha seo, tugann gníomhaíochtaí le féachaint an bhfuil daoine ag comhlíonadh dlíthe cánach aird an athuair ar chásanna áirithe agus is féidir iad a úsáid lena thabhairt le fios go bhfuil iniúchadh le déanamh go luath ar chás, de réir mar is gá.

Tugtar achoimre i Tábla 14 ar thorthaí chlár gníomhaíochta dearbhaithe agus iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim 2007.

**Tábla 14 Gníomhaíocht Dearbhaithe agus Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim**

| Catagóir | 2007 | | 2006 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon a Críochnaíodh | Toradh €m | Líon a Críochnaíodh | Toradh €m |
| Iniúchtaí Cuimsitheacha [(a)] | 3,875 | 344.5 | 4,127 | 436.2 |
| Iniúchtaí Ilchánach/Ildleachta | 2,206 | 71.2 | 1,757 | 56.2 |
| Iniúchtaí Cánach/Dleachta Singile | 6,603 | 151.6 | 6,305 | 133.5 |
| Iniúchtaí Saincheiste/Idirbheartaíochta Singile | 1,624 | 120.3 | 1,437 | 23.8 |
| **Iomlán na nIniúchtaí** | **14,308** | **687.6** | **13,626** | **649.7** |
| Seiceálacha Dearbhaithe | 237,626 | 46.2 | 176,064 | 42.1 |
| **Iomlán na nIdirghabhálacha** | **251,934** | **733.8** | **189,690** | **691.8** |

[(a)] Tá iniúchtaí randamacha san áireamh le.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom, trína bheith ag spriocdhíriú ar earnálacha áirithe, m.sh. an fhoirgníocht, gur féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim a mheas an bhfuil aon earnálacha ag dul amach ón ngnáthchleachtas agus an bhfuil gníomhartha leasúcháin riachtanach. Gné shuntasach de chlár 2007 ná tionscadal comhlíonta náisiúnta san earnáil fhoirgníochta. Tugadh 3,807 iniúchadh chun críche san iomlán agus fuarthas €130m dá dtoradh agus cuireadh 40,161 seiceáil dearbhaithe i gcrích agus fuarthas €22m dá dtoradh mar chuid den tionscadal. Aithníodh 836 cás neamhchláraithe, athaicmíodh 247 fochonraitheoir mar fhostaithe agus bhí 1,884 clárú breise le haghaidh CBL nó mar fhostóir.

## Iniúchtaí Cuimsitheacha

Déantar tuilleadh anailíse ar thoradh na 3,875 iniúchadh cuimsitheach a tugadh chun críche in 2007 i Tábla 15. Áirítear leis an toradh €344m muirir úis de €117m agus pionóis de €50m. Ba iad na socraíochtaí ab airde ná €6.08m a bhí ina Cháin Ioncaim agus €22.54m a bhí ina Cháin Chorparáide. Críochnaíodh na hiniúchtaí cuimsitheacha i leith 101 cás cuntais neamhchónaitheacha bréagacha leis na socraíochtaí ag teacht chuig €22m, i leith 303 cás sócmhainne seachairgeadra le socraíochtaí ag teacht chuig €61m agus i 473 cás táirge árachais saoil le socraíochtaí ag teacht chuig €64m[11].

**Tábla 15 Toradh ó Iniúchtaí Cuimsitheacha**

| Socraíochtaí Comhaontaithe | Líon | Toradh €m |
|---|---|---|
| €1 go €30,000 | 1,354 | 13.6 |
| €30,001 go €100,000 | 612 | 35.2 |
| €100,001 go €500,000 | 490 | 105.4 |
| €500,001 go €1m | 66 | 46.8 |
| Thar €1m | 56 | 143.5 |
| Ní raibh aon cháin bhreise le híoc | 1,297 | – |
| **Iomláin** | **3,875** | **344.5** |

[11] Bailíodh roinnt den toradh sna cásanna sainfhiosrúcháin seo i mblianta roimhe seo.

## Clár na nIniúchtaí Randamacha

Is é cuspóir chlár na n-iniúchtaí randamacha ná líon na ndaoine a chomhlíonann reachtaíocht chánach a thomhas agus a rianú lena chinntiú go mbeidh an riosca céanna ag gach cáiníocóir le bheith roghnaithe i gcomhair iniúchta. Taispeántar na torthaí go dtí seo a bhí ar na cláir i gcomhair 2005 go dtí 2007 Tábla 16. Tá cás amháin fós le tabhairt chun críche i gclár 2005, agus tá 26 fós gan réiteach faoi chlár 2006. Tá 118 den 401 cás a roghnaíodh i gcomhair iniúchta i gclár 2007 fós gan réiteach. Tá 400 cás eile fós á scrúdú faoi chlár 2008.

**Tábla 16 Torthaí na nIniúchtaí Randamacha 2005 go 2007**

| | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Líon na nIniúchtaí a Tugadh Chun Críche | 347 | 376 | 283 |
| Toradh ar Bith Faighte | 232 (67%) | 259 (69%) | 204 (72%) |
| Toradh Faighte | 115 (33%) | 117 (31%) | 79 (28%) |
| Toradh Iomlán | €1,567,345 | €1,523,232 | €468,310 |
| Meántoradh | €4,517 | €4,051 | €1,655 |

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur chabhraigh clár bliantúil na n-iniúchtaí randamacha le cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim, atá bunaithe ar an riosca, a bhailíochtú. Tá an clár nua athbhreithnithe á reáchtáil ó 2005. Cé go gcaithfear monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí ar feadh cuid mhór blianta le teacht ar chonclúidí daingne, tá líon na gcásanna go dtí seo nach bhfaightear toradh ar bith orthu ag rith idir 67% agus 72% go seasta. Nuair a cuireadh líon na n-iniúchtaí a bhfuarthas toradh an-íseal orthu san áireamh, tháinig an figiúr gar do 80%. Dúirt sí gur fhág sé seo go raibh údar ann le bheith dearfach go raibh na cláir lena chinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht chánach, éifeachtach.

### Torthaí

Tugann na torthaí, faoi mar a thaispeántar i Tábla 16, le fios go bhfuil an riosca ann go bhfógraíonn líon chomh mór le 30% de cháiníocóirí suim chánach níos lú ná an tsuim atá dlite. Go dtí seo, níor fhéach na Coimisinéirí Ioncaim le húsáid a bhaint as torthaí chlár na n-iniúchtaí randamacha le leibhéal foriomlán na ndaoine atá ag comhlíonadh dlíthe cánach, i measc lucht íoctha cánach i gcoitinne, a mheasúnú.

Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú go n-úsáideann sé modheolaíocht roghnaithe chomh leanúnach agus go gceapann siad clár chun na staitisticí a úsáid faoi cheann tréimhse sainmhínithe chun

- Meastachán a dhéanamh maidir le leibhéal na ndaoine atá ag comhlíonadh dlíthe cánach i measc lucht íoctha cánach
- An éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh cúrsaí airgid mura gcomhlíonann daoine dlíthe cánach
- Anailís a dhéanamh ar na catagóirí rioscaí atá ag teacht chun cinn, faoi mar a thugann na torthaí le fios.

# 3.7 Clár Ath-Iniúchta

I gcóras féinmheasúnachta, bíonn riosca ann nach bhfógróidh cáiníocóirí, a chuireann tuairisceáin isteach, méid iomlán a n-ioncaim agus go seachnóidh siad an tsuim cheart cánach a íoc. Tá na Coimisinéirí ag tabhairt aghaidhe ar an riosca seo trí chásanna a roghnú bunaithe ar mheasúnacht ó thaobh rioscaí. Maidir leis seo, bhí na Coimisinéirí Ioncaim ag bogadh i dtreo cur chuige ríomhairithe agus tá an córas anailíse agus próifílithe riosca, a leagadh amach i gCaibidil 3.5 forbartha acu.

I gcás na gcáiníocóirí a bhfuil sé ar a dtaifead nár chomhlíon siad dlíthe cánach roimhe seo, bíonn an riosca breise ann nach n-athróidh siad a n-iompar agus go leanfaidh siad ar aghaidh le bheith ag fógairt suim chánach níos lú ná mar atá dlite. Chomh fada le 2002, d'fheidhmigh na Coimisinéirí Ioncaim clár faoina ndearnadh athiniúchadh ar ghnóthaí dornán roghnaithe de cháiníocóirí i gcásanna ina bhfuarthas breis is €6,349 de thoradh iniúchta roimhe sin. Is éard a bhí i gceist leis an gclár athiniúchóireachta seo ná athbhreithniú ar chásanna tar éis ceithre bliana agus 10% a roghnú go ndéanfaí iad a iniúchadh an athuair. Ceann de bhuntáistí an chláir ná gur fhág sé go raibh na Coimisinéirí Ioncaim i riocht lena mheas cibé, de thoradh an iniúchta, go raibh an cáiníocóir ag comhlíonadh dlíthe cánach ina dhiaidh.

Níor reáchtáil na Coimisinéirí Ioncaim clár athiniúchtaí ó 2002. Tugtar le fios leis an bhfaisnéis is déanaí i ndáil leis na cláir don tréimhse 1999 go dtí 2002

- Nach raibh thart ar 60% de na cáiníocóirí, nár chomhlíon dlíthe cánach, ag comhlíonadh dlíthe cánach ceithre bliana níos déanaí
- Gur minice a bhí 20% díobh ag loiceadh dlíthe cánach a chomhlíonadh ceithre bliana níos déanaí sa mhéid is go bhfuarthas toradh níos airde de bharr an athiniúchta ná mar a fuarthas de bharr an iniúchta bunaidh.

## Buncheisteanna an Iniúchta

D'uireasa cláir athiniúchtaí le bliana beaga anuas

- Bheadh sé deacair ar na Coimisinéirí Ioncaim tionchar na n-iniúchtaí, a thaobh daoine a spreagadh le dlíthe cánach a chomhlíonadh, a mheasúnú
- Ní aithneofaí an ráta atitimeachais agus ní dhéanfaí aon cheann de na mionathruithe ar gá a dhéanamh ar nósanna imeachta agus chleachtais ghinearálta na gCoimisinéirí Ioncaim le déileáil le cáiníocóirí mícheansa.
- Ní bheadh faisnéis luachmhar ar iompar cáiníocóirí tar éis iniúchta ar fáil chun an próiseas meastóireachta ar rioscaí a threorú i gcoitinne.

## Torthaí na nAthiniúchtaí

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearnadh athbhreithniú cuimsitheach ar an gclár athiniúchta in 2003 agus gurbh é an chonclúid ar an iomlán gurb úsáideach é clár athiniúchta, i gcomhar le táscairí eile, le meastachán a dhéanamh maidir le leibhéil chomhlíonta ghinearálta ar an gcoinníoll go mbíonn cuspóirí soiléire ann, monatóireacht lárnach, méid inghlactha sa sampla lena gcuirtear gach cás dá ndearnadh a iniúchadh roimhe san áireamh chomh maith leis an gcáilíocht a dhearbhú. Cuireadh forbairt na bhfachtóir aonair seo siar ar feitheamh meastóireachta ar an gClár REAP.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom freisin gur chóir breathnú ar thorthaí na n-athiniúchtaí mar threochtaí arbh fhiú aird a thabhairt orthu. Dúirt sí, de réir staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim, go raibh laghdú ar shuim na cánach a fuarthas sa tréimhse a bhí i gceist trasna gach raon seachas na raon ina ndéantar na socraíochtaí is airde. Táscaire dearfach atá anseo, agus sa mhéadú ar líon na gcásanna nár

aisghabhadh tada ina leith, go raibh feabhas tagtha ar líon na ndaoine a chomhlíonann dlíthe cánach. Chuir sí chun suntas freisin nárbh fhurasta an toradh de bharr athiniúchta a chur i gcomparáid le toradh a fuarthas de bharr an iniúchta bunaidh i gcásanna ar clúdaíodh roinnt mhaith ceannteideal cánach leis an iniúchadh bunaidh agus gur díríodh ar cheannteideal amháin leis an athiniúchadh nó *vice versa*. Cé nach raibh na saincheisteanna seo ar scála den sórt a d'fhágfadh nach mbeadh maitheas ar bith leis an gcleachtadh, chuir siad srian ar na conclúidí a bhíothas in ann a bhaint as an scéal dar léi.

Chuir sí in iúl dom freisin, toisc nach raibh aon athiniúchtaí a reáchtáil ceantair indibhidiúla na gCoimisinéirí Ioncaim ó 2002, d'uireasa clár athiniúchtaí náisiúnta, ina gcuid de chlár a eagraíodh go lárnach, nár coinníodh taifid ar bun ar bhealach a d'fhágfadh go mbeifí in ann torthaí na n-athiniúchtaí seo a sholáthar.

## Clár á Chur ar Fionraí

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gurbh é an phríomhchúis nár leanadh ar aghaidh le clár a eagraíodh go lárnach ná chun am a thabhairt chun éifeachtach an Chláir REAP a dhéanamh amach. Clár an-nua ab ea an clár seo go fóill d'fhormhór mór na gceantar agus bhí obair fós ag dul ar aghaidh go mbeadh daoine cleachtaithe leis an gclár. Mar sin, cé gur tagraíodh i bPleananna Gnó don rún le hathbhreithniú a dhéanamh ar chlár na n-athiniúchtaí ar uairibh ó 2002, cuireadh athbhreithnithe foirmiúla siar ar feithimh an Chláir REAP a bheith tugtha isteach ina iomláine. Agus an Clár REAP ag teacht in inmhe, bhí deis mhaith ann anois le cuimhneamh ar thodhchaí chlár na n-athiniúchtaí agus smaoineofaí níos déanaí i mbliana ar an athiniúchadh mar cheann de shraith táscairí leis na leibhéil chomhlíonta ghinearálta a thomhas. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh, i dtimpeallacht shofaisticiúil le rioscaí a rátáil go leictreonach, nach bhfuil clár athiniúchtaí ar leithligh chomh húsáideach is a bhíodh sé. Chuir sí chun suntais freisin, i rith na tréimhse a bhí i gceist, gur feidhmíodh sciar mór d'acmhainní iniúchta agus imscrúdaithe na gCoimisinéirí Ioncaim i leith imscrúduithe speisialta agus tionscadail i leith earnálacha ar cruthaíodh, mar gheall ar a dtorthaí, a bheith ina gcur chuige táirgiúil.

## An Atitimeachas agus Comhlíonadh Leanúnach

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go gcuirtear fachtóirí ar nós socraíochtaí de shuim níos mó ná €2,000 de thoradh iniúchtaí san áireamh sa phróiseas measúnachta ionas go gcinnteofar go gcuirfear socraíochtaí lena gcuimsítear tréimhse trí bliana ar a laghad agus ceithre bliana ar a mhéad, san áireamh. Sa chlár REAP is déanaí a reáchtáladh, ba é líon an 10% ab airde de na cásanna, bunaithe ar riosca faoi mar a measúnaíodh faoi rialacha inmheánacha an chórais, ná 77,885 agus fachtóir amháin a bhí ina chúis gur aithníodh 6,686 díobh seo ná gur cuireadh riail stair na n-iniúchtaí roimhe san áireamh. Dúirt sí go raibh sí sásta faoi láthair leis an scór a ghabh le socraíochtaí roimhe seo i REAP de bharr iniúchtaí ach chuir sí chun suntais go mbeidh athruithe ar rialacha ina ghné rialta den chóras. Beartaíodh in 2008 go ndéanfaí 60% d'idirghabhálacha maidir le hiniúchtaí as an 20% de chásanna a gcuirtear chun suntais de bharr an chláir REAP mar na cinn lena mbaineann na rioscaí is mó. Dhéanfaí monatóireacht ar chláir na gceantar chun an dul chun cinn maidir leis seo a dhéanamh amach. Bhí sé á thabhairt le fios sách luath go gcomhlíonfaí an targaid seo.

### Torthaí

Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr gur féidir le hathiniúchtaí cabhrú le hobair i leith daoine a bheith ag comhlíonadh dlíthe cánach, cibé mar chlár ar leithligh nó trí thorthaí cásanna a iniúchadh roimhe a rianú, rud ar chóir dó a bheith indéanta sa timpeallacht leictreonach atá i réim i rannóg na gCoimisinéirí Ioncaim.

# 3.8 Ionchúisimh Choiriúla

Faoi nósanna imeachta ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim, cuirtear cásanna ar aghaidh chuig an Rannán Fiosrúchán agus Ionchúiseamh i gcomhair fiosrúcháin d'fhonn ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh sa chás go mbíonn fianaise *prima facie* ann go ndearnadh cionta tromchúiseacha ioncaim. Laistigh den Rannán seo, déanann Coiste Ceadaithe na nIonchúiseamh tuilleadh meastóireachta ar na cásanna seo roimh thosú obair an fhiosrúcháin choiriúil atá dian ó thaobh acmhainní de, agus a bhféadfaí roinnt mhaith blianta a chaitheamh leis sula gcuirfear cás i láthair i gCúirt. In 2007, atreoraíodh 30 cás d'imghabháil cánach thromchúiseach ar aghaidh chuig an Rannán seo lena mbreithniú agus measadh go raibh 21 díobh oiriúnach le fiosrú d'fhonn is go n-ionchúiseofaí duine. Ba hiad na figiúirí inchomparáide don bhliain 2006 ná 33 a atreoraíodh agus 16 ar glacadh leo. Fuarthas ciontuithe sna naoi gcás ar thángthas ar chinneadh ina leith sa chúirt in 2007. Leagtar amach mionsonraí achoimre ar na cásanna seo i Tábla 17.

**Tábla 17 Ciontuithe in 2007 d'Imghabháil Chánach Thromchúiseach**

| Gairm/Gníomhaíocht | Fíneáil | Pianbhreith Choimeádta |
|---|---:|---|
| Priontálaí | €14,880 | Pianbhreith 9 mí sa phríosún, curtha ar fionraí ach fíneáil a íoc |
| Conraitheoir Fáladóireachta | €5,000 | Pianbhreith 12 mhí sa phríosún curtha ar fionraí ar an gcoinníoll go n-íocfaí €7,026 de cháin leis na Coimisinéirí Ioncaim faoi cheann dhá mhí dhéag. |
| Tábhairneoir | €100 | Ar achomharc, pianbhreith 6 mhí sa phríosún arna cealú agus laghdaíodh fíneáil €2,500 go dtí €100 |
| Tógálaí | – | Pianbhreith 18 mí sa phríosún, curtha ar fionraí ar feadh 3 bliana ar an gcoinníoll go n-eagrófaí gnóthaí go gcomhlíonfaí dlíthe cánach |
| Tábhairneoir | €12,000 | Pianbhreith ar bith |
| Fostaí ÍMAT | €4,750 | Pianbhreith ar bith |
| Forbróir Réadmhaoine | €2,317 | Pianbhreith ar bith |
| Stiúrthóir Cuideachta | €2,000 | Pianbhreith ar bith |
| Tógálaí | €1,000 | Pianbhreith ar bith |

Bhí 82 cás d'imghabháil cánach thromchúiseach idir lámha sa Rannán Fiosrúchán agus Ionchúiseamh ag deireadh na bliana 2007. Taispeántar stádas na gcásanna sin ag deireadh mhí an Mheithimh 2008, an dáta is déanaí dá bhfuil faisnéis ar fáil, i Tábla 18.

**Tábla 18 Stádas na gCásanna Imghabhála Cánach Tromchúiseacha**

| **Stádas** | **Líon na gCásanna 2007** |
|---|---|
| Á bhfiosrú | 37 |
| Le hOifig Aturnae na gCoimisinéirí Ioncaim | 3 |
| Curtha faoi bhráid an SIP | 8 |
| Treoracha arna n-eisiúint ag SIP le hionchúiseamh | 12 |
| Barántas binse eisithe | 1 |
| Cásanna os comhair na cúirte | 13 |
| Éigiontaithe | 1 |
| Ciontuithe faighte | 7 |
| **Iomlán** | **82** |

Ina theannta sin, bhí cúig chiontú ann i gcomhair imghabháil thromchúiseach Custam agus Máil in 2007. Níor forchuireadh aon phianbhreitheanna coimeádta sna cásanna seo ach forchuireadh fíneálacha de luach €72,203 san iomlán.

# 3.9 Fiosrúcháin Speisialta

Leagtar amach i dTábla 19 na híocaíochtaí a rinneadh go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2008 de thoradh gach ceann de na Fiosrúcháin Speisialta a bhí á reáchtáil ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tá achoimre ghairid ina dhiaidh sin ar an dul chun cinn go nuige seo sna fiosrúcháin.

**Tábla 19 Íocaíochtaí ag eascairt as Fiosrúcháin Speisialta [(a)]**

| Fiosrúchán | Cásanna Bainteacha | Íocaíochtaí go dtí seo €m |
|---|---|---|
| Cáin Choinneála ar Ús Taisce — Iniúchtaí Súil Siar (institiúidí airgeadais) | 37 | 225 |
| Cáin Choinneála ar Ús Taisce – Cáin Bhunúsach | | |
| Scéim Nochta Deonaigh | 3,675 | 227 |
| Fiosrúcháin Iar-Nochta Deonaigh | 8,500[(b)] | 408 |
| An Banc Éireannach Náisiúnta - Scéimeanna Infheistíochta Seachairgeadra | 465 | 60 |
| Scéimeanna de chineál Ansbacher | 289 | 103 |
| Scéimeanna "Pick Me Up" | 71 | 1 |
| Binsí Fiosrúcháin | 49 | 41 |
| Sócmhainní Seachairgeadra | 14,729 | 918 |
| Cistí Neamhnochta – Táirgí Árachais Saoil | 5,341 | 455 |
| **Iomlán** | | **2,438** |

[(a)] Leagtar amach a bhfuil i gceist leis na fiosrúcháin seo i gCaibidil 3.6 de Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair 2006.
[(b)] Figiúr measta atá anseo.

## Cuntais Neamhchónaitheacha Bhréagacha

Is é an tsuim iomlán a fuarthas de thoradh an fhiosrúcháin faoin gCáin Choinneála ar Ús Taisce ná €860m anois agus dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil an fiosrúchán críochnaithe go héifeachtach agus go bhféadfaí €10m eile a fháil dá thoradh ar a mhéad. Tháinig 74% den tsuim a fuarthas ó cháiníocóirí indibhidiúla agus fuarthas an t-iarmhéid ó institiúidí airgeadais.

## Infheistíochtaí Seachairgeadra trí mheán an Bhainc Éireannaigh Náisiúnta

Tá fiosrúcháin ar 442 den 465 cás curtha i gcrích. Tá €55.6m íoctha go dtí seo san iomlán de thoradh cásanna indibhidiúla a fiosraíodh. D'íoc an Banc Éireannach Náisiúnta €4.1m eile i leith na Cánach Gnóthachan Caipitiúil as an gcúiteamh a d'íoc sé le hinfheisteoirí áirithe. Toisc go bhfuil imeachtaí cúirte ar feithimh i leith roinnt de na cásanna atá fós le réiteach, ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim cathain a bheidh an fiosrúchán curtha i gcrích nó cén tsuim a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an toradh deiridh a thuar.

## Fiosrúchán Ansbacher

Táthar tar éis 264 cás a shocrú go nuige seo, le dliteanais iomlána de €82m ag 122 acu. Áirítear leis sin socraíocht €7.5m le banc atá ar bun sna hOileáin Cayman. Fuarthas íocaíochtaí ar son €21.34m i 12 de na 25 cás atá ar siúl go leanúnach. Óir gur dóichí go rachaidh roinnt de na cásanna ar aghaidh chun

Cúirteanna, ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim toradh féideartha nó creatlach ama dá gcomhlíonadh a thuar.

## Scéimeanna "Pick-Me-Up"

Bhain speansais i gcomhair earraí agus seirbhísí le scéimeanna "pick-me-up" a thabhaigh páirtí polaitiúil a fuair sonrasc ón soláthraí chuig trádálaí eile a d'íoc an soláthraí mar bhealach chun tacú leis an bpáirtí. Níorbh fhéidir na híocaíochtaí sin a asbhaint chun críocha cánach, níorbh fhéidir an CBL a athéileamh agus ní raibh na sonraisc a eisíodh de réir na gceanglas dlíthiúil. Tá an fiosrúchán curtha i gcrích anois agus tá gach ceann den 71 cás socraithe anois ar shuim €978,453 san iomlán lena n-áirítear ús agus pionóis.

## Saincheisteanna ó thaobh Cúrsaí Cánach a thagann as Binsí Fiosrúcháin

Bhí aon chás is fiche á bhfiosrú de thoradh Bhinse Fiosrúchán Moriarty ar dtús agus tógadh cás amháin eile ar bord in 2007. As an 22 cás seo, tá 17 á bhfiosrú faoi láthair agus socraíodh cúig chinn ar shuim €8.44m san iomlán. Táthar ag fiosrú seacht gcás is fiche de thoradh Bhinse Fiosrúcháin Mahon agus socraíodh sé chinn díobh seo ar shuim €26.6m; fuarthas íocaíochtaí ar €5.94m freisin. Tá Binse Fiosrúcháin Moriarty ag druidim chun deiridh agus níltear ag dúil go dtiocfaidh cásanna breise aníos. Ní heol do na Coimisinéirí Ioncaim an dtiocfaidh aon chás breise anuas ó Bhinse Fiosrúcháin Mahon nó cathain a thiocfaidh an Binse Fiosrúcháin sin chun críche. I ndáil le cásanna atá á bhfiosrú faoi láthair ag na Binsí Fiosrúcháin, táthar ag súil go bhfaighfear €3m eile as seo go ceann an chéad dhá bhliain eile dá dtoradh.

## Sócmhainní Seachairgeadra

Baineann an fiosrúchán seo leo siúd nár íoc cáin a bhí dlite ar chistí a bhí i seilbh chuntais agus infheistíochtaí seachairgeadra. Fuarthas €650m de thoradh chéim dheonach an fhiosrúcháin agus fuarthas €267.8m eile go nuige seo de thoradh fiosrúcháin le leanúint ar aghaidh le fiosrúcháin na céime deonaí. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag dúil go leanfaidh an fiosrúchán ar aghaidh go deireadh na bliana 2009 agus go bhféadfadh an tsuim a gheofar dá thoradh ar deireadh teacht i ngar do €1 billiún.

## Táirgí Árachais Saoil

Scrúdaíodh leis an bhfiosrúcháin seo úsáid na dtáirgí infheistíochta árachais saoil le hioncam nó gnóthachain neamhnochta a chur i bhfolach. Íocadh thart ar €430.8m faoin gcéim nochta deonaigh agus fuarthas €24.2m eile de thoradh fhiosrúcháin na gCoimsinéirí Ioncaim le leanúint ar aghaidh le fiosrúcháin na céime deonaí. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim, ag brath ar fhreagairtí ar fhiosrúcháin reatha, go bhféadfaí an fiosrúchán a chur i gcrích amach in 2008 nó go luath in 2009 agus go bhféadfadh €500m a bheith i gceist leis an toradh deiridh.

## Cistí Neamhnochta i gCuntais Bhainc na hÉireann

Faoi na Rialacháin um Aischur Íocaíochtaí (Bainc, Cumainn Fhoirgníochta, Comhair Chreidmheasa agus Bainc Taisce) 2008 (I.R. 136 de 2008) ceanglaítear ar institiúidí airgeadais mionsonraí a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim ar shealbhóirí cuntais ar íocadh breis is €635 dóibh in imeacht bliana. Do na blianta 2005 agus 2006 ceanglaítear ar institiúidí airgeadais mionsonraí ar chuntais a ndlitear Cáin Choinneála ar Ús Taisce a íoc ina leith a sholáthar faoi 15 Meán Fómhair 2008 agus faoi 31 Deireadh Fómhair 2008 i gcomhair 2007. Sula gcuirfear na tuairisceáin seo ar ais, tá deis tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim do cháiníocóirí a raibh €100,000 nó níos mó (lenar áiríodh airgead nár fógraíodh) ag tráth ar bith idir Eanáir 2005 agus deireadh 2007 le suim dhlite a nochtadh go deonach. Na buntáistí a bhainfeadh leis sin dóibh siúd a dhéanfadh amhlaidh ná go maolófar pionóis, nach bhfoilseofar mionsonraí socraíochtaí agus nach ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fiosrúchán d'fhonn is go n-ionchúiseofar duine. Is é an spriocdháta le fógra a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim lena chur in iúl go bhfuil sé de rún ag duine suim den

sórt sin a nochtadh ná 15 Meán Fómhair 2008.

# 3.10 Seiceálacha Nochta Deonaigh

Faoi scéimeanna deonacha chun ioncam a raibh fiosrúcháin á ndéanamh ina leith maidir le Cáin Choinneála Bhunúsach ar Ús Taisce, Sócmhainní Seachairgeadra agus Táirgí Árachais Saoil, thug na Coimisinéirí Ioncaim cuireadh do mhainnitheoirí an tsuim atá dlite a nochtadh agus cáin dlite a íoc sula gcuirfear tús le gach fiosrúchán. Ba hiad na buntáistí a bhainfeadh leis sin dóibh siúd a bhainfeadh leas astu ná nach mbeadh aon ionchúiseamh ann agus nach bhfoilseofaí mionsonraí na socraíochta. Chuir teorainn, 100% den cháin dlite i gcás scéim na Cánach Coinneála ar Ús Taisce, leis an ús agus na pionóis, agus mhaolófaí roinnt de na pionóis i gcás an dá scéim eile.

Bhí daoine a bhí á bhfiosrú nó ag teacht faoi chuimsiú raon fhiosrúcháin speisialta na gCoimisinéirí Ioncaim cheana féin neamh-incháilithe le haghaidh na dtéarmaí seo. Ceanglas eile a bhain le gach scéim freisin ná gur chóir go mbeadh gach dliteanas cánach nár fógraíodh san áireamh leo siúd a bhí le nochtadh agus le híoc agus ní díreach iad siúd a tháinig chun cinn de bhun an fhiosrúcháin ar leith. Mar shampla, chaitheadh gach dliteanas cánach neamhfhógartha a bheith san áireamh i suim a bhí le nochtadh go deonach faoi scéim na Cánach Coinneála ar Ús Taisce lena n-áirítear iad siúd a bhain le sócmhainní seachairgeadra nó táirgí árachais saoil. Dá loicfeadh duine amhlaidh a dhéanamh, chaillfí buntáistí na scéime dá bharr. Sa chás go bhfuarthas nár chomhlíon daoine, a d'fhéach le leas a bhaint as na scéimeanna nochta deonaigh, téarmaí Phardún 1993 go hiomlán[12] chaillfidís buntáistí an Phardúin agus chaithfí leis an tsuim a íocadh faoin bPardún mar íocaíocht ar an dliteanas cánach iomláin.

Leagtar líon iomlán na gcáiníocóirí a bhain leas as gach scéim nochta deonaigh i Tábla 20.

**Tábla 20 Scéimeanna Nochta Deonaigh na bhFiosrúchán Speisialta**

| Fiosrúchán | Líon na gCásanna | Íocaíochtaí €m |
|---|---|---|
| Cáin Choinneála ar Ús Taisce – Cáin Bhunúsach | 3,675 | 227 |
| Sócmhainní Seachairgeadra | 13,651 | 650[(a)] |
| Táirgí Árachais Saoil | 5,150 | 431 |

[(a)] Lena n-áirítear íocaíochtaí ó dhá fhiosrúchán roimhe seo maidir le sócmhainní seachairgeadra.

## Seicéalacha na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hIncháilitheacht

Ba é cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim i leith an scrúdaithe maidir le cibé ar chomhlíon na daoine sin a bhí ag féachaint le leas a bhaint as gach scéim nochta deonaigh na critéir incháilitheachta ná

- I gcás Cáin Choinneála ar Ús Taisce - Cáin Bhunúsach, scrúdaíodh gach cás ó thaobh incháilitheachta de.
- San fhiosrúchán maidir le Sócmhainní Seachairgeadra, scrúdaíodh gach cás lenar bhain dliteanas fógartha os cionn €10,000. Scrúdaíodh 10% de chásanna lenar bhain dliteanas fógartha idir €5,000 agus €10,000. Níor scrúdaíodh cásanna lenar bhain dliteanas fógartha faoi bhun €5,000. Aithníodh 190 cás a bhain leas as scéim nochta deonaigh na Cánach Coinneála ar Ús Taisce cheana féin agus scrúdaíodh an 111 díobh seo lenar bhain dliteanas seachairgeadra ar fógraíodh é a bheith os cionn €5,000 lena chinneadh cibé ar chóir buntáistí scéim na Cánach Coinneála ar Ús Taisce a tharraingt siar agus/nó an cáiníocóir a ionchúiseamh.
- I gcás na dTáirgí Árachais Saoil, seiceáladh gach cás maidir le hincháilitheacht.

[12] an tAcht um Tharscaoileadh ar Cháin, Ús agus Phionóis, 1993.

Le cois na seiceálacha seo chun an incháilitheacht, le leas a bhaint as na téarmaí a ghabhann le daoine a bheith ag nochtadh suimeanna go luath, a bhailíochtú, rinne na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithnithe faoi dhliteanais ar shampla cásanna inar bhain daoine leas as an scéim.

## Neamh-incháilitheacht le haghaidh Scéimeanna

Bhí 883 cás ann ina bhfuarthas go raibh cáiníocóirí neamh-incháilithe le haghaidh na scéimeanna. Tábla 21 thíos líon na gcásanna a ndearnadh iarratas ina leith le haghaidh gach scéime agus ar measadh iad a bheith neamh-incháilithe agus taispeántar ann an chúis go raibh siad neamh-incháilithe. Bhí ráta na neamh-incháilitheachta níos airde sna scéimeanna a tháinig níos déanaí, ag ardú go dtí 9.4% i gcomhair scéim na dTáirgí Árachais Saoil. Is dócha go bhfuil an treocht seo in airde ag titim amach toisc go raibh an chúis leis an neamh-incháilitheacht ag baint leasa as lámhaltais roimhe gan an tsuim iomlán a nochtadh. Toisc nár seiceáladh gach cás, ina raibh daoine ag baint leasa as scéim na Sócmhainní Seachairgeadra, ó thaobh na hincháilitheachta áfach, d'fhéadfadh an fíor-ráta sa chás sin a bheith beagán níos airde.

**Tábla 21 Cásanna ar Measadh iad a bheith Neamh-Incháilithe tar éis Anailíse de réir Cúise**

| | Cúis le Cás a bheith Neamh-Incháilithe | | | | | | | % Neamh-Incháil-ithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Á bhfiosrú** | **Binsí Fios-rúcháin** | **An Banc Éireannach Náisiúnta** | **Cáin Choinneála ar Ús Taisce** | **Sóc-Mhainní Seach-airgeadra** | **Eile** | **Iomlán** | |
| Cáin Choinneála ar Ús Taisce | 8 | 2 | 2 | n/b | n/b | 6 | 18 | 0.5% |
| Sócmhainní Seachairgeadra | 12 | – | 7 | 353[a] | n/b | 7 | 379 | 2.8% |
| Táirgí Árachais Saoil | – | – | – | 194[b] | 110 | 182[c] | 486 | 9.4% |
| **Iomlán** | **20** | **2** | **9** | **547** | **110** | **195** | **883** | |

[a] Baineadh leas as scéim nochta deonaigh na Cánach Coinneála ar Ús Taisce in 102 de na cásanna seo agus fuair na Coimisinéirí Ioncaim amach i rith na bhfiosrúchán a rinneadh tar éis do shuimeanna a bheith nochta go deonach go raibh cuntas neamhchónaithe bréagach ag an 251 eile.

[b] Baineadh leas as scéim nochta deonaigh na Cánach Coinneála ar Ús Taisce in 82 de na cásanna seo agus fuair na Coimisinéirí Ioncaim amach i rith na bhfiosrúchán a rinneadh tar éis do shuimeanna a bheith nochta go deonach go raibh cuntas neamhchónaithe bréagach ag an 93 cás. Bhí 18 gcás neamh-incháilithe toisc go raibh fiosrúcháin na Cánach Coinneála ar Ús Taisce agus maidir le Sócmhainní Seachairgeadra ar siúl ina leith agus bhí cás amháin neamh-incháilithe toisc gur cás Cánach Coinneála ar Ús Taisce agus Pardúin a bhí ann.

[c] Tá 173 cás a bhfuarthas iad a bheith neamh-incháilithe i réigiún Bhaile Átha Cliath san áireamh sa chatagóir seo. Níl anailís de réir cúis le cás a bheith neamh-incháilithe ar fáil áfach.

Gineadh €50.8m eile tar éis athbhreithnithe ar na cásanna neamh-incháilithe seo faoi mar a thaispeántar i Tábla 22.

**Tábla 22 Dliteanais Fógartha agus Íocaíochtaí Breise le haghaidh Cásanna Neamh-Incháilithe**

| Fiosrúchán | Líon na gCásanna Neamh-Incháilithe | Dliteanas Fógartha €m | Íocaíochtaí Breise €m |
|---|---|---|---|
| Cáin Choinneála ar Ús Taisce | 18 | 6.0 | 4.3 |
| Sócmhainní Seachairgeadra | 379 | 31.5 | 29.2 |
| Árachas Saoil | 486 | 52.8 | 17.3 |
| **Iomlán** | **883** | **90.3** | **50.8** |

## Buncheisteanna an Iniúchta

Tugadh torthaí a bhí sásúil i gcoitinne de bharr scrúdaithe roimhe seo, maidir le feidhmiú scéim na Cánach Coinneála ar Ús Taisce, a tuairiscíodh in 2003. Mar gheall ar líon mór na gcásanna a ndearnadh iarratas ina leith le haghaidh gach scéim, bhí féidearthacht ann go mbéarfadh roinnt cáiníocóirí buntáiste ar bhreis is scéim amháin nó suim nialasach a fhógairt i gcúinsí a raibh dliteanas ann. Lorg mé dearbhú gur leor leibhéal na tástála maidir le hincháilitheacht i gcás Sócmhainní Seachairgeadra agus Táirgí Árachais Saoil.

## Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

Maidir leis an bpróiseas arna ghlacadh, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur glacadh cur chuige spriocdhírithe i leith cásanna ar fógraíodh[13] suim nialasach dóibh agus níor scrúdaíodh cásanna den sórt sin ach amháin sa chás gur dócha go mbeadh dliteanais bhreise ann. Torthaí an scrúdaithe seo ná

- Nach raibh aon íocaíocht bhreise ann ó 620 cás Cánach Coinneála ar Ús Taisce ar fógraíodh suim nialasach dóibh.
- Gur íocadh €5m ó 88 cás maidir le Táirgí Árachais Saoil ar fógraíodh suim nialasach dóibh.
- Íocaíochtaí €778,357 ó 11 cás maidir le Sócmhainní Seachairgeadra ar fógraíodh suim nialasach dóibh.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom freisin gur breithníodh roinnt de na cásanna neamh-incháilithe as gach scéim nochta deonaigh d'fhonn is go n-ionchúiseofaí duine. I scéim na Cánach Coinneála ar Ús Taisce, rinneadh cás amháin a ionchúiseamh agus fuair an cáiníocóir pianbhreith dhá bhliain ar fionraí. Roghnaíodh dhá chás ó scéim na Sócmhainní Seachairgeadra le haghaidh ionchúisimh ach ní dheachthas ar aghaidh le ceann amháin toisc go bhfuair an cáiníocóir bás. Scrúdaíodh seacht gcás faoin scéim Árachais Saoil d'fhonn is go n-ionchúiseofaí duine ach fuarthas go raibh gach ceann acu mí-oiriúnach le haghaidh ionchúisimh.

Tábla 23 líon na gcásanna ar éilíodh Pardún 1993 ina leith agus líon na gcásanna sin ar tarraingíodh sochair an Phardúin siar ina leith.

[13] Tháinig cásanna, ar fógraíodh suim nialasach dóibh, chun cinn sa chás gur chuir cáiníocóirí in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim, mar chuid den phróiseas ábhartha le dliteanais a nochtadh go deonach, go raibh cuntas nó táirge acu den chineál a bhí á fhiosrú ach gur fógraíodh an cuntas nó táirge agus na cistí a bhí ann chun críocha cánach go hiomlán.

**Tábla 23 Cásanna Pardúin**

| | Líon na nDaoine a d'Éiligh Pardún | Líon ar Tarraingíodh Sochar an Phardúin Siar ina Leith |
|---|---|---|
| Cáin Choinneála ar Ús Taisce [(a)] | 208 | 62 |
| Sócmhainní Seachairgeadra | 45 | 13 |
| Árachas Saoil | 33 | 1 |
| **Iomlán** | **286** | **76** |

[(a)] Faoi mar a tuairiscíodh roimhe seo i gCaibidil 3.8 de Thuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tar éis do chéimeanna nochta deonaigh na bhfiosrúchán faoi Shócmhainní Seachairgeadra agus faoi Tháirgí Árachais Saoil a bheith curtha i gcrích, aithníodh 188 cás a raibh socraíocht déanta ina leith cheana féin i ndáil le fiosrúchán speisialta eile ach nach raibh sé nochta do na Coimisinéirí Ioncaim tráth na socraíochta sin go raibh dliteanas cánach ann i ndáil leis an tSócmhainn Seachairgeadra nó an Táirge Árachais Saoil.

Maidir leis an gcur chuige - is é sin - gan seiceálacha maidir le hincháilitheacht a dhéanamh ar gach cás a mbaintear leas as scéim na Sócmhainní Seachairgeadra ina leith, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nár tháinig aon dliteanais shuntasacha bhreise chun cinn de thoradh an scrúdaithe ar shampla de 141 cás, ar fógraíodh dliteanais idir €5,000 agus €10,000 ina leith, a bheadh ina údar le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas. Daingníodh €283,557 de dhliteanais bhreise ó 14 de na cásanna seo. Dúirt sí freisin, gan aird ar cásanna ar nochtadh suim nialasach ina leith, go raibh 5,084 cás ann ar lú ná €5,000 an dliteanas ina leith agus gurbh é an tsocraíocht iomlán do na cásanna seo ná €7.8m. Ba é an mheánsocraíocht do na cásanna seo na isteach is amach ar €1,500. Measadh nach bhfaighfí dliteanais shuntasacha bhreise dá ndéanfaí scrúdú ó thaobh na hincháilitheachta ar líon chomh mór sin de chásanna agus gur chuí mar sin gur cuireadh acmhainní le haghaidh iniúchtaí i dtreo cásanna níos mó ar dócha go bhfaighfí toradh breise níos airde mar gheall nach raibh siad sin incháilithe. Chuir sí in iúl dom freisin gur scrúdaíodh roinnt den 79 cás, ar fógraíodh dliteanas níos lú ná €5,000 agus ar baineadh leas as scéim na Cánach Coinneála ar Ús Taisce ina leith, agus ar féachadh ansin le leas a bhaint as scéim na Sócmhainní Seachairgeadra lena n-aghaidh, agus nár tháinig aon dliteanais bhreise chun cinn i gcoitinne. Athosclaíodh seacht gcinn de na cásanna seo agus measúnaíodh €72,331 de dhliteanais bhreise.

Cuireadh srian ar fhiosrúchán na dTáirgí Árachais Saoil, ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta 2005, agus níor clúdaíodh ach cásanna a ndeachaigh an tsuim a infheistíodh os cionn €20,000 iontu. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur de réir rioscaí a stiúradh an cur chuige seo toisc gur aithníodh gur dócha go mbainfeadh an riosca is mó le beartais lenar infheistíodh suimeanna níos mó. Chruthaigh torthaí chéim dheonach na scéime fiúntas an chur chuige seo. Ba é an mheánsocraíocht do bheartais le haghaidh breis is €50,000 ná isteach is amach ar €122,000 agus ba é an mheánsocraíocht do bheartais le haghaidh suim níos lú ná €50,000 ná isteach is amach ar €43,000. Lena chois sin, aithníodh nach raibh saincheisteanna ó thaobh cúrsaí cánach ag formhór mór na sealbhóirí beartais agus go gcuirfí isteach go mór ar cháiníocóirí a bhí ag comhlíonadh dlíthe cánach dá leathnófaí an scéim amach sa chaoi is go gcuimseofaí iad siúd a raibh beartais le haghaidh suim níos lú ná €20,000 acu, ach nach n-aisghabhfaí suimeanna ábhartha don Státchiste dá thoradh. B'fhearr acmhainní na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáid le leanúint le daoine nach raibh ag comhlíonadh dlíthe cánach i réimsí eile. Dá réir sin, ní dhearnadh aon ghníomhartha i ndáil le beartais sa chatagóir sin.

I ndáil leis na scéimeanna i gcoitinne, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom

- Go ndearnadh athbhreithniú ar gach cás maidir le hincháilitheacht sa chás go raibh riosca ábhartha ann go dtiocfadh dliteanais shuntasacha bhreise chun cinn de bharr go rabhthas ag caitheamh le cás mar chás neamh-incháilithe. Aisghabhadh suimeanna breise, pionóis shuntasacha chomh maith, de thoradh an chur chuige seo.

- Níl ceann ar bith den trí scéim curtha i gcrích go hiomlán go fóill, mar sin níl aon tuairisc fhoriomlán maidir le ceann ar bith díobh ullmhaithe go fóill. De réir mar a chuaigh na tionscadail chun cinn, táirgeadh roinnt páipéir maidir le gnéithe áirithe ó am go chéile ach ní chuimsíonn siad na torthaí foriomlána.

Maidir leis na ceachtanna a d'fhoghlaim na Coimisinéirí Ioncaim de bharr na bhfiosrúchán, chuir sí in iúl dom go rabhthas ag súil go ndéanfadh roinnt cáiníocóirí iarracht le roinnt dliteanas a nochtadh in éineacht agus, dá bharr sin, eisíodh treoracha chun an incháilitheacht a sheiceáil. Codán réasúnta beag daoine a bhí i gceist leo siúd i gcoitinne as meas líon iomlán na ndaoine a nocht dliteanais. Thairis sin, bheadh athbhreithniú ar na patrúin, ó thaobh suimeanna a nochtadh, á dhéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim mar chuid d'athbhreithniú níos fairsinge ar an gCód Cleachtais d'Iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim a bhforáiltear go sainráite lena aghaidh sa Ráiteas Straitéise a foilsíodh le déanaí. Bheadh na Coimisinéirí Ioncaim ag breathnú, lena chois sin, ar an tionchar ó thaobh éifeachtacht leanúnach an chláir REAP.

## Torthaí an Iniúchta

Bhreathnaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar an riosca go bhféadfadh roinnt cáiníocóirí féachaint le mí-úsáid a bhaint as téarmaí na scéimeanna nochta deonaigh. Rinneadh bearta réasúnacha chun cur in aghaidh an riosca seo, agus dá thoradh sin, fabhraíodh ioncam breise agus tarraingíodh roinnt sochair de chuid an Phardúin siar rud a d'fhág gur forchuireadh pionóis agus gur breithníodh roinnt cásanna le haghaidh ionchúisimh.

## 3.11 Scéim na gCuntas Speisialta Dreasachta Coigiltis

Tugadh Cuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIA) isteach in 2001 chun daoine a spreagadh le bheith ag coigilt go rialta. Faoin Scéim, d'íoc an Státchiste bónas saor ó cháin de 25% ar shuimeanna a gcoigil daoine aonair go míosúil thar tréimhse cúig bliana chomh fada agus a cloíodh le téarmaí agus coinníollacha na Scéime.

Is faoi na heagraíochtaí airgeadais a bhí sé a dhéanamh cinnte de go rabhthas ag cloí le téarmaí na Scéime. Cuireadh iachall orthu clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim agus rinne 329 acu[14] é sin. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim íocaíochtaí bónais míosúla leis na heagraíochtaí airgeadais bunaithe ar éilimh uathu don mhéid ghlan a bhí dlite .i. an bónas saor ó cháin lúide cáin ar bith a baineadh as. Bhí torthaí bliantúla ag tabhairt sonraí faoi na cuntais ar fad ag teastáil ó gach institiúid airgeadais roimh 28 Feabhra den bhliain dar gcionn. Bhí cumhacht ag na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh a dhéanamh ar cibé an raibh siad ag cloí leis an Scéim nó nach raibh.

Níor mheasadh go raibh cuntas tagtha in aibíocht ach amháin nuair a bhí cuntas coinnithe agus nuair a sásaíodh na coinníollacha do gach ceann de na cúig bliana. Ag an bpointe sin gearradh cáin ag 23% ar an ioncam nó brabús a bhí ar an gcuntas. Bhí ar shealbhóirí na gcuntas dearbhú a chur isteach chuig a n-institiúid airgeadais ag rá gur chloígh siad le téarmaí na Scéime sular tháinig an cuntas in aibíocht. Bhí na dearbhuithe seo, a choinnigh na hinstitiúidí airgeadais, ag teastáil laistigh de thréimhse trí mhí roimh dháta aibíochta an SSIA. Caitheadh le cuntas mar chuntas aibí freisin más rud é go bhfuair sealbhóir an chuntais bás. Sa chás gur briseadh ceann ar bith de na coinníollacha, caitheadh leis an cuntas mar chuntas scortha agus bhí cáin ag 23% inasbhainte ón tsuim iomlán *.i.* an tsuim a choiglíodh, an bónas saor ó cháin agus ioncam nó brabús ar bith. Ar an gcaoi chéanna, nuair a rinneadh aistarraingt i rith na tréimhse cúig bliana, gearradh cáin ag 23% ón tsuim iomlán a tarraingíodh siar. Ceanglaíodh ar institiúidí airgeadais comhad leictreonach a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim maidir le stádas gach cuntais aibithe roimh 28 Feabhra 2008.

### Toradh na Scéime

Bhí an tsuibscríbhinn mhíosúil ar an meán idir €148 agus €199 thar tréimhse na Scéime agus ar deireadh tháinig na suibscríbhinní iomlána leis an Scéim go dtí €11.75 billiún. Ba é €2.94 billiún an bónas saor ó cháin a íocadh dóibh siúd a bhí ag coigilt. D'fhabhraigh na Coimisinéirí Ioncaim cáin de €0.47 billiún mar thoradh ar ghnóthachain. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim íocaíochtaí le riaráiste de mhí amháin agus, faoi dheireadh na bliana 2007, ba é €2.47 an tsuim ghlan a íocadh. Ba é 1,180,358 uasmhéid na gcuntas a bhí i seilbh ag daoine faoin Scéim in 2002.

Tábla 24 amach an staid choigiltis fhoriomlán de réir na bliana.

---

[14] 9 mbanc, 3 chumann foirgníochta, 302 comhar creidmheasa, 14 chuideachta árachais agus Banc Taisce an Phoist.

**Tábla 24 SSIA 2001 go 2008**

| Bliain | Suibscríbhinní<br>€000 | Bónas Saor ó Cháin Éilithe<br>€000 | Iomlán<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 2001 | 356,566 | 89,257 | 445,823 |
| 2002 | 1,859,322 | 464,975 | 2,324,297 |
| 2003 | 2,187,422 | 547,065 | 2,734,487 |
| 2004 | 2,264,832 | 566,342 | 2,831,174 |
| 2005 | 2,460,942 | 615,100 | 3,076,042 |
| 2006 | 2,255,935 | 564,157 | 2,820,092 |
| 2007 | 369,392 | 91,090 | 460,482 |
| 2008 | (27) | (176) | (203) |
| **Iomlán** | **11,754,384** | **2,937,810** | **14,692,194** |

Bhí costas glan don Státchiste de thart ar €2.5 billiún mar a chuirtear in iúl i Tábla 25.

**Tábla 25 Costas Glan don Státchiste**

| Bliain | Bónas Saor ó Cháin Éilithe<br>€000 | Cáin ar Ghnóthachain<br>€000 | Glanmhéid Éilithe<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 2001 | 89,257 | (466) | 88,791 |
| 2002 | 464,975 | (5,310) | 459,665 |
| 2003 | 547,065 | (14,442) | 532,623 |
| 2004 | 566,342 | (16,098) | 550,244 |
| 2005 | 615,100 | (12,883) | 602,217 |
| 2006 | 564,157 | (158,191) | 405,966 |
| 2007 | 91,090 | (261,879) | (170,789) |
| 2008 | (176) | (67) | ( 243) |
| **Iomlán** | **2,937,810** | **(469,336)** | **2,468,474** |

## Seiceálacha Comhlíonta

Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi 40 cuairt comhlíonta thar an tréimhse 2002-2007 chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime. Tugadh faoi na cuairteanna trí thagairt a dhéanamh do chritéir riosca a bhí, iad féin, treoraithe ag rannpháirtíocht leis na hinstitiúidí airgeadais ar feadh na Scéime ar fad. Bhí athbhreithniú ar chuntais aonair i gceist le cuairteanna comhlíonta agus bhí scrúdú ar na nithe seo a leanas san áireamh

- seoltaí taobh amuigh den stát
- Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)

- dátaí breithe.

Imréiteach[15] ar na ceisteanna a ndeachthas i ngleic leo le linn na gcuairteanna comhlíonta seo, bhí an chaoi ar chaith institiúidí airgeadais le haibíochtaí, cuntais a aistriú agus sonraí tuairisceáin míosúla agus bliantúla. Léirítear pátrún na gcúirteanna ar tugadh fúthu i Tábla 26. Bhí na hinstitiúidí a ndearnadh athbhreithniú orthu ag riar thart ar dhá thrian den choigiltis san iomlán.

**Tábla 26 Cuairteanna Comhlíonta 2002 go 2007**

| Bliain | Líon na gCuairteanna | Líon na gCuntas ar an meán a bhí i seilbh na hInstitiúide ar tugadh cuairt uirthi | Líon Iomlán na gCuntas | % de na Cuntais Iomlána | % den Bhónas Saor ó Cháin ar an Meán a Íocadh in Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 2002 | 5 | 764 | 1,180,358 | 0.06 | 0.05 |
| 2003 | 11 | 14,425 | 1,151,287 | 1.25 | 1.15 |
| 2004 | 2 | 215,961 | 1,121,604 | 19.25 | 17.53 |
| 2005 | 11 | 398,822 | 1,096,911 | 36.36 | 36.25 |
| 2006 | 9 | 48,446 | 1,088,022 | 4.45 | 4.77 |
| 2007 | 2 | 55,951 | 1,088,022[(a)] | 5.14 | 4.97 |

(a) Athúsáid bainte as figiúir na bliana 2006 ar feitheamh próiseáil a dhéanamh ar thuaraisceáin bhliantúla 2007.

Rinne institiúid airgeadais aisíocaíocht de thart ar €390,000 mar thoradh ar cuairt comhlíonta rinneadh in 2007 a íocadh maidir le héilimh i leith cuntais a bhí aibithe cheana féin.

## Buncheisteanna an Iniúchta – Comhlíonadh

I bhfianaise na taithí leis an institiúid thuas bhí riosca ann go bhféadfadh íocaíochtaí bónais a bheith éilithe ag institiúidí airgeadais i leith cuntais a bhí aibithe cheana féin agus d'fhiosraigh mé an raibh údar le pionóis a ghearradh sa chás seo.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go raibh na Coimisinéirí Ioncaim sásta, de bhun na hoibre atá curtha i gcrích go dtí seo chun cuntais a imréiteach, nach raibh aon fhianaise go raibh sé ar intinn ag an institiúid airgeadais gan nósanna imeachta cearta a fheidhmiú maidir leis an gcóras aibíochta. Mar sin, ní mheasann na Coimisinéirí Ioncaim gur tháinig imthosca chun cinn chun pionóis a ghearradh. Thaispeáin sí freisin go bhforáiltear don fhéidearthacht d'earráidí neamhurchóideacha nó neamhbheartaithe a bheith ann go sonrach i Rialacháin na bliana 2001[16].

Maidir le gníomhartha a tógadh le cinntiú nach ndearna institiúidí airgeadais eile éilimh ar chreidmheasanna do chuntas tar éis an dáta aibithe dúirt sí liom gur tugadh fógra do gach institiúid airgeadais maidir leis na nósanna imeachta a bhí le feidhmiú don phróiseas aibithe mar chuid den phróiseas treoraithe agus faisnéise. Níor aithníodh aon chás eile go dtí seo ón bpróiseas imréitigh foriomlán.

---

15 San áireamh leo seo bhí ceisteanna a d'eascair as iomlán na dtorthaí míosúla achoimre ag lorg íocaíochta a mheaitseáil le sonraí níos fairsinge a bhí sa chomhad leictreonach ag deireadh na bliana.

16 Rialacháin um Scéim na gCuntas Speisialta Dreasachta Coigiltis, 2001 (I.R. Uimh. 176 de 2001).

## Buncheisteanna an Iniúchta - Níos Mó ná Cuntas Amháin

Ní raibh sé ceadaithe faoin scéim níos mó ná cuntas amháin a bheith ina sheilbh ag duine. Rinne mé dearbhú a lorg maidir leis na seiceálacha ar tugadh fúthu chun daoine a raibh níos mó ná cuntas amháin acu a aithint.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur aithin cros-seiceáil ar thuaraisceáin bhliantúla a rinne na Coimisinéirí Ioncaim 15,398 cuntas féideartha ina bhféadfadh níos mó ná cuntas amháin a bheith ag daoine. Fuarthas go raibh céatadán suntasach de na cuntais seo neamhghníomhach agus nach raibh foinse maoinithe acu. I go leor cásanna ina raibh na cuntais laistigh den institiúid chéanna, fuarthas amach nach raibh i gceist ach earráid sonraí leis an dúbailt. Roghnaíodh 2,785 cuntas tar éis measúnú riosca chun scrúdú aonair a dhéanamh ar an gcás. B'ionann é seo agus 1,365 UPSP aonair. Díobh sin, bhain 227 le cuntais bhailí agus ligeadh don dá chuntas fanacht ar oscailt. Chuir an institiúid airgeadais ábhartha deireadh leis na cuntais i gcás an 1,138 UPSP eile faoi threoir ó na Coimisinéirí Ioncaim agus rinneadh €1.4m a aisghabháil.

## Buncheisteanna an Iniúchta – Imréitigh

Ceanglaíodh ar institiúidí tuairisceáin mhíosúla a dhéanamh a bhí mar bhunús le híocaíocaíochtaí leis na gCoimisinéirí Ioncaim agus tuairisceáin bhliantúla ag déanamh achoimre ar an staid i leith gach bliain airgeadais. Níl imréiteach ar na tuairisceáin bhliantúla leis na híocaíochtaí míosúla a rinneadh i rith na bliana curtha i gcrích don bhliain 2006 agus ina dhiaidh sin fós.

Rinne mé dearbhú a lorg maidir le méid na hoibre imréitigh agus chomh tráthúil agus a bhí sí.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go gcuimsíonn an próiseas imréitigh a dtugann na Coimisinéirí Ioncaim faoi imréiteach díreach idir an tuairisceán bliantúil agus na tuairisceáin mhíosúla agus freisin cuimsíonn sé suibscríbhinní, cáin agus íocaíochtaí glan a sheiceáil. Thug na Coimisinéirí Ioncaim tosaíocht do mheasúnú a dhéanamh ar an tuairisceán míosúil mar an bpríomhfhoinse sonraí maidir le feidhmiú na scéime ag na hinstitiúidí airgeadais. Measadh gur bailmheas breise agus dearbhú ar iontaofacht na sonraí míosúla a cuireadh ar fáil é an próiseas imréitigh bliantúil. Go ginearálta, fuarthas go raibh na tuairisceáin mhíosúla comhlánaithe i gceart agus gurb éard a bhí i gceist le beagnach gach ceann de na neamh-chomhsheasmhachtaí dealraitheacha a aithníodh agus imréiteach á dhéanamh ar na tuairisceáin bhliantúla ná earráidí tuairiscithe sa tuairisceán bliantúil nó ceisteanna amaithe. Bhí líon an-teoranta cásanna ann inar aithníodh ceisteanna ardriosca sonracha agus leanadh leis na cúrsaí seo sna cásanna ar fad agus bhí na Coimisinéirí Ioncaim sásta go raibh na ceisteanna réitithe go hiomlán.

Bhí sí ag súil leis go mbeadh dul chun cinn mór déanta maidir le himréiteach a dhéanamh ar na tuairisceáin bhliantúla do na blianta ar fad roimh dheireadh na bliana 2008, le ceann ar bith a bheadh fágtha le críochnú go luath in 2009. Mhínigh sí go raibh sé ina phríomhriachtanas don phróiseas imréitigh na sonraí ó na hinstitiúidí airgeadais a uaslódáil chuig bunachar sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim go rathúil. Den 276 tuairisceán bliantúil a fuarthas don bhliain 2007, bhí 241 acu lódáilte go rathúil go dtí seo. Bhí na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil leis na hinstitiúidí airgeadais i dtaobh na dtuairisceán nach raibh faighte fós agus iad sásta go bhfaighfí go gairid iad. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go raibh na ceisteanna suntasacha ar fad a d'eascair as an imréiteach go dtí seo réitithe go sásúil.

Maidir le fad na moille i leith na dtuairisceán bliantúla a imréiteach, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur chaith na Coimisinéirí Ioncaim cuid mhaith iarrachta agus fuinnimh ag tús na Scéime ag obair le hinstitiúidí airgeadais chun nósanna imeachta agus córais oiriúnacha agus thráthúla a chur ar bun. Bhí tacaíocht agus treoir do na hinstitiúidí airgeadais agus do na sealbhóirí cuntais ionchais ríthábhachtach i

dtuairim na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le bainistíocht fhoriomlán a dhéanamh ar an Scéim agus le go mbeadh leibhéal ard comhlíonta ann ón tús. Bhí dúshláin ar leith ag baint leis an imréiteach bliantúil do na blianta 2001 go 2004 d'éagmais an bhunachair shonraí SSIA fheabhsaithe a cuireadh ar bun in 2004.

Dúirt sí go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta go ndearnadh an fhreagracht a leagadh ar institiúidí airgeadais scéim an SSIA a riar a chomhlíonadh go cuí. Cé go raibh roinnt ceisteanna bailmheasa ann maidir leis na tuairisceáin bhliantúla, bhí tábhacht bheag a baint leo go ginearálta i gcomhthéacs mhéid na Scéime agus líon na gcuntas a ndearnadh bainistíocht orthu.

## Bunceisteanna an Iniúchta - Seiceálacha Aibíochta

Ceanglaítear ar institiúidí comhaid leictreonacha a chur isteach tar éis do chuntas teacht in aibíocht. Amhail Márta 2008, bhí siad seo curtha isteach ag 218 den 329 institiúid airgeadais. Ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh ar na comhaid seo fós.

Rinne mé dearbhú a lorg go dtabharfaí faoi seiceálacha agus imréitigh ar na tuairisceáin taobh istigh de scála ama réasúnta le cinntiú go raibh an toradh aibíochta comhsheasmhach leis na hidirbhearta a tuairiscíodh.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go ndéanfar sampla rátáilte de réir riosca a sheiceáil go mionsonrach. Déanfaidh na seiceálacha scrúdú ar

- Cibé an bhfuil an cháin ar bhrabús a tuairiscíodh ar an gcomhad aibíochta cothrom leis an gcáin a tuairiscíodh sna tuairisceáin bhliantúla chomhfhreagracha nó nach bhfuil
- Cibé an bhfuil an bónas saor ó cháin cothrom le 25% de na suibscríbhinní iomlána nó nach bhfuil
- Cibé an ndearnadh bónais saor ó cháin os cionn €3,810 a thuairisciú nó nach ndearnadh
- Cén fáth ar dúnadh cásanna go luath.

Táthar ag súil leis go mbeidh an obair seo curtha i gcrích don chuid is mó roimh dheireadh na bliana 2008.

Níl sé i gceist ag na Coimisinéirí Ioncaim cros-seiceáil a dhéanamh ar na comhaid ar fad ag deireadh aibíochta chun ilchuntais a aithint.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur measadh go raibh idir 1,000 agus 1,300 cás nach ndearnadh sealbhóir an chuntais na dearbhuithe aibíochta iontu. Cuireadh deireadh leis na cásanna seo faoi threoir na gCoimisinéirí Ioncaim agus gearradh cáin ag 23% ar na cistí comhlán i ngach cuntas. Tugadh ar aird nuair a bhí iniúchadh ar siúl go ndearnadh 200 achomharc ag eascairt as an gcáin a ghearradh faoi mhí an Mhárta 2008. Glacadh leis na hachomhairc i 138 cás, diúltaíodh roimh 22 acu agus bhíothas ag fanacht ar chinntí ó na Coimisinéirí Ioncaim i 40 cás.

Maidir le hobair chun bailmheas na ndearbhuithe aibíochta a dhearbhú, dúirt sí liom go ndearnadh scrúdú orthu seo ar na cuairteanna comhlíonta ar fad a tugadh faoi ó mhí Aibreáin ar leith, an dáta ar thosaigh an SSIA ag teacht in aibíocht. Chomh luath is atá na comhaid ar fad ag deireadh aibíochta faighte agus próiseáilte, tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim faoi athbhreithniú mionsonrach ar shampla de chásanna a roghnófar ar bhonn riosca le go mbeidh siad sásta maidir leis an dearbhú aibíochta a bheith déanta i gceart ag sealbhóir an chuntais. Beidh an obair bhreise a bheidh riachtanach ag brath ar an toradh ón gcleachtadh samplála sin.

## Torthaí

- Ba é €2.5 billiún costas glan na scéime SSIA don Státchiste.
- Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi leibhéal réasúnta de sheiceálacha comhlíonta i gcaitheamh na blianta agus aithníodh cásanna ina raibh níos mó ná cuntas amháin ina seilbh ag daoine.
- Cuirfear seiceálacha i ndiaidh aibíochta i gcrích in 2009.

# 3.12 Ús ar Íocaíochtaí Déanacha Cánach

Bíonn costas ann don Státchiste de bharr cháin a íoc go déanach agus tugann sé buntáiste míchothrom dóibh siúd a íocann go déanach thar cháiníocóirí atá ag comhlíonadh. Is í an uirlis is éifeachtaí le cáiníocóirí a spreagadh chun a gcuid cánach a íoc ina hiomlán agus in am ná ús a ghearradh. Ní ghearrann na Coimisinéirí Ioncaim ús sna cásanna ar fad ina n-íoctar cáin go déanach áfach agus leagann siad béim ar chásanna

- ina ndéantar pátrún d'íocaíochtaí déanacha a aithint
- ina ndeachthas i dteagmháil leis an gcáiníocóir agus inar tugadh rabhadh go bhféadfaí ús a ghearradh, agus
- nuair nach raibh feabhas ar bith ó thaobh comhlíonadh de mar thoradh air seo.

D'ainneoin sin, is muirear reachtúil é ús ar íocaíocht dhéanach chánach agus leagann an reachtaíocht a rialaíonn na cánacha éagsúla a riarann na Coimisinéirí Ioncaim amach na rátaí úis agus na coinníollacha faoina ndéantar ús a ghearradh. Tá foráil sa reachtaíocht le gur féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim fíneálacha agus pionóis a ghearrtar a mhaolú ach níl foráil ar bith ann chun ús a mhaolú.

Leagtar amach an mhéid úis a aisghabhadh i ngach ceannteideal cánach in 2005, 2006 agus 2007 i Tábla 27.

**Tábla 27 Ús a Íocadh**

| Ceannteideal Cánach | 2005 €m | 2006 €m | 2007 €m |
|---|---:|---:|---:|
| ÍMAT/ÁSPC | 20.1 | 14.6 | 11.7 |
| CBL | 31.6 | 29.2 | 30.1 |
| Cáin Ioncaim | 18.9 | 15.9 | 18.2 |
| Cáin Chorparáide | 6.8 | 5.1 | 9.0 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 3.7 | 6.6 | 5.0 |
| Cáin na gConarthaí Ábhartha | 2.2 | 2.9 | 3.3 |
| **Iomlán** | **83.3** | **74.3** | **77.3** |

Is féidir leis an ús a ghearrtar a bheith ann mar thoradh ar ghníomhaíochtaí bailiúcháin fiachais agus measúnuithe mar chuid de réiteach iniúchta araon. Is iad na trí príomhghníomhaíochtaí a bhíonn mar chúis le hús d'íocaíochtaí déanacha ná

- gníomhaíochtaí tháscfhórsa um riar fiachais lárnach
- gnáthghníomhaíochtaí bailiúcháin fiachais a dhéantar ag leibhéal an Dúiche áitiúil nó a dhéanann Oifig an Ard-Bhailitheora
- socruithe mar thoradh ar an gclár iniúchta Ioncaim.

Mar chuid de m'iniúchadh thug mé faoi scrúdú a dhéanamh ar na nósanna imeachta sa phríomhaonad um riar fiachais. Dhírigh mé ar na cásanna sin ar próiseáladh in 2007 iad.

## Ús Gearrtha

Is cuid de na freagrachtaí atá ar thascfhórsa um riar fiachais (TFRF) laistigh d'Oifig an Ard-Bhailitheora ná tabhairt faoi chlár d'ús a ghearradh i gcásanna ina n-íoctar cáin ioncaim, cáin chorparáide, cáin

ghnóthachan caipitiúil agus CBL go déanach.[17]. Agus an obair seo á dhéanamh, déanann foireann an TFRT athbhreithniú ar chásanna ina bhfuil íocaíocht dhéanach i gceist, rangaithe le chéile de réir an raon dliteanais chánach, agus roghnaítear roinnt cásanna le scagadh do gach ceannteideal cánach.

I gcás cáin ioncaim, tá réamhcháin iníoctha roimh 31 Deireadh Fómhair i mbliain an mheasúnaithe[18]. Is féidir an dáta seo a shíneadh dóibh siúd a íocann agus a chuireann isteach comhaid ag úsáid Seirbhísí Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim. Leagtar síos leibhéal tairsí don réamhíocaíocht seo. Ní féidir leis a bheith níos lú ná an ceann is ísle acu seo

- 90% den dliteanas deiridh don bhliain nó
- 100% den dliteanas don bhliain roimhe sin nó
- i gcás cáiníocóirí a íocann cáin le dochar díreach, 105% den dliteanas don bhliain chánach dhá bhliain roimhe sin.

Theip ar 99,667 cás na riachtanais réamhchánach don bhliain 2005 a bhaint amach. Bhí siad seo sna bandaí a thaispeántar i Tábla 28.

**Tábla 28 Cásanna a Theip ó thaobh Rialacha Réamhchánach de**

| Raon Dliteanais Chánach | Líon na gCásanna |
|---|---:|
| Níos lú ná €10,000 | 85,198 |
| €10,000 go €20,000 | 8,647 |
| €20,000 go €40,000 | 4,026 |
| Os cionn €40,000 | 1,796 |

In 2007, roghnaigh an TFRF 3,544 cás ón 99,667 cás. Chuimsigh sé seo an 1,796 cás a raibh dliteanas fógartha de €40,000 nó níos mó agus an 1,748 cás a raibh dliteanas fógartha idir €20,000 agus €40,000 ach a theip ó thaobh na rialacha réamhchánach in 2004 agus in 2005 araon. Mar thoradh ar sheiceálacha scagtha breise, gearradh ús de €7,024,416 san iomlán ar 1,639 den 3,544 cás.

Le linn an iniúchta, rinneadh scrúdú ar shampla de 28 cinn den 1,639 cás inar gearradh ús chomh maith le sampla de 13 chás nuair nár gearradh ús. Tugadh ar aird, in ocht gcinn den 28 cás inar gearradh ús, go raibh ús gearrtha i mblianta eile agus bhí cás amháin inar gearradh ús i ngach ceann den naoi mbliana idir 1997 agus 2006.

Bhí caillteanas taifeadta i 2 cheann den trí chás déag a scrúdaíodh in 2004 agus dliteanas de €676,346 agus €13.5m faoi seach in 2005. In ainneoin dliteanais shuntasacha a bheith ann sa bhliain reatha, mar gheall gur chomhlíon íocaíocht nialais de réamhcháin an riachtanas de 100% de dhliteanas na bliana roimhe sin, ní raibh aon réamhcháin inmhuirearaithe agus níor gearradh ús ar bith sna cásanna sin dá bharr.

Roghnaíodh an 983 cás cháin chorparáide a theip ó thaobh na rialacha réamhchánach de agus a raibh dliteanas fógartha de €100,000 nó níos mó don tréimhse chuntasaíochta dar críoch 2005 le scrúdú in 2007 agus é mar aidhm ús a ghearradh. Ar deireadh, i ndiaidh seiceálacha scagtha breise, gearradh ús de €4,020,239 i 354 cás.

I gcás Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (CGC) níl aon réamhcháin le híoc. In ionad sin, tá an cháin a eascraíonn as diúscairtí idir 1 Eanáir agus 30 Meán Fómhair dlite roimh 31 Deireadh Fómhair i mbliain an diúscartha. Tá cáin ar dhiúscairtí idir 1 Deireadh Fómhair agus 31 Nollaig dlite roimh 31 Eanáir sa bhliain

[17] Rinne an TFRF scrúdú ar chásanna ina n-íoctar CBL le dochar díreach

[18] *.i.* roimh 31 Deireadh Fómhair 2005 don bhliain chánach 2005.

i ndiaidh an diúscartha. In 2007 roghnaigh TFRF 1,200 cás le scrúdú inar íocadh CGC os cionn €100,000 i leith na bliana 2005 ar nó i ndiaidh 1 Márta 2006. Tar éis seiceálacha scagtha breise gearradh ús de €3,934,964 ar 298 cás.

Tugadh faoi fheachtas cosúil leis sin in 2007 i leith cásanna dochair dhírigh CBL. Sna cásanna seo bíonn ús dlite nuair atá iomlán na n-íocaíochtaí míosúla níos lú ná 80% den dliteanas don bhliain. Gearrtar ús ar mhéid an easpa ó dháta sé mhí roimh an dáta a mbíonn an tuairisceán bliantúil dlite. Bhí 1,120 cás mar sin ann in 2005 agus i ndiaidh seiceálacha scagtha gearradh ús de €3,000,667 ar 344 díobh.

## Ús maidir le hÍocaíochtaí Déanacha a Bailíodh

Maidir leis na cásanna inar gearradh ús mar thoradh ar fheachtas 2007 de chuid an TFRF, leagann Tábla 29 amach líon na gcásanna ina ndearnadh íocaíocht, líon na gcásanna ina tarscaoileadh an muirear úis agus líon na gcásanna nach bhfuil íocaíocht déanta fós do gach ceannteideal cánach. Laghdaíodh an t-ús a gearradh i 210 cás.

**Tábla 29 Cásanna ina Ghearr an TFRF Ús in 2007**

| Ceannteideal Cánach | Cásanna inar Gearradh Ús | Cásanna Íoctha | Tarscaoilte i ndiaidh Achomharc | Líon Gan Íoc |
|---|---|---|---|---|
| Cáin Ioncaim | 1,639 | 1,416 | 86 | 137 |
| Cáin Chorparáide | 354 | 323 | 24 | 7 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 298 | 197 | 59 | 42 |
| CBL | 344 | 325 | 17 | 2 |
| **Iomláin** | **2,635** | **2,261** | **186** | **188** |

Tábla 30 sonraí maidir leis an méid ús a íocadh, a tarscaoileadh/laghdaíodh agus atá gan íoc ó fheachtas an TFRF 2007. Mar is féidir a fheiceáil ón tábla, amhail mí na Bealtaine 2008, tá 72% den ús de €18m a ghearr an TFRF íoctha, rinneadh 20% a tarscaoileadh nó a laghdú agus bhí 8% fós gan íoc.

**Tábla 30 An Méid Úis a Gearradh in 2007 amhail mí na Bealtaine 2008**

| Ceannteideal Cánach | Suim Ghearrtha € | Suim Íoctha € | Suim Tarscaoilte € | Suim Laghdaithe € | Suim Gan Íoc € |
|---|---|---|---|---|---|
| CI | 7,024,416 | 5,540,512 | 427,686 | 382,865 | 673,353 |
| CC | 4,020,239 | 3,375,515 | 233,119 | 201,644 | 209,961 |
| CGC | 3,934,964 | 1,740,168 | 1,334,289 | 237,570 | 622,937 |
| CBL | 3,000,667 | 2,263,493 | 169,512 | 556,614 | 11,048 |
| **Iomlán** | **17,980,286** | **12,919,688** | **2,164,606** | **1,378,693** | **1,517,299** |

## Buncheisteanna an Iniúchta

Rinne mé dearcadh an Oifigigh Chuntasaíochta a lorg maidir le cén fáth nach bhfuil ús á ghearradh sna cásanna ar fad ina n-íoctar cáin go déanach, i bhfianaise na bhforálacha reachtúla maidir le hús a ghearradh ar íocaíochtaí déanacha

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur ghearr na Coimisinéirí Ioncaim muirear úis ar gach dliteanas cánach a bhí gan íoc go déanach sna 80í agus luath sna 90í - ar a tugadh Ús ar an Iarmhéid Gan Íoc. Rinneadh na nósanna imeachta reatha maidir le hús a ghearradh ar mhuirir íocaíochtaí déanacha a fhorbairt bunaithe cuid mhaith ar an méid a foghlaimíodh ón taithí ón gclár teipthe sin. Go bunúsach chuaigh cláir um riar fiachais de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim in abar agus iarracht á dhéanamh na mílte muirir úis a bhailiú, áit go mbeadh soiléir nach raibh muirear oiriúnach dá mbeadh imthosca an cháis ar eolas ag na Coimisinéirí Ioncaim, i go leor cásanna. Thug sé seo éifeacht an chórais úis ar fad faoi cheist agus rinne go leor cáiníocóirí neamhaird den mhuirear mar thoradh air. Mar thaca i gcomhair comhlíonta, ní raibh an cur chuige sin éifeachtach.

Cé go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim meáite ar fhreagairt géar dírithe a thabhairt dóibh siúd a theipeann orthu comhlíonadh go tráthúil, in ainneoin sin tá siad den dearcadh nach bhfuil cur chuige atá mar an gcéanna do gach duine oiriúnach ná éifeacht i gcás bainistíochta fiachais agus comhlíonta. Is í an straitéis atá ann ná béim shoiléir chomhsheasmhach a bheith ann maidir le riosca agus idirghabháil chomhlíonta a bhfuil an dóchúlacht is airde go mbeidh rath léi a roghnú trí thagairt a dhéanamh don riosca i ngach cás. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim an chuid is mó dá gcuid acmhainní maidir le bainistíocht comhlíonta agus riosca a sannadh do na cásanna sin a bhfuil an leibhéal riosca is mó acu.

Dúirt sí liom nár tugadh faoi chleachtadh chun an mhéid úis a bhí ligthe thar ceal mar gheall nár gearradh ús i ngach cás agus nach raibh pleananna ann é sin a dhéanamh.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gurb í an phríomhaidhm atá ag na Coimisinéirí Ioncaim ná a chinntiú go gcomhlíonann cáiníocóirí a gcuid dualgais cánach go hiomlán agus in am. Is é an cuspóir atá ann ná a chinntiú go mbaintear spriocanna bailiúcháin cánach an Rialtais amach trí chórais íocaíochta, comhdaithe agus bailiúcháin fiachais éifeachta a bheith ann, agus trí fheabhsú leanúnach a dhéanamh ó thaobh na leibhéal comhlíonta de. Go háirithe le deich mbliana anuas, bhí béim ar leith ag na Coimisinéirí Ioncaim, i measc nithe eile, ar thráthúlacht an chomhlíonta a fheabhsú - ó thaobh cháin a íoc agus thuairisceáin a chomhdú araon.

Chomh maith le sannadh a dhéanamh ar ús a ghearradh agus a bhailiú, thug sí le fios go bhfuil raon de roghanna forfheidhmithe bailiúcháin ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim dá gcuid foirne um riar fiachais agus a bhfoirne comhlíonta lena n-áirítear fiachais a tarchur chuig sirriamaí, aturnaetha seachtracha agus astú fiacha atá dlite ag tríú páirtithe.

## Torthaí

Nuair a ghearr na Coimisinéirí Ioncaim ús go huathoibríoch i ngach cás, bhí an dliteanas bunaithe ar mheasúnuithe na gCoimisinéirí Ioncaim den cháin dlite. Tá athrú ó bhonn tagtha air seo anois agus féinmheasúnú déanta ar an dliteanas agus é féin admhaithe ag an gcáiníocóir dá bharr. Sna cúinsí seo, níor chóir go mbeadh an oiread sin conspóide ann maidir leis an dliteanas agus an dualgas é a íoc in am. Mar thoradh air seo, b'fhéidir go mbeadh sé tráthúil athbhreithniú a dhéanamh ar an gcumas atá ag ús mar thiomántóir chun íocaíocht a dhéanamh go pras i gcóras féinmheasúnaithe.

# 3.13 Sochair Chomhchineáil

Ní cheadaítear costais taistil a íoctar ag dul chuig agus ón obair mar fhritháirimh i gcoinne ioncam incháinithe fostaí. I gcás go n-íocann nó go gcúitíonn fostóir fostaí as taisteal chuig nó ón obair, caitear leis an tsuim a íoctar nó a gcúitítear mar chuid de luach saothair an fhostaí, agus tá cáin le gearradh air dá bharr.

Roimh 2004, is ar an bhfostaí a bhí an dualgas sochar comhchineáil (BIK) a fuarthas a fhógairt. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2004[19] athraíodh é seo, agus leagadh an dualgas ar an bhfostóir cáin a ghearradh ar fhostaithe ag an bhfoinse i leith BIK.

Chun fostóirí a chur ar an eolas faoin athrú, thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi fheachtas fairsing cumarsáide. San áireamh leis bhí

- sraith de cheardlanna le fostóirí agus cleachtóirí cánach ar fud na tíre
- bileoga a eisiúint agus freagraí ar cheisteanna coitianta a chur suas ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim
- líne chabhrach íosghlao tiomnaithe a sholáthar chun ceisteanna a fhreagairt.

Chomh maith leis sin, sheol na Coimisinéirí Ioncaim treoir oibriúcháin[20] chuig gach fostóir sa tír.

Le linn Ráiteas Cleachtais a dréachtú[21] i rith 2006 d'ardaigh oifigigh buarthaí maidir leis an gcaoi a caitear ó thaobh cánach de le sochair a fuair baill foirne na gCoimisinéirí Ioncaim féin i leith taisteal chuig agus ón obair. Rinne grúpa oibre a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó rannáin éagsúla na gCoimisinéirí Ioncaim a thionóil chun an ábhar a mheas.

Rinne an grúpa athbhreithniú ar shochair a fabhraíodh i rith na tréimhse ó Eanáir 2004 go Meitheamh 2007. D'aithin sé trí chineál íocaíochta a raibh BIK nach raibh cáin íoctha air mar thoradh leis.

- Baill foirne ag baint úsáide as feithiclí oifigiúla na gCoimisinéirí Ioncaim chun taisteal chuig agus ón obair
- Íocaíochtaí le baill foirne i leith feithiclí príobháideacha a úsáid le taisteal chuig agus ón obair
- Íocaíochtaí le baill foirne chun tacsaithe a fháil le taisteal chuig agus ón obair.

## Méid na Sochar

Rinneadh thart ar €2m a fhabhrú trí BIK i rith na tréimhse a rinneadh athbhreithniú uirthi. Bhí sé seo comhdhéanta de

- €1.7m i leith oifigigh ag baint úsáide as feithiclí oifigiúla le taisteal chuig agus ón obair
- €0.3m a íocadh faoi shocruithe a rinneadh le baill foirne a thosaigh nó a chríochnaigh a gcuid oibre idir 11i.n. agus 8r.n. in áiteanna nár fhreastal iompar poiblí orthu. Íocadh €182,381 le baill foirne áirithe i leith turas laethúil amháin ón mbaile chuig a láthair oibre agus íocadh €120,297 breise i leith costas seirbhísí tacsaí i gcás oifigigh nach raibh iompar príobháideach acu agus ar íocadh táillí tacsaí ar a son le taisteal ón mbaile chuig agus ón obair.

---

[19] Alt 6 den Acht Airgeadais, 2003.
[20] *Treoir d'Fhostóirí maidir le ÍMAT agus ÁSPC a Fheidhmiú ar Shochair Áirithe* 2003 (agus 2008).
[21] *An bealach a chaithfear ó thaobh cánach de le haisdíolaíocht Speansas Taistil agus Cothaithe le Sealbhóirí Oifige agus Fostaithe* 2007.

## Nochtadh Deonach agus Socrú

Bunaithe ar an sochar iomlán a cuireadh ar fáil thar an tréimhse ó Eanáir 2004 go Meitheamh 2007 rinneadh dliteanas foriomlán de €1,387,099 a ríomh. Gearradh ús de €228,208 agus gearradh pionóis bhreise de €41,613 freisin. Ba é €1,656,920 an dliteanas iomlán. Cuireadh an Cigire Cánach cuí ar an eolas go raibh sé beartaithe ag na Coimisinéirí Ioncam nochtadh deonach a dhéanamh agus cuireadh socruithe i bhfeidhm le cinntiú go mbeadh comhlíonadh iomlán ann ó thaobh cánach de amach anseo. Thángthas ar shocrú leis an gCigire Cánach agus rinneadh íocaíocht i mí na Samhna 2007 a gearradh chuig fo-cheannteideal A.1 den Vóta. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim m'Oifig ar an eolas faoi ag an am sin freisin.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Bhí mé buartha maidir leis an moill a bhí ann dualgais na gCoimisinéirí Ioncaim a aithint maidir le sochair chánach a íocadh lena gcuid ball foirne féin agus go bhféadfadh ceisteanna cosúla teacht chun cinn in eagraíochtaí Stáit eile agus san earnáil phríobháideach.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom nach bhfuil sochair a mbíonn dliteanais chánach ag dul leo mar ghné de shocruithe maidir le luach saothair do Státseirbhísigh. D'aithin sí nár mheas na Coimisinéirí Ioncaim, mar fhostóir, an tionchar féideartha a bheadh ag an reachtaíocht ar a gcuid oibríochtaí féin i gceart nuair a leagadh an dualgas maidir le cáin a ghearradh i leith BIK ar fhostóirí in 2004 agus nach ndearna siad scrúdú ceart le fáil amach an raibh íocaíochtaí ann chuig nó thar cheann fostaithe nó sochair a cuireadh ar fáil d'fhostaithe a mbeadh dliteanas BIK ag dul leo. Go deimhin, bhain líon beag fostaithe leas as sochair mar sin ach níor tugadh aird ar na híocaíochtaí agus na sochair seo. Níor gearradh cáin orthu faoi ÍMAT mar ba chóir dá bharr. Ba é an botún a rinneadh ná nach ndearnadh tionchar na reachtaíochta nua a mheas i gceart agus tugadh easpa aitheantais ar an bhféidearthacht go bhféadfadh sochair incháinithe a bheith ann i leith fostaithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

Gheall an tOifigeach Cuntasaíochta liom go bhfuil nósanna imeachta cearta i bhfeidhm anois le cinntiú go ngearrtar cáin cheart ar an BIK ar fad a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil. Rinne na Coimisinéirí na híocaíochtaí ar fad a rinneadh le baill foirne, agus na híocaíochtaí ar fad a rinneadh ar a son, le go mbeadh siad sásta nach bhfuil cásanna ar bith eile ina bhféadfadh dliteanas BIK a bheith ann. Cuireadh socruithe chun cáin a ghearradh ar na sochair ar fad i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Iúil 2007. Bunaíodh nósanna imeachta freisin le cinntiú go bhfuil rannóg párolla na gCoimisinéirí Ioncaim ar an eolas maidir leis na himeachtaí incháinithe ar fad mar sin agus go mbaintear cáin i leith BIK nuair is cuí.

Cuireadh córas párolla na gCoimisinéirí Ioncaim in oiriúint le caitheamh le híocaíochtaí agus sochair i gceart ó thaobh cánach de. Chomh maith leis sin cuireadh socruithe leasaithe i bhfeidhm ó mhí Iúil 2007 i leith le cinntiú nach mbaintear úsáid as feithiclí oifigiúla na gCoimisinéirí Ioncaim le cuspóir príobháideach nó pearsanta ar bith a d'fhéadfadh sochar incháinithe a bheith mar thoradh air. San iomlán, rinneadh rialachas a neartú agus caithfidh an tArd-Chuntasóir tuairisc fhoirmiúil a dhéanamh le Bord na gCoimisinéirí Ioncaim ar bhonn bliantúil maidir le ceisteanna ó thaobh comhlíonadh cánach de. Rinneadh an chéad tuarascáil mar sin leis an mBord i mí na Feabhra 2008.

Níl aon ghníomh tógtha ag an gCigire Cánach ó thaobh dliteanais fostaithe do thréimhsí roimh mhí Eanáir 2004. Dúirt sí liom gurb é seo an gnáthchleachtas a chuirfí i bhfeidhm i gcásanna cosúla agus i gcás ina bhfuil an dliteanas aonair, más ann dó, sean, cuibheasach beag agus nuair nach cuid de chás atá fós ag leanúint ar aghaidh é.

Ó thaobh an tsocraithe de, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur caitheadh leis na Coimisinéirí Ioncaim, mar cháiníocóir, ar aon dul leis na cáiníocóirí eile agus go raibh siad faoi réir ag na gnáthphionóis agus muirir úis a bheadh curtha i bhfeidhm maidir le cáiníocóir ar bith eile sa chás céanna.

Dúirt sí liom nár aithníodh fadhbanna suntasacha ar bith ó thaobh fadhbanna cosúla a bheith ann i gcás eagraíochtaí Stáit eile. Bhí líon an-bheag de shocruithe iniúchta ann le heagraíochtaí san earnáil phoiblí in 2007 ó thaobh IMAT na bhfostóirí de. Bhí an fáltas iomlán ó na socruithe seo, le muirir BIK san áireamh, níos lú ná €1m. Dúirt sí liom go bhfuil sé beartaithe tabhairt faoi chlár de sheiceálacha comhlíonta in 2009, tar éis eagraíochtaí Stáit a mheabhrú faoina gcuid freagrachtaí i rith na bliana 2008, maidir le feidhmiú IMAT agus cánacha ábhartha eile.

Mar fhreagra ar mo cheist ar aithníodh fadhbanna cosúla san earnáil phríobháideach agus céard a bhí déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim le cinntiú go rabhthas ag comhlíonadh na reachtaíochta, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom nach raibh fianaise ar bith ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi fhadhbanna tromchúiseacha a bheith ann maidir leis an reachtaíocht BIK a chomhlíonadh. Dúirt sí go dtógtar comhsheasmhacht BIK le foinsí ioncaim eile san áireamh i gcóras próifílithe riosca na gCoimisinéirí Ioncaim[22]. Tá an próifíliú seo mach chuid thábhachtach de chlár comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim. Is iad na céimeanna a tógadh ná na céimeanna ba hoiriúnaí a measadh a bheith ann i leith an riosca a aithníodh.

## Torthaí

Léiríonn teip na gCoimisinéirí Ioncaim a gcuid dualgais BIK féin a aithint go bhfuil rioscaí méadaithe ann de bharr na hathruithe sna rialacha cánach. Admhaítear gur tógadh céimeanna chun déileáil leis na fadhbanna nuair a aithníodh iad. Ní bheifear in ann breithiúnas a thabhairt maidir le leorgacht chórais na gCoimisinéirí Ioncaim le cinntiú go bhfuil cuntas á thabhairt ar an ioncam ar fad faoin gceannteideal seo go dtí go mbeidh seiceálacha comhlíonta curtha i gcrích sna gníomhaireachtaí Stáit agus go mbeidh faisnéis bhreise ann maidir le cumas tuartha an chórais REAP bunaithe ar thorthaí iniúchta.

[22] REAP

# Caibidil 4

# Oifig na nOibreacha Poiblí

# 4.1 Ceisteanna Bainistíochta Maoine

Déanann Seirbhís Bainistíochta Maoine de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) bainistíocht ar 1.16 milliún méadar cearnach spáis do Ranna, Oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais. Tá thart ar 46% faoi úinéireacht an Stáit, leis an gcuid eile ar léas agus ar léasanna fada don chuid is mó.

Bíonn oibríochtaí fála, diúscartha, cothabhála agus athchóirithe i gceist le bainistíocht a dhéanamh ar an bpunann maoine seo.

## Folmhach a Bhainistiú

Chun cabhrú leis bainistíocht a dhéanamh ar fholmhach agus chun cóiríocht nach bhfuil riachtanach agus an costas a bhaineann leis sin a sheachaint déanann OOP tuarascálacha ar an úsáid atá sé ag baint as spás a tháirgeadh. Rinne athbhreithniú iniúchta ar thuarascálacha maidir le folmhaigh do 2006, 2007 agus 2008 (chomh fada le mí na Bealtaine) roinnt ceisteanna a aithint.

- Rinneadh ceithre mhaoine léasachta a mheas le géilleadh ó mhí Eanáir 2006 ach bhí siad seo fós i seilbh ag OOP i mí na Bealtaine 2008.
- Thug tuarascáil go luath in 2006 le fios go raibh maoin le beith ar fáil ó mhí Eanáir 2007. In ainneoin sin, d'fhan sé folamh ar feadh na bliana 2007 ar chostas €165,800.
- Bhí aon mhaoin léasachta déag neamháitithe do thréimhsí a mhair idir ceithre agus fiche naoi mí. Díoladh ceann amháin acu agus rinneadh é a léasú ar ais i mí Iúil 2006 ach fágadh neamháitithe go dtí mí Eanáir 2008 é.
- Bhí moill ann maidir le taifeadadh a dhéanamh ar mhaoin ar tí a bheith folamh rud a chur i gcoinne pleanáil mhaith a dhéanamh.

Bhí nóta ar chóras bainistíochta maoine OOP go raibh *"spás gan a bheith dáilte"* i sé mhaoin nó go raibh siad *"neamháitithe"* ach ní raibh siad le feiceáil ar na tuairiscí maidir le spás folamh. Ba é €637,000 na costais chíosa a bhí i gceist.

### Buncheisteanna an Iniúchta - Folmhach

I bhfianaise an mhéid roimhe seo, bhí imní orm maidir le leordhóthanacht na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm chun spás folamh a íoslaghdú agus iomláine na dtaifead a bhí in úsáid chun bainistíocht a dhéanamh air.

## Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go n-éascaíonn sé bainistíocht a dhéanamh ar an bpunann maoine méid áirithe spáis a bheith neamháitithe ag aon am amháin. Tá sé riachtanach go mbeidh spás ar fáil chun riachtanais phráinneacha agus cinn nach rabhthas ag súil leo a chomhlíonadh agus chun gnáthchothabháil agus athchóiriú a éascú. D'fhéadfadh an rogha eile atá ann – dul chuig an margadh ar gearrfhógra – cumas margála OOP a chur i gcontúirt agus go mbeadh cíos níos airde á íoc ná mar a bheadh i gcás eile. Go hiondúil caithfear spás léasaithe nua a fheistiú, rud a fhéadann a bheith costasach, a thógann suas go leor ama don fhoinse agus, ag brath ar staid an mhargaidh, ar féidir leis a bheith neamhtháirgiúil ar deireadh.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur thug na meastacháin is déanaí a bhí ar fáil le fios go raibh 8,500 méadar cearnach de spás oifige neamháitithe as an bpunann iomlán. Is ionann agus 0.7% den phunann é seo agus tá sé sin ar aon dul le caighdeáin idirnáisiúnta.

Thug sé le fios go mbíonn cruinnithe rialta ann le Ranna atá mar chliaint chun riachtanais chóiríochta a

phlé, le haghaidh spás nua, chun spás a aistriú nuair a bhíonn athchóiriú mór oifige ar siúl, chun cuíchóiriú a dhéanamh ar spás agus ar spás folamh barrachais. Nuair a thagann éilimh nua ar chóiríocht oifige chun cinn, déanann OOP athbhreithniú ar an spás folamh reatha atá ar na leabhair le féachaint an bhfuil aon chuid de oiriúnach chun na héilimh seo a shásamh. Éiríonn leis an bpróiseas athbhreithnithe seo éilimh nua a mheaitseáil le spás folamh reatha i go leor cásanna.

## Cur Chuige OOP maidir le Bainistíocht a Dhéanamh ar Mhaoin Fholamh

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta léiriú ar chur chuige ginearálta OOP maidir le bainistíocht a dhéanamh ar mhaoin fholamh dom.

**Maoin atá ar Léas**

Le blianta beaga anuas, is é an beartas atá ann agus maoin á cur ar léas ná idirbheartú a dhéanamh ar shosanna léasa, go háirithe le léasanna fadtéarmacha. Feabhsaíonn sé seo solúbthacht OOP maidir le bainistíocht a dhéanamh ar an bpunann maoine agus tugann sé deis níos fearr chun maoin a fhágáil nuair a bhíonn siad folamh.

Maidir le spás oifige léasaithe a bhí neamháitithe ar feadh tréimhse fhada ama, in ainneoin iarrachtaí chun é a athdháileadh, agus cásanna nuair nach fada go rachaidh an léas ar an spás in éag, déanann OOP iarracht an spás a ghéilleadh ar ais chuig an tiarna talún. Caithfear comhaontú a fháil ón tiarna talún chuige seo áfach, rud nach bhfaightear i gcónaí, mar gheall go bhfuil an léas ar tí dul in éag, nó go bhfuil athchóiriú mór ag teastáil ón spás, nó go bhfuil na hionchais chun é a ligean ar cíos arís teoranta. Fiú nuair nach bhfuil tiarna talún i gcoinne tairiscint géillte, is féidir leis na hidirbheartaíochtaí a bheith fada go minic agus na téarmaí atá á thairiscint a bheith go dona.

Rogha eile gur féidir a bheith ann ná an spás a fholigean. Bheadh roinnt rudaí le tabhairt faoi deara i gcinneadh chun é sin a dhéanamh áfach, lena n-áirítear

- an gceadaítear an spás a fholigean faoin léas
- an méid ama roimh dul in éag nó roimh an gcéad rogha sosa eile
- an bhfuil an spás oiriúnach le roinnt suas
- coinníollacha an mhargaidh don spás atá i gceist
- an gcomhlíonann an spás caighdeáin sláinte agus sábháilteachta reatha
- an gcuirfeadh foligean na socruithe slándála atá i bhfeidhm do shealbhóirí eile an fhoirgnimh i gcontúirt.

I bhfianaise an mhéid sin thuas agus ag coinneáil i gcuimhne go gcaithfidh méid áirithe folmhach a bheith ar fáil chun éilimh phráinneacha láithreacha a shásamh, is é rogha an díogha amach is amach é an rogha an spás a fholigean agus, dá bharr sin, is annamh go mbaintear leas as.

**Maoin Ruílse**

Chuir sé leis an méid sin go bhfuil rogha ann i gcónaí an spás a dhiúscairt nuair atá sé faoi úinéireacht an Stáit, seachas a bheith ar léas. Le blianta beaga anuas, rinne OOP gnéithe ruílse folmha barrachais sa phunann a dhiúscairt go rathúil. Bhí fáltas os cionn €400m chun leasa an Státchiste mar thoradh ar an bpróiseas seo le ceithre bliana anuas

I dtaobh 16 mhaoin fholamh ar leith gur chuir mé ceist fúthu, dúirt sé liom

- Go bhfuil ceithre cinn acu áitithe anois

- Go ndearnadh ceithre cinn a athdháileadh chuig cliaint eile ó shin i leith
- Go bhfuil OOP ag iarradh na léasanna a ghéilleadh i gceithre chás eile
- Den cheithre cinn atá fágtha, tá dhá cheann á choinneáil ar mhaithe le húsáid shealadach a bhaint astu, rinneadh maoin a bhí ar ais ar léas a ghéilleadh ó shin i leith agus tá ceann amháin folamh.

Dúirt sé liom freisin go raibh seacht maoin a bhí ar léas folamh[23] ar 30 Aibreán 2008 ar chostas léasa de €729,000 in aghaidh na bliana – rinneadh ceann amháin acu seo a dháileadh ó shin i leith áfach. Bhí urlár folamh ar an dáta sin i bhfoirgneamh amháin a bhí faoi úinéireacht an Stáit freisin.

## Torthaí – Folmhach

Glactar leis go bhfuil riachtanas ann go mbeidh stoc d'áitribh neamháitithe ar fáil chun éilimh éigeandála agus gan choinne ar spás a shásamh. Bhain na ceisteanna ar leagadh béim orthu áfach le maoin a bhí sainmharcáilte le diúscairt, a bhí folamh ar feadh tréimhsí fada, nó a bhí folamh ach nár tuairiscíodh go raibh ar na tuarascálacha maidir le folmhaigh. Cé go aithnítear go raibh OOP rathúil maidir le cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpunann le blianta beaga anuas, agus go bhfuil an leibhéal spáis neamháitithe foriomlán laistigh de chaighdeán inghlactha, d'fhéadfadh fiúntas a bheith ag baint le hidirdhealú a dhéanamh idir punann stoic agus maoin barrachais atá ar fáil le diúscairt.

## Muirir Léasa a Bhainistiú

Is é thart ar €130m an cíos bliantúil agus costais ghaolmhara atá ann i leith punann maoine reatha an Stáit. Caitear leis na costais atá i gceist ar dhá bhealach ar leith.

- Gearrtar cíosanna agus muirir eile a íocann OOP i leith áitribh atá áitithe ag Ranna agus Oifigí an Rialtais Láir go díreach leis an Vóta d'Oifig na nOibreacha Poiblí.
- Déantar cíosanna, muirir sheirbhíse agus costais ghaolmhara a thabhaítear do ghníomhaireachtaí Stáit a fhorchúiteamh ó na heagraíochtaí ábhartha.

Baineann OOP úsáid as cuntas fionraí laistigh dá córas cuntasaíochta – Cuntas Ilchíosanna – chun taifeadadh, rialú agus cuntas a thabhairt ar chaiteachas atá in-aisghabhála ó ghníomhaireachtaí Stáit. Anuas ar sin déanann córas mórleabhair de láimh taifeadadh ar shonraí na suimeanna atá le haisghabháil ó ghníomhaireachtaí aonair.

Le linn iniúchta tugadh faoi dearadh nár tugadh faoi mheaitseáil mhionsonraithe idir faisnéis a bhí á thaifeadadh ar an gcóras mórleabhair de láimh agus é sin a bhí ar chóras cuntasaíochta OOP.

I rith na bliana 2007, rinneadh íocaíochtaí cíosa agus íocaíochtaí gaolmhara de €10.9m san iomlán[24] a ghearradh ar an gCuntas Ilchíosanna. Ag deireadh na bliana 2007 ba thart ar €2.025m an t-iarmhéid carntha ar an gcuntas.[25]. Bhí sé seo déanta suas de 53 suim aonair de €5.3m san iomlán, a bhí le haisghabháil de réir dealraimh agus frítháireamh de 40 suim de €3.3m san iomlán, a fhorchúitíodh de réir dealraimh ach nár chomhcheanglaíodh leis na suimeanna a íocadh.

Thug an t-iniúchadh faoi deara go ndearnadh íocaíochtaí de €882,000 san iomlán i leith gníomhaireachtaí Stáit a ghearradh go mícheart ar an Vóta. Thug sé faoi deara freisin gur chóir go mbeadh cuid d'íocaíochtaí de €1.3m san iomlán i leith Ranna agus Oifigí Rialtais a gearradh ar an gcuntas ilchíosanna gearrtha ar an Vóta.

---

[23] Ní chuimsíonn sé seo spás atá folamh ach atá dáilte le daoine eile nó spás a bhfuil athchóiriú á dhéanamh air do chliant ar leith.
[24] Léiríonn sé seo líon na n-íocaíochtaí le tiarnaí talún i gcomhair spás a bhí áitithe ag gníomhaireachtaí Stáit agus muirir ghaolmhara.
[25] Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh thar ceann gníomhaireachtaí Stáit ag an dáta sin, ach nach bhfuil aisghafa uathu.

I measc na n-easnamh eile bhí

- Teip ó thaobh bille a thabhairt don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh sna blianta 2005 go 2007
- Tá an cuma ar an scéal nár cuireadh bille amach le haghaidh roinnt muirir atá taifeadta sa chuntas ilchíosanna nó, má cuireadh amach an bille, nach ndearna na gníomhaireachtaí atá i gceist an bille a fhorchúiteamh. Bhí na suimeanna atá i gceist idir €110,000 agus €350,000.

## Buncheisteanna an Iniúchta – An Cuntas Ilchíosanna

Bhí imní orm gur thug na heasnaimh a léiríodh le fios go raibh baol ann maidir le hiomláine na dtaifead airgeadais agus nach ndearnadh na suimeanna a bhí dlite ó ghníomhaireachtaí a aithint agus a fhorchúiteamh go tráthúil.

## Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta sonraí agus míniúcháin ar na hiarmhéideanna ar fad a bhí gan íoc agus dhearbhaigh sé dom go bhfuil na suimeanna ar fad forchúitithe ó áititheoirí agus go ndearnadh ráiteas cuntais don dhá mhí dhéag roimhe sin a ullmhú agus a eisiúint do gach gníomhaireacht le dhá mhí anuas. Chuir sé leis an méid sin ag rá gur tugadh isteach nós imeachta nua a dhéanann foráil chun imréiteach a dhéanamh ar na córais láimh agus ríomhairithe ar bhonn ráithiúil.

Dúirt sé liom freisin gur féidir tréimhse eatramhach a bheith ann i gcás roinnt gníomhaireachtaí Stáit nuachruthaithe idir an uair a fhaightear a gcuid cóiríochta agus an uair a théann na heagraíochtaí agus/nó a gcuid córais agus nósanna imeachta cuntasaíochta i mbun feidhme go foirmiúil. Bhí cásanna ann ina ndearnadh íocaíochtaí cíosa a bhí ann do na gníomhaireachtaí nua a ghearradh ar chuntais ilchíosanna faoi ainm na Rann a bhí freagrach astu le linn na tréimhse eatramhaí seo. Tá deireadh curtha leis an gcleachtas seo anois agus déanfar na híocaíochtaí cíosa ar fad i leith gníomhaireachtaí Stáit amach anseo a ghearradh go díreach ar an gcuntas ilchíosanna ón tús.

Chuir sé leis an méid sin ag rá go raibh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh mar rannán sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar dtús. Tar éis a cuid inmhuirearachta a dheimhniú, tá cóiríocht na Gníomhaireachta ar fad ar Chóras Maoine OOP gearrtha anois ar chuntas ilchíosanna na Gníomhaireachta agus tá na sonraisc suas chun dáta.

Léirigh an tOifigeach Cuntasaíochta na céimeanna a tógadh chun éifeachtacht a fheabhsú. Dúirt sé gur tháinig méadú suntasach ar an úsáid a baineadh as an gcuntas ilchíosanna le blianta beag anuas rud a léirigh an fás tapaigh ó thaobh gníomhaireachtaí Stáit a chruthú lena gcuid buiséid agus áiseanna cuntasaíochta féin. Tugadh isteach roinnt athruithe anois chun bainistíocht foriomlán feabhsaithe a dhéanamh ar chóras na gcuntas ilchíosanna. Ina measc tá

- Struchtúir chódaithe nua fheabhsaithe
- Tugadh isteach sonrascadh ráithiúil le haghaidh íocaíochtaí muirir sheirbhíse
- Rinneadh córais na gcíosanna infhaighte de láimh a chomhtháthú le Córas Bainistíochta Maoine ríomhairithe[26]

[26] Tugann an córas seo liosta de na maoine atá ar léas agus faoi úinéireacht ag OOP. Déanann sé téarmaí léasa, dátaí dul in éag, tiarnaí talún, sonraí maidir le cuntais, áititheoirí, léasaithe agus cíos a thaifeadadh.

- Ráiteas iomlán maidir lena gcuntas a sholáthar do gach custaiméir i gcóras na n-ilchíosanna a sholáthar ón mbliain 2008 ar aghaidh.

Luaigh sé socruithe maidir le tús a chur le húsáid a bhaint as córas nua na gcuntas airgeadais a bheith taobh thiar de na ceisteanna a aithníodh le linn iniúchta. Bhí sé sásta nach raibh caillteanas ar bith ann ó thaobh cistí poiblí de agus gur bhain na ceisteanna le códú agus moill maidir le comhardú a dhéanamh ar na cuntais.

## Torthaí – An Cuntas Ilchíosanna

Níor leor an caighdeán taifeadta agus tráthúlacht na n-imréiteach agus an fhorchúitimh ó ghníomhaireachtaí. Bhí céimeanna glactha ag an Oifigeach Cuntasaíochta chun dul i ngleic leis seo áfach. Mura ndéantar sonraisc a sheoladh go pras is féidir leis seo dul i gcion ar shocruithe buiséideacha agus cuntasaíochta na ngníomhaireachtaí Stáit[27].

[27] Bhain sé seo leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh go háirithe a rinne €1.9m a aisíoc lena máthair-Roinn in 2008. Bhí €1.2m den mhéid sin ann mar gheall ar shonraisc nár sheol OOP in 2007. Bhí rótháille den mhéid céanna i Vóta na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh don bhliain 2007 mar thoradh air seo.

# 4.2 Tionscadail Faoisimh Tuile

Déantar an clár faoisimh tuile dá bhfuil Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach a sheachadadh trí thrí mheicníocht

- oibreacha agus scéimeanna arna gcur i gcrích ag conraitheoirí fostaithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí
- oibreacha arna gcur i gcrích ag conraitheoirí fostaithe ag údaráis áitiúla
- oibreacha díreacha curtha i gcrích ag lucht saothair Oifig na nOibreacha Poiblí.

Déantar maoiniú ar oibreacha agus scéimeanna ar conradh trí Fhotheideal H.2 Tionscadail Faoisimh Tuile. Ba €32m an soláthar a bhí ann i gcomhair 2007 agus is €23.115m an toradh a tuairiscíodh sa Chuntas Leithghabhála.

I rith an iniúchta tugadh faoi deara go raibh €13m den toradh déanta suas as réamhíocaíochtaí chuig Údaráis Áitiúla chun tabhairt faoi thionscadail thar ceann Oifig na nOibreacha Poiblí. Measadh go mbeidh os cionn €9m de na réamhíocaiochtaí fós gan caitheamh faoin 31 Nollaig 2008. Tá an miondealú i dTábla 31.

**Tábla 31 Réamhíocaíochtaí Faoisimh Tuile Atá Gan Caitheamh**

| Údarás Áitiúil | Réamhíocaíocht €000 | Caiteachas Measta faoin 31 Nollaig 2008 €000 | Suim gan caitheamh - réamh-mheasta Iarmhéid €000 |
|---|---|---|---|
| Comhairle Contae Cheatharlach | 1,750 | – | 1,750 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 5,111 | 2,871 | 2,240 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 740 | 490 | 250 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 150 | 150 | – |
| Suirbhéireacht Ordanáis Éireann [(a)] | 705 | 705 | – |
| Comhairle Cathrach Phort Láirge | 5,000 | 109 | 4,891 |
| **Iomlán** | **13,456** | **4,325** | **9,131** |

[(a)]Is i gcomhair ceadúnas bliantúil chun Léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis a úsáid é seo.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Cé go n-aithnítear go bhfuil sé de bhuntáiste ag an gcleachtas seo go n-aithnítear caiteachas rialtais a luaithe agus is féidir, tá roinnt amhras ann faoi an féidir a rá faoi na réamhíocaíochtaí seo gur tháinig siad "come in course of payment", mar is gá faoin Exchequer and Audit Departments Act, 1866. Ina theannta sin, bhí imní orm faoin leibhéal réamhíocaíochtaí a rinneadh i gcomhthéacs an dul chun cinn mall atá á dhéanamh maidir le tús a chur leis na hoibreacha bainteacha.

## Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Cé gur aontaigh sé nach raibh caiteachas tabhaithe fós ag na húdaráis áitiúla i gcomhair cuid mhór de na réamhíocaíochtaí, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go raibh na réamhíocaíochtaí bunaithe ar thiomantais a thóg Oifig na nOibreacha Poiblí orthu féin i dteannta le húdaráis áitiúla. Is i gcomhair oibreacha agus scéimeanna atá á gcur i gcrích faoi réir chaighdeáin agus dearthaí arna leagan síos ag Oifig

na nOibreacha Poiblí na réamhíocaíochtaí. Tá sé de chleachtas ag Oifig na nOibreacha Poiblí le roinnt blianta anuas, sa chás go bhfuil sé sásta go bhfuil pleananna i gcomhair oibreacha ceadaithe nó i bhfeidhm, agus go bhfuil siad ag an staid go bhfuil údarás áitiúil chun mórthiomantas airgeadais a dhéanamh, airgead a chur ar fáil don údarás cuí ionas go mbeidh ar a gcumas oibleagáidí conartha a chomhlíonadh de réir mar a tharlaíonn siad.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur cheap sé féin gurb é seo an cur chuige maoinithe is praiticiúla sa mhéid is go dtugann sé cinnteacht airgeadais don údarás áitiúil, ach gur féidir le hOifig na nOibreacha Poiblí caighdeáin a shocrú agus smacht foriomlán a choinneáil. Tá sé i gcomhréir leis an straitéis a leagadh síos i dTuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Bheartas Tuile dar dháta Nollaig 2003 freisin.

Maidir leis an moill ag úsáid na réamhíocaíochtaí, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go mbaineann timpeall dhá thrian de na réamhíocaíochtaí a bheidh gan caitheamh faoi dheireadh 2008 le scéimeanna i gCeatharlach agus i bPort Láirge.

- I gcás scéim Cheatharlaigh bhí moill ann ag cur socruithe conartha i gcrích arbh ghá dul i muinín eadrána mar thoradh air.
- I gcás Phort Láirge tá moill tar éis a bheith ann ag cur an conradh i bhfeidhm mar gheall ar athrú go conradh ar chostas socraithe agus athmheasúnú ar leibhéil tuile tar éis bháisteach trom agus baol tuilte i dtús 2008.

## Torthaí an Iniúchta

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas réamhíocaíochtaí a thabhairt d'údaráis áitiúla sula gcuireann siad conarthaí foirmiúla i gcrích. Ar a laghad, ba chóir leibhéal na réamhíocaíochtaí ó Oifig na nOibreacha Poiblí, agus an t-am a dhéantar iad a thabhairt i gcomhréim le heisíocaíochtaí an údaráis áitiúil. Ina theannta sin, ní gá go bhfuil an cleachtas réamhíocaíochtaí a ghearradh ar an Vóta mar chaiteachais deiridh ag teacht le riachtanais *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí*. Ba chóir do Oifig na nOibreacha Poiblí é seo a shoiléiriú leis an Roinn Airgeadais. Ina iomlán, is é an toradh a bhí ar an gcleachtas seo ná €9m a ghearradh ar an Vóta i gcomhair oibreacha nach bhfuil curtha i gcrích fós bliain níos déanaí.

# Caibidil 5

## An Garda Síochána

# 5.1 Imscaradh Feithiclí an Gharda

Tá breis agus 2,500 feithicil ag An Garda Síochána agus is í an Rannóg Iompair ag Ceanncheathrú An Gharda a bhainistíonn iad. Is iad gluaisteáin (72%), veaineanna (11%) agus gluaisrothair (9%) atá sa bhflít seo don chuid is mó. Úsáidtear córas ríomhairithe um bhainistiú flít chun monatóireacht a dhéanamh ar shonraí oibriúcháin gach feithicle díobh, lena n-áirítear suíomh, úsáid sainithe agus míleáiste.

Is í Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais (GSA) a fhaigheann na feithiclí de réir sonraithe atá leagtha síos ag An Garda Síochána. Iarrann an GSA tairiscintí agus dámhann sí conarthaí chun feithiclí a sholáthar a bheidh ag teastáil thar thréimhse dhá mhí dhéag dar dtús 27 Iúil don bhliain 2006/2007. Is ó 6 go 8 seachain an tréimhse seachadta a luaitear agus bíonn 4 sheachtain bhreise i gceist i gcás míreanna nach earraí ar stoc iad.

Déantar soláthar agus feidhmiú an fhlít a mhaoiniú trí fho-cheannteideal D an Vóta. Ba é €11.2m an méid a vótáladh le haghaidh ceannach feithiclí in 2006. Cuireadh €17m ar fáil i meastachán breise i mí na Nollag 2006, agus nuair a cuireadh coigeartú inmheánach sa bhuiséad laistigh den mhéid a vótáladh san áireamh, ba é €28.7m an méid a leithdháileadh le haghaidh feithiclí a cheannach don bhliain.

Ceannaíodh 1,379 feithicil san iomlán in 2006 agus caitheadh an tsuim iomlán a leithdháileadh. Ordaíodh 784 feithicil sa tréimhse ocht seachtaine ó 6 Meán Fómhair go 21 Nollaig, agus deimhníodh gur seachadadh 726 de na feithiclí sin sa tréimhse ó 14 Samhain go 21 Nollaig 2006 ar chostas €14m.

Rinneadh tagairt i dtuarascáil VFM Uimh. 3 de Lúnasa 1995 gur minic a n-ordaítear feithiclí Garda ar an mórchóir agus go seachadtar iad ar an mórchóir freisin. Thug sé le fios go mbíonn moill ann iad a imscaradh dá bharr toisc nach mbíonn garáiste an Gharda Síochána in ann lear mór feithiclí a fheistiú in achar gearr. Áiríodh gurb ionann an chailliúint sa bhliain roimhe sin agus 37 feithicil in aghaidh na bliana. Mhol an tuarascáil gur chóir smaoineamh ar fheithiclí a fháil ó na soláthraithe ar bhonn céimnithe.

Mar fhreagra ar Thuarascáil an Choiste um Chuntais Phoiblí ina dhiaidh sin, thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios don Choiste go dtabharfaí chun tosaigh an próiseas soláthair chun éascú a dhéanamh ar sholáthar na bhfeithiclí ar bhonn céimnithe agus go dtosófaí á soláthar i mí Eanáir gach bliain. Lena chois sin, bhí feithiclí An Gharda Síochána le soláthar agus iad feistithe amach go hiomlán agus beadh rudaí mar bhonnáin, rabhcháin agus marcáil is araile san áireamh sna sonraíochtaí teicniúla a thabharfaí do na soláthraithe.

## Torthaí an Iniúchta 2007

Tugadh faoi deara le linn iniúchadh 2007

- gur coinníodh an chuid ba mhó den 726 feithicil,[28] a deimhníodh gur seachadadh iad roimh 21 Nollaig 2006, i gcampúin an tsoláthraí agus an fho-chonraitheora feistithe.
- Bhí 216 de na feithiclí a ceannaíodh i mí na Nollag 2006 ar chostas €3.8m fós á stóráil i mí Feabhra 2008.
- Dé réir an sceidil bhí an bailiúchán deireanach d'fheithiclí a ceannaíodh i mí na Nollag 2006 le cur in úsáid i mí Iúil 2008.

Rinneadh anailís le linn an iniúchta ar na sonraí a fuarthas ón gcóras ríomhairithe um bhainistiú an fhlít agus ón gclár sócmhainní agus fuarthas sonraí faoin moill a bhí ann an 1,379 feithicil a ceannaíodh in 2006 a shainiú lena n-úsáid le haghaidh dualgas oibríochta. Bhí 941 feithicil fós gan sainiú chuige sin ag

[28] Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom gur cláraíodh formhór na bhfeithiclí in 2007. Ní raibh Cáin Bhóthair le híoc óir tá díolúine ag feithiclí Garda ó thaobh na cánach seo.

deireadh na bliana 2006. Léirítear ráta eisithe na bhfeithiclí sin in 2007 agus in 2008 i Tábla 32 thíos mar aon leis an gcailliúint i dtéarmaí blianta feithiclí a tharla dá bharr.

**Tábla 32 Am gan úsáid nó Cailliúint Ama i gcás an 941 Feithicil nár Sainíodh fós ag Deireadh Mhí na Nollag 2006**

| | Eisithe le linn na Ráithe | Líon na bhFeithiclí gan Sainiú ag deireadh na Ráithe | Meánlíon na bhFeithiclí gan Sainiú le linn na Ráithe | Cailliúint Ama - Blianta Feithiclí |
|---|---|---|---|---|
| Ag deireadh mhí na Nollag 2006 | – | 941 | – | – |
| Eanáir - Márta 2007 | 341 | 600 | 771 | 193 |
| Aibreán - Meitheamh 2007 | 113 | 487 | 544 | 136 |
| Iúil - Samhain 2007 | 97 | 390 | 439 | 110 |
| Deireadh Fómhair – Nollaig 2007 | 82 | 308 | 349 | 87 |
| Eanáir - Márta 2008 | 124 | 184 | 246 | 61 |
| Aibreán - Meitheamh 2008 | 184 [a] | – | – | – |
| **Iomlán** | **941** | **–** | **–** | **587** |

[a] Cathain a mheasann an tOifigeach Cuntasaíochta go n-eiseofar iad.

B'ionann an méid ama a cailleadh ar an meán de bharr na moille a bhí ann na feithiclí a ceannaíodh in 2006 a shainiú le haghaidh dualgas oibriúcháin le linn 2007 agus 2008 agus cailliúint 587 feithicil ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Ní raibh bainistiú an tsoláthair de réir na ngeallta a tugadh cheana féin maidir le soláthar feithiclí agus nósanna imeachta An Gharda Síochána.

Ní foláir ceist a chur faoi chistí poiblí a úsáid go héifeachtach ós rud é gur íocadh as feithiclí in 2006 agus nár úsáideadh cuid acu go dtí 2008. Ní raibh ann ach cur amú ama a bheith ag caint faoi aois na bhfeithiclí sa bhflít a laghdú mura raibh leas á bhaint as na feithiclí sin.

Bheadh sé ciallmhar ó thaobh cleachtais tráchtála de lacáiste a iarradh nuair a bhí breis agus 700 feithicil á gceannach le chéile. Is cosúil nár breathnaíodh isteach sa cheist seo.

## Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom gur ritheadh Meastachán Breise ar 6 Nollaig 2006 agus gur chuir sé sin €17m breise ar fáil le haghaidh fho-cheannteideal D. de Vóta An Gharda Síochána le cois an tsoláthair bhunaidh de €11.2m. Ba í aidhm an leithdháilte seo ná

- feabhas mór a dhéanamh ar phróifíl aoise fhlít An Gharda Síochána
- agus cur lena mhéid chun go bhféadfaí feithiclí breise a úsáid le dul i ngleic le coir eagraithe
- agus chun an méadú a bhí beartaithe a dhéanamh ar an gCór Tráchta a éascú.

Níor dearbhaíodh go mbeadh na cistí breise seo ar fáil go dtí dara leath na bliana 2006 agus ar an ábhar sin bhí méadú mór ar líon na bhfeithiclí a ceannaíodh i ráithe dheireanach na bliana. Bhí ar An Garda

Síochána a lán feithiclí a cheannach thar thréimhse ghearr de bharr rialacha cuntasaíochta an Rialtais faoi airgead tirim. Glacadh leis gur chuir sé seo brúnna airithe ar chumas na gcóras éagsúla an lear mór feithiclí a cheannaíodh a fheistiú. Ba chóir go gcuirfeadh an tuiscint sin bunús ar fáil maidir le cur chuige nua chun feithiclí a cheannach feasta. Cé go raibh costas áirithe ann de bharr gan roghanna eile a phiocadh bhí sé sásta go mbeadh tairbhe eacnamaíoch fós le fáil ón €17m sin i ndiaidh 2011.

Baineadh leas go luath i réimsí tábhachtacha as cuid de na feithiclí a ceannaíodh i mí na Nollag 2006. Caitheadh roinnt feithiclí a stóráil, áfach, ar feadh tréimhse sular baineadh feidhm astu. Níor tháinig feidhm leis an mbaránta a tugadh i leith na bhfeithiclí sin go dtí gur baineadh feidhm astu. Stóráladh na feithiclí go léir in ionaid shlána agus rinneadh cothabháil mhaith orthu.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom gur iarr An Garda Síochána tairiscintí i Márta 2008 ó chomhairleoirí chun moltaí a thabhairt faoin bpróifíl ab fhearr le haghaidh an fhlít agus maidir le beartas athchurtha a oirfeadh do na cistí a bheadh ar fáil, agus a shásódh cuspóirí an Aire agus An Gharda Síochána agus na riachtanais feidhmiúcháin. Dúirt sé go ndearnadh é sin le go sroichfeadh flít An Gharda Síochána na caighdeáin idirnáisiúnta is airde ó thaobh comhdhéanamh agus úsáid an fhlít de. Maidir le critéir a cheapadh faoi fheiliúnacht na bhfeithiclí athchurtha, d'admhaigh lucht bainistíochta An Gharda Síochána go raibh caighdeáin níos airde ag feithiclí nua-aimseartha agus go rabhadar níos fadmharthanaí agus gur thug siad aird níos mó ar a dtionchar ar an gcomhshaol. Ceapadh Ceannphort chun maoirsiú a dhéanamh ar an dtionscnamh. Measadh go gcríochnófaí an staidéar in 2008 agus bhí sé de rún ag an eagraíocht na moltaí a chur i bhfeidhm.

Mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta go mb'éigean don Gharda Síochána na feithiclí a cheannach ar phraghas an chonartha, toisc go mbaineann siad leas as conarthaí lárnacha a dhéanann GSA, agus nach bhféadfaí laghduithe praghais ná lacáistí breise a iarraidh. Toisc gur ceannaíodh lear mór feithiclí b'éigean do na soláthraithe féin íoc as an gcostas stórála, lena n-áirítear costas árachais, agus ba mhór an tsuim airgid é sin.

D'admhaigh sé, ar bhreathnú siar dó, gur chóir go mbeadh clásal sa chonradh faoi na praghsanna go mbeadh lacáistí breise ann dá sárófaí go mór an líon feithiclí a luadh sna tairiscintí. Dúirt sé go rachadh An Garda Síochána i gcomhar leis an GSA le cinntiú go mbeadh scála aistritheach lacáistí sna conarthaí feasta a bheadh bunaithe ar líon na bhfeithiclí.

In ainneoin sin is uile, thug sé le fios gurb é Ford an soláthraí feithiclí is mó agus gurb é an cur chuige atá acusan ná an praghas is ísle a lua a cheadaítear faoi chóras praghsála Ford Motor Company International. Baineann Ford leas as an gcóras praghsála seo le deimhin a dhéanamh de go sáraíonn siad na soláthraithe eile agus go bhfaigheann siad an sciar is mó agus is féidir den ghnó nuair a bhíonn feithiclí á soláthar don Stát. Tá sé ráite i scríbhinn ag Ford

- go dtairgeann siad an praghas is ísle is féidir i gcónaí toisc an líon mór feithiclí a d'fhéadfadh a bheith sa chonradh.
- Bíonn a phraghsanna bunaithe i gcónaí ar an líon a cheannófaí agus má tharlaíonn sé nach n-ordaítear an méid a mbíonn siad ag súil leis bíonn siad sásta seasamh leis an bpraghas a luaigh siad.

D'áitigh sé go raibh sé soiléir dá bharr sin dá n-iarrfadh An Garda Síochána lacáiste breise de bharr an mhéadaithe ar líon na bhfeithiclí a bhí le ceannach in 2006 nach bhfaighidís aon lacáiste eile. Ní raibh bunús ar bith ann leis an ábhar imní a bhí ar lucht an iniúchta faoin scéal seo toisc gur dhearbhaigh Ford gur cheannaigh An Garda Síochána na feithiclí ar an bpraghas ab ísle ab fhéidir.

Maidir le tionchar an cheannaithe seo ar aois an fhlít, ceannaíodh lear mór feithiclí go déanach in 2006. Ós rud é go dtógfadh sé roinnt maith ama chun iad a fheistiú ba léir nach mbeadh aon fheabhas ar an bpróifíl aoise go dtí 2007. Ba í 3.28 bliana aois an fhlít ar an meán i Meán Fómhair 2006 agus thit sé sin go 1.95 roimh Bhealtaine 2008. Ní tionchar teoiriciúil ach tionchar dáiríre a bhí ann de bharr na bhfeithiclí sin a eisiúint sa tréimhse a bhfuil cuntas air i Tábla 32.

## Torthaí an Iniúchta

Ba toisc na cistí a bheith ar fáil chuige a ceannaíodh agus a íocadh as líon na bhfeithiclí i míonna deireanacha 2006. Cé go raibh sé d'aidhm ag An Garda Síochána le fada a fhlít a mhéadú agus a uasghrádú níor cuireadh plean éifeachtach oibriúcháin i bhfeidhm chun leas éifeachtach a bhaint as na hacmhainní a cuireadh ar fáil go déanach in 2006.

Ba é a tharla i ndáiríre ná gur íocadh gan ábhar as lear mór feithiclí in 2006 agus bhíodar díomhaoin ar feadh 2007.

Níor baineadh leas as an gcur chuige costéifeachtach ar glacadh leis nuair a scrúdaíodh bainistiú fhlít fheithiclí An Garda Síochána roimhe sin.

D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar leibhéal ní b'airde ar bhealach éigin chun maoiniú a thabhairt ar aghaidh chun sócmhainní ar nós feithiclí agus trealamh a cheannach, agus é sin an soláthar a phleanáil.

## Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach bhfuil sé de chead aige tagairt a dhéanamh do bheartas an Rialtais, ach gur ceannaíodh na feithiclí faoi réir an bheartais sin chun spriocanna áirithe a bhaint amach. Cé gur thóg sé roinnt ama chun na feithiclí a phróiseáil agus a eisiúint de réir na slata tomhais maidir le hathchur, baineadh amach na spriocanna sin.

Faoi mar a léirítear i Tábla 32 próiseáladh agus eisíodh 633 de na feithiclí in 2007 a ceannaíodh in 2006 agus ba chuid mhór mhaith é sin de na feithiclí sin. Níor aontaigh, sé ar an ábhar sin leis an tuairim gur ceannaíodh lear mór feithiclí gan chúis in 2006 agus go rabhadar díomhaoin ar feadh tréimhse fada dá bharr.

Tá nósanna imeachta á gcur i bhfeidhm chun flít An Gharda Síochána a bhainistiú níos éifeachtúla ach tá níos mó moille orthu toisc ganntanas daoine oilte agus toisc a chasta is atá sé flít a bhfuil breis agus 2,500 feithicil ann a bhainistiú nuair is iomaí déanamh agus cineál atá ann agus iad scaipthe ar fud na tíre. Críochnófar staidéar i ráithe dheireanach na bliana 2008 faoi bharrfheabhas a chur ar an bhflít. Tá tairiscintí á meas faoi láthair maidir le daoine lasmuigh a úsáid chun an flít a chothabháil agus má thugann an Roinn Airgeadais cead féadfar conradh a thabhairt roimh dheireadh na bliana 2008.

# Caibidil 6

# Seirbhís Phríosúin

# 6.1 Soláthar i Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Tugtar aitheantas i nósanna imeachta atá leagtha amach ag an Roinn Airgeadais[29] go bhfuil solúbthacht ag teastáil ó Ranna agus ó Oifigí, i gcúinsí eisceachtúla, dul i mbun conarthaí gan an gnáthriachtanas chun tairiscintí a lorg a chomhlíonadh. Caithfidh siad, áfach,

- a chinntiú go ndéanann Iniúchadh Inmheánach nó oifigeach sinsearach cuí athbhreithniú ar na heisceachtaí atá beartaithe roimh ré
- clár lárnach de sholáthar mar sin a choinneáil agus
- Oifigeach Soláthair a ainmniú le hidirchaidreamh a dhéanamh le Coiste Conarthaí an Rialtais

Bhí caibidil ghinearálta i dTuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2006 maidir le Ranna agus Oifigí a bheith ag comhlíonadh na riachtanas soláthair seo.

Thuairiscigh tuairisceán a bhí deimhnithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (SPÉ) don bhliain 2006 nach raibh ach trí chonradh ann a sháraigh an teorainn de €25,000 nuair nár baineadh úsáid as próiseas iomaíoch. Ba é €260,000 luach na gconarthaí seo.

Thug faisnéis a chuir SPÉ ar fáil le fios freisin

- Cé go gcuimsíonn sainchúram Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne SPÉ, níor thug sé faoi athbhreithniú ar na soláthairtí ábhartha maidir le Ciorclán 40/02 a chomhlíonadh.
- Cé nach raibh próiseas iomaíoch ann, rinneadh cás gnó a léirigh na fáthanna a bhí leis a ullmhú agus cuireadh faoi bhráid an Stiúrthóra Airgeadais é chun é a fhaomhadh.
- Cuireadh ciorclán chuig Gobharnóirí agus Stiúrthóirí gach bliain le cinntiú go rabhthas ag comhlíonadh Ciorclán 40/02.
- Bhí Oifigeach Soláthair ainmnithe ag SPÉ.

## Tuairisceán do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann don bhliain 2007

Cuireadh tuairisceán do SPÉ don bhliain 2007 faoi bhráid na hOifige seo ar 15 Bealtaine 2008. Thuairiscigh sé seasca cás a bhí ar eolas ina raibh soláthairtí i bhfeidhm le luach os cionn €25,000 agus a chuathas isteach iontu gan leas a bhaint as próiseas iomaíoch. Ba é luach iomlán na gconarthaí seo ná €18.6m. Tugadh fáthanna éagsúla gan úsáid a bhaint as próiseas iomaíoch agus tugtar achoimre orthu i Tábla 33 thíos.

[29] Ciorclán Airgeadais 40/2002

**Tábla 33 Fáthanna gan Úsáid an Bhaint as Próiseas Iomaíoch**

| Fáth | Líon na gConarthaí | Luach €m |
|---|---|---|
| Coinníodh an Soláthróir Reatha/Rinneadh Conradh a Rolladh Ar Aghaidh nó a Shíneadh | 21 | 7.6 |
| Táirge Dílsithe | 19 | 3.0 |
| Saineolas/Saintrealamh | 8 | 3.7 |
| Tairiscintí Áitiúla - Comhlíonta i bpáirt | 4 | 1.0 |
| Riachtanas Éigeandála | 4 | 1.2 |
| Slándáil | 4 | 2.1 |
| **Iomlán** | **60** | **18.6** |

Le linn iniúchta thug mé faoi deara gur fágadh caiteachas, a sháraigh an tairseach de €25,000, ar sheirbhísí leighis agus sheirbhísí gairmiúla gaolmhara a ndearnadh gan leas a bhaint as próisis iomaíocha, amach as an tuairisceán. Bhí íocaíochtaí le dochtúirí, mórdhíoltóirí cógaisíochta, fiaclóirí agus altraí san áireamh anseo. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €685,714.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Chuir nósanna imeachta leasaithe na Roinne Airgeadais a tugadh isteach in 2002 sraith de chosaintí inmheánacha in ionad iad siúd a bhí i bhfeidhm trí Choiste Conarthaí an Rialtais roimhe sin. Ba é an cuspóir foriomlán a bhí leo ná le cinntiú nach mbaintear úsáid as próisis neamhiomaíocha ach amháin i gcúinsí ina bhfuil údar leo.

Tugann an méid leasa a bhain SPÉ as soláthar neamhiomaíoch in 2007, a teip ó thaobh conarthaí leighis agus gaolmhara a nochtadh agus an éagsúlacht shuntasacha idir na tuairisceáin in 2006 agus 2007, le fios go bhfuil easpa rialú ceart ar sholáthairtí SPÉ.

Bhí imní ann freisin go ndearna tuairisceán na bliana 2006 ganniontráil shuntasach ar an méid leasa a bhain SPÉ as soláthar neamhiomaíoch sa bhliain sin agus sna blianta roimhe sin.

Chruthaigh an leibhéal leasa a baineadh as soláthairtí neamhiomaíocha imní freisin maidir le héifeachtacht an phróisis athbhreithnithe inmheánaigh.

## Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Ghlac an tOifigeach Cuntasaíochta leis go raibh laigí agus easnaimh ann i dtaobh na nósanna imeachta agus cleachtais soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair i SPÉ ach d'áitigh sé go bhfuil sí ag obair go gníomhach chun dul i ngleic leo. Ghlac sé leis gur dócha gur chóir go mbeadh conarthaí áirithe a síníodh, eolas dílsithe nó saineolas agus ceannacháin trealaimh a cuireadh i bhfeidhm i mblianta roimhe sin san áireamh ar thuairisceán na bliana 2006. Cuireadh isteach ar chomhlánú thuairisceán na bliana 2006 mar gheall ar dhílárú ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Longfort agus gur cailleadh faisnéis chorparáideach riachtanach lena linn.

Shonraigh sé go mbíonn soláthar earraí agus seirbhísí i SPÉ an-éagsúil ón ngnáth-thimpeallacht ceannaigh toisc

- Nach féidir ach le sainchuideachtaí na hearraí agus na seirbhísí atá ag teastáil a sholáthar mar gheall ar an ardslándáil atá ag baint lena cuid oibre.

- Uaireanta bíonn an teicneolaíocht a úsáidtear teoranta go soláthróir amháin agus bheadh gá ann córais lárnacha a thréigeadh chun soláthróir a athrú rud a chiallóidh go mbeadh gá ann athoiliúint a chur ar an bhfoireann, ar chostas ard.
- Is féidir le timpeallacht na bpríosúin a bheith thar a bheith luaineach agus is minic gur gá do SPÉ gníomhartha éigeandála a dhéanamh chun saol na bpríosúnach agus na mball foirne a chosaint. I gcúinsí mar sin, déantar ceannacháin éigeandála ar earraí nó ar sheirbhísí chun beatha a chosaint agus leas foriomlán na bpríosúnach agus na foirne a chosaint.

Bunaíodh Aonad Soláthair Lárnach i mí an Mhárta 2007 le sainchúram sínte chun seirbhísí agus earraí a sholáthar agus chun úsáid na gcleachtas is fearr a fhorbairt agus a chur chun cinn i SPÉ. Rinne bunú an aonaid cinneadh beartais a éascú chun soláthar a bhaint ón leibhéal áitiúil agus é a lárú sa Cheanncheathrú. Tá an t-aonad ag tabhairt tosaíocht do chonarthaí le cur amach ar thairiscintí go gníomhach agus é tiomanta bunachar sonraí lárnach a thabhairt isteach chun conarthaí atá ar tí teacht chun críche a aithint. Tógfaidh sé roinnt ama chun an próiseas a chur i gcrích áfach.

Rinne nuashonrú ar chiorclán soláthair inmheánach, a eisíodh i mí Iúil 2003, i mí an Mhárta 2007 agus a atheisíodh chuig an bhfoireann ar fad é. Léirigh sé na céimeanna a bhí le tógáil áit a raibh conarthaí le bronnadh gan próiseas iomaíoch. Tá na nósanna imeachta, a dhearbhaíonn gur chóir faomhadh a fháil roimh ré, san áireamh i nDréachtbheartas Soláthair do SPÉ a bhí sceidealta le heisiúint i mí Lúnasa 2008.

Ó thaobh líon shuntasach conarthaí sínte nó rollacha, shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta

- Gur bronnadh an ceann ba mhó acu seo ar sholáthróir tar éis próiseas tairisceana iomaíoch sa bhliain 2001. Bhí an conradh le cur amach ar thairiscint le linn conspóid caidrimh thionsclaíoch ina dhiaidh sin agus mar sin níor cuireadh amach ar thairiscint é ag an am sin.
- Rinneadh roinnt conarthaí a rolladh ar aghaidh nó a shíneadh le héascú a dhéanamh ar iad a chur amach ar thairiscint in 2008.
- Bhain roinnt conarthaí le seirbhísí a chur ar fáil ar ghá foinsí lasmuigh a úsáid toisc gur tugadh isteach Togra um Athrú Eagraíochtúil i Seirbhís Phríosúin na hÉireann (SORT) agus na hathruithe sna cleachtais oibre a bhí mar thoradh orthu. Rinneadh na seirbhísí glaoch amach seo a rolladh ar aghaidh ar bhonn bliantúil ach beidh siad clúdaithe ag na creat-chomhaontuithe atá á chur i bhfeidhm faoi láthair, faoi réir ag rialacháin an AE, lena n-áirítear seirbhísí leictreacha agus meicniúla.
- Tá íocaíochtaí le soláthróirí drugaí clúdaithe ag comhaontú cógaisíochta nua.

Maidir le conarthaí le haghaidh seirbhísí leighis agus gairmiúla a fhágáil ar lár sna tuairisceáin, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur chóir díobh seo a bheith san áireamh sa tuairisceán.

## Torthaí

Is é an bealach is fearr chun luach ar airgead a chinntiú nuair a bhítear ag ceannach ná trí phróisis oscailte iomaíocha. Tugann an leibhéal soláthair a rinneadh gan iomaíocht a tháinig chun solais i dtuairisceán na bliana 2007 le fios go bhfuil monatóireacht agus rialú inmheánach de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann lochtach sa réimse seo.

Aithnítear gur chuir an tOifigeach Cuntasaíochta tús maidir le céimeanna a thógáil chun na heasnaimh seo a chur ina gceart.

Agus soláthar lárnach á thabhairt isteach ba chóir go mbeadh deis ann pleanáil níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin agus bealaí a lorg chun próisis iomaíocha a chruthú ó thaobh soláthair de, le cinntiú go ndéantar seirbhísí a chur ar fáil ar an gcostas is ísle don Státchiste.

Ba chóir don Oifigeach Cuntasaíochta a dhearbhú dó féin go bhfuil na nósanna imeachta tábhachtacha seo i bhfeidhm agus in úsáid sula ndéantar Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais a chomhlánú. Is é an bealach is fearr chun é seo a bhaint amach ná trí údarú a fháil ón iniúchadh inmheánach.

## 6.2 Costais Taistil

Is prionsabal seanbhunaithe de shocruithe taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí é go mbíonn fostaithe freagrach as cibé costais a bhíonn orthu le bheith i láthair ina n-áit oibre. Déanann an nochtadh ag Nóta 12 don Chuntas Leithghabhála tagairt do chostais de €24,117 a íoc le oifigeach shinsearach i leith taistil chuig agus óna láthair oibre. Rinneadh íocaíochtaí comhchosúla leis an oifigeach thar roinnt blianta - €42,000 le linn tréimhse ina raibh sé i mbun poist go sealadach ó 2000 go 2002, agus os cionn €62,000 i rith 2005 go 2008 tar éis síneadh seirbhíse ceadaithe os cionn na gnáthaoise scoir. Rinneadh na híocaíochtaí seo gan cead a fháil ón Roinn Airgeadais agus d'fhéadfadh go mbeadh dualgais chánach ag baint leo. Déileálann Caibidil 3.13 de mo thuarascáil le dliteanais chánach a eascraíonn as a bheith ag taisteal chuig agus ón obair i Roinn eile.

Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh na híocaíochtaí a rinneadh le linn an chéad tréimhse riachtanach mar gheall gur ceapachán sealadach eisceachtúil a bhí i gceist. Mheas sé go gclúdaíonn Ciorclán na Roinne Airgeadais 5/58 na híocaíochtaí sin. Tugann sé sin discréid don Oifigeach Cuntasaíochta íocaíocht a cheadú i gcás go bhfuil cúinsí speisialta ann, agus nuair nach mbeadh imeacht mór ón rialachán i gceist leis an íocaíocht. Mar gheall ar sin níor ghá ceadú foirmiúil a fháil ón Roinn Airgeadais. Cuireadh deireadh leis na socruithe in 2002 nuair a glacadh leis gur post buan a bhí i gceist in éifeacht.

Maidir leis an tréimhse 2005 go 2008, dúirt sé liom, dá mba rud é go mbeadh an t-oifigeach imithe ar scor sa ghnáthchúrsa, go mbeadh sé riachtanach sna cúinsí sin é a thabhairt ar ais ar bhonn comhairleach agus bheadh sé in ann taisteal agus cothabháil a ghearradh mar tháille infheidhmithe. Aontaíodh mar sin iarratas an oifigigh chun na socruithe a bhí ann roimhe sin a chur i bhfeidhm arís a chomhlíonadh, go háirithe toisc gur measadh gur post sealadach a bhí i gceist. Cuireadh deireadh leis na híocaíochtaí tar éis don oifigeach aistriú chuig post nua i mí an Mhárta 2008. Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur ghlac sé leis anois, in ainneoin go raibh rún maith mar bhunús leis an dearcadh sin, nach raibh sé comhsheasmhach leis na prionsabail ghinearálta a bhíonn i bhfeidhm maidir le taisteal agus cothabháil. Déanfaidh an Roinn comhairle a chur ar an Roinn Airgeadais agus ar na Coimisinéirí Ioncaim faoin gcás.

# Caibidil 7

# An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

# 7.1 Scéimeanna Ranníocaíochtaí Forbartha

Rinne an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 comhdhlúthú ar an gcóras pleanála in Éirinn. Mar chuid den phróiseas pleanála is féidir le húdaráis áitiúla ranníocaíochtaí forbartha a ghearradh ar iarratasóirí. Rinne Ailt 48 agus 49 den Acht, a tháinig i bhfeidhm ar 11 Márta 2002, leasú ó bhonn ar na socruithe reatha maidir le ranníocaíochtaí forbartha.

Ghlac na húdaráis áitiúla scéimeanna orthu féin mar a ceanglaíodh orthu faoin reachtaíocht agus leag siad amach an bunús chun na ranníocaíochtaí a bheadh le n-íoc i leith cineálacha difriúla de bhonneagar poiblí agus áiseanna a chuir an t-údarás áitiúil ar fáil a shocrú.

Ba é ceann de na cuspóirí a bhí leis an athchóiriú faoin Acht 2000 ná follasacht a thabhairt isteach maidir leis an gcaoi ina ndéantar ranníocaíochtaí forbartha a ghearradh agus a chur i bhfeidhm. Ceanglaítear ar gach údarás áitiúil sonraí maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear agus ranníocaíochtaí atá dlite chuige, chomh maith le faisnéis faoin gcaoi ar caitheadh na ranníocaíochtaí, i dtuarascáil bhliantúil reachtúil an údaráis.

## Socruithe Ginearálta Riaracháin

Is feidhm fhorchoimeádta do chomhairleoirí tofa atá i gceist le scéimeanna ranníocaíochta forbartha a ghlacadh. Tá na cumhachtaí acu scéim ranníocaíochta forbartha a mholann an bainisteoir i ndiaidh próiseas comhairliúcháin poiblí a dhéanamh, a leasú nó a dhiúltú. Tá ról lárnach ag comhairleoirí maidir le maoirseacht a dhéanamh ar leibhéal na ranníocaíochtaí atá á lorg agus ar an gcaoi a chaitheann an t-údarás na ranníocaíochtaí seo.

Is é ról na Roinne ná creat reachtúil agus beartais a sholáthar faoina nglacfaidh gach údarás áitiúil le scéimeanna ranníocaíochta forbartha aonair i ndiaidh comhairliúcháin poiblí. Mheabhraigh treoir beartais i bhfoirm ciorcláin in 2003 agus 2007 d'údaráis áitiúla faoina gcuid dualgais faoi na hAchtanna um Pleanáil agus san am céanna ag aithint gur fheidhm fhorchoimeádta a bhí i gceist le glacadh le scéimeanna ranníocaíochta forbartha fós.

Faoi Alt 135 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, ceanglaítear ar bhainisteoirí tuarascáil bhliantúil ar an gclár de thionscadail chaipitiúla, lena n-áirítear tionscadail a maoinítear as ranníocaíochtaí forbartha, atá beartaithe don chéad bhliain eile a chur isteach chuig a n-údarás áitiúil. Chuir an Roinn an tábhacht a bhaineann le réamh-mheastacháin a thabhairt do chomhairleoirí ar na ranníocaíochtaí atá le bailiú, an iarmhéid ar láimh agus an úsáid a bhfuil sé beartaithe a bhaint as na hiarmhéideanna seo in iúl d'údaráis áitiúla in 2006. Is faoi chomhairleoirí atá sé ar deireadh áfach a chinntiú go gcuirtear dóthain faisnéise ar fáil dóibh trí thuarascálacha faoi Alt 135 nó ar bhealaí eile.

Bhunaigh an Roinn Coiste Idir-rannach um Ranníocaíochtaí Forbartha go déanach in 2005 chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime go dtí seo, agus chun ceisteanna oibriúcháin a mbeadh suim ag Ranna eile iontu agus dearcadh na ndaoine a bhfuil leas acu san earnáil a mheas. Thóg an treoir beartais a eisíodh in 2007 torthaí agus ceisteanna an Choiste san áireamh. Bhí ceangaltas go seolfar na dréachtscéimeanna ranníocaíochta forbartha ar fad chuig Boird Forbartha Contae chun tuairimí a fháil sa bhreis ar an gcomhairliúchán poiblí reatha san áireamh sa treoir seo freisin, chun tuilleadh iniúchta a sholáthar.

Tá athbhreithniú le déanamh ar go leor de na scéimeanna i rith na bliana 2008, agus tá ceithre athbhreithniú faighte ag an Roinn go dtí seo. Chomh maith leis sin, fuair an Roinn 17 dréachtscéim ranníocaíochta forbartha le hathbhreithniú agus chun ráiteas a thabhairt faoin treoir leasaithe 2007. Tá sé dearbhaithe ag na húdaráis áitiúla go ndeachthas i mbun comhairle leis na Boird Forbartha Contae ábhartha sna cásanna seo.

## Torthaí an Athbhreithnithe

Rinne mé athbhreithniú ar an méid inar cuireadh ranníocaíochtaí forbartha i bhfeidhm, na cuspóirí lenar baineadh leas astu agus na socruithe ginearálta a cuireadh i bhfeidhm chun cuntas a thabhairt orthu agus iad a rialú.

Leagtar méid na ranníocaíochta i gcomhréir le téarmaí gach scéime nuair a dheonaíonn údarás áitiúil cead pleanála. Tá íocaíocht dlite nuair a chuirtear tús leis an obair, ach is féidir leis a bheith iníoctha i dtráinsí le bheith i gcomhréir leis na céimeanna i bhforbairt. Is féidir urrús a lorg freisin le cinntiú go ndéantar na ranníocaíochtaí a íoc. Cuirtear airgead a fhaightear trí ranníocaíochtaí forbartha i bhfeidhm i dtreo an chostais a bhíonn ar bhonneagar agus áiseanna poiblí lena n-áirítear bóithre, seirbhísí uisce agus séarachais chomh maith le fóntais cosúil le háiteanna súgartha, áiseanna spóirt agus páirceanna. Déantar imfhálú air ó chistí agus ghníomhaíochtaí eile an údaráis áitiúil.

Sna sé bliana ó 2001 go 2006 tá €1.3 billiún curtha i bhfeidhm ag údaráis áitiúla. Suas go deireadh na bliana 2007 caitheadh an chuid is mó den mhaoiniú ar sheirbhísí uisce (38%), bóithre agus carrchlóis (31%) agus bonneagar tráchta poiblí (11%). Is teoranta an maoiniú ranníocaíochta forbartha a cuireadh i bhfeidhm ar áiseanna pobail níos leithne, le thart ar 15% á chur i bhfeidhm faoin gceannteideal seo.

Mar thoradh ar ráta caiteachais cuibheasach mall i measc na n-údarás áitiúla tháinig fás ar an iarmhéid chomhiomlán gan caitheamh de ranníocaíochtaí forbartha a bhí ina seilbh ag údaráis áitiúla. B'fhiú os cionn €1.2 billiún é seo ag deireadh na bliana 2006.

Leagadh béim ar roinnt ceisteanna cuntasaíochta agus rialaithe i dtuarascálacha de chuid na Seirbhíse Iniúchta Rialtais Áitiúil (SIRA). Rinneadh nóta i dTuarascáil Ghníomhaíochta ginearálta a eisíodh i mí Lúnasa 2006 bunaithe ar a iniúchadh ar chuntais na bliana 2004 go raibh an córas cuntasaíochta maidir le ranníocaíochtaí forbartha míshásúil sa chuid is mó de na húdaráis agus go raibh deacracht ann figiúr cruinn a fháil ar na suimeanna a bhí dlite ó fhorbróirí dá bharr. Leagadh béim ar cheist na ranníocaíochtaí forbartha a bhí gan íoc trí thagairt a dhéanamh do dhá údarás áitiúil mór ina raibh ranníocaíochtaí gan íoc de €37m agus €138m faoi seach ann ag deireadh na bliana 2004. Chuimsigh an chéad fhigiúr €15m i leith céimeanna nár thosaigh fós agus €12m faoi íocaíochtaí iarchurtha .i. tráthchodanna agus seiceanna iardhátaithe; bhí €60m faoi chomhaontuithe iarchurtha san áireamh sa €138m. Leag tuarascálacha iniúchta aonair don bhliain 2006 béim ar mhoilleanna maidir le haistriú chuig cuntasaíocht fhabhraithe[30] don ghníomhaíocht seo agus rinneadh nóta ar dhá chás ina ndearnadh caiteachas de chineál ioncaim a mhaoiniú ó ranníocaíochtaí forbartha agus cás amháin ina raibh suim de €206,325 dlite le húdarás áitiúil ó chuideachta atá faoi leachtú.

## Saincheisteanna ag Éirí as an Athbhreithniú

Rinne mé dearcadh an Oifigigh Chuntasaíochta a lorg maidir le

- bailiú suas na ranníocaíochtaí arbh fhiú €1.2 billiún iad ar 31 Nollaig 2006
- na heaspaí maidir le cuntasaíocht agus rialú a rinne SIRA nóta dóibh..

## Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

Maidir leis na moilleanna i leith na tobhaigh a chur i bhfeidhm dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go

[30] D'eisigh an Roinn Cód Cleachtais Cuntasaíochta cuimsitheach i mí Eanáir 2004 a leag amach an bunriachtanas maidir le cuntais gach údaráis áitiúil a nochtadh agus a chur i láthair. Tá roinnt forbairtí nua san áireamh ann, cuntasaíocht fhabhraithe agus cuntasaíocht le haghaidh sócmhainní seasta. Bhí sé faoi chaibidil ag an gCód go mbeadh cuntasaíocht bunaithe ar fhabhrú ann le haghaidh ranníocaíochtaí forbartha.

mbíonn roinnt coinníollacha ann maidir le hamú an chaiteachais, lena n-áirítear go ndéantar an caiteachas a infheistiú i dtionscadail chaipitiúla fhadtéarmacha, cumas an údaráis áitiúil scéimeanna a sholáthar ina mbíonn dearadh, comhairliúchán poiblí, toiliú, soláthar agus cumas an mhargaidh níos leithne i gceist leo.

Shonraigh sí go bhfuil sé réamh-mheasta go dtitfidh iarmhéid na ranníocaíochtaí forbartha go buan ó leibhéal na bliana 2006 go €880m roimh dheireadh 2009 mar gheall ar mhoilliú sna gníomhaíochtaí tógála agus méadú tuartha i leibhéal bliantúil caiteachais na ranníocaíochtaí.

Maidir le ceisteanna cuntasaíochta agus rialaithe dúirt sí liom, in ainneoin gur thosaigh údaráis áitiúla ag aistriú chuig cuntasaíocht fhabhraithe in 2003 agus 2004, tugadh maolú ón riachtanas cuntas a thabhairt ar ranníocaíochtaí forbartha ar bhonn fabhraithe. Bhí sé riachtanach an t-athrú chuig cuntasaíocht fhabhraithe iomlán a chur i bhfeidhm de réir a chéile thar na húdaráis áitiúla ar fad ar mhaithe le leanúnachas cuntasaíochta a choinneáil. Ní raibh ranníocaíochtaí forbartha san áireamh ar dtús áfach mar gheall ar na deacrachtaí a bhí ann féichiúnaithe stairiúla a aithint. Cuireadh tús le cuntas a thabhairt ar na ranníocaíochtaí ar bhonn fabhraithe i mí Eanáir 2007 agus caithfear féichiúnaithe inréadaithe don bhliain 2007 a thaispeáint. Beidh an staid stairiúil iomlán thar an tréimhse 2004 go 2007 san áireamh i gcuntais na bliana 2008.

Faoin 31 Márta 2008 bhí obair iniúchta 2006 ar fad de chuid SIRA curtha i gcrích. Thaispeáin na tuarascálacha iniúchta go ndearnadh tagairt le ranníocaíochtaí forbartha i 64 tuarascáil ar leith. Thug 28 (32%) de na húdaráis áitiúla cuntas ar ranníocaíochtaí forbartha ar bhonn fabhraithe in 2006, le féichiúnaithe carnacha de €131.9m san iomlán. Thug anailís ar na cuntais don bhliain 2007 a fuarthas go dtí seo le fios gur athraigh beagnach 90% de na húdaráis áitiúla chuig cuntasaíocht fhabhraithe, agus go ndearnadh féichiúnaithe inréadaithe a thaispeáint i níos mó ná 80% de chásanna. Tá an Roinn ag tabhairt faoi anailís iomlán ar chuntais na n-údarás áitiúla don bhliain 2007 faoi láthair agus leanfar ceisteanna ábhartha le húdaráis pleanála.

Dúirt sí liom go ndearna SIRA aird na n-údarás áitiúla a tharraingt ar an dá chás inar baineadh úsáid as maoiniú ó ranníocaíochtaí forbartha ar mhaithe le hioncam. Chomh maith leis sin, rinne an Roinn athshonrú ar an srian maidir le húsáid a bhaint as an airgead seo le haghaidh cuspóirí reatha sa treoir beartais 2007. Bheadh an t-údarás áitiúil a raibh an fiachas leachtaithe de €206,325 aige i dteideal gnáthréiteach creidiúnaí chun an tsuim a bhí dlite a lorg.

## Nuashonrú maidir le Forbairtí TF Bainteacha

Agus iad ag tabhairt freagra ar na tuarascálacha iniúchta, thug go leor bainisteoirí sna húdaráis áitiúla le fios go raibh sé ríthábhachtach tionscadal Bhord Seirbhísí Ríomhaireachta na nÚdarás Áitiúla (BSRÚÁ) a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm chun na cásanna ar fad de ranníocaíochtaí forbartha a tháinig chun cinn a bhailiú go héifeachtach agus go gcabhródh sé chun rialú agus cuntasaíocht iomlán a dhéanamh.

Cuireadh tús leis an tionscadal go déanach in 2004 ach bhí moill ann maidir le cur i bhfeidhm mar gheall ar athrú ar shuíomh an treoirthionscadail agus feabhsuithe a bhí ag teastáil ó chórais bhainteacha eile. Tá tástáil á dhéanamh air in údarás áitiúil amháin, agus déanfar é a bhailíochtú i dhá cheann eile. Táthar ag súil leis go mbeidh sé ar fáil do na húdaráis áitiúla ar fad go luath sa bhliain 2009.

Tá an córas ríomhaireachta seo deartha le cabhrú chun cuntas a thabhairt ar airgead ó ranníocaíochtaí forbartha lena n-áirítear taifeadadh a dhéanamh ar cheadanna pleanála, sonraisc a chur chuig forbróirí agus taifeadadh a dhéanamh ar fháltais. Is í príomhghné an chórais ná an córas riaracháin pleanála (iPlan) a chur i gcomhéadan leis an gcóras bainistíochta airgeadais (Agresso). Is iad seo na táirgí is mó a bhaintear úsáid astu sna rannóga pleanála agus airgeadais sna húdaráis áitiúla.

Déanfaidh an córas na ceadanna pleanála a dheonaítear agus an fhaisnéis bhainteach ó thaobh ranníocaíochtaí a bhailiú go huathoibríoch. Beidh áis ann chun sonrasc a chur chuig na forbróirí cuí freisin. Déantar na fáltais ranníocaíochta ar fad a mheaitseáil le cuntais éagsúla na bhféichiúnaithe. Ba chóir go gcuirfeadh an tsraith seo de chórais chomhtháite an fhaisnéis ar fáil atá ag teastáil chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh maidir leis an airgead ar fad atá dlite a bhailiú.

## Torthaí

Bhí méid shuntasach ranníocaíochtaí (€1.2 billiún) carntha ar 31 Nollaig 2006. Tá an t-aga tionscanta ó thaobh pleanáil a dhéanamh ar thionscadail chaipitiúla fhadtéarmacha agus iad a chur i bhfeidhm tugtha mar chúis leis an moill ama maidir leis na cistí a chur i bhfeidhm.

Mar gheall nach raibh córais chomhtháite airgeadais agus pleanála ann chun ranníocaíochtaí forbartha a bhailiú bhí baol méadaithe nach mbaileofaí iad nó go mbeadh moill ann é sin a dhéanamh. Ba chóir go gcabhróidh an comhéadan atá á thástáil idir an dá chóras ríomhaireachta faoi láthair chun é seo a réiteach.

Ba chóir dul i ngleic le bearna faisnéise ó thaobh méid na ranníocaíochtaí forbartha atá gan íoc trí chuntasaíocht fhabhraithe a thabhairt isteach go hiomlán.

# Caibidil 8

# An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

# 8.1 Ionad Náisiúnta Taighde Digiteach

Tagann an tIonad Náisiúnta Taighde Digiteach (NDRC), i bpáirt, i gcomharba ar MediaLab Europe (MLE) a chuir deireadh lena gcuid oibríochtaí agus a leachtaíodh i mí na Feabhra 2005. Bunaíodh MLE i mí na Bealtaine 2000 mar lárionad taighde agus oideachais ag leibhéal Ollscoile, chun díriú isteach go sainiúil ar theicneolaíochtaí teileachumarsáide agus faisnéise agus ilmheáin, lena n-áirítear an tIdirlíon agus tráchtáil dhigiteach. Bhí riosca ard ag baint leis an gcineál oibre a bheadh an chuideachta ag tabhairt faoi ó nádúr, agus tugadh aitheantas dó sin ón tús.

D'íoc an Stát €25m go díreach le MLE le linn na tréimhse 2000 go 2003, agus €10m breise le Massachusetts Institute of Technology as an mbaint a bhí aige leis an tionscadal. Tharla an infheistíocht seo ag an am céanna agus a tháinig cor chun donais géar domhanda ar an tionscal TFC agus, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás in 2004, chuaigh MLE i mbun leachtaithe deonaigh.

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste imscrúdú agus tuairisciú ar na cúrsaí seo, agus an Coiste um Chuntais Phoiblí ina dhiaidh sin. I measc na gceisteanna a bhí mar údar imní bhí

- An easpa naisc dhóthanacha idir íocaíochtaí a rinneadh agus spriocanna feidhmíochta
- Leordhóthanacht róil rialachais agus maoirseachta na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
- Rochtain ag an Roinn agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar leabhair agus thaifid de chuid aonáin a bhí ag fáil méid suntasach airgid ón Stát.

## Bunú an NDRC

Thug an Rialtas faomhadh in 2005 chun an NDRC a bhunú chun pointe fócasach náisiúnta a sholáthar le dul i ngleic leis an mbearna idir thaighde agus saothrú tráchtála ar theicneolaíochtaí meán digiteach. Bunaíodh an tIonad mar chuideachta theoranta agus is meán atá ann do chuibhreannas d'institiúidí oideachais tríú leibhéil[31] chun gníomhaíochtaí taighde a bhainistiú agus a fheidhmiú. Chuaigh an Roinn i mbun comhaontaithe leis an NDRC chun maoiniú de €25m a chur ar fáil thar chúig bliana a bhí le teacht ó imchlúdaigh mhaoinithe na Rann Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Oideachais agus Eolaíochta agus Fiontar Trádála agus Fostaíochta ach iníoctha ón Vóta do Chumarsáid, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Déanann an comhaontú foráil go ndéanfar fóirdheontas a íoc i gcomhréir le sceideal comhaontaithe ag ráta de €2.5m dhá uair in aghaidh na bliana.

## Íocaíochtaí leis an NDRC

Suas go mí Iúil 2007, rinneadh €4m a íoc leis an NDRC ón Vóta agus rinne leachtaitheoir MLE €250,000 breise a sholáthar trí é a dháileadh chuige. Fuair sé sócmhainní seasta arbh fhiú €315,000 iad ón leachtaitheoir freisin.

Faoi dheireadh na bliana, bhí an Roinn tar éis glaoch ar €1.725m den mhaoiniú a tugadh mar réamhíocaíocht don Ionad agus bhí sé aisíoctha leo. Tharla sé seo mar gheall ar an dul chun cinn mall maidir leis an oibriú a bhunú. Íocadh na cistí seo leis an Státchiste agus rinneadh nóta ina leith i gCuntas Leithghabhála an Vóta[32].

[31] Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

[32] Rinneadh nóta ina leith sa Chuntas Leithghabhála mar Fháltais Bhreise iníoctha leis an Státchiste.

## Nósanna Imeachta Oibriúcháin

Cuirtear tionscadail arna moladh ag baill den chuibhreannas, institiúidí oideachais eile nó eagraíochtaí agus cuideachtaí san earnáil phríobháideach a bhfuil suim acu ann faoi bhráid an NDRC chun measúnú a dhéanamh orthu. Tar éis don NDRC forbairt a dhéanamh ar thograí taighde i gcomhar leis na heagraíochtaí a chuireann isteach na tionscadail, tugtar faoi na tionscadail a roghnaítear chun forbairt a dhéanamh orthu ag an NDRC.

Chomh maith le cruinnithe idirchaidrimh rialta leis an NDRC, bunaíodh Coiste Idirchaidrimh, comhdhéanta d'oifigigh ón Roinn agus ionadaithe ón Ionad, i gcomhréir leis an gcomhaontú. Ceanglaítear ar an gCoiste Idirchaidrimh buaileadh le chéile uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad chun cumarsáid agus feidhmiú an Ionaid a éascú. Tháinig an Coiste le chéile roinnt uaireanta. Is iad na huaireanta ba dhéanaí ná an

- 10 Nollaig 2007, nuair a chomhaontaigh sé próiseas chun tionscadail a mheas agus a roghnú agus
- 7 Feabhra 2008, nuair a rinne sé tuarascáil ar thráinse tosaigh tionscadal ag saineolaithe neamhspleácha a cheap an Roinn a mheas agus a fhaomhadh.

## Buncheisteanna an Iniúchta – Cur i bhFeidhm

Rinneadh mé tuairim an Oifigigh Chuntasaíochta a lorg maidir le tús mall an NDRC, na cúinsí a bhí taobh thiar den aisíoc de €1.725m agus na socruithe chun cearta maoine intleachtúla a chosaint.

## Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur thóg sé i bhfad níos mó ama chun an tIonad a bhunú ná mar a bhíothas ag súil leis.

Chuaigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i mbun dualgais i mí na Feabhra 2007, agus ní dhearnadh earcaíocht ar bhaill foirne eile go dtí gur ceapadh Príomhoifigeach Oibriúcháin sa thríú ráithe den bhliain 2007. Níor thug an t-aga tionscanta a bhí ag teastáil ón NDRC chun tionscadail a mheas, a fhaomhadh agus a fhorbairt údar chun earcaíocht a dhéanamh ar bhaill foirne bhreise ag an Ionad i rith na bliana mar bhí am ag teastáil chun dul tríd an bpróiseas measúnaithe le haghaidh tionscadail síl don chéim thionscanta. Chuimsigh an measúnú saineolaithe seachtracha ar iarratas ón Roinn. Mar thoradh ar sin níor cuireadh tús leis an obair thaighde a bhí le déanamh ag an Ionad go dtí le déanaí.

Bhí an próiseas a cuireadh i bhfeidhm le cinntiú go mbeadh caighdeán sármhaitheasa agus neamhchlaontachta ann maidir leis na tionscadail síl a roghnófaí chun forbairt a dhéanamh orthu casta agus thóg sé go leor ama. Dá bharr sin, thóg sé i bhfad níos faide chun an NDRC a chur i bhfeidhm go hiomlán ná mar a bhíothas ag súil leis sa chomhaontú.

Ó thaobh an mhaoinithe de agus aisghabháil an airgid ina dhiaidh sin, shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh ar an Roinn iarratas a dhéanamh leis an Ionad maoiniú de €1.75m a ghéilleadh ag deireadh na bliana 2007 i bhfianaise rolladh amach an NDRC a bhí níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis. Dúirt sé freisin, áfach, cé gur thóg an próiseas chun measúnú a dhéanamh ar an tionscadail síl don NDRC níos faide ná mar a ceapadh, mheas an Roinn go raibh údar leis an maoiniú leanúnach leis an Ionad i bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh roimh mhí Iúil 2008.

Ó thaobh na gcearta maoine intleachtúla de, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur cuireadh Dréachtchreat Maoine Intleachtúla a bhí deartha chun luach tráchtála na dtionscadal taighde a dhéanfadh an NDRC forbairt orthu faoi bhráid na Roinne i mí na Bealtaine 2008. Cuireadh an Creat isteach i dtráthúlacht do chéim sruthaithe tráchtála na dtionscadal, a bheadh ann nuair a bheadh an chéim taighde

bhunaidh curtha i gcrích. Rinneadh an dréacht a chorprú i gComhaontú um Thaighde Comhoibríoch a bhí á scrúdú ag an Roinn le cinntiú go raibh leasanna an Stáit á chosaint agus a bheadh tugtha chun críche leis an Ionad chomh luath agus is féidir.

## Cearta Rochtana agus Cigireachta

Tá foráil in alt 8 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, i measc nithe eile, gur féidir leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ar chuntais, ar leabhair agus ar thaifid duine ar bith do bhliain airgeadais ina gcuimsíonn airgead a fhaightear go díreach ón stát 50% nó níos mó d'fháltais chomhlána an duine sin don bhliain. Bhí deacrachtaí ann maidir leis an bhforáil seo a chur i bhfeidhm i gcás MLE nuair a thug comhairle dlí le fios nach féidir tabhairt faoi chigireachtaí ach amháin sna mblianta sin ina bhfaigheann aonán 50% dá chuid fáltais chomhlána nó níos mó ón Stát. Níor leor an fhoráil seo mar fhoras um cheart cigireachta i gcás cuid de na blianta.

Ar mhaithe le follasacht agus le cinntiú go mbaintear úsáid as airgead poiblí don chuspóir lena ndéantar é a leithdháileadh, ba mhaith an rud é foráil a bheith ann chun rochtain a fháil ar thaifid an fhaighteora, thar ceann na Roinne agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste araon. Cé go dtugann an fhoráil in Alt 8 rochtain don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar leabhair agus ar thaifid an NDRC mar gheall go bhfuair sé níos mó ná 50% dá chuid mhaoiniú bliantúil ón Stát ón uair ar bunaíodh é, is é an fiúntas a bheadh le comhaontú maidir le rochtain a sholáthar ná le cinntiú go mbeadh an ceart ann cigireacht airgeadais a dhéanamh gach bliain ina mbeadh sé i mbun oibríochtaí, lena n-áirítear blianta amach anseo ina bhféadfadh maoiniú ón Stát titim faoi bhun 50% den mhaoiniú iomlán.

### Buncheisteanna an Iniúchta – Rochtain agus Iniúchadh

Cé nach ndearnadh foráil le haghaidh ceart rochtana ar leith sa chomhaontú a bhunaigh an caidreamh leis an NDRC agus i bhfianaise na deacrachta a bhí ann maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na cistí a réamhíocadh le MLE agus an bhearna ó thaobh cuntasaíochta de a bhí ann dá bharr le Dáil Éireann, rinne mé dearcadh an Oifigigh Chuntasaíochta a lorg maidir leis na socruithe chun cigireacht a dhéanamh ar thaifid an NDRC.

## Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom, cé go raibh cearta rochtana iomlána ag a Roinn ar fhaisnéis faoin Ionad, go dtabharfadh sí faoin gcomhaontú a leasú le go mbeadh rochtain ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar leabhair agus ar thaifid an Ionaid mar ghnáthnós imeachta.

### Torthaí an Iniúchta

Tá infheistíocht á dhéanamh ar shuimeanna suntasacha i bpobal taighde na hÉireann. I réimse na dteicneolaíochtaí meán digiteacha tá líonra ilchasta a bhfuil ionchur ó Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais agus Eagraíochtaí Oideachais cosúil leis an Údarás um Ard-Oideachas inti.

Tugtar aitheantas gur obair dhúshlánach atá i gceist le tráchtálú a dhéanamh ar thaighde bunúsach agus tá nósanna imeachta rialachais agus measúnaithe ilchasta curtha i bhfeidhm ag an Roinn. Tá an chosúlacht ann gurb é seo an fáth atá leis an tús mall. Ba chóir go gcabhródh leasú ar an gcomhaontú chun rochtain ar thaifid an NDRC a cheadú don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le húsáid na gcistí poiblí atá i gceist.

# Caibidil 9

# An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

# 9.1 Comhdhlúthú Teidlíochtaí i Leith Aoníocaíochta

Rinneadh scrúdú sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2005 ar [33] na nósanna imeachta ar ghlac an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (an Roinn) leo chun bainistiú a dhéanamh ar thabhairt isteach Scéim na hAoníocaíochta (SPS). Tugadh le fios in Athbhreithniú m'Oifige in 2006 go raibh dúshláin mhóra le sárú ag an Roinn ag iarraidh teidlíochtaí feirmeoirí a chinntiú, géilleadh do rialacháin chasta an AE agus na spriocdhátaí rialúcháin a bhaint amach. Tugann an fhianaise atá ar fáil faoi láthair gur ghlac an Roinn cur chuige i leith na dtascanna sin ar bhealach straitéiseach agus gur chuir sí i bhfeidhm iad ar bhealach pragmatach a bhí sásúil de ghnáth.

Tá sé mar chuid dá sainordú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (ECA) iniúchtaí a dhéanamh agus tuarascálacha a scríobh faoi chuntais an Coimisiúin Eorpaigh agus thángadar ar roinnt misin iniúchta go hÉirinn chun cur i bhfeidhm agus feidhmiú SPS a scrúdú. Chuaigh ionadaí ó m'Oifig in éineacht le hiniúchóirí ECA ar dhá cheann de na misin iniúchta sin.

Ba é tuairim na n-iniúchóirí ECA gur sháraigh an Roinn forálacha na reachtaíochta baintí faoi na riachtanais shonracha maidir le comhdhlúthú a dhéanamh ar theidlíochtaí na bhfeirmeoirí a bhí ag cur isteach ar SPS.

## Comhdhlúthú Teidlíochtaí

Ní mór d'fheirmeoirí "teidlíochtaí" a fháil ar dtús le bheith cáilithe faoi SPS. Ní foláir do na Ballstáit ceann amháin de na heiseamláirí a cuireadh ar fáil faoi reachtaíocht an AE a roghnú. De réir na heiseamláire lán-díchúpláilte stairiúla a roghnaigh Éire tugtar teidlíochtaí do gach feirmeoir bunaithe ar an méid cúnaimh a bhí á fháil acu ar an meán agus ar an achar talún sin a raibh feirmeoireacht á dhéanamh acu uirthi le linn na tréimhse tagartha ó 2000 go 2002. Is mar ráta airgid in aghaidh an heicteáir a dhéantar na teidlíochtaí a lua. Nuair a shocraítear na teidlíochtaí ní mór don fheirmeoir cuir isteach gach bliain le haghaidh íocaíochta agus sainaithint a dhéanamh ar na heicteár sin a bhfuil teidlíocht SPS ag baint leo.

Tarlaíonn comhdhlúthú teidlíochtaí nuair atá feirmeoir i dteideal an méid foriomlán céanna a éileamh i gcás líon heicteár níos lú. Ceadaíonn an Roinn an comhdhlúthú seo nuair a laghdaítear méid na talún de bharr

- ordú ceannaigh éigeantaigh (CPO) de chuid na n-údarás áitiúil
- tailte foraoisithe ag an bhfeirmeoir atá i mbun iarratais
- gan tailte a bheith ar fáil a bhíodh ar léas nó ar chíos roimhe sin.

Tugann Reachtaíocht an AE maidir le SPS[34] aitheantas do thosca eisceachtúla na ndaoine sin a bhfuil feirmeoireacht ar siúl acu i limistéir a bhfuil 'athstruchtúrú agus/nó cláir forbartha a bhaineann le hidirghabháil phoiblí' (Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh) ag baint leo. Tá foráil sa reachtaíocht seo má tharlaíonn sé gur chaill feirmeoir talamh sa chaoi sin ón am tagartha sin a ndéantar a theidlíochtaí i leith SPS a áireamh, agus nach féidir leis leas a bhaint as na teidlíochtaí go léir ar an ngnáthbhealach, gur féidir iad a chomhdhlúthú, .i. iad a mhalartú ar líon níos lú a bhfuil luach níos airde acu. Is é an cuspóir atá leis an bhforáil seo ná a chinntiú nach dtréigtear talamh agus/nó cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí as na

[33] Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2005.

[34] Tá foráil i Rialachán Uimh. 1782/2003 ón gComhairle (CE) an 29 Meán Fómhair 2003 faoi bhunú SPS agus leagann sé síos rialacha coitianta faoi scéimeanna díreacha tacaíochta eile faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CAP) agus leagann Rialachán Uimh. 795/2004 ón gComhairle (CE) an 21 Aibreán 2004 síos rialacha sonracha maidir lena chur i bhfeidhm.

míbhuntáistí faoi leith atá acu sna limistéir sin.

## Tuarascáil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa 2006

Thug an ECA le fios gur tugadh cead comhdhlúthú teidlíochtaí, ar iarratas, nuair a bhí talamh ar cíos nó ar léas á húsáid ag feirmeoir le linn na tréimhse tagartha ach nach raibh sé ar fáil aige le linn chéad bhliain an iarratais toisc gur tháinig deireadh leis an gcomhaontú faoin léas/gcíos roimh 16 Bealtaine 2005.

Ba é tuairim an ECA nár bhain na rialacháin leis an gcineál seo comhdhlúthaithe agus nár chóir comhdhlúthú a dhéanamh ach ar thalamh a cailleadh de bharr ordú ceannaigh éigeantaigh (CPO). Chiallódh sé sin gurbh í an talamh sin amháin a dearbhaíodh in 2005 (ach amháin má rinneadh CPO fúithi) a d'fhéadfaí a úsáid chun teidlíochtaí íocaíochta a áireamh.

De réir thuarascáil an ECA ceadaíodh 11,677 cás comhdhlúthaithe in Éirinn in 2005 agus gur bhain siad le tuairim is 150,000 heicteár. Bhain an formhór mór acu le léasanna scortha. Ba é tuairim an ECA gurb é an toradh a bhí ar an gcineál seo comhdhlúthaithe ná nár ghá a choibhéis d'achar chun na teidlíochtaí a fháil agus go raibh an baol ann go bhféadfaí é a úsáid fós i gcás scéimeanna eile a bhí cúpláilte fós agus nach raibh aon dualgas ann maidir le bail mhaith thalmhaíochta a choinneáil ar an talamh.

Cháin an ECA ceithre thír, Éire ina measc, de bharr an chaoi a chuireadar na forálacha comhdhlúthaithe i bhfeidhm.

> *'Níor chloígh roinnt ballstáit (An Ostair, Éire, an Bhreatain Bheag agus Albain) le reachtaíocht an AE. Chuireadar an fhoráil seo i bhfeidhm i ngach cás ina raibh níos lú heicteár ná teidlíochtaí ag feirmeoir in 2005. Ba é an fáth a ceadaíodh comhdhlúthú ná chun go mbeadh méid thagartha an fheirmeora dírithe ar líon teidlíochtaí a bheadh ar aon dul le líon na heicteár a bheadh aige agus le cur ar chumas an fheirmeora dá bharr sin leas a bhaint as a chuid teidlíochtaí go léir. Níor chuir an Bhreatain Bheag agus Albain an cineál comhdhlúthaithe mírialta seo i bhfeidhm ach amháin i rith chéad bhliain an SPS cé go bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leis i gcónaí san Ostair agus in Éirinn. Comhdhlúthaíodh breis agus 200,000 heicteár sa chaoi seo in 2005. Meastar go bhfuil tionchar €60 milliún aige sin in aghaidh na bliana.'*

D'fhéadfadh an cáineadh seo a bheith níos tromchúisí i gcás na hÉireann ós rud é gurb in Éirinn atá 75% de na heicteáir sin (150,000 den 200,000) lena mbaineann an fhoráil sin a bhfuil díospóid fúithi. Ba é tuairim dheiridh thuarascáil an EPA ná

> *'...theip ar roinnt Ballstát príomhghnéithe áirithe de SPS a chur i bhfeidhm i gceart: Rinne an Ostair, Éire agus an Ríocht Aontaithe comhdhlúthú teidlíochtaí a shíneadh níos faide ná forálacha an rialacháin.'*

Tá an freagra sa Tuarascáil a thug an Coimisiún Eorpach faoi na nithe sin a nochtadh agus dúradar:

> *'Tá a fhios ag an gCoimisiún faoi na cleachtais sin agus tá sé ar aon intinn leis an gCúirt fúthu. Déanfar aon riosca maidir leis an gCiste a chur san áireamh trí na nósanna imeachta comhréireachta*[35]*.'*

Thug tuarascáil ECA le fios go mba cheist í a bhain le ballstáit eile an chaoi ar déileáladh le teidlíochtaí comhdhlúite. Bhí an cur chuige céanna ag Albain, an Bhreatain Bheag agus an Ostair is a bhí ag Éirinn ach d'athraigh Albain agus an Bhreatain Bheag an cur chuige a bhí acu ó shin. A mhalairt ar fad ab ea é cur chuige na Beilge arbh é an forléiriú a bhí acu ar Alt 42(5) ná nár bhain sé ach le talamh a cailleadh de bharr CPOanna.

[35] Is éard a bhíonn i gceist leis na nósanna imeachta comhréireachta ná comhfhreagras idir an gCoimisiún agus Baillstáit mar chuid den nós imeachta um ghlanadh cuntas, agus é de chuspóir aige caiteachas nach ndearnadh de réir rialacha an Chomhphobail a eisiamh ó chaiteachas maoinithe an Chomhphobail.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Cé go ndearbhaíonn an Roinn gur ghníomhaigh sé de réir na Rialachán, is cosúil go bhfuil an baol ann go bhfaighfear gur sháraigh sí na forálacha sonracha a bhain le comhdhlúthú agus b'fhéidir go ngearrfar pionóis throma airgeadais ar an Stát. D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta a bharúil a thabhairt faoin gcaoi a bhfuil an Roinn ag déileáil leis an baol airgeadais a d'fheadfadh a bheith ann de thoradh seasamh reatha an Choimisiúin.

## Freagra na Roinne

D'fhógair an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil an Roinn cinnte go bhfuil sí ag cur i bhfeidhm an Chláir um Chomhdhlúthú Teidlíochtaí faoi réir fhorálacha Rialachán Uimh. 1782/2003 ón gComhairle (CE) agus Rialacháin Uimh. 795/2004 ón gCoimisiún (CE). Ní haontaíonn sí le cinntí an ECA agus tugann sí le fios nach raibh freagra an Choimisiúin (faoi mar a taifeadadh i dTuarascáil an ECA é) ar aon dul le taifid na Roinne faoi na díospóireachtaí a bhí aici leis an gCoimisiún sular tugadh isteach SPS.

Dúirt sé nach mbeadh sé feiliúnach dul i mbun tuairimíochta faoi aon dícheadú go mór mór ó tá an Roinn ag cosaint go tréan an tseasaimh atá aici. D'fhéadfadh aon tuairimíocht den sórt sin dochar a dhéanamh don chaibidlíocht atá ar siúl ag an Roinn leis an gCoimisiún faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith aici le haon fhoras achomhairc dá dtarlódh sé go dteipfeadh ar an Roinn teacht ar chomhaontú leis an gCoimisiún faoin toradh.

Idir an dá linn bhí cruinniú ardleibhéil déthaobhach ag an Roinn le hoifigigh an Choimisiúin agus tá sí ag comhoibriú go hiomlán le fiosruithe eile an Choimisiúin faoin scéal.

## Torthaí

Aithnítear go ndeachaigh an Roinn i gcomhairle le hoifigigh Choimisiún an AE mar réamhchúram nuair a bhí sí ag ullmhú cur chuige maidir le comhdhlúthú. Ach de thoradh sheasamh an Choimisiúin, faoi mar atá léirithe i tuarascáil an ECA, tá dliteanas teagmhasach ann maidir le méid neamhchinnte, rud a bhraithfeadh ar thoradh nósanna imeachta comhréireachta an AE agus aon dlíthíocht a d'fheadfadh a bheith ann dá bharr. Tá an Stát i mbun conspóide faoi aon dliteanas den sórt.

# Caibidil 10

## An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

# 10.1 Fiachas na Scéime Íocaíochtaí Iomarcaíochta

Tá fostaithe cáilithe i dteideal cnapshuim reachtúil a fháil faoin Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta má dhéantar iomarcach iad. Is ar an bhfostóir atá an dualgas ar an gcéad dul síos an chnapshuim a íoc. Aisíocann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (An Roinn) 60% den chostas ina dhiaidh sin don fhostóir ón gCiste Árachais Sóisialta (SIF) nuair a bhíonn an t-airgead íoctha leis an bhfostaí.

A mhalairt ar fad a tharlaíonn i gcás leachtaithe, glacadóireachta, scrúdaitheoireachta nó féimheachta. Bíonn sé de dhualgas ar an Roinn sna cásanna sin na fostaithe cáilithe a íoc agus iarracht a dhéanamh ina dhiaidh sin 40% den tsuim sin a fháil ón bhfostóir. Is mar sin a dhéileáiltear le fostóir i gcás dócmhainneacht neamhfhoirmiúil nuair a chuireann sé nó sí fianaise ar fáil nach bhfuil sé ar a c(h)umas íocaíocht a dhéanamh. Déantar iarracht 100% den airgead a fháil ar ais sna cásanna sin nuair is gá íocaíochtaí iomarcaíochta a dhéanamh ón gciste toisc go ndiúltaíonn fostóir aon rud a íoc.

## Leibhéal Fiachais

Tá fás mór tagtha ar an leibhéal fiachais de bharr na n-idirbheart seo le blianta beaga anuas agus ba €37.7m é ag deireadh 2007. Léirítear na hiarmhéideanna gan íoc ag deireadh na mblianta ó 2002 go 2007 i Tábla 34 mar aon leis an méid a aisíocadh sna blianta sin.

**Tábla 34 Iarmhéideanna Fiachais Dheireadh na Bliana agus Aisíocaíochtaí 2002 go 2007**

| Bliain | Fiachas Iomarcaíochta €m | Íocaíochtaí Iomarcaíochta €m |
|---|---|---|
| 2002 | 13.5 | 0.7 |
| 2003 | 20.0 | 0.5 |
| 2004 | 21.8 | 4.5 |
| 2005 | 24.9 | 2.2 |
| 2006 | 31.1 | 0.4 |
| 2007 | 37.7 | 0.7 |

Ní raibh aonad ar bith ann idir 2001 agus go déanach in 2007 a bhí tiomnaithe d'aisghabháil an fhiachais.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Ba dheachleachtas é iarrachtaí a dhéanamh an fiachas gan íoc a fháil agus é a dhíscríobh dá mheasfaí nach bhfuil sé inbhailithe.

B'ábhar imní dom an chaoi nach raibh aon iarracht arbh fhiú caint faoi á dhéanamh chun na fiachais a bhí ann a aisghabháil ó 2001 i leith agus b'fhéidir go mbeadh bailiú na bhfiachas curtha i gcontúirt dá bharr.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go raibh an cás amhlaidh de bharr líon na n-iomarcaíochtaí a bheith dúbailte in 2001. B'éigean an fhoireann go léir a chur ag próiseáil agus ag íoc na n-éileamh le cuideachtaí agus le daoine aonair chun spriocanna réasúnta a bhaint amach maidir le seirbhís do chustaiméirí - ba mhinic a bhíodh moill 26 seachain ann ag an am.

Cuireadh bailchríoch ar athbhreithniú inmheánach Rannóg na nÍocaíochtaí Iomarcaíochta go luath in

2002. Scrúdaíodh feidhmiú na reachtaíochta agus na scéime iomarcaíochta ó thaobh éifeacht riaracháin de agus ó thaobh sheirbhís do chustaiméirí de. Rinneadh athbhreithniú ar na nithe seo a leanas

- réasúnaíocht agus ábharthacht leanúnach na scéime
- an bhféadfadh an scéim a bheith níos saoráidí do chustaiméirí
- an bhféadfaí leas níos fearr a bhaint as teicneolaíocht faisnéise
- bealaí ina bhféadfaí cuíchóiriú a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime.

Éilíodh go ndéanfaí méadú ar theidlíochtaí um iomarcaíocht reachtúil de thoradh na gcomhráití Comhpháirtíochta Sóisialta go luath in 2002. Bhunaigh an Rialtas grúpa athbhreithnithe dá bharr sin chun feidhmiú na scéime a scrúdú agus a chinntiú go sásódh sé riachtanais na bhfostaithe agus na bhfostóirí araon sa chaoi ab' fhearr. Rinneadh leasú ar an reachtaíocht nuair a ritheadh an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 2003 chun cuid dá moltaí a chur i bhfeidhm.

B'éigean feabhas a chur ar na nósanna imeachta gnó, córais a fhorbairt agus oiliúint a chur ar fáil chun moltaí an ghrúpa a chur i bhfeidhm. Dearadh córas nua ríomhaireachta le cabhrú chun dlús a chur faoi íocaíocht lacáistí agus cnapshuimeanna agus cuireadh córas nua ar líne i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2005. Leagadh síos spriocanna nua maidir le seirbhís do chustaiméirí agus tríd is tríd táthar á mbaint amach. Is iad sin ná sé seachtainí i gcás éileamh ar líne agus iarratas ar chnapshuimeanna, agus deich seachtainí ar a laghad i gcás éileamh de láimh.

Nuair a bhí an córas nua curtha i bhfeidhm agus é ag obair go sásúil bhíothas in ann tosaíochtaí a cheapadh don phróiseas aisghabhála. Rinneadh athbhreithniú ar an ngné seo den chóras riaracháin idir 2006 agus 2007 agus athbhunaíodh an tAonad Aisghabhála dá bharr sin i mí Dheireadh Fómhair 2007. Bunaíodh Coiste Díscríofa in Aibreán 2008. Dhearbhaigh sé dom go bhfuil an rannán seo gníomhach anois ag aisghabháil agus ag díscríobh fiachas.

Ba é tuairim an Oifigigh Chuntasaíochta nár bhaol do bhailiú fiachas an oiread ama a bhí caite ó tabhaíodh iad. Ní bhfuarthas amach maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta go raibh aon cheangal idir aois an fhiachais agus an seans a bheadh ann é a aisghabháil.

Thug sé le fios dom maidir leis an bhfiachas gan íoc go raibh sprioc leagtha síos go ndéanfaí iad go léir a mheas ó thaobh inbhailitheachta de roimh dheireadh na bliana 2009. Ba dheacair a rá cathain a dhéanfaí na coigeartuithe riachtanacha. D'fhéadfaí iad a dhéanamh i gcéimeanna éagsúla de réir mar a lean an tAonad Aisghabhála ar aghaidh lena chuid oibre. Bhí €10m leagtha síos mar sprioc díscríofa don bhliain 2008 maidir le fiachas do-aisghabhála. Bhíothas á thuar go ndéanfaí sraith coigeartuithe sna blianta atá romhainn a léireodh go cruinn an fiachas ar féidir a aisghabháil ag am ar bith. Ba é an chéad thosaíocht a bhí ag an Aonad Aisghabhála ná a dhíriú ar na fiachais a bhí ann ó 1998. Níl aon anailís ó thaobh aoise de le fáil faoi na bhfiachais a bhí fós gan íoc ar 31 Nollaig 2006.

## Torthaí

Nuair a leag an Roinn tosaíochtaí nua amach dá cuid gníomhaíochtaí in 2001 le díriú ar spriocanna maidir le seirbhísí do chustaiméirí laghdaíodh an bhéim ar fhiachas a aisghabháil ó fhostóirí agus lean an scéal amhlaidh go dtí 2007. Tharla méadú faoi trí ar leibhéal an fhiachais a taifeadadh idir 2002 agus 2007 agus tá lear mór oibre aisghabhála fiachas le críochnú ag an Roinn. Ní bheidh sé ar ár gcumas ráiteas réalaíoch a thabhairt roimh dheireadh na bliana 2009 faoi cad atá in-aisghabhála agus do-aisghabhála.

# Caibidil 11

# An Roinn Cosanta

# 11.1 Liúntas Seirbhíse Cois Teorann

Tá an liúntas seirbhíse cois Teorann (an liúntas) á íoc le baill cháilithe áirithe den Bhuanfhórsa Cosanta ó 1 Eanáir 1972 i leith.

Ba é a dúirt an Roinn Cosanta (an Roinn) nuair a bhí sí ag áiteamh ar an Roinn Airgeadais go dtabharfaí isteach an liúntas i 1969

> *"bhí sé riachtanach go mbunófaí aonaid nua shealadacha a bheadh cosúil, ar bhealach, le haonaid na Cipire"* agus *"bhí sé riachtanach a leithéid d'aonaid a choinneáil de bharr ar tharla sna Sé Chontae ó shin i leith........agus is cosúil go mbeidh sé riachtanach a leithéid d'aonaid a choinneáil cois Teorann ar feadh tamaill mhaith"*.

Mheas an Roinn gur chóir an liúntas a íoc toisc

- Go raibh dualgais dhiana le comhlíonadh cois Teorann a raibh freagrachtaí ag baint leo agus go gcaití i bhfad níos mó ama leo ná mar a chaití ar ghnáthdualgas.
- Gur chuir sé as do na fir de gach céim sealanna fada dualgais a chaitheamh sna haonaid speisialta cois Teorann toisc go mbíodh siad as baile óna n-ionaid bhuana agus gur scaradh na fir phósta óna dteaghlaigh.
- Gur seanchóiríocht a bhíodh de ghnáth sna hionaid cois Teorann agus uaireanta nach mbíodh na háiseanna ar fáil iontu a raibh sé de bheartas ag an rialtas a chur ar fáil sa chóiríocht bhuan.
- Go raibh aimhrialtacht ann sa mhéid is go n-íoctaí pá ragoibre le baill an Gharda Síochána as a ndualgas a chomhlíonadh in éineacht le baill an airm cois Teorann lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.

Ceadaíodh an liúntas a íoc ar choinníoll nach n-íocfaí é ach amháin ar feadh tréimhse na socruithe speisialta a rinneadh sa limistéir cois Teorann agus nach mbainfeadh sé ach leo siúd amháin a bhí ag obair go díreach ar dhualgais cois Teorann.

Ba é €96.41 an liúntas seachtaine in 2007 i gcás na bpearsanra liostáilte agus €112.19 i gcás na nOifigeach. Tá an liúntas seo iníoctha le pearsanra liostáilte agus le hOifigigh atá ag seirbheáil go buan in Aonaid Cois Teorann i rith an achair atá siad sainithe do na haonaid sin.

Ba é seo an caiteachas iomlán ar an liúntas le cúig bliana anuas, 2007 - €5.38m; 2006 - €5.47m; 2005 - €4.79m; 2004 - €4.62m; 2003 - €4.73m.

Íoctar an liúntas do líon suntasach pearsanra sna hAonaid Chois Teorann [36] atá sainithe go sealadach chuig aonaid eile ar fháthanna éagsúla m.sh. traenáil. Is féidir an liúntas seo a íoc le saighdiúirí ar feadh tréimhse chomh fada le trí mhí fad atá siad ar chúrsa oiliúna.

Uaireanta cuirtear pearsanra tacaíochta lóistíochúil ar nós cócairí, póilíní airm, feisteoirí, teicneoirí cumarsáide is araile ó Bhaile Átha Luain, Bheairic Chathal Brugha agus ó ionaid eile chuig aonaid cois Teorann de réir mar is gá de bharr riachtanais oibriúcháin. Íoctar an liúntas leo fad atá siad sainithe do na hionaid sin.

Tá seisear ó Bhaile Dhónaill ag fáil an liúntais toisc iad a bheith athshannaithe ó Champa Finner go Baile Dhónaill nuair a chuir an tAerchór deireadh lena Sheirbhís Chuardaigh agus Tarrthála san Iar-Thuaisceart. Aontaíodh in Eanáir 2002 mar chuid de shocraíocht leis na Cumainn Ionadaíochta go leanfaí ar aghaidh ag

---

[36] Is iad seo a leanas na hAonaid Chois Teorann, an 28ú Cathlán Coisithe sna campaí ag Leitir Ceanainn, Leifear agus Finner; an 27ú Cathlán Coisithe ag Muineachán agus Dún Dealgan; an 4úScuadrún Marcra san Longfort agus an 6ú Cathlán coisithe sa Chabhán.

íoc na liúntas sin don seisear ar bhonn pearsanta.

Ar an gcaoi chéanna lonaíodh Complacht B de chuid an 27ú Cathlán Coisithe i gCampa Bhaile Mhic Gormáin agus b'aonad cois Teorann é sin. Rinneadh dlúthchuid den 5ú Cathlán den Aonad i 1998 mar chuid d'atheagrú na bhFórsaí Cosanta. Socraíodh mar chuid de shocraíocht de thoradh idirbheartaíochta go gcoinneodh na baill sin i mBaile Mhic Gormáin an liúntas ar bhonn pearsanta.

Cé nach bhfuil figiúirí faoi ghníomhaíocht a bhain go sonrach leis an Teorainn le fáil go réidh don bhliain 1972, de réir faisnéise a fuarthas ón Roinn Cosanta soláthraíodh 13,156 patról sa limistéir cois Teorann i 1996 mar aon le 12,744 ionad seiceála, rinneadh 43 cuardach agus fuarthas 31 iarratas chun ábhar pléascach a dhiúscairt. Tharla laghdú ar líon na ngníomhaíochtaí sin ó 1998 i leith agus ní dhearnadh aon cheann i rith 2002 nó ina dhiaidh sin.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Cúis imní dom go bhfuiltear ag íoc an liúntais seo nuair atá deireadh tagtha le fada leis na fáthanna a bhí leis.

## Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom go raibh laghdú suntasach tagtha ar an éileamh go dtabharfadh na Fórsaí Cosanta cabhair don Gharda Síochána cois Teorann. Tá athrú tagtha ar ghníomhaíocht na bhFórsaí Cosanta de réir mar atá athrú tagtha ar chúrsaí polaitiúla agus slándála. Tá deireadh tagtha leis na hionaid seiceála agus na patróil a bhíodh ag na Fórsaí Cosanta cois Teorann, dúnadh cuid de na poist teorann agus díbhunaíodh cuid de na haonaid. Cuireadh feabhas mór ar chaighdeán na cóiríochta le haghaidh na saighdiúirí cois Teorann ó 1972 i leith.

Tá athrú tagtha ar dhéine, ar fhreagracht agus ar fhad na ndualgas sin dá bharr sin. Ach in ainneoin go bhfuil feabhas tagtha ar chúrsaí slándála tá ar na hAonaid Cois Teorann [37]iad féin a choinneáil ullamh le dul i ngleic le héigeandálaí agus teagmhais cois Teorann agus is trí chabhrú leis na húdaráis shibhialta a dhéanann siad é sin de ghnáth. Samplaí den chabhair sin ab ea na gníomhaíochtaí a bhí acu mar fhreagra ar na ráigeanna den Ghalar Crúibe is Béil, ESB agus an baol a bhí ann ó Fhliú Éanlaithe. Coinníodh Grúpaí Taistil Tacaíochta i mbeairicí agus iad ullamh chun freagra tapa slándála a thabhairt uair ar bith den lá nó den oíche ar a leithéid d'éigeandálaí. In 2007, tugadh faoi 720 dualgas grúpa tacaíochta soghluaiste ar an meán thar an mí 30-lá, i gcomparáid le 2,360 dualgas sainiúil don teorainn sa tréimhse idir 1972 agus 1998.

Íoctar liúntas seirbhíse slándála ar leith le baill na bhFórsaí Cosanta de ghnáth nuair a bhíonn siad i mbun dualgas sainithe slándála, is iad sin na dualgais sin a dtugtar *"Cuidiú leis an gCumhacht Shibhialta"* orthu, rudaí ar nós airgead tirim a thionlacan, diúscairt ábhar pléascach mar aon leis na gnáthdualgais slándála a dhéantar sna beairicí éagsúla. Ní féidir leis na baill sin atá ag fáil an liúntais seirbhíse cois Teorann an liúntas seirbhíse slándála a éileamh as na dualgais slándála a a mbíonn siad ina mbun agus dá gcuirfí deireadh leis an liúntas seirbhíse cois Teorann íocfar liúntas seirbhíse slándála sna cásanna sin [38] chun é a fritháireamh i bpáirt.

Ba é an freagra a thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar m'fhiosruithe ná gur chreid an Roinn go raibh deireadh leis na cúiseanna a bhí leis an liúntas a thabhairt isteach ar dtús.

[37] Dualgais slándála, oiliúint agus ullmhú le haghaidh seirbhíse thar lear.
[38] Íoctar liúntas seirbhíse cois teorann leis na pearsanra uile in Aonaid Teorann, ach ní híoctar liúntas seirbhíse slándála de ghnáth ach amháin nuair a chomhlíonann na pearsanra atá i gceist na dualgais chuí.

Dúirt sé gur tugadh aghaidh ar sheasamh na Roinne maidir le leanúint ar aghaidh leis an liúntas sin nuair a rinneadh athbhreithniú air mar chuid de Chlár Nuachóirithe na bhFórsaí Cosanta a ndearnadh comhaontú leis na Cumainn Ionadaíochta faoi mar chuid de *"I dTreo 2016"*. Chreid sé gurb é an córas ionadaíochta le haghaidh pearsanra míleata an fóram ceart chun plé a dhéanamh ar na hathruithe a bhí á moladh ar an gcóras íocaíochta. Tá an t-athbhreithniú ar siúl i gcomhar leis na Cumainn. Táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm na hathruithe a ndéanfar socrú fúthu de thoradh an athbhreithnithe le linn saolré an chomhaontaithe *"I dTreo 2016"*.

## Torthaí

Tá sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe faoi leith a dtugtar isteach le déileáil le géarchéimeanna nuair a bhíonn na géarchéimeanna sin thart. Tá an Roinn ag iarraidh athrú a chur i bhfeidhm trí phróiseas na comhpháirtíochta. Ba chóir leasanna an cháiníocóra a chur san áireamh nuair atá athruithe á ndéanamh - níor chóir airgead a chaitheamh ar sheirbhísí nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh nó nuair atá athrú ó bhun tagtha ar na tosca ina gcuirtí ar fáil iad.

# Caibidil 12

# An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

# 12.1 Ró-íocaíochtaí

Riarann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh 50 scéim leasa shóisialaigh a íoctar astu trí Vóta 38 agus tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh. Caitheadh breis agus €15 billiún ar na scéimeanna go léir in 2007. Tá anailís déanta i Tábla 35 ar phatrún an chaiteachais sna scéimeanna árachais agus cúnaimh ó 2003 i leith.

Leagtar amach i dTáblaí 35, 36 agus 37 an caiteachas foriomlán ar scéimeanna éagsúla thar an tréimhse idir na blianta 2003 agus 2007, agus na méideanna a taifeadadh mar ró-íocaíochtaí, méideanna na ró-íocaíochtaí a cuireadh i leith na calaoise nó calaois amhrasta don tréimhse chéanna, agus taifead carnach aisghabhála na Roinne ón mbliain 2003 i leith.

**Tábla 35 Caiteachas Scéime**

| | **2003 €m** | **2004 €m** | **2005 €m** | **2006 €m** | **2007 €m** | **Ráta Méadaithe 2006-2007** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Árachas Sóisialach | 4,649 | 5,081 | 5,460 | 6,106 | 7,008 | 15% |
| Cúnamh Sóisialach | 5,460 | 5,821 | 6,296 | 7,019 | 8,004 | 14% |
| **Íocaíochtaí Leasa Uile** | **10,109** | **10,902** | **11,756** | **13,125** | **15,012** | **14%** |

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios gurb iad na príomhchúiseanna a bhí le méadú na gcostas árachais agus cúnaimh in 2007 de bhreis ar chostais na bliana 2006 ná

- an méadú a bhí ar líon na bhfaighteoirí
- na costais bhreise a bhí ann in 2007 de thoradh feabhsuithe Buiséid 2006
- costas fheabhsuithe Buiséid 2007.

Thaifid an Roinn gur ró-íocadh €50.3m in 2007, agus ba mhéadú 28% é sin ó 2003.

**Tábla 36 Líon agus Méid na Ró-íocaíochtaí Comhlána(Uimhreacha á dtaispeáint idir lúibíní)**

| | **2003 €m** | **2004 €m** | **2005 €m** | **2006 €m** | **2007 €m** |
|---|---|---|---|---|---|
| Árachas Sóisialach | 10.60 | 12.12 | 11.02 | 11.20 | 17.71 |
| | (26,174) | (26,131) | (22,420) | (21,529) | (26,251) |
| Cúnamh Sóisialach | 28.77 | 44.85 | 36.24 | 34.02 | 32.82 |
| | (17,459) | (20,000) | (17,126) | (18,216) | (20,152) |
| **Iomlán** | **39.37** | **56.97** | **47.26** | **45.22** | **50.53** |
| | **(43,633)** | **(46,131)** | **(39,546)** | **(39,745)** | **(46,403)** |

Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta dom mar fhreagra ar m'fhiosruithe faoi chórais na Roinne maidir le fáil amach faoi ró-íocaíochtaí agus iad a thaifeadadh go raibh sí sásta go bhfuil na córais um thaifeadadh ró-íocaíochtaí cuimsitheach cruinn agus nach bhfuil le déanamh fós ach cuid de na sonraí a sheiceáil agus feidhmiúlacht áirithe a chur i bhfeidhm.

Cuireadh ró-íocaíochtaí de €21.4m i leith calaoise nó calaoise amhrasta in 2007 agus b'ionann é sin agus 42% de na ró-íocaíochtaí go léir.


**Tábla 37 Líon agus Méid na Ró-íocaíochtaí a Cuireadh i leith na Calaoise(a) nó Calaoise Amhrasta (Léirítear na huimhreacha idir Lúibíní)**

| | 2003<br>€m | 2004<br>€m | 2005<br>€m | 2006<br>€m | 2007<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|
| Árachas Sóisialach | 5.07<br>(9,606) | 6.24<br>(10,771) | 5.53<br>(8,587) | 5.16<br>(7,877) | 6.26<br>(8,304) |
| Cúnamh Sóisialach | 8.88<br>(7,148) | 12.69<br>(8,483) | 13.13<br>(7,758) | 15.19<br>(8,950) | 15.14<br>(9,808) |
| **Iomlán** | **13.95**<br>**(16,754)** | **18.93**<br>**(19,254)** | **18.66**<br>**(16,345)** | **20.35**<br>**(16,827)** | **21.40**<br>**(18,112)** |

(a) Ní rangaítear na cásanna eastáit ina dtagann acmhainní neamhluaite chun solais mar chalaois nó mar chalaois amhrasta. Ba é €6.72 milliún méid na ró-íocaíochtaí a taifeadadh i ndáil le 301 cás eastáit sa bhliain 2007.

Bhí athruithe mór ar mhéid na ró-íocaíochtaí a cuireadh i leith calaoise nó calaoise amhrasta sa tréimhse ó 2003 go dtí 2007 faoi mar a léirítear i Figiúr 1.

**Figiúr 1**




Taispeántar taifead na Roinne i leith aisghabháil ró-íocaíochtaí le linn na tréimhse 2003 go dtí 2007 i Tábla 38.

**Tábla 38 Taifead na Roinne' d'Aisghabháil Ró-íocaíochtaí idir 2003 agus 2007**

| | 2003 €000 | 2004 €000 | 2005 €000 | 2006 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí nár diúscraíodh amhail 1 Eanáir | 70,621 | 85,953 | 115,993 | 131,250 | 149,540 |
| Ascnamh méideanna a díscríobhadh roimhe sin[a] | – | – | – | – | 44,411 |
| Méideanna nár cuireadh ar an gcomhardú roimhe sin [b] | – | – | – | – | 17,204 |
| Ró-íocaíochtaí a taifeadadh lena n-aisghabháil | 39,367 | 56,967 | 47,261 | 45,219 | 50,527 |
| *Lúide* | | | | | |
| Ró-íocaíochtaí a taifeadadh sna blianta roimhe sin arna gcealú | (381) | (693) | (1,826) | (129) | (1,400) |
| Glansuimeanna a díscríobhadh mar chinn do-aisghabhála | (6,736) | (6,396) | (10,217) | (4,259) | (4,328) |
| Glanmhéid in-aisghabhála | 102,871 | 135,831 | 151,211 | 172,081 | 255,954 |
| Airgead tirim aisghafa agus suimeanna coinnithe siar | (16,918) | (19,838) | (19,961) | (22,541) | (23,884) |
| **Ró-íocaíochtaí nár diúscraíodh amhail 31 Nollaig (€000)** | **85,953** | **115,993** | **131,250** | **149,540** | **232,070** |

[a] Is éard atá sa €44m ná suimeanna a díscríobhadh cheana féin chun críocha cuntasaíochta ach a aithnítear anois go mb'fhéidir go bhfuil siad in-aisghabhála.
[b] Is éard atá sa €17m ná ró-íocaíochtaí nár taifeadadh sna blianta atá thart is a mheastar anois go mb'fhéidir go bhfuil siad in-aisghabhála.

De na ró-íocaíochtaí €232.07m a bhí fós gan íoc amhail 31 Nollaig 2007 - tá €31.30m ann ó 2007; €26.06m ann ó 2006; €27.11m ann ó 2005 agus €147.60m ann ó bhlianta roimhe sin.

**Tábla 39 Airgead Aisghafa agus Suimeanna Coinnithe Siar**

| | 2003 €000 | 2004 €000 | 2005 €000 | 2006 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Suimeanna a aisghabhadh in airgead tirim | 10,397 | 11,506 | 11,246 | 12,032 | 12,635 |
| Suimeanna coinnithe siar ó theidlíochtaí reatha | 6,521 | 8,332 | 8,715 | 10,509 | 11,252 |
| **Ró-íocaíochtaí a diúscraíodh amhail 31 Nollaig (€000)** | **16,918** | **19,838** | **19,961** | **22,541** | **23,887** |

# 12.2 Ionchúisimh

Déantar cásanna lena mbaineann mí-úsáid an chórais a bhreithniú d'fhonn dul i mbun imeachtaí dlíthiúla. Tionscnaítear ionchúisimh i gcoinne fostóirí a dteipeann orthu a gcuid oibleagáidí reachtúla a chur i gcrích agus daoine a dhéanann calaois ar an gcóras íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Féadann na hionchúisimh a bheith ina n-imeachtaí achoimre nó díotála. Tionscnaítear imeachtaí sibhialta chun aisghabháil ró-íocaíochtaí scéime nó bailiú riaráistí ÁSPC a éascú. Ní thionscnaítear cásanna mar sin ach amháin mar a mbítear ag dúil go bhfuil dóthain acmhainní ag féichiúnaí chun an fiach a urscaoileadh.

Cuireadh 357 cás coiriúil ar aghaidh chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) le linn na bliana 2007 (248 le linn 2006) lena dtabhairt ar aghaidh lena n-ionchúiseamh, mar a léirítear i Tábla 40. Níor measadh ceithre chás is daichead lena n-ionchúiseamh (2006 - 45 cás) de bharr an mhéid ama a bhí caite ó rinneadh an choir.

**Tábla 40 Cásanna Coiriúla a cuireadh faoi bhráid OPAS**

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| Liúntas Cuardaitheora Poist [(a)] | 184 | 169 |
| Sochar Cuardaitheora Poist [(b)] | 124 | 113 |
| Sochar Breoiteachta [(c)] | 9 | 20 |
| Sochar Míchumais | 5 | 0 |
| Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora | 8 | 16 |
| Scéimeanna Eile [(d)] | 7 | 7 |
| Cionta a Rinne Fostóirí | 13 | 21 |
| Toirmeasc Cigirí | 7 | 2 |
| **Iomlán** | **357** | **348** |

[(a)] Rinneadh Cúnamh Dífhostaíochta a athainmniú mar Liúntas Cuardaitheora Poist ó Dheireadh Fómhair 2006 i leith.
[(b)] Rinneadh Sochar Dífhostaíochta a athainmniú mar Shochar Cuardaitheora Poist ó Dheireadh Fómhair 2006 i leith.
[(c)] Rinneadh Sochar Míchumais a athainmniú mar Shochar Breoiteachta ó Dheireadh Fómhair 2006 i leith.
[(d)] Áirítear leis 4 chás inar úsáid daoine Uimhreacha Phearsanta Seirbhíse Poiblí dhaoine eile. (6 chás in 2006) Lena chois sin bhí 10 gcás eile a bhain le mí-úsáid uimhreacha PSP (9 gcinn i gcás Liúntas Cuardaitheora Poist agus cás amháin maidir le Liúntas Míchumais) nuair a bhí na daoine ag éileamh íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus iad ag baint feidhme as a n-uimhreacha PSP féin agus iad ag obair faoi uimhreacha PSP eile. Áirítear na cásanna seo i bhfigiúirí na scéimeanna bainteacha.

Tugadh 222 ionchúiseamh coiriúil chun cúirte sa bhliain 2007 a bhain le faighteoirí leasa shóisialaigh (2006 – 256 ionchúiseamh). Ba é €1,597,688 méid iomlán na ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a tugadh do dhaoine a fuair go calaoiseach iad nó a rinne iarracht iad a fháil go calaoiseach (2006 - €1,524,435). Tugtar torthaí na 222 cás cúirte sin agus na pionóis a gearradh i Tábla 41.

Bhí 882 cás idir lámha ag feitheamh ar ionchúiseamh ag OPAS agus ag aturnaetha áitiúla an stáit ag deireadh na bliana 2007 agus iad ag céimeanna éagsúla den phróiseas ionchúisimh.

**Tábla 41 Torthaí na gCásanna Coiriúla Cúirte a bhain le Faighteoirí Leasa Shóisialaigh**

| | Liúntas Cuardaitheora Poist | Sochar Cuardaitheora Poist | Sochar Breoiteachta | Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora | Eile[a] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fíneáil gearrtha[b] | 53 | 39 | 6 | 5 | 4 | 107 |
| Seirbhís Phobail | 4 | 2 | 0 | 1 | 0 | 7 |
| Curtha i bpríosún | 7 | 3 | 0 | 1 | 1 | 12 |
| An tAcht Promhaidh | 19 | 25 | 6 | 1 | 0 | 51 |
| Pianbhreith ar Fionraí | 11 | 7 | 1 | 2 | 1 | 22 |
| Scriosta amach | 3 | 4 | 0 | 2 | 1 | 10 |
| Bannaí Síochána curtha orthu | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 4 |
| Cead athiontrála | 1 | 6 | 0 | 0 | 0 | 7 |
| Tarraingthe ar Ais | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 2 |
| **Iomlán** | **101** | **87** | **14** | **12** | **8** | **222** |


[a] Eile 8: Liúntas Cúramóra 1, Pinsean Ranníocach Baintrí 1 agus mí-úsáid uimhir PSP 6.
[b] Gearradh fíneálacha de luach €88,750 sna cúirteanna. Gearradh fíneálacha freisin orthu siúd ar gearradh pianbhreitheanna príosúin ar fionraí orthu. (€72,321 in 2006 in 99 cás).

Tugadh ionchúisimh chun críche i 16 chás a bhain le fostóirí (7 fostóir in 2006) agus gearradh fíneálacha ar dheichniúr, [39] scriosadh amach 4 cinn agus tairbhe an Achta Promhaidh curtha i bhfeidhm i dhá chás .

Tugtar achoimre i bhFigiúr 2 ar líon na n-ionchúiseamh ar phléigh na cúirteanna leo ón mbliain 2003 i leith.

[39] Gearradh fíneálacha de luach €8,160 sna cúirteanna (€3,500 sa bhliain 2006 i 6 chás).

**Figiúr 2**




Cuireadh 61 cás sibhialta a bhain le scéimeanna agus fostóirí ar aghaidh chuig OPAS idir na blianta 2003 agus 2007 chun imeachtaí sibhialta a thionscnamh fúthu. Tugadh 66 cás chun críche sa tréimhse sin (lena n-áirítear cásanna roimh 2003). Leagtar amach an miondealú in aghaidh na bliana i Tábla 42.

**Tábla 42 Cásanna sibhialta curtha chuig OPAS**

| | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Curtha chuig OPAS sa bhliain | 21 | 17 | 13 | 8 | 2 | 61 |
| Tugtha chun críche sa bhliain | 14 | 12 | 21 | 13 | 6 | 66 |

Den 66 cás a tugadh chun críche, thángthas ar shocraíocht i 24 cás gan dul chun cúirte (lenar bhain aisghabháil €122,002), tugadh 6 cinn chun críche sa chúirt (ceithre fhorordú arna ndámhachtain agus dhá ordú maidir le híocaíochtaí i dtráthchodanna), ní dheachthas i mbun 18 gcás de bharr cúinsí an fhéichiúnaí, urchoscadh 9 gcás de réir reachta agus rinneadh socruithe i 24 cás na fiachais a aisíoc i dtráthchodanna. Tá 81 cás ann a gcaithfear a thabhairt chun críche go fóill.

# 12.3 Fóirdheontas chuig an mBord Pinsean

Tugadh isteach Cuntais Choigiltis Phearsanta Scoir (PRSAanna) de thoradh Acht na bPinsean (Leasú), 2002. Is éard atá i PRSA ná infheistiú le haghaidh soláthar fadtéarmach scoir agus is conradh é idir an duine aonar agus an soláthraí údaraithe. Déanann an Bord Pinsean (An Bord) maoirsiú ar ghníomhaíochtaí na soláthraithe agus déanann monatóireacht le cinntiú go ngéilltear don reachtaíocht. Tá an Bord féinmhaoinitheach don chuid is mó agus déanann sé é sin trí tháillí a ghearrtar ar na scéimeanna pinsean gairme agus ar sholáthraithe PRSA. Is ar bhunús líon na dtáirgí cláraithe leis an mBord agus na sócmhainní atá á mbainistiú a shocraítear na táillí a ghearrtar ar sholáthraithe PRSA.

Bíonn foráil sna meastacháin le haghaidh na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ó 2001 i leith chun fóirdheontas in-aisghabhála a íoc leis an mBord chun rialáil na PRSAanna a mhaoiniú. Rinneadh an socrú sin chun íoc as na costais forbartha agus na costais leanúnacha rialúcháin. D'íoc an Roinn €8.1m leis an mBord ó 2001 i leith agus íocadh €1.1m den mhéid sin in 2007.

## Glacadh le PRSAanna

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na PRSAanna ó tugadh isteach iad. Níor baineadh amach na leibhéil sin, áfach, a bhíothas ag siúl leo nuair a cuireadh tús leis an scéim. Léirítear an chaoi ar glacadh leo le linn na tréimhse ó 2003 go 2007 i Tábla 43.

**Tábla 43 PRSAanna ó 2003 go 2007**

| Bliain | Líon na bPRSAanna ag Deireadh na Bliana |
|---|---:|
| 2003 | 19,022 |
| 2004 | 46,257 |
| 2005 | 68,257 |
| 2006 | 95,045 |
| 2007 | 130,709 |

Ba é €1.7m. an méid iomlán a thoibhigh an Bord maidir le maoirsiú PRSAanna go deireadh na bliana 2007.

## Faisnéis faoi Chuntais Bhliantúla an Bhoird Phinsean

Tá cúlchistí measartha mór cnuasaithe ag an mBord sa tréimhse ó 2001 go 2007. Tá sonraí faoina bharrachas bliantúil, a iarmhéid sa bhanc agus a ioncam cúlchiste le fáil Tábla 44.

**Tábla 44 Faisnéis Airgeadais an Bhoird Phinsean ó 2001 go 2007**

| Bliain | Barrachas<br>€ | Iarmhéid sa Bhanc ag Deireadh na Bliana<br>€ | Ioncam Cúlchiste<br>€ |
|---|---|---|---|
| 2001 | (236,311) | (254,586) | 719,911 |
| 2002 | 418,289 | 534,893 | 1,078,662 |
| 2003 | 1,470,775 | 1,674,551 | 2,499,437 |
| 2004 | 1,405,684 | 3,297,861 | 3,905,121 |
| 2005 | 861,410 | 4,296,500 | 4,766,531 |
| 2006 | 965,004 | 5,204,969 | 5,731,535 |
| 2007 | 745,298 | 5,856,314 | 6,476,833 |

## Díscríobh na Méideanna a Íocadh

D'iarr an Roinn cead in 2007 ar an Roinn Airgeadais an tsuim iomlán, €8.1m, den fhóirdheontas in-aisghabhála a íocadh, a dhíscríobh. Cheadaigh an Roinn Airgeadais an díscríobh in Eanáir 2008 agus tá trácht air sa Chuntas Leithghabhála.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Nuair a chuir mé an cúlchiste atá cnuasaithe san áireamh chuir mé ceist faoin gcinneadh an fóirdheontas in-aisghabhála a dhíscríobh. D'iarr mé dearbhú go raibh monatóireacht leordhóthanach déanta ag an Roinn ar chóras táillí an Bhoird le cinntiú nach ngearrfaí tobhaigh iomarcacha.

## Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Ba é a dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta faoin bhfóirdheontas PRSA ná nuair a chuirtear san áireamh an chaoi a mhaoinítear an Bord bhí sé oiriúnach fóirdheontas sealadach de chineál éigin a chur ar fáil le haghaidh costas forbartha agus rialacháin a bhain le maoirsiú na bPRSAanna go dtí go gcruthófaí bunsraith leordhóthanach táillí. Níor tháinig a leithéid d'fháis ar líon na ndaoine a bhí ag infheistiú i bPRSAanna ar ráta a ghinfeadh dóthain ionaim ó tháillí chun íoc as costas an chineál sin gníomhaíochta laistigh d'achar réasúnta. Ba é a ceapadh nuair a cuireadh an fóirdheontas ar fáil ar dtús ná gurb ó bharrachas na dtáillí (dá mbeadh a leithéid ann) a íocfadh soláthraithe na PRSAanna leis an mBord a d'fhéadfaí aisíocaíocht a dhéanamh. Is é €1.7m an t-ioncam iomlán ó tháillí PRSAanna agus tá sé sin i bhfad ró-íseal chun costais leanúnacha na bPRSAanna a chlúdach. Bá €9.9m iad sin sa tréimhse ó 2001 go 2007. Ó bhí cúrsaí amhlaidh measadh nach mbeadh sé feiliúnach a iarraidh ar an mBord aisíoc a thabhairt ar an bhfóirdheontas a tugadh dóibh.

Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn ar mhaoiniú foriomlán an Bhoird. Ba é tosaíocht na Roinne ná a chinntiú go mbeadh sé ar chumas an Bhoird é féin a mhaoiniú a luaithe agus is féidir agus ar an ábhar sin shocraigh sí i gcomhar leis an Roinn Airgeadais deireadh a chur le híoc an fhóirdheontais.

Maidir leis an gcaoi ar éirigh leis an mBord a leithéid d'iarmhír mhóir airgid a charnadh agus maidir leis an gceist an raibh sé feiliúnach go gcoimeádfadh an Bord é, thug sí le fios dom go bhfuil sé d'aidhm ag an mBord agus é ag leagan amach a chóras táillí ardleibhéal cinnteachta a thabhairt do scéimeanna pinsean faoina ndliteanais sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Ar an ábhar sin leag an Bord síos táille a chruthaigh barrachas carnach ar dtús agus easnamh ina dhiaidh sin go dtí gur laghdaigh an cúlchiste an oiread sin go meastar anois gur gá an táille a mhéadú arís. D'fhéadfaí a bheith ag súil de ghnáth go leanfadh an timthriall ar aghaidh ar feadh tréimhse cúig bliana. Ba in 2002 a rinneadh an t-athbhreithniú

deireanach ar na táillí a ghearrtar ar scéimeanna pinsean gairme, agus d'fhéadfaí a bheith ag súil gur gá athbhreithniú eile a dhéanamh orthu arís sa ghnáthchúrsa in 2007. Tá iarmhéid fabhrach airgid thirim ann i gcónaí de bharr na scéimeanna nua atá á gclárú leis an mBord agus toisc go bhfuil ballraíocht foriomlán na scéimeanna ag fás de bharr breis fostaíochta a bheith ar fáil sa tír, agus de bharr feachtas réamhghníomhach chun clár scéimeanna an Bhoird a ghlanadh. Fuarthas lear mór riaráistí dá bharr sin.

Dúirt sí lena chois sin go ndéanann Fochoistí Airgeadais agus Iniúchta an Bhoird athbhreithnithe rialta ar mhaoiniú an Bhoird. Tá an córas táillí á scrúdú faoi láthair agus, dar ndóigh, déanfar athbhreithniú ar na hiarmhéideanna airgid a cuireadh ar fáil le blianta beaga anuas mar chuid den scrúdú sin. Déanann an Bord dlúthmhonatóireacht ar na riachtanais atá aige ar bhonn leanúnach mar chuid dá phróiseas buiséadaithe. Gné thábhacht in aon scrúdú dá leithéid is ea an iarmhéid reatha airgid agus táthar á thuar go laghdófar é de réir a chéile sa ghearrthéarma. Thug sí le fios dom freisin go bhfuil ionadaithe ag an Roinn ar an mBord féin agus ar na Coistí Airgeadais agus Iniúchta. Bhí sí cinnte go mbíonn an Roinn ar an eolas de thoradh na hionadaíochta sin faoi na hábhair imní a thagann chun cinn ó am go céile. Rinneadh plé ar cheist na n-iarmhéideanna airgid agus bhí dearcadh na Roinne maidir le táillí agus maoiniú tionscadal móra beartais bunaithe ar na comhráití sin. Níor chuir an Bord a mholtaí maidir le socruithe maoinithe amach anseo faoi bhráid na Roinne fós. Caithfear roinnt tosca a chur san áireamh in aon mholtaí a dhéanfar, ina measc

- cailliúint an fhóirdheontais PRSA
- an toradh atá ar iarratais chun na Roinne chun breis foirne a fháil agus é sin de thoradh athbhreithnithe ar a chur chuige rialála agus de bharr na ngníomhaíochtaí atá á ndéanamh
- na hiarmhíreanna airgid atá ag an mBord.

## Torthaí

Ós rud é gur ghlacadh le níos lú PRSAanna ná mar a measadh bhí ar an Roinn €8.1m a thabhairt don Bhord Pinsean sna cúig bliana seo a chuaigh thart mar fhóirdheontais le haghaidh a chuid oibre faireacháin. Bhí cúlchistí measartha mór ag an mBord ag an am. Ní foláir athbhreithniú níos rialta a dhéanamh ar chóras táillí an Bhoird chun an ráta barrmhaithe a éileamh ó gach cuid den tionscal pinsean agus riachtanais acmhainní faireachais a chur san áireamh.

# Caibidil 13

# An Roinn Sláinte agus Leanaí

# 13.1 Irish Blindcraft

Bhunaigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh an Bord le haghaidh Fhostú na nDall (ag trádáil mar Irish Blindcraft) in 1957 mar chumann deonach de dhaoine aonair ag feidhmiú iontaobhas príobháideach chun leasa na ndall faoi chumhachtaí a bronnadh faoi Acht na nDall, 1920. D'oibrigh sé faoi scáth na Roinne Sláinte agus Leanaí ó mhí Aibreáin 1972 i leith, ag fáil deontas bliantúla i dtreo an easnaimh ina chuid oibríochtaí. Faoin mbliain 2001 bhí easnaimh bhliantúla thart ar €1m aige.

I mí Iúil 2003 rinne Tuarascáil an Réamheolaire[40] moladh go rachadh Irish Blindcraft ar scor. Go luath in 2004, cheap an tAire Sláinte agus Leanaí Bord don tréimhse suas le 31 Nollaig 2007 leis an sainchúram de Irish Blindcraft a chur ar scor agus socruithe malartacha a lorg don fhoireann. Cheap an tAire Bord nua ar 1 Eanáir 2008 don tréimhse suas le 30 Meitheamh 2009. Bhí Iontaobhaithe Irish Blindcraft ceaptha ag an Aire i mí an Mheithimh 2007 do théarma oifige suas chomh fada le 30 Meitheamh.

Tá maoin ag Irish Blindcraft sa Droichead Órga, thart ar 3.2 chiliméadar ó lár na cathrach i mBaile Átha Cliath. I mí na Nollag 2007 rinneadh meastachán go raibh luach díolacháin idir €5.0m agus €5.5m aici.

D'íoc an Roinn €3.75m le Irish Blindcraft ó Fhotheideal F.1 in 2007 le go bhféadfaí íocaíochtaí iomarcaíochta a dhéanamh lena iarfhostaithe. Rinne Irish Blindcraft an Roinn a aisíoc ón bhfáltas ó iasacht tráchtála a bhí ráthaithe ag an Aire.

Ba é €4.68m ollchostas na scéime iomarcaíochta a chuimsigh €4.54m do 31 ball foirne[41] a roghnaigh gan dul i mbun athchóiriú fostaíochta laistigh den earnáil sláinte agus €0.14 do chúigear baill foirne a roghnaigh dul i mbun athchóiriú fostaíochta.

## Iasacht Bhainc

Bhí an iasacht ann do shuim suas le €5.2m agus rinneadh í a idirbheartú le baincéirí reatha de chuid Irish Blindcraft. Níor iarradh agus ní bhfuarthas meastacháin ó bhainc eile. Tharraing Irish Blindcraft €3.75m síos i mí na Nollag 2007 chun an maoiniú sealadach a chuir an Roinn ar fáil a aisíoc. Rinneadh €0.52m breise a tharraingt síos i mí na Nollag 2007 chun dliteanais chánach a bhí gan íoc a chomhlíonadh.

Tá leachtú na hiasachta ag brath ar réadú a dhéanamh ar luach na maoine. Dá réir sin, níl aisíocaíochtaí déanta go nuige seo. Ba é 5.84% an ráta úis ar an iasacht bhunaidh. Suas le mí an Mheithimh 2008 bhí ús de €89,600 fabhraithe ar an iasacht. Ba é €4.364m an tsuim iomlán a bhí dlite don bhanc ag an dáta sin.

Thug an tAire Sláinte agus Leanaí geallúint don bhanc, a bhfuil na gníomhais teidil don mhaoin sa Droichead Órga ina sheilbh aige, go n-íocfadh an Roinn easnamh ar bith a bheadh ann idir na fáltais ón áitreabh a dhíol agus an iasacht móide an t-ús fabhraithe.

Fuair baill den Bhord slánaíocht ón Aire freisin i gcoinne caillteanais phearsanta ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcás imeachtaí sibhialta ar bith a dtógfaí i gcoinne an Bhoird maidir le díolachán na maoine, an pacáiste scoir nó an iasacht a chomhlíonadh.

## Inniúlacht Dhlíthiúil an Bhoird agus na nIontaobhaithe Gaolmhara

Tá amhras ann maidir le cé acu an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh nó an tAire Sláinte agus Leanaí a bhfuil an inniúlacht dhlíthiúil aige baill den Bhord a cheapadh. Ardaíodh iad seo i gcomhfhreagras dlíthiúil chomh fada siar le 1998. Is é an bhuairt a bhí ann ná gur chóir don Bhord a bheith ceaptha ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus dá réir sin go bhféadfadh siad a bheith

---

[40] *Iniúchadh ar Struchtúir agus Fheidhmeanna sa Chóras Sláinte* An Roinn Sláinte agus Leanaí/Watson Wyatt 2003.
[41] Tá beirt bhall foirne atá ar shlí na fírinne san áireamh anseo.

ag gníomhú *ultra vires* agus go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí ar bith a bhí déanta aige. Ní dhearnadh soiléiriú ar bith ar na ceisteanna idir an dá linn. Thug comhairle dlí le fios freisin, cé go raibh sócmhainní Irish Blindcraft faoi úinéireacht an Bhoird agus go mbeadh na fáltais a bheadh ann de bharr sócmhainní ar bith a dhíol ag dul don Bhord, is iad na hiontaobhaithe a raibh an cumhacht acu na sócmhainní a dhiúscairt le toiliú ón mBord.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Bhí imní orm i bhfianaise an mhéid roimhe seo maidir le cibé an bhféadfaí socruithe chun foirceannadh a dhéanamh ar an mBord a chur i gcrích go tapaigh agus an íosmhéid úis a bhailiú ag ráta a bhí os cionn ráta costais iasachta an Stáit.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gurb é príomhúdar imní na Roinne ón tús ná Irish Blindcraft, a bhí ag cailliúint airgid, a fhoirceannadh agus, san am céanna ag déanamh cinnte de go ndearnadh soláthar dóthanach don fhoireann. Bhí sé mar aidhm ag díolachán na maoine costas na hiasachta bainc a íoc, ar baineadh úsáid as chun an pacáiste iomarcaíochta a mhaoiniú. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta freisin go ndearna an Roinn idirghabháil shuntasach cuid mhaith os cionn €1m in aghaidh na bliana a choigilt.

Ó thaobh na neamhchinnteachta dlíthiúil de dúirt sé liom gur tógadh cinneadh ag an am gan dul ar aghaidh le próiseas reachtach mar gheall go raibh an chuideachta le foirceannadh. Dúirt sé liom go bhfuil an Bord agus Iontaobhaithe Irish Blindcraft le ceapadh ag an Aire Sláinte agus Leanaí faoi réir ag a Bhunreacht agus a Rialacháin, ar glacadh leo don uair dheireanach i mí Aibreáin 1989 de réir a thuisceana féin. Thug sé le fios gur dhíol an Bord agus na hIontaobhaithe áitreabh Irish Blindcraft i Ráth Maonais agus gur cheannaigh siad a áitreabh reatha sa Droichead Órga i 1990. Dúirt sé liom freisin go ndéanfaidh an Bord agus na hIontaobhaithe stráice talún a aistriú ag an suíomh sa Droichead Órga, atá faoi réir ag ordú ceannaigh éigeantaigh a rinne an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnród chun forbairt a dhéanamh ar an líne Luas. Sna cúinsí atá ann, bhí sé mar chonclúid ag an Oifigeach Cuntasaíochta go bhfuil an cuma ar an scéal go bhfuil an inniúlacht dhlíthiúil ag an mBord agus ag na hIontaobhaithe gnóthaí na heagraíochta a fhoirceannadh agus déileáil lena gcuid idirbhearta maoine.

## Torthaí an Iniúchta

Tá aisíoc na hiasachta tráchtála agus foirceannadh gnóthaí Irish Blindcraft ag brath ar dhíolachán a áitribh a chur i gcrích go rathúil. Idir an dá linn, rinneadh an maoiniú idirlinne a bhí ar fáil ón Vóta a aisíoc in 2008 ón bhfáltas ó iasachtaí a bhí ráthaithe ag an Aire. Tá ús atá os coinn costas iasachta an Státchiste ag baint leis na hiasachtaí seo. Ar deireadh, cé go bhfuil baol áirithe ann go bhféadfadh ceisteanna inniúlachta teacht chun cinn ó thaobh an Bhoird nó na nIontaobhaithe de, agus moill a chur le gnóthaí an bhoird a chur i gcrích – sa chás sin is féidir bainistiú a dhéanamh ar an mbaol inniúlachta sa mhéid is gur féidir déileáil leis an gceist trí reachtaíocht.

# Caibidil 14

# Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

# 14.1 Bainistíocht Athruithe i FSS

Rinne FSS, a bunaíodh in 2005, iarracht seirbhís sláinte chomhtháite a chruthú trí bhainistiú agus soláthar na seirbhísí sláinte a chur le chéile, a bhí curtha ar fáil ag Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir, deich mbord sláinte réigiúnach agus roinnt eagraíochtaí eile roimhe seo[42], laistigh d'aon údarás amháin.

Bhí dul chun cinn ó thaobh comhtháthaithe de mall ar dtús. Níor cheapadh Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin go dtí mí Lúnasa 2005 agus thóg sé roinnt ama struchtúr agus foireann bainistíochta shocraithe a fhorbairt. Coinníodh iar-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Sláinte go dtí lár na bliana 2005 agus lean siad ar aghaidh ag déanamh bainistíochta ar sheirbhísí laistigh de na seancheantair. Cé gur riachtanas praiticiúil a bhí i gceist leis seo, ní raibh aon mhaitheas ann ó thaobh comhtháthú seirbhísí a chur chun cinn.

Tar éis POF nua a cheapadh, chuaigh an Bord i mbun struchtúr eagraíochtúil nua agus córas soláthair gaolmhar a bhunú. Cruthaíodh trí stiúrthóireacht chun seirbhísí a sholáthar

- Oifig Náisiúnta na nOspidéal (ONO) a dhéanann bainistíocht ar sheirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine i 50 ospidéal ar fud na tíre.
- An Stiúrthóireacht um Chúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach (CPPL) a dhéanann bainistíocht ar sheirbhísí príomhúla agus pobail.
- An Stiúrthóireacht um Shláinte an Daonra atá freagrach as sláinte an daonra a chur chun cinn agus a chosaint.

Chomh maith leis sin, rinneadh seirbhísí tacaíochta cosúil le seirbhísí airgeadais, acmhainní daonna agus TFC a eagrú ar bhonn náisiúnta.

In ainneoin na línte tuairiscithe náisiúnta nua a bhunaigh FSS, níor tháinig athrú suntasach ar mórán de na struchtúir maidir le riarachán agus seirbhísí a chur ar fáil ag leibhéal áitiúil. Dá bharr sin, mar shampla, lean cuntasaíocht bhuiséideach agus airgeadais ar aghaidh ag feidhmiú trí chórais na mbord sláinte a bhí ann roimhe sin, os rud é nach raibh córas cuntasaíochta náisiúnta amháin i bhfeidhm.

Sheol FSS Clár Athraithe (2007-2010) i mí na Nollag 2006, agus cúig thosaíocht ann

- seirbhísí comhtháite a fhorbairt thar na céimeanna ar fad in aistear cúraim othair
- seirbhísí CPPL a chur in oiriúint le go gcuirfidh siad na torthaí is fearr ar fáil atá éifeachtach ó thaobh costais de
- seirbhísí ospidéil a chur in oiriúint le go gcuirfidh siad na torthaí is fearr ar fáil atá éifeachtach ó thaobh costais de
- samhail chun tinneas ainsealach a chosc agus a bhainistiú a chur i bhfeidhm
- tomhas agus bainistíocht feidhmíochta bunaithe ar chaighdeáin a chur i bhfeidhm ar fud FSS

[42] Oifig na Bainistíochta Sláinte, Feidhmeannacht na mBord Sláinte, An tIonad Náisiúnta Faire Galair, an Bord (Íocaíochtaí) GMS, an Ghníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte, agus Comhairle na nOspidéal.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Thug mé faoi imscrúdú a dhéanamh ar dhul chun cinn faoin gclár agus ar na céimeanna atá á chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt don iarracht athruithe a dhéanamh.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta tuarascáil ar fáil dom maidir leis an dul chun cinn a bhí bainte amach suas go lár na bliana 2008.

## Comhtháthú Seirbhísí

Tá go leor seirbhísí sláinte ilroinnte, i mí-ord agus bíonn sé deacair ar othair agus úsáideoirí seirbhíse rochtain a fháil orthu agus a mbealach a dhéanamh tríothu. Dá bharr sin, tá comhtháthú seirbhísí ag teastáil chun seirbhísí eagraithe a chur ar fáil atá ceangailte go leanúnach, sa chaoi gur féidir le daoine a dteastaíonn rochtain ar níos mó ná seirbhís amháin uathu bogadh go héasca tríd an gcóras cúraim ar fad. Faoi láthair, tá roinnt oibre déanta maidir le haistear cúraim comhtháite a fhorbairt d'othair atá ag baint feidhme as seirbhísí sláinte agus cúraim sóisialta. Chuimsigh an obair seo

- anailís ar aistear cúraim casta amháin - an t-aistear riospráide
- athbhreithniú ar úsáid na gcleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr
- imscrúdú ar raon tuarascálacha a coimisiúnaíodh faoin seirbhís sláinte le blianta beaga anuas, lena n-áirítear an *Acute Hospital Bed Capacity Review*[43], *Primary Care Strategy*[44] agus cumraíocht na seirbhísí san Oirthuaisceart[45].

Bhí dréachtshamhail soláthair seirbhíse bunaithe ar an bpróiseas seo a cuireadh faoi bhráid Foireann Bainistíochta FSS i mí na Nollag 2007 agus a rinne cur síos, ag leibhéal ard, ar na hathruithe sna socruithe, struchtúir agus gníomhaíochtaí a bheadh ag teastáil chun seirbhísí níos comhtháite a chur ar fáil.

Baineadh úsáid as an tsamhail mar bhunús le dul i mbun comhairliúcháin le cliniceoirí agus le bainisteoirí laistigh den chóras chun an bealach is fearr chun an cur chuige don chomhtháthú atá faoi chaibidil a dhéanamh a chur chun cinn. Tar éis faomhadh a fháil ó Bhord FSS agus ón Roinn Sláinte agus Leanaí, bunaíodh Clár Athraithe um Sheirbhís Comhtháite a Sholáthar i mí an Mheithimh 2008. Is í aidhm an chláir athraithe seo ná cur chuige náisiúnta aonair a chur i bhfeidhm maidir le cúram, le neartú ar an bhfreagracht áitiúil as soláthar seirbhísí.

I measc roinnt de na hathruithe eagraíochtúla ar leith atá faoi chaibidil sa chlár tá

- comhtháthú ar na gnéithe soláthair seirbhíse de chuid na stiúrthóireachtaí difriúla i bhfeidhmeannacht seirbhíse amháin a mbeadh freagracht oibriúcháin aice as na seirbhísí ar fad sna hospidéil agus bunaithe sa phobal
- comhtháthú ar fheidhmeanna pleanála reatha na heagraíochta
- ceannasaíocht chliniciúil ar sheirbhísí.

Ag leibhéal an cheantair, déanfar na struchtúir chliniciúla agus tacaíochta a leasú chun na hathruithe seo a léiriú. Déanfar Stiúrthóirí Ceantair a cheapadh mar chuid den phróiseas seo a mbeidh freagracht agus údarás oibríochtúil acu as na seirbhísí ospidéil agus cúraim phobail ar fad a sholáthar, chomh maith le seirbhísí pearsanta agus sóisialta ina gcuid ceantair ar leith.

---

[43] *Acute Hospital Bed Capacity Review* (FSS) PA Consulting 2007
[44] *Primary Care Strategy* (An Roinn Sláinte agus Leanaí) 2001
[45] *An action plan for services in the North East* (FSS) Teamwork Management Services 2006

Táthar ag dul i ngleic le trí chuspóir comhtháite eile freisin

- Pleanáil chomhtháite maidir le daoine a scaoileadh - próiseas 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain chun daoine a scaoileadh go tráthúil agus go sábháilte ó limistéar seirbhíse amháin (ospidéil ghéarmhíochaine don chuid is mó) go ceann eile a dhéanfaidh cinnte go gcuirtear cúram ar othair sa suíomh is oiriúnaí.
- Creat um rialú faisnéise a bhunú a chuirfidh ligfidh d'fhaisnéis oiriúnach faoin othar a bheith roinnte idir na codanna éagsúla den tseirbhís.
- Innéacs cliaint náisiúnta a thriail a ligfidh do sholáthraithe seirbhíse an fhaisnéis atá ar fáil a nascadh leis an othar/gcliant.

Tá sé i gceist an Clár Athraithe um Sheirbhís Chomhtháite a Sholáthar a chur i bhfeidhm sna 18 mí atá romhainn. Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh leasanna inláimhsithe le feiceáil ón gcomhtháthú seirbhísí idir an dá linn le roinnt Foirne Cúraim Príomhúil agus tacaíochtaí bunaithe sa phobal do dhaoine a scaoiltear ón ospidéal i mbun feidhme.

## Cumraíocht na Seirbhísí Cúraim Phríomhúil, Phobail agus Leanúnaigh

Baintear úsáid mhíchuí agus bítear ag brath an iomarca ar sheirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine, rud atá míchaoithiúil d'othair agus do chliaint agus a chuireann ualach oibre ró mhór ar na hospidéil. Leag an Straitéis Sláinte 2001[46] amach treo nua le haghaidh cúram príomhúil mar fhócas lárnach maidir le seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a chur ar fáil in Éirinn. Bhí cur chuige bunaithe ar fhoirne maidir le soláthar seirbhíse faoi chaibidil ann, dírithe ar raon suntasach de sheirbhísí cliaint a chur ar fáil chomh gairid agus is féidir le baile daoine, agus ardchaighdeáin cáilíochta agus sábháilteachta a choinneáil.

Is í an aidhm atá ann ná dul i ngleic le soláthar áitiúil le Foirne Cúraim Phríomhúil (FCP) agus seirbhísí diagnóiseacha áitiúla. Beidh gach foireann ag freastal ar dhaonra de thart ar 8,000 duine. Go hiondúil beidh foireann déanta suas de Dhochtúirí Ginearálta (DG), Altraí Cleachtaidh, Altraí Sláinte Poiblí, Theiripeoirí Saothair, Fhisiteiripeoirí agus chúntóirí baile. Ag brath ar an riachtanas áitiúil, is féidir le disciplíní eile cosúil le Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Síceolaithe, Oibrithe Sóisialta, Oifigigh Leasa Pobail agus Diatéitigh a bheith san áireamh freisin.

Bunófar líonra níos leithe de ghairmithe sláinte agus sóisialta a bheidh ag obair leis na FCP seo. Éascóidh na foirne agus líonraí nua cur chuige struchtúrtha maidir le galair ainsealacha a bhainistiú, obair ildisciplíneach agus comhtháthú idir cúram sláinte príomhúil agus tánaisteach agus seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine.

[46] An Straitéis Sláinte Náisiúnta - Ardchaighdeán agus Cothroime (An Roinn Sláinte agus Leanaí) 2001

## Cúram Sláinte Príomhúil agus Tánaisteach

Is éard is cúram príomhúil ann ná an cúram leighis a fhaigheann othar nuair a dhéantar teagmháil leis an gcóras cúraim sláinte don chéad uair, sula ndéantar iad a atreorú go háit eile sa chóras. Is cur chuige maidir le cúram é freisin a chuimsíonn raon de sheirbhísí atá deartha chun daoine a choinneáil folláin, idir sláinte agus scagadh le haghaidh galair a chur chun cinn agus measúnú, diagnóis, cóir leighis agus athshlánú chomh maith le seirbhísí sóisialta pearsanta.

Is éard is cúram tánaisteach ná seirbhísí a chuireann speisialtóirí leighis ar fáil agus go ginearálta ní bhíonn an chéad theagmháil acu le hothair. Bíonn go leor de na speisialtóirí seo bunaithe in ospidéil, ach ní iad ar fad. Is ceann de chuspóirí na samhla FCP ná naisc dhíreacha a thabhairt don DG sa suíomh cúraim phríomhúil le seirbhísí sainliachta nach bhfuil rochtain orthu faoi láthair go dtí go dtéann an t-othar isteach i gcóras na n-ospidéal géarmhíochaine.

Ó thaobh an dul chun cinn go dtí seo de shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur tionscnaíodh treoirthionscadal a raibh baint ag 10 FCP leis in 2003. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2007, bhí forbairt á dhéanamh ar 40 FCP, lena n-áirítear an deich gcinn tosaigh. Is é an sprioc a leagadh síos don bhliain 2008 ná 97 FCP a bheith i mbun feidhme agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le 100 FCP eile a fhorbairt. Is í an aidhm dheiridh atá ann ná 530 FCP a bheith ann san iomlán chomh maith le 134 Líonra Sláinte agus Cúraim Shóisialta.

## Soláthar Foirne

Caithfear athchumraíocht shuntasach a dhéanamh ar bhaill foirne laistigh de sheirbhísí cúraim phríomhúil, phobail agus leanúnaigh reatha chun FCP agus Líonraí Sláinte agus Cúraim Shóisialta a fhorbairt agus a rolladh amach. Go dtí seo, rinneadh thart ar 630 gairmí sláinte a shannadh chuig FCP. Bhí beagnach gach duine den fhoireann seo ag obair sa phobal cheana féin, ag cur seirbhísí cúraim phríomhúil ar fáil ach gan é seo a dhéanamh ar bhonn foirmiúil foirne. Chomh maith leis sin, tá os cionn 240 DG ag glacadh páirt i gcruinnithe cliniciúla sna FCP atá á bhforbairt, chomh maith le roinnt Altraí Cleachtaidh agus acmhainní cleachtaidh DG eile.

I gcás na seirbhísí sainliachta a cuireadh ar fáil ar bhonn grúpa cúraim go traidisiúnta[47], tá pleananna athraithe á bhforbairt faoi láthair chun cabhrú maidir le hathchumraíocht a dhéanamh ar shainfhoireann cúraim ghrúpa chuig FCP agus Líonraí. Tá tús curtha maidir leis na prionsabail atá ag teastáil chun athchumraíocht a dhéanamh ar an bhfoireann leis an nGrúpa Cúraim Náisiúnta um Sheirbhísí Meabhair-Shláinte.

## Suíomh na bhFoirne

Le go mbeidh siad éifeachtach caithfidh FCP a bheith lonnaithe lena chéile in ionaid cúraim phríomhúil atá in ann freastal ar fhoireann ildisciplíneach, DG agus sholáthraithe seirbhíse atá ar conradh.

Maidir le hiad a sholáthar dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go mbeidh cuid de na hionaid seo in áitribh atá faoi úinéireacht nó ar léas ag FSS agus go bhfuil dul chun cinn mór déanta ag roinnt acu ó thaobh forbartha de. Tá sé beartaithe forbairt a dhéanamh ar áiseanna eile go príobháideach. Chuige seo, rinne FSS aighneachtaí a lorg ó dhaoine aonair agus ó chuideachtaí atá ag forbairt áiseanna sláinte nó a bhfuil sé beartaithe acu é sin a dhéanamh go déanach sa bhliain 2007 in 131 suíomh agus í mar aidhm éascú a dhéanamh maidir le cúram sláinte príomhúil a chur ar fáil i gcomhar le DG áitiúla. Rinne sí gearrliosta de na hiarratais a fuarthas, ag leagadh béime ar DG a bheith lonnaithe sna hionaid cúraim phríomhúil. Tá FSS ag déanamh dul chun cinn ar an 20 suíomh leis na tosaíochtaí is airde agus, faoi

[47] Meabhair-Shláinte, Daoine Scothaosta, Míchumas, Seirbhísí do Leanaí, Cúram Maolaitheach agus Cuimsiú Sóisialta.

láthair, tá cead tugtha ag Bord FSS chun ceithre ionad cúraim phríomhúil a fháil ar léas. Táthar ag súil leis go gcuirfear comhaontú chun 40 ionad a fháil ar léas san iomlán i gcrích faoi dheireadh na bliana.

Chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh ar an gcuid eile de na haighneachtaí, tá sé beartaithe ag FSS fógraíocht a dhéanamh ar aighneachtaí breise ó dhaoine aonair nó ó chuideachtaí chun ionaid sláinte a fhorbairt in áiteanna eile.

## Cumraíocht na Seirbhísí Ospidéil

Tháinig athrú ar chumraíocht reatha na n-ospidéal géarmhíochaine i rith tréimhse na mbord sláinte roimhe seo. Nuair a bunaíodh FSS bhí deis ann féachaint go straitéiseach ar chumraíocht agus ar fhorbairt ospidéil na tíre. Is í an aidhm atá ann ná raon iomlán seirbhísí a sholáthar atá oiriúnach do shamhail chomhtháite chúraim agus atá bunaithe ar fhianaise, eagraithe go héifeachtach agus dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de. Táthar ag iarraidh spreagadh agus tacaíocht a thabhairt don aistriú chuig ardsholáthar cúraim phríomhúil agus chuig tinneas ainsealach a chosc agus cúram a thabhairt do dhaoine atá thíos leis.

Tá sé mar aidhm ag an athchumraíocht seo seirbhísí cuimsitheacha leighis agus máinliachta[48]24/7 agus gníomhaíocht agus diagnóisic do chásanna pleanáilte lae a sholáthar laistigh de gach líonra ospidéil.

- Cuirfear cóir leighis ar formhór na n-othar, iad siúd nach dteastaíonn ach gnáthleibhéal de chúram práinneach nó pleanáilte sa bhaile nó in ionad chomh gearr don bhaile agus is féidir.
- Cuirfear cóir leighis ar mionlach na n-othar, a bhfuil cúram éigeandála nó cúram pleanáilte níos casta uathu, in ionaid sármhaitheasa réigiúnacha nó náisiúnta, áit a ndéanfar an saineolas cliniciúil ábhartha ar fad a chomhchruinniú le go mbeidh cúram d'ardchaighdeán faoi cheannas lia comhairleach ar fáil 24 uair in aghaidh an chloig.

De bharr cineál agus méid an athraithe atá faoi chaibidil bhí sé riachtanach tabhairt faoi roinnt athbhreithnithe neamhspleácha ag an gcéim faoin scóip de shaolré an tionscadail.

Threoraigh treo na seirbhísí ospidéil amach anseo obair na n-athbhreithnithe seo. Cuireadh *Acute Hospital Bed Capacity Review* (Athbhreithniú maidir le Líon na Leapacha sna hOspidéil Géarmhíochaine)[49] i gcrích agus tá na torthaí uaidh mar fhoinse don obair leanúnach chun seirbhísí ospidéil a fheabhsú. Tá roinnt athbhreithnithe eile ar sheirbhísí ospidéil curtha i gcrích (An Deisceart agus an Iarthar Láir) nó ar tí a bheith curtha i gcrích. Cuireadh tús le hAthbhreithniú Náisiúnta ar sheirbhísí Cúraim Chriticiúil do Dhaoine Fásta[50] in Éirinn i mí na Bealtaine agus beidh sé críochnaithe go luath i mí Mheán Fómhair 2008. Meastar gur ghné ríthábhachtach den Chlár Athraithe atá san athbhreithniú seo. Cuirfidh na hathbhreithnithe seo treoir ar fáil maidir le socruithe rialaithe laistigh d'ospidéil agus idir ospidéil san iomlán.

### Seirbhísí Ospidéil ar Leith

Tá tionscadail athraithe seirbhíse ar leith beartaithe i réimsí na seirbhísí máithreachais agus péidiatraice freisin.

I réimse na seirbhísí máithreachais i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath tugadh faoi athbhreithniú agus tá FSS ag déanamh breithniú ar an tuarascáil deiridh[51] faoi láthair chun socrú a dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr chun na moltaí atá ann a chur chun cinn.

[48] Don chuspóir seo, ciallaíonn líonra grúpa d'ospidéil i gceantar geografach atá in ann raon iomlán seirbhísí seachas seirbhísí sainliachta náisiúnta a sholáthar eatarthu ar fad.
[49] *Acute Hospital Bed Capacity Review* (HSE) PA Consulting 2007.
[50] *Athbhreithniú Neamhspleách ar Sheirbhísí Cúraim Chriticiúil* (FSS) Réamheolaire (ar bun).
[51] Obair idir lámha. *Independent Review of Maternity and gynaecological services in the Greater Dublin Area.* (HSE) KPMG 2008.

I réimse na péidiatraice, tá cinneadh tógtha chun Ospidéal Náisiúnta Péidiatraice a bhunú. Tá an Bord Forbartha don Ospidéal nua ag déanamh dul chun cinn faoi láthair chun foireann tionscadail, POF agus Stiúrthóir Cliniciúil a cheapadh.

Tugadh faoi roinnt athbhreithnithe péidiatraice breise freisin.

- Tá tuarascáil maidir le soláthar na seirbhísí néar-mháinliacht phéidiatraice[52] curtha i gcrích. Tá FSS ag déanamh breithniú air seo faoi láthair.
- Tugadh faoi athbhreithniú ar an riachtanas chun áiseanna agus seirbhísí cúraim chriticiúil péidiatraice a fhorbairt in ospidéil leanaí Bhaile Átha Cliath[53] idir seo agus an uair a chuirfear an tOspidéal Náisiúnta Péidiatraice i gcrích agus tá FSS ag déanamh breithniú air faoi láthair.
- Tá forbairt á dhéanamh ar shamhail chúraim nua don Ospidéal Náisiúnta Péidiatraice mar a shainmhínítear í trí úsáid a bhaint as na cleachtais idirnáisiúnta is fearr.

## Athchumraíocht ar Sheirbhísí Ospidéil san Oirthuaisceart

Roghnaíodh na seirbhísí ospidéil san Oirthuaisceart ar dtús chun athchumraíocht a dhéanamh orthu mar chuid de chur i bhfeidhm seirbhíse comhtháite. Bunaithe ar thuarascáil maidir le forbairt na seirbhísí sa cheantar,[54], rinneadh plean de na hathruithe mionsonraithe atá faoi chaibidil a dhréachtú in 2007. Cé go bhfuil sé i gceist ospidéal réigiúnach amháin a bhunú don Oirthuaisceart sa phlean níos fadtéarmaí, tá an Clár Athraithe (2007-2010) reatha ag díriú ar an obair atá ag teastáil chun géarchúram agus cúram casta a lárú ó chúig go dhá ospidéal géarmhíochaine laistigh de thréimhse an Chláir. Tá cleachtadh pleanála mionsonraithe don chéad chéim de chumraíocht a dhéanamh ar sheirbhísí san Oirthuaisceart curtha i gcrích agus rinneadh dréacht-thuarascáil eatramhach a tháirgeadh agus a dháileadh leis na príomhpháirtithe leasmhara i mí Aibreáin chun breithniú a dhéanamh air. Bhí an tuarascáil seo dírithe ar na hathruithe pleanáilte i ngrúpa ospidéal an Chabháin/Mhuineacháin.

### Géarchúram agus Cúram Casta

Is éard is géarchúram ann ná cóir leighis nó cóireáil máinliachta a mhaireann ar feadh achar cuibheasach gairid, in ospidéal go hiondúil, d'othair atá ag fulaingt de bharr tinnis nó gortaithe. Déanann cúram casta tagairt do shainchúram a chuirtear ar fáil d'othair a bhfuil níos mó ná tinneas cliniciúil amháin sa chéim dhéanach orthu a d'fhéadfadh go mbeidh tréimhsí de ghéarchúram uathu chomh maith le cúram leanúnach bainistithe, mar shampla othar le galar scamhóige toirmeascach ainsealach agus ailse.

Tá na hamlínte chun na hathruithe seo a chur ar fáil sealadach, ach táthar ag súil le hiad a chur i bhfeidhm i rith na tréimhse ó Iúil go Nollaig 2008. Caithfear bainistíocht a dhéanamh ar roinnt spleáchais ríthábhachtacha mar chuid den bhainistíocht tionscadail foriomlán, lena n-áirítear tacaíocht pobail oiriúnach a chur i bhfeidhm, an tseirbhís otharchairr a fheabhsú, forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar i nDroichead Átha agus ceisteanna acmhainní daonna/caidrimh thionsclaíoch a réiteach.

Cuirfidh Tuarascálacha Eatramhacha céimnithe sonraí pleanála breise ar fáil do na hathruithe seirbhíse ar fad atá fágtha. Bhí Tuarascáil Eatramhach pleanáilte breise le cur faoi bhráid Fhóram Comhpháirtíochta Réigiúnach an Oirthuaiscirt roimh dheireadh Lúnasa 2008. Mar iarracht chun rannpháirtíocht chliniciúil iomlán sa phróiseas a chinntiú, bunaíodh naoi Líonra Cliniciúil san Oirthuaisceart. Is iad na freagrachtaí

---

[52] *Athbhreithniú ar Sheirbhísí Néar-mháinliacht Phéidiatraice* (FSS) Howarth Consulting (neamhfhoilsithe).
[53] *Athbhreithniú ar an riachtanas láithreach chun áiseanna agus seirbhísí cúraim chriticiúil péidiatraice a fhorbairt in ospidéil leanaí Bhaile Átha Cliath* (FSS) DNV (neamhfhoilsithe).
[54] *An action plan for services in the North East* (FSS) Teamwork Management Services 2006.

atá orthu ná na hathruithe a léirítear thuas a mhúnlú agus a dheimhniú. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar Chomh-Ospidéil Ghéarmhíochaine Eatramhacha agus struchtúir rialaithe CPPL chun an clár athruithe san Oirthuaisceart a bhaint amach chun soláthar áitiúil ar na hathruithe seirbhíse pleanáilte a chur chun cinn.

## Sláinte an Daonra agus Tinneas Ainsealach a Chosc

Tá an chéad chéim de straitéis náisiúnta um shláinte an daonra curtha i gcrích ag FSS, a leagann amach cur chuige maidir le sláinte a chur chun cinn agus a chosaint. Tá obair ar bun chun na tosaíochtaí maidir le cur i bhfeidhm agus na gníomhartha atá le tógáil a shainmhíniú agus próiseas a chur ar bun don chur i bhfeidhm.

Is ceann de phríomhghnéithe na straitéise é tinneas ainsealach a bhainistiú agus a chosc. Táthar ag díriú air seo mar gheall go ndéanann tinneas ainsealach suas dhá thrian d'éigeandálaí leighis agus úsáideann 5% d'othair chónaitheacha a bhfuil tinneas ainsealach orthu 40% de na laethanta leapa ar fad. Agus an daonra ag dul in aois, tá tinneas ainsealach mar ghné a bhfuil tábhacht níos mó agus níos mó aici nuair atá seirbhísí sláinte á phleanáil. Rinne FSS forbairt ar chreat um thinneas ainsealach a leagann cur chuige foriomlán amach chun déileáil leis na dúshláin a bhaineann le tinneas ainsealach ag leibhéal ard, lena n-áirítear cosc, diagnóis, idirghabháil luath agus féinbhainistíocht othair. Beidh an creat seo ar aon dul le Creat Beartais na Roinne Sláinte agus Leanaí um Bhainistíocht a Dhéanamh ar Ghalair Ainsealacha[55].

I measc na ngníomhartha eile atá á dtógáil tá

- forbairt a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta cúig bliana ar Mhurtall
- Suirbhé maidir le Beathú Naíonáin a choimisiúnú, mar chuid de phlean gníomhaíochta ar bheathú cíche.

Is é ceann de thosaíochtaí eile de chuid FSS chun sláinte a chosaint ná rialú agus bainistíocht a dhéanamh ar ionfhabhtú a bhaineann le cúram sláinte. Táthar ag dul i ngleic leis seo trí Choiste Stiúrtha Náisiúnta agus plean gníomhaíochta náisiúnta um rialú ionfhabhtaithe a bhunú.

Táthar ag déanamh forbartha ar phleananna gníomhaíochta ionfhabhtaithe áitiúla freisin. Tá maoiniú tugtha do 52 post chun ionfhabhtú a rialú, lena n-áirítear micribhitheolaí sainchomhairleach, cógaiseoirí antaibheathacha, eolaithe faire agus altraí rialaithe ionfhabhtaithe. Cuireadh ocht gcoiste réigiúnach um rialú ionfhabhtaithe ar bun agus tá forbairt déanta ar mhodúl ríomhfhoghlama maidir le rialú ionfhabhtaithe don fhoireann. Tá treoirlínte i bhfeidhm do bhaill foirne sna hospidéil, agus í mar aidhm acu othair agus a gcuid teaghlaigh a choinneáil go hiomlán ar an eolas maidir le MRSA. Tá forbairt déanta ar chlár oideachais do DG freisin maidir le hantaibheathaigh agus drugaí gaolmhara a ordú agus rolladh amach á dhéanamh air chuig DG.

## Bainistíocht Feidhmíochta

Tá forbairt déanta ar chóras chun feidhmíocht a thomhas ag an leibhéal corparáideach agus é i mbun feidhme. Tá sé seo, chomh maith le próiseas pleanála seirbhíse agus gnó agus socruithe monatóireachta gaolmhara mar chuid de ghnáthghnó na heagraíochta.

Tá córas HealthStat a chuireann tomhas feidhmíochta mionsonraithe ar fáil síos chomh fada le leibhéal an chlinic aonair i mbun feidhme anois d'ospidéil agus déanfar an tionscadal a leathnú chuig an réimse CPPL. Beidh an córas seo lárnach ó thaobh chultúr bainistíochta feidhmíochta a bhunú laistigh de FSS.

[55] *Tackling Chronic Disease – A Policy Framework for the Management of Chronic Diseases* (2008).

## An tAthrú a Bhainistiú

### Buncheisteanna an Iniúchta

Tá próiseas dinimiciúil casta maidir le rannpháirtíocht, cur i bhfeidhm agus aiseolas riachtanach chun clár bunathraithe a chur i bhfeidhm ar an scála atá faoi chaibidil. D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta faoin gcaoi a raibh bainistíocht á dhéanamh ar an bpróiseas athraithe, go háirithe ó thaobh bainistíocht riosca, ord na dtionscadal agus iad a thriail, agus na socruithe maidir le cumarsáid agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go bhfeidhmíonn Foireann Bainistíochta FSS mar Ghrúpa Stiúrtha don chlár athraithe foriomlán. Tá baill aonair den Fhoireann seo ina n-urraithe d'fho-chláir ar leith agus tugann Bainisteoirí Cláir, a bhuaileann le chéile mar ghrúpa, tacaíocht dóibh. Déanann an grúpa seo athbhreithniú ar cheisteanna thar an gclár ar fad, déantar cinntí thar an gclár ar fad agus aithnítear ceisteanna atá le hardú ag leibhéal Fhoireann Bainistíochta FSS.

Maidir le rialú foriomlán tá creat rialaithe corparáideach forbartha agus faofa ag an Aire Sláinte agus Leanaí agus é ag dul i dtreo na céime forfheidhmithe anois. Tá forbairt déanta ar chreat caighdeáin agus riosca náisiúnta freisin agus tá rolladh amach á dhéanamh air seo ar fud FSS mar chuid de struchtúir bhainistíochta oibríochtúla.

Tá forbairt déanta ar chur chuige maidir le bainistíocht a dhéanamh ar athruithe ar fud FSS freisin. Tá an cur chuige seo[56] deartha chun an fhaisnéis agus na huirlisí a sholáthar do bhaill foirne ar fud na heagraíochta chun bainistíocht a dhéanamh ar athruithe.

Meastar go bhfuil an ord ina ndéantar dul chun cinn ar thionscadail mar chuid den phróiseas pleanála tionscadail agus déantar athbhreithniú air de réir mar a chuirtear tionscadail i bhfeidhm. Déantar spleáchais idir tionscadail a aithint ag an gcéim phleanála agus déantar bainistíocht orthu laistigh de chláir aonair. I measc na nithe a tógtar san áireamh nuair atá an t-ord ina mbeidh athruithe ann a shocrú tá srianta ó thaobh an bhuiséid de, an fáil atá ar bhonneagar fisiciúil chun seirbhísí a fhorbairt air agus an cumas eagraíochtúil chun an t-athrú a chur i bhfeidhm.

Tá próisis maidir le cáilíocht agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí i bhfeidhm sna struchtúir bainistíochta reatha. Tugtar faoi mheasúnú riosca de réir tionscadail freisin agus déantar straitéisí bainistíochta riosca a fhorbairt chun cúnamh a thabhairt maidir le bainistíocht a dhéanamh ar na príomhrioscaí le linn forfheidhmithe.

Beidh claochlú ar chultúr na heagraíochta i gceist le hathrú rathúil chomh maith le bealaí nua a cheapadh maidir le hidirghníomhú na mball foirne agus iad ag iarraidh feidhmíocht fheabhsaithe a bhaint amach. I réimse an chultúir, tá obair maidir le sraith de luachanna eagraíochtúla a fhorbairt do FSS curtha i gcrích.

Ó thaobh na n-athruithe a thriail, tá an chéad chur i bhfeidhm comhtháite seirbhíse ar bun mar chuid de chlár an Oirthuaiscirt. Socróidh na ceachtanna a fhoghlaimeofar uaidh seo an chaoi a chuireann FSS a straitéis maidir le hathruithe i bhfeidhm san Iarthar Láir agus sa Deisceart ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, tógfar cur i bhfeidhm níos leithne ar struchtúir na FCP ar na torthaí agus na ceachtanna a fhoghlaimeofar ó thaithí FSS leis na deich suíomh píolótach tosaigh.

### Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Bhí próiseas cumarsáide struchtúrtha in éindí le seoladh an Chláir Athraithe áit ar eagraigh bainisteoirí ar

[56] *Improving our Services - HSE Change Framework* (FSS) 2008.

fud na heagraíochta seisiúin fhaisnéisithe do bhaill foirne ina gcuireadh fís agus cuspóirí an Chláir Athraithe in iúl. Tugtar nuashonruithe maidir le dul chun cinn sa Chlár Athraithe mar chuid de litir chumarsáide mhíosúil an POF le baill foirne. Tugtar nuashonruithe maidir leis an bhFoireann Bainistíochta ar bhonn míosúil freisin.

Bhí rannpháirtíocht leathan chliniciúil agus foirne ann mar chuid den phróiseas chun Samhail Seirbhíse Comhtháite a fhorbairt. Thug cláir eile faoi chláir rannpháirtíochta ar leith le baill foirne tríd an bpróiseas comhpháirtíochta freisin.

Tá tús curtha le Clár Forbartha Bainistíochta FSS agus cuirfear ar fáil é do bhainisteoirí agus chliniceoirí sinsir ar fud FSS i rith 2008 agus 2009. Tá suirbhé maidir le rannpháirtíocht foirne, a chuirfidh an bunlíne ar fáil chun straitéis rannpháirtíochta foirne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm pleanáilte, coimisiúnaithe agus deartha. Bhí moill ann roimh chur i bhfeidhm an tsuirbhé go dtí go raibh an Stiúrthóir Náisiúnta nua um Acmhainní Daonna (AD) i mbun poist agus go raibh deis aige measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht bheartaithe. I réimse na hoibre foirne, rinneadh forbairt ar Chlár Forbartha Foirne i rith na bliana 2007 agus tá úsáid á bhaint as chun tacaíocht a thabhairt chun forbairt a dhéanamh ar FCP ar fud FSS.

Rinneadh Sainghrúpaí Comhairleacha a thionóil sna réimsí Diaibéitis, Meabhair-Shláinte, Leanaí agus Daoine Scothaosta. Tá ballraíocht chliniciúil láidir ag na grúpaí seo agus tá siad mar fhoinse le agus cuireann siad comhairle ar fáil maidir le forbairt seirbhísí ar fud FSS. Tá grúpaí eile cosúil leo beartaithe.

I réimse rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, aithnítear go bhfuil páirt thábhachtach ag úsáideoirí na seirbhíse maidir le forbairt agus feabhsú a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte. Glacadh le creat maidir le Rannpháirtíocht Úsáideoirí na Seirbhíse agus an Phobail agus tá sé á thabhairt isteach ar fud na heagraíochta faoi láthair. Chomh maith leis sin, tá Straitéis Chumarsáide agus plean forfheidhmithe curtha i gcrích agus tá Stiúrthóir Náisiúnta um Chumarsáid le ceapadh.

## Srianta agus Dúshláin

Tá an chaoi le seirbhísí a chomhtháthú go rathúil fós mar cheann de na príomhdhúshláin maidir leis an gClár Athraithe a chur i bhfeidhm. Tá sé i gceist ag an gClár Athraithe um Sheirbhís Chomhtháite a Sholáthar atá le cur i bhfeidhm sna 18 mí atá romhainn dul i ngleic leis na srianta eagraíochtúla ar chomhtháthú.

Tá srianta buiséid atá os comhair FSS in 2008 ag dul i bhfeidhm ar an gClár Athraithe i dtéarmaí an mhéid gur féidir a bhaint amach go réalaíoch laistigh de na scálaí ama. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag gach Clár ar a chuid cuspóirí i bhfianaise na srianta seo. Bunaíodh foghrúpa den Fhoireann Bainistíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas seo. Táthar ag súil leis go gcuirfear an cleachtadh seo i gcrích sna míonna atá amach romhainn.

Tá athailíniú suntasach ar acmhainní foirne ag teastáil chun athchumraíocht a dhéanamh ar sheirbhísí ospidéil agus iad siúd a chuirtear ar fáil trí chúram príomhúil, pobail agus leanúnach araon. Is dúshlán atá ann é seo a bhaint amach go tapaigh i dtimpeallacht ina bhfuil rialú daingean ann ó thaobh fostaíochta de. Tá bainistíocht á dhéanamh ar an bpróiseas seo ag leibhéal na gclár agus trí ghnáthphróisis mhonatóireachta fostaíochta araon áfach.

# Tacaíocht a Thabhairt don Athrú

## Buncheisteanna an Iniúchta

Tá cumas FSS an t-athrú a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm ag brath ar an gcaighdeán tacaíochta ó phríomhfheidhmeanna laistigh dá bonneagar riaracháin. D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta cad iad na céimeanna atá á dtógáil le cinntiú go tabharfaidh feidhmeanna cosúil le hairgeadas, pearsanra agus faisnéis tacaíocht don athrú.

### Airgeadas agus Soláthar

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur aithníodh i réimse an bhuiséid nach raibh dáileadh cothrom ar acmhainní ann i gcónaí mar thoradh ar an modh stairiúil, geografach maidir le maoiniú a dhéanamh ar sheirbhísí. Chun dul i ngleic leis seo, tá sé beartaithe ag FSS aistriú ón tsamhail maoinithe reatha bunaithe timpeall ar aonaid sheirbhíse chuig samhail atá bunaithe ar mhaoiniú a thabhairt don leanúntas cúraim ar fad thar theorainneacha eagraíochtúla.

Tá obair curtha i gcrích maidir leis na prionsabail rialaithe a fhorbairt do chur chuige mar sin. Déanfaidh na prionsabail seo an chéad chéim eile d'fhorbairt na samhla a threorú trí riachtanais leithdháilte acmhainní a bhfuil riachtanais an daonra taobh thiar dóibh a chothromú leo siúd a bhaineann leis na gnéithe eile cosúil le seirbhísí sainliachta náisiúnta, cumas agus forbairt an bhonneagair, altranas agus oiliúint agus oideachas leighis. Sa chéad chéim eile den tionscadal, déanfar fachtóirí déimeagrafacha agus eile cosúil le riachtanais atá ag grúpaí ar leith sa daonra (.i. meabhair-shláinte, míchumas srl.) a rianú.

Déanfar forbairt agus rolladh amach ar an tsamhail nua idir seo agus 2010 in éindí le struchtúir cúraim comhtháite atá á gcur i bhfeidhm. Idir an dá linn, ba chóir go mbeadh feabhsúchán breise ann ó thaobh feidhmíochta de, de bharr síneadh a dhéanamh ar an aisíocaíocht Casemix reatha san earnáil ghéarmhíochaine. Beidh béim ann freisin maidir le cistí ioncaim agus caipitiúil nua a dhíriú ar thionscnaimh atá deartha chun seirbhísí a aistriú chuig suíomh sa phobal.

Tá cás gnó chun córas airgeadais agus soláthair náisiúnta a chur i bhfeidhm chun dul in ionad na n-ilchóras leagáide atá i bhfeidhm laistigh de ghníomhaireachtaí is réamhtheachtaí iad curtha i gcrích agus tá sé leis na Ranna maoirseachta chun é a fhaomhadh. Tá feidhm luach ar airgead bunaithe laistigh den stiúrthóireacht náisiúnta airgeadais mar fheidhm oibriúcháin leanúnach. Tá sé mar sprioc aici seo €300m a shábháil in 2008. Ba chóir go ligfeadh an cur chuige soláthair nua don FSS feidhm a bhaint as barainneachtaí an mhórscála ó thaobh soláthair de. Idir an dá linn tá roghanna laistigh de na struchtúir reatha agus le hacmhainní reatha agus réamh-mheasta á mheas, lena n-áirítear cur chuige níos dírithe maidir le soláthróirí agus catagóirí táirgí a fhoinsiú agus a roghnú.

### Acmhainní Daonna

Sa réimse d'acmhainní daonna a fhorbairt dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go

- bhfuil dréachtstraitéis AD curtha i gcrích agus go ndéanfar athbhreithniú air chun ceadú deiridh a thabhairt ina leith roimh mhí Mheán Fómhair 2008.
- Rinneadh córas Pleanála agus Athbhreithnithe Feidhmíochta foirne agus duine aonair nua a fhorbairt agus a sheoladh i mí Eanáir 2008 agus déanfar é a rolladh amach thar FSS i rith na bliana 2008.
- Ag leanúint ar aghaidh ón athbhreithniú ar an gcóras CPAF a thug FSS faoi in 2006, tá cur chuige leasaithe maidir le córais bhainistíochta faisnéise ríthábhachtacha AD a chur i bhfeidhm curtha faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí le faomhadh.
- Tá feidhm seirbhísí roinnte earcaíochta curtha ar bun.

- Tá tionscadal curtha ar bun chun seirbhísí roinnte a fhorbairt le haghaidh aoisliúntais, an párolla agus riarachán pearsanra.

Dúirt sé freisin go bhfuil an fhorbairt leanúnach ar sheirbhísí AD roinnte ag brath go mór ar chóras bainistíochta AD aonair a chur i bhfeidhm má tá barrleibhéal éifeachtachta agus éifeachtúlachta i mbainistíocht acmhainní daonna le baint amach.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go bhfuil straitéis TFS náisiúnta á ullmhú faoi láthair. Táthar ag súil leis go gcuirfear an straitéis faoi bhráid Bhord FSS le faomhadh roimh dheireadh na bliana 2008. Déanfaidh sé forbairt ar sheirbhísí agus chórais TFC do FSS a threorú ar bhealach a thabharfaidh tacaíocht d'fhorbairtí náisiúnta comhordaithe seachas an iliomad córas díchosúla a bhí ar bun sna boird sláinte roimhe seo.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha TFC Náisiúnta in 2007 le cathaoirleach neamhspleách agus saineolaithe seachtracha chun maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail TFC a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Glacadh le modheolaíocht fhoirmiúil bainistíochta tionscadail agus cuireadh i bhfeidhm í thar na tionscadail TFC ar fad.

Ó thaobh bonneagar TFC de, tá tionscadail tosaíochta curtha ar bun (lena n-áirítear líonra sonraí aonair, seirbhísí eolaire náisiúnta agus ionaid sonraí a chomhdhlúthú ina mbloic thógála bhunúsacha chun sonraí agus faisnéis a stóráil, a bhainistiú agus a roinnt thar eagraíocht aonair) agus táthar ag súil leis go mbeidh na próisis tairisceana gaolmhara curtha i gcrích roimh dheireadh na bliana 2008.

Maidir le córais chliniciúla is iad na tionscadail tosaíochta ná córas náisiúnta íomháithe leighis comhtháite (NIMIS) agus córas bainistíochta fhaisnéis saotharlainne (LIMS). Ó thaobh an tionscadail NIMIS de, tá an doiciméadúchán maidir le soláthar á ullmhú faoi láthair. Tá an tionscadal ag céim cuibheasach luath dá bharr sin. Tá cinntí fós le tógáil maidir leis an ord ina ndéanfar an córas íomháithe nua a rolladh amach chuig na hospidéil. Tá próiseas ar bun chun measúnú a dhéanamh ar chomh ullamh agus atá na suíomhanna don chóras nua. Tógfar na cinntí deiridh faoin ord ina ndéanfar an rolladh amach níos déanaí sa bhliain 2008. Táthar ag súil leis go mbainfidh na céad shuíomh an chéim bheo amach in 2009 agus go rachaidh na suíomhanna deiridh beo faoin mbliain 2011.

Tá an togra CBFS á mheas ag an Roinn Airgeadais faoi láthair.

## Torthaí an Iniúchta

Leagann an t-athbhreithniú roimhe seo amach na príomhghnéithe den athrú atá faoi chaibidil agus an dul chun cinn go dtí seo.

Tá sraith d'athruithe i gceist le príomhbhéim na hiarrachta – comhtháthú a dhéanamh ar sheirbhísí, agus athmhúnlú a dhéanamh ar chúram príomhúil, pobail agus leanúnach agus athchumraíocht a dhéanamh ar sheirbhísí ospidéil san am céanna – atá idirspleách agus suntasach ó thaobh scála de. Beidh sé tábhachtach iad a thriail le haghaidh foghlama eagraíochtúil agus chun muinín a thógáil gur féidir an toradh inmhianaithe a bheith leo araon.

Is rud é bainistíocht athruithe a thógfaidh níos mó ná bliain amháin. Tá dúshlán suntasach roimh FSS mórathrú a bhaint amach laistigh dá príomhchainéil soláthair seirbhíse agus eatarthu. D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar go leor den obair go dtí seo mar athbhreithniú agus pleanáil.

Cé go haithnítear gur rud dinimiciúil é athrú eagraíochtúil atá ag teacht chun cinn, má tá an mórathrú atá faoi chaibidil le baint amach go rathúil roimh dheireadh na bliana 2010 caithfidh FSS a chinntiú go ndéantar clocha míle agus spriocdhátaí a bhunú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a choigeartú i bhfianaise fachtóirí atá ag teacht chun cinn agus foghlaim leanúnach.

Beidh sé riachtanach athruithe a dhéanamh ar ghnáthaimh na mball foirne agus na gconraitheoirí chun an mórathrú atá beartaithe a dhéanamh chomh maith le hathruithe sa chaoi ina fhaigheann othair agus cliaint ar chúram sláinte agus sóisialta. Beidh athdháileadh acmhainní ag teastáil freisin. Cé go ndearnadh cuid mhaith chun torthaí an athraithe a mhíniú don fhoireann agus dá gcuid rannpháirtíocht leis an athrú, d'fhéadfadh sé go mbeidh iarrachtaí suntasacha breise ag teastáil chun na leasanna féideartha a chur in iúl do pháirtithe leasmhara eile, go háirithe pobail áitiúla.

## 14.2 Bainistiú an Bhuiséid

Ba é €13.98 billiún an Vóta bunaidh comhlán iomlán do FSS don bhliain 2007, comhdhéanta de

- €13.07 billiún leithdháilte ar mhaithe le seirbhísí agus riarachán reatha,
- €0.55 billiún leithdháilte le haghaidh cuspóirí caipitiúla, agus
- €0.36 billiún i leith an chostais atá le Scéim na nAisíocaíochtaí Muirear Fadtéarmacha[57].

Sháraigh caiteachas breise glan FSS ar sheirbhísí agus riarachán reatha in 2007 an soláthar sna Réamh-mheastacháin bunaidh de €245m. Déantar an caiteachas breise glan seo a ríomh tar éis coigilteas a bhíonn ann de bharr moill le tús a chur le seirbhísí nua a ndearna soláthar dóibh sa leithdháileadh airgeadas don bhliain a thógáil san áireamh[58]. Faoi phróiseas na meastachán breise, rinneadh soláthar do mhéadú sa chuid is mó de fhocheannteidil óna gcuirtear an caiteachas laethúil ar fáil, le fritháireamh de choigilteas ó roinnt focheannteidil eile. Ba é an coigilteas is airde a aistríodh ar an mbealach seo ná suim de thart ar €216m ó fhocheannteideal Scéim na nAisíocaíochtaí Muirear Fadtéarmacha. Bhí an soláthar i leith Scéim na nAisíocaíochtaí Muirear Fadtéarmacha beartaithe le cur i bhfeidhm don chuspóir sin amháin ar dtús.

### Buncheisteanna an Iniúchta

Mar gheall gur ardaíodh ceisteanna maidir le bainistíocht agus rialú an bhuiséid i FSS de bharr an róchaiteachais ghlain de €245m agus mar gheall gur cuireadh seirbhísí nua lena raibh €208m curtha ar fáil dóibh ar athlá, rinne mé athbhreithniú ar an bpróiseas buiséid le linn m'iniúchta in 2007. Thug mé faoi iniúchadh a dhéanamh ar mheicníochtaí buiséadacha agus tuairiscithe FSS go háirithe, chomh maith leis na fachtóirí a bhí taobh thiar den róchaiteachas.

Bhí príomhbhéim m'athbhreithnithe ar sheirbhísí ospidéil[59]. Chuimsigh sé imscrúdú ar

- na róchaiteachais bhuiséideacha ba shuntasaí
- sampla de comhfhreagras idir bhainisteoirí agus shealbhóirí buiséid
- comhaid na Roinne Sláinte agus Leanaí (an Roinn) maidir le Meastachán na bliana 2007 a shocrú.

Tugadh faoi agallaimh le bainisteoirí FSS agus sealbhóirí buiséid ag leibhéil éagsúla san eagraíocht.

[57] Is é cuspóir na scéime seo ná daoine a raibh iachall orthu muirir a íoc i leith cóiríocht i dtithe altranais poiblí ag uair nuair nach raibh aon bhunús dlíthiúil ceart do mhuirir mar sin a aisíoc

[58] Cuireadh €208m measta leis an gcoigilteas sa bhliain de bharr iad a chur siar.

[59] Bhí róchaiteachas de €177m ann ar scéimeanna ina raibh teidlíocht reachtúil ann ar sheirbhísí. Is ionann sin agus 40% den róchaiteachas comhlán.

## Brúnna Costais ar Sheirbhísí Sláinte

Ar aon dul le seirbhísí sláinte ar fud an domhain, tá brúnna costais suntasacha ar chóras sláinte na hÉireann. Bíonn siad seo ann mar thoradh ar

- dhéimeagrafaíocht
- stádas sláinte agus sóisialta an daonra atá ag athrú
- leibhéal agus bainistiú ar thinneas ainsealach
- theicneolaíocht sláinte atá ag athrú
- reachtaíocht atá ag athrú agus ionchais úsáideoirí atá ag dul i méid.

## Pleanáil agus Buiséadú Seirbhíse

Faoin Acht Sláinte, 2004, ceanglaítear ar FSS Plean Seirbhíse Náisiúnta (PSN) a ullmhú do gach bliain airgeadais.

Déanann an PSN iarracht na riachtanais soláthair seirbhíse agus cúram d'othair a chothromú laistigh den leithdháileadh airgeadais socraithe. Chomh luath agus a ghlacann Bord FSS leis, caithfear an PSN a chur faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí le faomhadh. Cé go n-ordaíonn an tAcht gur chóir é seo a dhéanamh 21 lá tar éis na Meastacháin a fhoilsiú ar a dhéanaí, thug an tAire síneadh ama chun an PSN 2007 a chur isteach chuig 17 Eanáir 2007, ag baint úsáide as cumhachtaí a leagtar amach san Acht Sláinte, chun am a thabhairt don Bhord le cur ar a chumas an maoiniú agus na bearta breise a d'fhógair an Rialtas sa Bhuiséad a thógáil san áireamh. Thug an PSN 2007, mar a cuireadh i gcrích é, léiriú ar an leibhéal comhaontaithe de sheirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta a chuirfeadh FSS ar fáil don bhliain 2007 laistigh den leithdháileadh a vótáil Dáil Éireann agus faoi réir ag beartas an Rialtais maidir le rialú fostaíochta laistigh den tseirbhís sláinte. Rinneadh faomhadh air ar 7 Feabhra 2007.

Ó thaobh an chleachtais de, socraítear leithdháileadh airgeadais FSS tríd an mbuiséad lárnach (.i. gan nithe nach bhfuil aisfhillteach san áireamh) don bhliain roimhe sin agus roinnt coigeartuithe teicniúla a dhéanamh i gcomhair arduithe pá, boilsciú nach mbaineann le pá agus costas na bliana reatha atá ar fhorbairtí ar cuireadh tús leo an bhliain roimhe sin. Cuirtear an costas a bhaineann le seirbhísí nua atá beartaithe sa bhliain reatha leis seo.

Ar deireadh, socraítear Meastachán deiridh, atá mar bhunús do leithghabháil Dháil Éireann, i ndiaidh idirbheartaíochtaí idir an tAire Sláinte agus Leanaí, an tAire Airgeadais agus a gcuid oifigigh faoi seach agus déanann an Rialtas é a chomhaontú.

## Dáileadh an Bhuiséid

Nuair atá faomhadh faighte ag an PSN ó na hAirí, socraíonn Stiúrthóireacht Airgeadais de chuid FSS na leithdháiltí buiséid do na hospidéil agus na hoifigí sláinte áitiúla aonair. Ó thaobh an chleachtais de, rolladh ar aghaidh ó bhuiséad deiridh na bliana roimhe sin (coigeartaithe i gcomhair nithe aon-uaire a bhaineann go sonrach leis an mbliain sin) atá sa phointe tosaigh, le méideanna breise le haghaidh forbairtí nua atá ar eolas a bhaineann go sonrach leis an mbliain reatha. Déantar coigeartú ar na leithdháiltí bunlíne seo chun bronnadh pá, breiseanna, boilsciú nach mbaineann le pá agus arduithe costais eile na bliana reatha a thógáil san áireamh.

## Monatóireacht a Dhéanamh ar an mBuiséad

Má tá bainistiú le déanamh ar an mbuiséad chun an sprioc a bhaint amach, tá sé riachtanach an toradh ag an leibhéal áitiúil a bhailiú agus gníomhartha a ghlacadh maidir leis. Tá Creat Monatóireachta

Feidhmíochta caighdeánaithe i bhfeidhm ag FSS a bhfuil sé i gceist leis cur ar chumas na heagraíochta monatóireacht a dhéanamh maidir le cuspóirí an PSN a bhaint amach, ag tógáil acmhainní leithdháilte agus leibhéil fostaíochta faofa san áireamh agus na gníomhartha ceartúcháin atá riachtanach, má bhíonn gá leis. Déantar tuarascáil monatóireachta feidhmíochta (TMF) mhíosúil a tháirgeadh a thugann raon leathan sonraí feidhmíochta ag an leibhéal náisiúnta agus do na colúin agus aonaid éagsúla san eagraíocht araon. Bíonn sonraí maidir le feidhmíocht airgeadais ghaolmhar san áireamh sa tuarascáil seo freisin, ag taispeáint na feidhmíochta i gcoinne an bhuiséid agus comparáid leis an mbliain roimhe sin.

Cé go gcuimsítear na sonraí airgeadais agus neamhairgeadais araon laistigh d'aon tuarascáil amháin (agus déantar difríochtaí a thuairisciú, maidir le gníomhaíochtaí buiséid agus seirbhíse araon) is beag iarracht a dhéantar ar chor ar bith chun míniú a thabhairt ar na difríochtaí sa bhuiséad, chun gaol a dhéanamh eatarthu le hathruithe sa leibhéal gníomhaíochta nó chun na pleananna ar leith atá i bhfeidhm ag an mbainistíocht áitiúil chun a gcuid aonaid a thabhairt ar ais faoin mbuiséad a chur in iúl.

Tá bac ann maidir leis na tuarascálacha a thuiscint de bharr an chaoi a chaitear le caiteachas mionchaipitil sa PSN. Déantar an caiteachas seo a thuairisciú mar chaiteachas reatha sa PSN cé go ndéanfar é a íoc ón mbuiséad caipitiúil in am tráth. Níl sé soiléir nuair atá imscrúdú á dhéanamh ar fheidhmíocht bhuiséid de chuid aonad aonair, nó cé mhéid dó, an é róchaiteachas reatha atá i gceist le róchaiteachas a thuairiscítear sa bhuiséad nó an bhfuil caiteachas mionchaipitil i gceist leis.

In ainneoin na n-easnamh seo, tá a dhóthain faisnéise sa PSN, a dhéanann an Fhoireann Bainistíochta agus an Bord athbhreithniú air, chun na haonaid ina bhfuil fadhbanna ó thaobh an bhuiséid de a aithint go soiléir.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh na córais áitiúil dóthanach do bhainisteoirí ar an líne tosaigh agus go raibh faisnéis chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí ar fáil dóibh. Déanann FSS torthaí airgeadais a chomhdhlúthú ó chórais chuntasaíochta de chuid 17 eagraíocht a bhí ann roimpi agus ó 39 soláthraí seirbhíse mór deonach. Chuir sí Réiteach Tuairiscithe Corparáideach (RTC) i bhfeidhm chun gach ceann den 56 córas a chomhdhlúthú gach mí. Ní raibh dabht ar bith ann áfach ach go raibh sé casta faisnéis thráthúil ábhartha a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil gach mí do bhainisteoirí sinsearacha ar fud na tíre. Bhí tionchar ag an easpa córas códaithe caighdeánaithe ar chaighdeán na sonraí. Ní raibh córas buiséadach comhtháite aonair ag FSS. Ní raibh nasc díreach idir córas leagáide, ar baineadh úsáid as chun buiséid náisiúnta a choinneáil, agus na mórleabhair i dtimpeallacht airgeadais FSS. Bhí baol dúchasach ann go bhféadfadh socrú an bhuiséid náisiúnta a bheith ar neamhréir leis na buiséid mar a léirítear sna mórleabhair áitiúla iad. Bhí idirghabhálacha de láimh curtha i bhfeidhm ag FSS le cinntiú go ndearnadh buiséid a réiteach gach mí agus gur léirigh siad an staid náisiúnta.

D'admhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur beag nasc a bhí ann idir gníomhaíocht, comhaireamh agus sonraí airgeadais ag rá go raibh dúshláin ollmhór ann maidir le sonraí airgeadais agus neamhairgeadais a chur le chéile in éagmais córas airgeadais náisiúnta, chomh maith le cumraíocht ilroinnt na gcóras a bhfuarthas ó na heagraíochtaí a bhí ann roimhe sin. Bhí an PSN deartha ar mhaithe leis an bhFoireann Bainistíochta agus Bord FSS agus bhí teorainneacha ann maidir leis an méid sonraí a bhí sé in ann a thabhairt i leith 53 ospidéal aonair agus 32 oifig sláinte áitiúil. Bhí tráchtaireacht ón POF san áireamh sa PSN a raibh sé mar aidhm leis béim a leagadh ar na príomhcheisteanna a bhí ag teacht chun cinn agus iad a mhíniú agus bhí struchtúr curtha ar fhoirne bainistíochta Oifig Náisiúnta na nOspidéal (ONO) agus Cúraim Príomhúil, Pobail agus Leanúnach (CPPL) chun bainistíocht a dhéanamh ar na ceisteanna seo.

## Rialú an Bhuiséid ag Leibhéal Eagraíochtúil

Bhí a fhios ag FSS roimh mhí na Samhna 2006 cén leibhéal maoinithe a bheadh ar fáil chun costas na seirbhísí reatha a íoc don bhliain 2007. Ag an bpointe sin rinne sí impleachtaí an phacáiste maoinithe a bhí ar fáil a mheas agus bhí sé mar chonclúid ag measúnú a ullmhaíodh don bhainistíocht shinsearach go raibh an maoiniú a cuireadh ar fáil chun a seirbhísí reatha a sholáthar thart ar €341m faoi bhun an mhéid a lorg FSS agus, dá bharr sin, bheadh uirthi teacht ar choigilteas den mhéid sin.

Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur aithin FSS go raibh meastachán na bliana 2007 €341m faoi bhun an mhéid a bhí á lorg, ach dúirt sé go raibh creat curtha ar an PSN chun seirbhísí a chur ar fáil i gcomhréir le leithdháileadh an bhuiséid.

In ainneoin a mheasúnaithe tosaigh ar an staid airgeadais, níor thug Foireann Bainistíochta Sinsearaí FSS faoi ghníomhartha sonracha ar bith ag an bpointe seo chun an coigilteas gur dócha a bheadh ag teastáil chun fanacht laistigh den bhuiséad a bhaint amach. Agus an buiséad á rolladh amach thug sí rabhadh go raibh staid an bhuiséid teann, ach níor iarr sí pleananna ar leith, mar shampla, chun coigilteas inchainníochtúil a bhaint amach. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur ceanglaíodh ar bhainisteoirí pleananna gnó a tháirgeadh le bheith ag oibriú laistigh den bhuiséad. Dúirt sé go raibh laghdú ar chostais i gceist leis seo go huathoibríoch in 2007 agus, i roinnt cásanna, moltaí maidir le teorainn a chur le seirbhísí. Shonraigh sé freisin gur cuireadh an staid airgeadais, lena n-áirítear bearta leasúcháin molta na bainistíochta, in iúl don Roinn, agus ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais, i gcaitheamh na bliana.

Dúirt sé liom go ndearna Grúpa Rialaithe FSS, atá comhdhéanta de bhainistíocht shinsearach FSS, athbhreithniú leanúnach ar an PSN i gcaitheamh na bliana 2007. Bhí a fhios ag an nGrúpa Rialaithe ó mhí Feabhra na bliana 2007 go raibh caiteachas FSS os cionn an bhuiséid cheana féin agus go raibh dóchúlacht ann go mbeadh deacrachtaí suntasacha airgeadais do Vóta FSS dá mba rud é go leanfadh gníomhaíochtaí agus caiteachas ar aghaidh ag na leibhéil a bhí ann ag an am. De réir mar a chuaigh an bliain ar aghaidh, tháinig méadú ar imní an Ghrúpa Rialaithe maidir leis an staid bhuiséideach agus cuireadh tús le gníomhartha chun iarracht a dhéanamh fanacht laistigh den sprioc. I mí Aibreáin na bliana 2007, shocraigh sé gur chóir spriocanna coigiltis a leagadh síos do gach Stiúrthóireacht de chuid FSS agus go dtabharfadh gach Stiúrthóireacht faoi mheasúnú tionchair ag eascairt as na spriocanna sin.

D'iarr sé go gcuirfí pleananna chun cóimheá airgid a bhaint amach ar fáil láithreach i mí an Mheithimh 2007 chun cur chuige eagraíochtúil a bheadh le tógáil a éascú agus le cur ar chumas an POF gníomhartha a chomhaontú ag dul ar aghaidh.

Agus an staid airgeadais ag leanúint ar aghaidh ag dul chun donais, d'ullmhaigh sé plean chun cóimheá airgid a bhaint amach i mí Iúil a bhí deartha chun dul i ngleic leis an easnamh de €341m a aithníodh don chéad uair i mí na Samhna 2006. Tábla 45 amach an coigilteas a rabhthas ag súil leis le linn an phlean chun cóimheá airgid a bhaint amach agus gnéithe an phlean.

**Tábla 45 Coigilteas a Rabhthas ag Súil Leis i bPlean FSS chun Cóimheá Airgid a Bhaint Amach Iúil 2007**

| | **Iomlán €m** |
|---|---:|
| Athdháileadh ar Chistí Caipitiúla chuig Cuspóirí Reatha | 142.9 |
| LaA/Tionscnaimh chun Costais a Shrianadh | 133.7 |
| Seirbhísí a Theorannú | 16.5 |
| Úsáid a Bhaint as Barrachas Réamh-mheasta ón tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil | 48.0 |
| **Iomlán** | **341.4** |

Tugadh treoir don bhainistíocht áitiúil tús a chur chun na gníomhartha a bhí ag teastáil chun na spriocanna sa phlean chun cóimheá airgid a bhaint amach a chur i bhfeidhm. Ina measc bhí

- taisteal foirne laghdaithe
- ragobair laghdaithe
- breithniú níos mó ar an riachtanas baill foirne nua a chur in ionad bhaill foirne a bhí as láthair

- moill a chur le ceapacháin nua
- moill a chur le caiteachas caipitiúil.

Thug an Grúpa Rialaithe faoi dearadh go raibh an plean chun cóimheá airgid a bhaint amach ag dul ar aghaidh ag ráta a bhí níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis faoi mhí Dheireadh Fómhair 2007 áfach. D'iarr sé treisiú láithreach a dhéanamh ina leith. Níor tháinig FSS laistigh dá buiséad mar thoradh ar na gníomhartha seo ach thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios gurb é an t-éifeacht a bhí leo ar fad ná caiteachas don bhliain a laghdú faoi €96m.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go raibh gá ann moill a chur le roinnt forbairtí mar gheall ar an riachtanas cóimheá airgid a bhaint amach don bhliain, chomh maith le caiteachas reatha a theorannú. Bhí comhfhreagras ann leis an Roinn faoin straitéis seo.

B'fhiú €208m an coigilteas measta a baineadh amach mar thoradh ar mhoill a chur le forbairtí seirbhísí. Ba hiad na príomhréimsí ina n-imríodh tionchar orthu ná seirbhísí do dhaoine scothaosta (€74m), seirbhísí éagsúla ospidéil (€38m), seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas (€31m), cúram príomhúil (€22), seirbhísí meabhair-shláinte (€22m) agus seirbhísí eile (€21m).

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go n-eascraíonn an dúshlán, a bhfuil sé an-deacair, nó dodhéanta fiú, don FSS bainistíocht iomlán a dhéanamh air, as costais mhéadaithe a bhaineann le scéimeanna atá faoi réir ag éileamh, a mbíonn bunús reachtúil leo. Bíonn dúshlán ann do FSS agus gach bliain ag dul thart de bharr cóir leighis nua atá thar a bheith costasacha a ordú, go háirithe i réimse na hailse agus réimsí cardashoithíocha. Tá líon na nithe a ordaítear d'othair ag méadú ag ráta tapaigh bliain i ndiaidh bliana, agus leanfaidh an treocht seo ar aghaidh de réir mar a thagann fás ar an daonra os cionn 65 bliana d'aois atá againn. Chomh maith leis sin, is féidir le líon na gcártaí leighis a eisítear ardú go suntasach os cionn na leibhéal pleanáilte bunaithe ar staid eacnamaíoch náisiúnta a bhíonn ag athrú, le costas de €1,500 in aghaidh na bliana ar a laghad do FSS in aghaidh an chárta.

## Tuairimí na Roinne maidir le Bainistiú an Bhuiséid

Léiríodh tuairimí ginearálta na Roinne i litir i mí Mheán Fómhair na bliana 2007. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go socraíonn an Rialtas an leibhéal maoinithe ar chóir a bheith ar fáil do FSS gach bliain tar éis don Aire Airgeadais breithniú a dhéanamh ar na moltaí maidir le caiteachas a chuireann na hAirí ar fad isteach thar raon iomlán na réimsí caiteachais. I gcás sláinte, tógtar an fhaisnéis a chuireann FSS ar fáil don Roinn san áireamh, chomh maith le tosaíochtaí an Aire i leith forbairtí seirbhíse. Nuair a dhéantar an Vóta a shocrú, is faoin FSS atá sé plean seirbhíse náisiúnta a fhorbairt laistigh den bhuiséad seo a léiríonn na tosaíochtaí seo, .i. a leagann amach an chaoi a dhéanfar na hacmhainní iomlán a leithdháileadh agus an méid a bhainfear amach do na hacmhainní. Ag glacadh leis go bhfaighfear faomhadh ón Aire Sláinte agus Leanaí, caithfidh FSS a chinntiú go dtéann a buiséad náisiúnta agus plean seirbhíse síos tríd an eagraíocht, m.sh. go bhfuil buiséad ag gach ospidéal, agus gach aonad seirbhíse ar deireadh, chomh maith le sraith de chuspóirí seirbhíse atá comhsheasmhach leis an mbuiséad sin.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhféadfadh sé go mbeidh coigeartú áirithe ar chuspóirí seirbhíse ag teastáil de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh chun fanacht laistigh den bhuiséad mar gheall ar chomh casta agus atá sé bainistíocht a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus an dualgas atá ar FSS na seirbhísí is éifeachtaí is féidir a chur ar fáil laistigh de na hacmhainní faofa. Ag glacadh leis go bhfuil comhaontú ó na hAirí don chur chuige foriomlán, nó do chur chuige foriomlán eile lena n-áirítear maoiniú breise má roghnaíonn an tAire Airgeadais é sin a dhéanamh, leanann FSS ar aghaidh chun an líon agus an caighdeán seirbhísí is éifeachtaí agus is féidir a sholáthar laistigh dá leithdháileadh faofa. In am tráth, tar éis deireadh na bliana, tuairiscíonn FSS ar an gcaoi a caitheadh a leithdháileadh go hiarbhír agus ar an méid a baineadh amach go hiarbhír, agus sa chomhthéacs sin ba chóir go mbeadh sé in ann imeachtaí ar bith ón bplean seirbhíse tosaigh a mhíniú agus údar a thabhairt leo más gá.

## Bainistiú Áitiúil an Bhuiséid

Tá caighdeán na cumarsáide idir an t-ionad agus bainisteoirí áitiúla agus a bhfreagra ríthábhachtach ar deireadh maidir le bainistiú a dhéanamh ar spriocanna buiséadacha. Le linn an athbhreithnithe, d'admhaigh an bhainistíocht áitiúil go ginearálta go raibh an fhreagracht orthu as pleananna seirbhíse a cheapadh a théann in oiriúint do na spriocanna soláthair a leagtar amach sa PSN agus leithdháileadh an bhuiséid. Agus é seo á dhéanamh acu áfach, thuairiscigh siad go raibh na deacrachtaí seo a leanas acu

- Níor tógadh brúnna costais san áireamh a dhóthain sa mhodh leithdháilte.
- Ní raibh an figiúr bunlíne a dhéantar leithdháiltí an bhuiséid a bhunú air réalaíoch sa mhéid is nár léiríodh líon na bhfostaithe, a comhaontaíodh roimhe seo chun seirbhísí nua agus seirbhísí atá á fhorbairt a sholáthar, sa bhuiséad bunlíne seo go minic.
- Go minic níor léiríodh na costais a bhain le forbairt ar cuireadh moill orthu roimhe seo mar gheall ar shrianta buiséadacha a ndóthain sa phróiseas leithdháilte.

San iomlán, bhí sé soiléir gur éirigh le roinnt aonaid coinneáil laistigh den bhuiséad a bheag nó a mhór agus go raibh róchaiteachais shuntasacha ag cinn eile. Tugann sé seo le fios go bhféadfadh go mbeadh fáthanna eile taobh thiar de róchaiteachais, lena n-áirítear moill maidir le gníomhaíochtaí a laghdú.

Chomh maith leis sin, cé go nglactar leis nach bhfuil buiséid agus uasteorainneacha fostaíochta go hiomlán ar aon dul, agus i gcás éagsúlacht ar bith má tá rialú buiséadach le hoibriú ba chóir go socródh an buiséad cinntí maidir le caiteachas, seachas an uasteorainn fostaíochta.

Tugann tuairimí a thug bainisteoirí maidir le forbairtí nua le fios go bhféadfadh sé nach ndearnadh costáil iomlán ar fhorbairtí áirithe san am atá thart. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé go raibh maoiniú tosaigh ar fhorbairtí dóthanach ach níor tógadh fás seirbhíse san áireamh go réalaíoch. Ciallaíonn fás seirbhíse nach bhfuil pleanáilte go mbeidh brú méadaithe, agus nach bhfuil inbhuanaithe b'fhéidir, ar bhuiséad aonaid sna blianta amach anseo.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach cleachtas d'aon gnó a bhí ann fomheastachán a dhéanamh ar chostais nuair atá forbairtí seirbhíse á fhaomhadh. Thug sé ar aire go bhféadfadh faomhadh a thabhairt do shainchomhairleoir roimhe seo ach, nuair a bhí forbairt á dhéanamh ar an tseirbhís, is minic gur tháinig costais choimhdeacha de thacaíocht riaracháin, foireann leighis, drugaí, saotharlann, fuil *srl.* 12 go 18 míosa níos déanaí agus i gcásanna áirithe ní dhearnadh na costais seo a aithint go sonrach leis an bhforbairt ag an uair a ndearnadh costáil air. Dhearbhaigh sé dom nach dtarlaíonn an cleachtas seo laistigh de FSS anois áfach.

## Athbhreithniú ar Cheithre Ospidéal

Le linn an imscrúdaithe, rinneadh athbhreithniú ar roinnt de na róchaiteachais is mó sna seirbhísí ospidéil. Taispeántar iad seo Tábla 46.

**Tábla 46 Róchaiteachais Ospidéil i 2007[(a)]**

| Ospidéil | Tosaigh Leith-dháileadh €000 | Deiridh Leith-dháileadh[(b)] €000 | Toradh €000 | Róchaiteachas €000 | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Ospidéal Adelaide & na Mí | 203,907 | 209,649 | 225,620 | 15,971 | 7.6% |
| Ospidéal Ginearálta Shligigh | 104,655 | 108,570 | 119,454 | 10,884 | 10.0% |
| Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo | 72,525 | 72,384 | 83,128 | 10,744 | 14.8% |
| Ospidéal Mhuire, Cromghlinn | 121,694 | 128,359 | 138,311 | 9,952 | 7.8% |

(a) Agus buiséid á leithdháileadh chuig aonaid aonair déanann FSS pleanáil ar bhonn fabhraithe. Dá bhrí sin cuirtear na figiúirí ar fad a bhaineann le haonaid aonair san alt seo i láthair ar bhonn fabhraithe. Ba é €261m an róchaiteachas buiséid iomlán ar bhonn fabhraithe maidir le seirbhísí reatha agus costais riaracháin (gan costais Scéim na nAisíocaíochtaí Muirear Fadtéarmacha), i gcomparáid le róchaiteachas bunaithe ar airgead tirim de €245m ar fhocheannteidil ábhartha an Vóta.
(b) Cuireadh an chuid is mó den leithdháileadh deiridh in iúl d'ospidéil roimh dheireadh mhí Feabhra 2007.

Ag tógáil an ceithre ospidéal le chéile, b'ionann an róchaiteachas in 2007 agus 9.2% ar an meán don ghrúpa seo don bhliain. Ní dócha gur eascair róchaiteachais ar an scála seo ó bhrúnna seirbhíse agus costais gaolmhara nach raibh coinne leo roimhe sin. Cé go raibh fáthanna mionsonraithe éagsúla ann don róchaiteachas ó ospidéal go hospidéal, bhí sé soiléir ó agallaimh le bainisteoirí ospidéil go bhfuil ceisteanna iompair bunúsacha suntasacha ag eascairt as ionchais na mbainisteoirí faoin gcaoi a ndéanfadh FSS bainistíocht ar an mbuiséad, ó thaobh an chleachtais de. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas

- Tuairim láidir go bhfuil an buiséad mar a chuirtear in iúl don ospidéal é solúbtha mar gheall gur thaispeáin taithí a bhí ann roimhe seo go mbeadh airgead breise ar fáil i rith na bliana, nach ngearrfaí pionóis ar ospidéil dá mba rud é go sárófaí an buiséad agus go gcaillfeadh an t-ospidéal amach do chodanna eile den chóras a rinne neamhaird de na rialacha trí bheith ag cloí leis an mbuiséad.
- Dearcadh nár réitigh an leibhéal maoinithe leis an ról a chreid an t-ospidéal go raibh sainchúram aige a chomhlíonadh.
- Dearcadh go raibh faomhadh follasach nó intuigthe ann chun an leibhéal seirbhíse a cuireadh ar fáil sa bhliain roimhe sin a choinneáil agus go gcuirfí airgead ar fáil chun é seo a mhaoiniú dá réir sin.
- Dearcadh nach nglacfadh an bhainistíocht shinsearach leis dá dtógfaí gníomhartha ar bith le coinneáil laistigh den bhuiséad a raibh tionchar aige ar sheirbhísí d'othair.

Thug taithí roimhe seo go raibh údar ag na bainisteoirí chun tuairim láidir a bheith acu nárbh é an leithdháileadh tosaigh maoinithe an méid iomlán a bheadh ann. Tábla 47 an leithdháileadh tosaigh, an leithdháileadh deiridh agus an toradh don bhliain 2006 do gach ceann de na hospidéil a déantar tagairt dóibh i Tábla 46.

**Tábla 47 Róchaiteachais Ospidéil sa bhliain 2006**

| Ospidéil | Tosaigh Leith-dháileadh €000 | Deiridh Leith-dháileadh €000 | Toradh €000 | Róchaiteachas thar Tosaigh Leithdháileadh €000 | % Thar Tosaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| Ospidéal Adelaide & na Mí | 196,278 | 202,840 | 202,531 | 6,253 | 3.2% |
| Ospidéal Ginearálta Shligigh | 94,925 | 99,447 | 110,059 | 15,134 | 15.9% |
| Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo | 66,861 | 75,338 | 75,391 | 8,530 | 12.8% |
| Ospidéal Mhuire, Cromghlinn | 113,604 | 120,970 | 121,001 | 7,397 | 6.5% |

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara nach raibh dabht ar bith faoi ach gur cuireadh maoiniú ar fáil do na boird sláinte agus d'Údarás Réigiúnda Sláinte an Oirthir (ÚRSO) i gcaitheamh na bliana airgeadais, agus go minic i mí na Nollag, sular bunaíodh FSS. Ar bhealach contráilte, is dreasú a bhí i gceist leis seo agus spreag sé dearcadh 'fan go bhfeicfimis' i measc bainisteoirí a ghníomhaigh dá réir sin. Dúirt sé gur oibrigh FSS go crua chun deireadh a chur leis an gcultúr seo, trí bhuiséid a dhéanamh soiléir go luath sa bhliain agus trí chultúr de chuntasacht a chothú i measc bainisteoirí.

Dúirt sé gur cuireadh ospidéil ar an eolas i gcaitheamh na bliana 2007 go ndearnadh an chuid ba mhó dá mbuiséid a leithdháileadh dóibh ag tús na bliana agus nach mbeadh ach gné bhreise bheag ann, le tarraingt ó sholáthar teagmhasach a choinnigh FSS faoi réir ag riachtanais na Roinne Airgeadais. Thug sé faoi deara gur bhain cúig líonra ospidéil[60] toradh cothrom amach in 2007 agus go raibh easnaimh ag trí líonra. Cé go bhféadfadh sé go ndearna bainisteoirí áirithe 'ionchais' a lua mar fáth leis an bhfeidhmíocht lag, bhí na bainisteoirí a bhain cóimheá airgid amach an-soiléir go raibh an cultúr de 'leithdháiltí i mí na Nollag' thart agus ghníomhaigh siad dá réir sin. Ar bhreathnú siar, áfach, dúirt sé gur theastaigh bainistíocht níos déine i dhá líonra ospidéil i gcaitheamh na bliana 2007.

## Ailíniú an Bhuiséid agus Pleananna Seirbhíse ag Leibhéal an Aonaid Ghnó

Tá sé i gceist go mbeidh tacaíocht ag gach gné den PSN ó raon de phleananna gnó ag leibhéal an cheantair, áitiúil agus an aonaid a aistríonn na táirgí insoláthartha náisiúnta ina dtáirgí insoláthartha áitiúla ag gach leibhéal sa chóras. Le linn an athbhreithnithe rinne mé imscrúdú ar an nasc idir pleananna áitiúla, buiséid agus PSN. Bhí éagsúlacht mhór sna pleananna gnó áitiúla idir pleananna cuimsitheacha ar lámh amháin a rinne cur síos mionsonraithe ar na seirbhísí a raibh sé beartaithe a chur ar fáil agus pleananna a rinne cur síos ar ghníomhaíochtaí beartaithe i dtéarmaí an-ghinearálta ar an lámh eile. Is beag faisnéis airgeadais a bhí le fáil sna pleananna a ndearnadh imscrúdú orthu. Ar a mhéid, rinneadh costáil ar fhorbairtí seirbhíse nua. Ní raibh faisnéis ar bith ann faoin gcaoi a ndéanfaí bainistíocht ar easnaimh reatha, mar shampla, ná faisnéis faoi na héifeachtaí airgeadais a bhaineann le hathdháileadh a dhéanamh ar acmhainní. In éifeacht, tá deis shuntasach ann naisc níos follasaí a chruthú idir bhuiséid agus phleananna seirbhíse trí na himpleachtaí ó thaobh costais de a bheadh ag na pleananna gnó i gcoinne na buiséid atá ar fáil a leagadh amach sna pleananna sin.

[60] Is éard is líonra ospidéil ann ná grúpa d'ospidéil a oibríonn le chéile chun raon leathan seirbhísí a chomhordú agus a sholáthar i gceantar áirithe. Tá ocht líonra ospidéil sna ceithre cheantar riaracháin de chuid FSS - dhá líonra i ngach ceantar.

## Cás-Staidéar - Ospidéal Mhuire do Leanaí, Cromghlinn

Bhí an chosúlacht ann nach raibh roinnt pleananna gnó áitiúla ailínithe leis an PSN agus chuir roinnt aonaid ghnó pleananna áitiúla i bhfeidhm gan aird a bheith acu ar an méid a bhí ar fáil sa PSN agus ina bhuiséad gaolmhar.

Chuir Ospidéal Mhuire do Leanaí, Cromghlinn plean gnó don bhliain 2007 faoi bhráid FSS i mí Dheireadh Fómhair na bhliana 2006 le buiséad beartaithe de €139m. Is ionann é seo agus méadú de beagnach 15% thar a bhuiséad deiridh don bhliain 2006. Ba é dearcadh an Ospidéil ná go raibh sé ainmnithe ag an Roinn, ÚRSO agus FSS mar an soláthraí seirbhíse Péidiatraiceach treasach thar roinnt blianta agus go raibh maoiniú curtha ar fáil dó dá réir suas leis an mbliain 2006. Ba é an dearcadh a bhí aige ná go raibh an méadú beartaithe sa bhuiséad ag teastáil chun costas iomlán bliana na seirbhísí a forbraíodh in 2005 agus 2006 a íoc agus do sheirbhísí eile a cuireadh moill ann maidir le hiad a chur i bhfeidhm go dtí 2007. Bhí sé soiléir gur ullmhaíodh an buiséad a rinne FSS a leithdháileadh ar bhunús a bhí iomlán difriúil.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur thug Alt 38 den Acht Sláinte, 2004, sainmhíniú ar an mbunús dlíthiúil chun déileáil le soláthraithe seirbhíse deonacha cosúil le hOspidéal Mhuire, Cromghlinn. Ní dhéanann an tAcht breithniú ar dhearcadh an ospidéil ar a ról féin ach ceanglaíonn sé ar FSS leibhéal sainithe maoinithe a sholáthar do leibhéal seirbhíse atá leagtha síos. Leagadh amach an leibhéal seirbhíse do gach soláthraí sa PSN. Dúirt sé freisin go raibh dualgas ar FSS teorainn a shocrú laistigh den Vóta maidir le soláthraithe seirbhíse deonacha, nach raibh comhsheasmhach le dearcadh na soláthraithe ar a róil féin i gcónaí.

Dúirt sé go raibh ardaidhmeanna ag beagnach gach soláthraí seirbhíse do FSS maidir le forbairt a dhéanamh ar a gcuid seirbhísí, agus gur roinn FSS go leor acu seo. Ní féidir an iomarca béime a leagadh ar thimpeallacht maoinithe seasta de chuid FSS agus a ról chun maoiniú a thabhairt do sholáthraithe dá réir sin áfach. Bhí ar FSS oibriú laistigh dá Vóta agus ní raibh sé in ann méadú 15% sa bhuiséad a chur ar fáil d'ospidéal amháin chun forbairt a dhéanamh ar a chuid seirbhísí in 2007. Dá réir sin tugadh méadú sa bhuiséad ar aon dul leis an maoiniú a bhí ar fáil do gach ospidéal.

Ó thaobh an naisc idir pleananna gnó agus buiséid de dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh Samhail Pleanála Gnó sainmhínithe ag FSS a raibh feidhm aici sna réimsí ar fad de ghnó FSS in 2007. Ba é an leithdháileadh buiséadach a cuireadh ar fáil don bhainisteoir an bunús airgeadais a bhí le pleananna gnó, aistrithe ina n-ionad costais laistigh den mhórleabhar ginearálta don tseirbhís ábhartha. Dúirt sé go raibh a fhios ag bainisteoirí go maith faoin mbuiséad ar a mórleabhar ginearálta agus go raibh an plean gnó deartha chun na seirbhísí a bhíothas in ann a sholáthar don bhuiséad seo a léiriú.

## Gníomhartha chun Bainistíocht Airgeadais a Fheabhsú

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gur tógadh roinnt tionscnaimh chun bainistíocht airgeadais a fheabhsú sa FSS nó go bhfuil siad beartaithe

- Cuireadh Córas feabhsaithe um Fheidhmíocht Chorparáideach a Thomhas i bhfeidhm in 2007. Dhírigh an tionscnamh seo aird ar an gcaidreamh idir freagracht, údarás agus cuntasacht ag gach leibhéal san eagraíocht.
- Tugadh córas Healthstat isteach in 2008, ag díriú ar na príomhtháirgí insoláthartha d'ospidéil agus CPPL araon. Is feabhsú breise é seo ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil do bhainisteoirí agus dírítear ar cheisteanna cosúil le neamhláithreacht a rialú a mbíonn impleachtaí díreacha acu ó thaobh costais de.
- Cuireadh buiséid in iúl do bhainisteoirí roimh dheireadh na bliana 2007 don bhliain 2008. Tá a fhios ag bainisteoirí nach bhfuair siad airgead nua ar bith déanach sa bhliain 2007. Is í an teachtaireacht

nach mbeidh airgead breise ar fáil níos déanaí sa bhliain atá mar fhírinne an scéil níos mó agus níos mó agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an athrú sa chultúr.

- Chuir stiúrthóir nua ONO samhail rialaithe feabhsaithe i bhfeidhm le cruinnithe ar leith de chuid Coiste Gnó ONO atá dírithe ar fheidhmíocht i leith airgeadas, gníomhaireacht agus líon na ndaoine.
- Tá an Stiúrthóir Airgeadais ina chathaoirleach ar an bPróiseas Rialaithe anois seachas an Stiúrthóir Pleanála Corparáidí agus Próiseas Rialaithe.
- Tá córas Pleanála agus Athbhreithnithe Feidhmíochta curtha i bhfeidhm do bhainisteoirí sinsearacha a bhfuil forbairt ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta i gceist leis. Is é ceann de na táscairí is suntasaí faoina bhfuil bainisteoirí sinsearacha á thomhas ná a gcuid buiséid agus pleananna airgeadais a bhaint amach.
- Tá córas airgeadais agus soláthair comhtháite náisiúnta aonair pleanáilte. Tá tionscadal inmheánach ar bun faoi láthair a thabharfadh tacaíocht don chás gnó foriomlán ó thaobh costais, deartha, plean cur i bhfeidhm agus straitéis maidir le rolladh amach de. Dúirt sé go raibh dúshlán suntasach ann anseo fós. Idir an dá linn, leanfadh córais reatha ar aghaidh i mbun feidhme.

## Torthaí

Tar éis atreorú a dhéanamh ar mhaoiniú forbartha, ba é €245m an róchaiteachas buiséadeach ar sheirbhísí lárnacha FSS don bhliain 2007. Bhí moill shuntasach ann ó thaobh dul i ngleic leis an easnamh a bhí ag teacht chun cinn. I roinnt cásanna ina raibh róchaiteachais shuntasacha ag tarlú, d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go mbeadh gníomhartha ar leith tógtha ach ní bhfuair an t-athbhreithniú fianaise ar bith gur tógadh gníomhartha ar bith cosúil leis sin. Is éifeacht mhífheidhmiúil a bhíonn ann de bharr moilleadóireachta ná go gcaithfear coigilteas a fháil ar fud na seirbhíse, rud a imríonn tionchar ar aonaid atá ag feidhmiú laistigh den bhuiséad chomh maith leo siúd nach bhfuil.

Bhíodh sé de nós ag FSS, agus ag na bord sláinte roimpi, úsáid a bhaint as airgead forbartha chun fóirdheonú a dhéanamh ar chostas na seirbhísí reatha trí moill a chur le seirbhísí nua a thabhairt isteach. Rinneadh €208m a ghiniúint ón gcur chuige seo in 2007. Níl cleachtas comhardaithe buiséid cosúil leis sin inbhuanaithe ach amháin le linn céim leathnaithe. Nuair a thagann laghdú ar ráta na bhforbairtí nua atá á choimisiúnú, beidh easnamh sa bhuiséad mar thoradh air.

Tá ionchas ag bainisteoirí áirithe ó chleachtas roimhe seo de bheith ag déileáil le róchaiteachais bhuiséideacha go dtabharfar 'cúnamh' dóibh in am agus i dtráth. Tá tús curtha maidir le dul i ngleic leis seo ach tá monatóireacht feabhsaithe ag teastáil sna réimsí ina raibh easnaimh ann in 2007.

I gcás na scéimeanna atá faoi réir ag éileamh ina raibh róchaiteachas de €177m ann bheadh fiúntas ann faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil i dtuarascálacha inmheánacha agus seachtracha araon atá in ann an difríocht a aithint idir éagsúlachtaí ó thaobh na gnéithe atá mar chuid dóibh lena n-áirítear líon na bhfaighteoirí, méid na seirbhíse agus praghsanna aonaid.

Bunaithe ar an méid roimhe seo is iad na príomhghnéithe go gcaithfidh FSS dul i ngleic leo ná

- Déanamh cinnte go leagtar béim ag gach leibhéal den eagraíocht ar an leibhéal seirbhíse comhaontaithe a sholáthar laistigh den leithdháileadh acmhainní comhaontaithe chomh luath agus a dhéantar roghanna agus tosaíochtaí seirbhíse a bhunú agus a chur san áireamh i bplean seirbhíse le leithdháileadh gaolmhar.
- Úsáid gníomhach a bhaint as sonraí PSN chun fiosrú a dhéanamh ar threochtaí agus tús a chur le gníomhartha ceartúcháin go luath.
- Déanamh cinnte go ndéantar freagairtí bainistíochta buiséid áitiúla oiriúnacha a ghníomhú agus nach spreagtar cultúr 'fan go bhfeicfimis'.
- Bainistíocht buiséid comhtháite ag tógáil gníomhaíochtaí pleanáilte, acmhainní foirne agus leithdháileadh airgeadais san áireamh.

San iomlán, tá baol ann de bharr maoiniú seirbhíse breisíochtúil i FSS agus na heagraíochtaí a bhí ann roimpi go ndéanfar acmhainní a dháileadh ar bhunús na riachtanas stairiúla seachas riachtanais reatha agus nach mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní mar thoradh air seo. Go fadtéarmach, d'fhéadfadh sé go ndéileálfaidh samhail leithdháilte acmhainní nua leis seo. Idir an dá linn áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh fiúntas ann cur chuige buiséadach bunaithe ar nialas a thabhairt isteach chun deiseanna ar bith chun athdháileadh a dhéanamh a aithint. B'fhéidir go bhféadfaí é seo a chur i bhfeidhm thar na seirbhísí thar timthriall.

# Caibidil 15

# Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## 15.1 Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faigheann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) airgead ar iasacht ar son an Státchiste agus déanann sí bainistíocht ar Fhiachas Náisiúnta na hÉireann. Tugann sí faoi na feidhmeanna seo faoi rialú agus faoi mhaoirseacht ghinearálta an Aire Airgeadais. Le blianta beaga anuas tugadh raon d'fheidhmeanna eile di. Is iad na príomhchinn acu seo ná

- gníomhú mar Bhainisteoir ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean
- éilimh ar chúiteamh a bhainistiú thar ceann gníomhaireachtaí Stáit agus
- feidhmeanna na Gníomhaireachta Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais a chomhlíonadh

In 2007 thug sé faoi roinnt feidhmeanna breise

- Ceannaíonn sí creidmheasanna carbóin[61] atá ag teastáil chun dualgais na hÉireann maidir le hathrú aeráide a chomhlíonadh.
- Rinneadh a cuid seirbhísí lárnacha cisteáin a leathnú chun na heagraíochtaí Stáit neamhthráchtála ar fad a chuimsiú chomh maith le hairgeadra eachtrach a fháil thar ceann na Roinne Gnóthaí Eachtracha. Chuir sí tús le bainistíocht a dhéanamh ar airgid[62] i gcuntais maoine príobháidí othair ar théarmaí a comhaontaíodh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- I réimse na scéimeanna um chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí rinneadh a sainchúram a leathnú[63] chun tionscadail a sholáthar agus a chur ar fáil sna hearnálacha ar fad, ach amháin iompar agus údarás áitiúil.

## Iniúchadh ar an nGníomhaireacht

Faoi fhorálacha an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, ceanglaítear orm cuntais na Gníomhaireachta a iniúchadh agus nuair a bheidh mo thuarascáil bhliantúil reachtúil á déanamh agam ar na Cuntais Leithghabhála, tuairisciú a dhéanamh do Dháil Éireann freisin maidir le cruinneas na suimeanna arna dtabhairt chun cuntais ag an nGníomhaireacht sa bhliain.

Iniúchadh cuntais na Gníomhaireachta i gcomhair 2007 agus cuireadh na cuntais, lena n-áirítear cuntas riaracháin agus cuntais a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta, faoi bhráid an Aire a leag cóipeanna díobh os comhair dhá Theach an Oireachtais.

Táim sásta go léiríonn na cuntais idirbhearta na Gníomhaireachta in 2007 mar is ceart chomh maith lena hiarmhéideanna ag deireadh na bliana.

## Fiachas Náisiúnta agus an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Ar 21 Nollaig 2007 bhí fiachas náisiúnta de €37.6 billiún ag Éirinn (2006: €35.9 billiún). Bhí an méadú seo de €1.7 billiún ón mbliain roimhe sin ann mar gheall ar easnamh den mhéid céanna i mbuiséad an Stáit. Nuair a thógtar an éifeacht atá ag díorthaigh san áireamh bhí nochta an Fhiachais Náisiúnta ar fad in Euro ag deireadh na bliana agus é déanta suas de bhannaí rialtais don chuid ba mhó.

Déantar bannaí rialtais a shonrú ag luachanna ainmniúla - baintear úsáid as na luachanna seo mar bhonn

[61] Faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007.
[62] Faoin Acht Sláinte 2007.
[63] Faoin Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais (Leasú) 2007.

chun díbhinní a shocrú agus na suimeanna a gcaithfear a aisíoc ar deireadh. I dtéarmaí luach an mhargaidh ba é luach an fhiachais fhoriomláin ar 31 Nollaig 2007 ná €39 billiún.

Ba é luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ar 31 Nollaig 2007 ná €21.2 billiún. Déantar é seo a shonrú ag luachanna an mhargaidh, rud atá éagsúil ón bhFiachas Náisiúnta. Tháinig méadú de €2.3 billiún ar a luach i rith na bliana. Den mhéid sin, bhí thart ar €1.6 billiún inchurtha i leith na ranníocaíochta Stáit de 1% den olltáirgeacht náisiúnta mar a bhí measta sa bhuiséad bliantúil.

**Tábla 48 An Fiachas Náisiúnta agus Luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ó 2003 go 2007**

| Deireadh na Bliana | Fiachas Náisiúnta[a] €m (ag luach ainmniúil) | An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean €m (ag luach an mhargaidh) |
|---|---|---|
| 2003 | 37,610 | 9,561 |
| 2004 | 37,846 | 11,689 |
| 2005 | 38,182 | 15,418 |
| 2006 | 35,917 | 18,900 |
| 2007 | 37,560 | 21,153 |

[a] Níl an ghluaiseacht i luach ainmniúil an fhiachais cothrom leis na fáltais airgid atá le hiasacht mar gheall ar an éifeacht a bhíonn ag bannaí reatha a thráinseáil agus a chur ar ceal.

Ba é an costas a bhí le fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta don bhliain 2007 ná €2.1 billiún. Cuimsíonn sé seo aistriú de €466m ó chistí reatha chuig ciste fiachmhúchta chun fiachas a aisíoc áfach, rud a chiallaíonn go bhfuil an costas fónaimh reatha ag €1.6 billiún nó thart ar 4.4% den mheánfhiachas thar na bliana.

## Feidhmíocht na Gníomhaireachta a Thomhas

Déantar freagracht na Gníomhaireachta ó lá go lá as iasachtaí a fháil agus bainistíocht a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta a chomhlíonadh faoi réir ag treoirlínte a thugann an tAire Airgeadais. Déantar spriocanna tagarmharcála mionsonraithe agus rialacha maidir le feidhmíocht a mheas a chomhaontú ina dhiaidh sin lena Roinn. Déanann an córas tagarmharcála comhaontaithe comparáid idir fheidhmíocht na Gníomhaireachta i gcoinne sprioc thagarmharcála airgeadúil maidir lena gníomhaíochtaí bainistíochta fiachais agus a táillí punainne[64].

Déantar gnólacht chuntasaíochta a fhostú chun iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar na torthaí tagarmharcála. Agus iad ag tabhairt faoina n-iniúchadh cinneann siad

- go bhfuil ionchur na n-idirbheart punainne iarbhír i gcaitheamh na bliana ar aon dul le taifid na Gníomhaireachta
- go gceaptar idirbhearta punainne tagarmhairc i gcomhréir leis na rialacha i leith na bpunann maoinithe ábhartha agus go ndéantar iad a ionchur sa chóras i gceart
- go ndéantar luachálacha agus comhiomlánú an tagarmhairc agus na bpunann maoinithe iarbhír araon, chomh maith leis na táillí punainne, a ríomh i gceart.

Don bhliain 2007 tugann na torthaí seo le fios gur sháraigh an Ghníomhaireacht a tagarmharc de €31m

[64] Léiríonn táillí punainne tomhais ar na costais bhreise a bheadh ar an Státchiste i leith táillí i gcomhair cistí a bhainistiú agus seirbhísí eile mura gcuirfeadh an Ghníomhaireacht na seirbhísí sin ar fail.

maidir le bainistíocht a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta agus ar phunanna eile na Gníomhaireachta[65].

Chomh maith leis sin rinne an Ghníomhaireacht táillí punainne ainmniúla de €15m a ghiniúint faoi réir ag na rialacha tagarmharcála. Rinneadh na táillí seo a ghineadh i dtaobh bainistíocht a dhéanamh ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean, an Ciste Árachais Shóisialaigh agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais don chuid is mó.

Déanann Coimisiún rialú ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) ach ceanglaítear air a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh tríd an nGníomhaireacht don tréimhse chomh fada le mí Aibreáin 2011[66]. Déanann an Ghníomhaireacht bainistíocht neamhghníomhach ar chuid den chiste a dhéantar a infheistiú i bannaí rialtais eachtracha ar aon dul le straitéis infheistíochta foriomlán an Choimisiúin. Déanann sí bainistíocht ar shócmhainní airgid thirim agus forleagan airgeadra[67] thar ceann an Choimisiúin. Baineann €5.2m den €15m a rinne an Ghníomhaireacht a thaifead i dtáillí punainne ainmniúla le gníomhaíochtaí thar ceann an CNP.

Déanann gnólachtaí bainistíochta infheistíochta eachtracha bainistiú ar shócmhainní gnáthscaireanna an CNP a roghnaíonn an Ghníomhaireacht thar ceann an Choimisiúin. Leagann an Coimisiún amach an tagarmharc feidhmíochta i gcomhair infheistíochtaí agus na bainisteoirí, agus tá próisis ag an nGníomhaireacht chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht na mbainisteoirí agus na torthaí a thuairisciú don Choimisiún. Tá gach bainisteoir infheistíochta faoi réir ag athbhreithniú feidhmíochta foirmiúil bliantúil ag an gCoimisiún. Socraíonn an Coimisiún na gníomhartha oiriúnacha le déanamh maidir le ceisteanna feidhmíochta ar bith.

## Costais na Gníomhaireachta

Ba é ioncam iomlán riaracháin na Gníomhaireachta ná €32.4m. Chuir an Státchiste €31.3 den mhéid sin ar fáil. Baineadh úsáid as an ioncam riaracháin seo ar mhaithe leis na cuspóirí seo a leanas

| | |
|---|---|
| Costais bainistíochta fiachais | €9.0m |
| Costais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát | €7.2m |
| Costais na Gníomhaireachta Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais | €4.4m |
| Costais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean | €6.8m |
| Ranníocaíocht bhreise le ciste pinsin shochair shainithe atá faofa ag an Aire Airgeadais[68] | €5.0m |

Ní raibh costas suntasach ag baint le feidhmeanna na Gníomhaireachta a chomhlíonadh faoin Acht um an gCiste Carbóin in 2007.

## An Ciste Carbóin

Is féidir le hÉirinn a cuid dualgais faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide 1992 agus Prótacal Kiótó 1997 ar an gCoinbhinsiún sin a chomhlíonadh ar dhá bhealach

[65] Baineann na punanna seo le hiasachtaí de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe, an Ciste Árachais Shóisialaigh agus seirbhísí lárnacha cisteáin.
[66] Ag deireadh na tréimhse seo, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, is féidir leis an gCoimisiún an Ghníomhaireacht a athcheapadh le comhaontú ón Aire Airgeadais do thréimhse chúig bliana breise nó is féidir Bainisteoir eile a cheapadh
[67] Is éard atá i gceist le forleagan airgeadra ná fálú a dhéanamh ar chuid de nochtadh an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ó thaobh airgeadra de
[68] Tá an ranníocaíocht seo sa bhreis ar an gnáthranníocaíocht bhliantúil a dhéantar leis an scéim.

- creidmheasanna carbóin a cheannach[69] go díreach ón margadh nó ó pháirtithe eile de chuid Phrótacal Kiótó
- creidmheasanna carbóin a cheannach go hindíreach trí infheistíocht a dhéanamh i gcistí bainistithe[70] nó tionscadail chun carbón a laghdú.

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an Chiste Carbóin 2007 chun éascú a dhéanamh ar chreidmheasanna carbóin a fháil. Tá an Ghníomhaireacht ainmnithe mar an gníomhaire ceannaigh thar ceann an Stáit agus déanfaidh sí ceannacháin de chreidmheasanna carbóin a riar agus a bhainistiú.

Faoi théarmaí Phrótacal Kiótó, tá gealltúint tugtha ag Éirinn a cuid astuithe bliantúla de gháis ceaptha teasa ar an meán sa tréimhse 2008 go 2012 a choinneáil faoi bhun 13% níos mó ná leibhéal na n-astuithe i 1990 ar a mhéid. Leagtar straitéis na hÉireann chun an sprioc sin a bhaint amach sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012* a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Cuimsíonn an straitéis creidmheasanna carbóin a cheannach i leith laghduithe sna hastuithe a baintear amach in áiteanna eile mar fritháireamh i gcoinne astuithe ar bith in Éirinn a sháraíonn teorainneacha Kiótó. Meastar faoi láthair go mbeidh ar an Rialtas creidmheasanna carbóin a cheannach le haghaidh os cionn 3.6m tona d'astuithe iomarcacha i leith gach bliana sa tréimhse 2008 go 2012.

Tá €270m ainmnithe ag an Rialtas sa *Phlean Forbartha Náisiúnta 2007–2013* chun creidmheasa carbóin a cheannach i dtréimhse ceangaltais Kiótó 2008 go 2012. Seo anuas ar infheistíocht bhunaidh de €20m a rinne an Roinn in 2006.

Suas go deireadh na bliana 2007 chuaigh an Rialtas i mbun ceangaltais de €39m chun infheistíocht a dhéanamh i dtrí chiste atá faoi bhainistíocht ag dhá institiúid idirnáisiúnta. Rinneadh íocaíochtaí de €23.7m leis na cistí seo, agus íocadh €3.7m den mhéid sin in 2007. Déanann na cistí seo infheistíocht i dtionscadail chun carbón a laghdú i dtíortha éagsúla in ionchais go ndéanfaidh siad creidmheasanna carbóin a tháirgeadh mar fritháireamh i gcoinne astuithe iomarcacha in Éirinn. Ní dhéanfaidh bainisteoirí na gcistí institiúide idirnáisiúnta líon na gcreidmheasanna carbóin a bheidh mar thoradh ar na hinfheistíochtaí seo ar deireadh a mheas go dtí go leanann tionscadail ar aghaidh agus go dtagann siad chun críche.

## Dualgais Pinsin na Gníomhaireachta a Mhaoiniú

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht scéim pinsin shochair shainithe d'fhostaithe áirithe[71]. Déanann bainisteoirí seachtracha riarachán ar an gciste gaolmhar agus déanann iontaobhaithe na scéime maoirseacht air. Déanann an Ghníomhaireacht ranníocaíochtaí bliantúla leis an gciste agus b'fhiú €6.8m iad seo in 2007. Le blianta beaga anuas bhí an ranníocaíocht bhliantúil leis an gciste comhdhéanta de

- céatadán de chostais an phárolla a dhéantar ag ráta (25% faoi láthair) a shocraíonn an Ghníomhaireacht ar chomhairle ó achtúire neamhspleách agus
- ranníocaíocht eile sa bhreise ar an ráta maoinithe socraithe faoi réir ag faomhadh a fháil ón Aire Airgeadais.

Nochtann ráitis airgeadais na Gníomhaireachta an t-easnamh nó an barrachas sa chuntas pinsin chun críche cuntasaíochta faoi réir ag *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (Sochair Scoir)* ag deireadh gach bliana airgeadais.

---

[69] Tugtar Aonaid Kiótó orthu seo faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007.

[70] Cuimsíonn cistí bainistithe roinnt tionscadail chun carbón a laghdú. Tá méid áirithe neamhchinnteachta ann maidir le líon na gcreidmheasanna carbóin a tháirgfear ó na hinfheistíochtaí seo ar deireadh.

[71] Déanann an Gníomhaireacht ranníocaíochtaí le Cuntais Coigiltis Pearsanta Scoir (CCPS) d'fhostaithe nach bhfuil ina mball den Scéim Shochair Shainithe agus íocadh €0.5m leo seo in 2007

Tábla 49 amach an t-easnamh nó an barrachas i dtéarmaí cuntasaíocht ó 2004 i leith agus na ranníocaíochtaí gaolmhara leis an gciste.

**Tábla 49 Barrachas/Easnamh ar an gCiste Pinsin agus Ranníocaíochtaí a rinneadh leis an gCiste sa tréimhse 2004 go 2007**

| Bliain | Barrachas/(easnamh) sa Chiste Pinsin €000 | Ranníocaíochtaí ag 25%den Phárolla €000 | Ranníocaíocht Bhreise €000 |
|---|---|---|---|
| 2004 | (12,888) | 1,409 | 2,000 |
| 2005 | (12,399) | 1,171 | 3,000 |
| 2006 | (2,922) | 1,593 | 7,500 |
| 2007 | 2,443 | 1,772 | 5,000 |

Suas go deireadh na bliana 2006 rinneadh ranníocaíochtaí breise de €12.5m ar mhaithe le heasnamh an chiste a laghdú. Rinneadh ranníocaíocht bhreise de €5m leis an gciste in 2007. Rinneadh faomhadh an Aire Airgeadais a lorg agus a fháil chuige seo.

Déanann iontaobhaithe na scéime pinsin luachálacha achtúireacha a choimisiúnú ó am go chéile, mar a cheanglaíonn Acht na bPinsean, 1990 orthu a dhéanamh. Is é ceann de na cuspóirí atá leis na luachálacha seo ná measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na ranníocaíochtaí atá á dhéanamh ag an nGníomhaireacht agus ráta ranníocaíochta amach anseo a mholadh, ag tógáil leibhéal maoinithe na scéime ag dáta na luachála san áireamh. Nuair a rinneadh athbhreithniú ar an staid in 2004 mhol an luacháil achtúireach go mbeadh ráta maoinithe fadtéarmach de 29.5% de na tuarastail oiriúnach, ag féachaint don easnamh sa scéim ag an bpointe sin. Ag tógáil na ranníocaíochtaí breise i bhfoirm íocaíochtaí cnapshuime san áireamh, a mbeadh laghdú ar easnamh an chiste mar thionchar acu, shocraigh an Ghníomhaireacht leanúint ar aghaidh á maoiniú ag an ráta reatha ag an am de 25% de na tuarastail.

Tugadh faoin luacháil achtúireach is déanaí ar an scéim i mí Mheán Fómhair 2007, ag baint úsáid as dáta luachála i mí Eanáir 2007. Ba é an chonclúid a bhí leis ná go mbeadh 20% de na tuarastail oiriúnach mar ráta luachála fadtéarmach. In ainneoin sin, mhol sí leanúint ar aghaidh leis an leibhéal ranníocaíochta reatha de 25%.

Baineadh úsáid as bunúis achtúireacha éagsúla chun luacháil a dhéanamh ar dliteanais na scéime chun críche cuntasaíochta agus maoinithe. Mar sin, rinne an luacháil maoinithe easnamh na scéime ar an 1 Eanáir 2007 a ríomh ag €200,000 áit a raibh easnamh de €2,922,000 ann chun críche cuntasaíochta. Baintear úsáid as an gcéad luacháil a luadh mar bhunús chun ranníocaíochtaí leis an gciste a shocrú áfach.

## Buncheisteanna an Iniúchta

Tá an cuma ar an scéal go sáraíonn an leibhéal maoinithe atá á chur ar fáil don scéim faoi bhainistíocht sheachtrach a gcuid riachtanais reatha. Ba chóir go ndeachtóidh prionsabal an gheilleagair nár chóir go sáróidh eis-sreabhadh acmhainní an státchiste an t-éileamh ar mhaoiniú. Rinne mé dearcadh an Oifigigh Chuntasaíochta a lorg maidir le cén fáth go ndearnadh an ranníocaíocht bhreise de €5m in 2007.

Mar fhreagra dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go raibh easnamh de €2.9m ag an scéim shochair shainithe ar bhunús tuairiscithe cuntasaíochta ag deireadh na bliana 2006 agus go mbeadh easnamh de €2.557m ann ag deireadh na bliana 2007 murach go ndearnadh an ranníocaíocht bhreise. Bhí an luacháil achtúireach atá mar bhunús le leibhéal maoinithe molta bunaithe ar an staid airgeadais mar a bhí ar an 1

Eanáir 2007. Bhí an staid eacnamaíochta domhanda níos cobhsaí ag an bpointe sin mar gheall gur raibh sé roimh an uair gur tháinig na ceisteanna creidmheasa, leachtacha agus fophríomha chun cinn, a thosaigh sna SAM agus a thosaigh ag imirt tionchar ar an Eoraip faoi dheireadh na bliana 2007. Níor chabhraigh na ceisteanna seo a bhí ag teacht chun cinn le cobhsaíocht sna margaí airgeadais lena raibh infheistíochtaí na scéim nochta, agus sa ráithe dheireadh in 2007 bhí Stocmhalartán na hÉireann thíos 12.04%, bhí innéacs stocmhalartáin an Bloomberg European 500 thíos 3.14% agus bhí an Dow Jones thíos 4.54%. Lean mí-ord na margaí ar aghaidh ó dheireadh na bliana 2007 i leith agus tá an tOifigeach Cuntasaíocht ag súil leis go mbeidh an scéim ar ais in easnamh faoi dheireadh na bliana 2008 má leanann staid seo na margaí ar aghaidh. Dúirt sé liom freisin go bhfuil sé tábhachtach a thógáil san áireamh go n-oibríonn GBCN a scéim pinsin féin áit a ndéantar na ranníocaíochtaí iomlán leis an scéim a ghearradh ar a buiséad riaracháin gach bliain. Tá sé seo éagsúil ó eagraíochtaí Stáit nó Ranna Rialtais eile a thógann airgead amach ón Státchiste ar bhonn "íoctar mar a úsáidtear" le haghaidh pinsean. Anuas ar sin, mhol sé dom go sonraíonn an tuarascáil achtúireach gurb é an príomhchuspóir atá leis an luacháil ná athbhreithniú a dhéanamh ar ráta ranníocaíochta an fhostóra ag tógáil cuspóirí maoinithe na n-iontaobhaithe san áireamh. Mar Oifigeach Cuntasaíochta, agus aireach ar an méid sin, mheas sé go raibh sé tábhachtach maoiniú iomlán a dhéanamh ar an scéim ar bhonn CTA17 agus ar bhonn achtúireach araon, más féidir.

### Torthaí an Iniúchta

Mar gheall gur dualgais fadtéarmacha atá i gceist le dliteanais pinsin, bheadh sé oiriúnach dearcadh níos fadtéarmaí ar fheidhmíocht an mhargaidh a thógáil nuair atá leibhéal na ranníocaíochta le scéim maoinithe á shocrú.

Thabharfadh sé seo, chomh maith leis an inmhianaitheacht eis-sreabhadh an Stáit a íoslaghdú, le fios nár chóir maoiniú a thabhairt do scéimeanna roimh riachtanas a bheith leis agus gur chóir déileáil le heasnaimh sna cistí de ghnáth trí choigeartú a dhéanamh leis an ráta maoinithe bliantúil a mholann an t-achtúire ó am go chéile.

## An Post - Táillí Bainistíochta

Déanann An Post bainistíocht ar roinnt táirgí coigiltis miondíola de chuid an rialtais thar ceann na Gníomhaireachta lena n-áirítear Banc Taisce an Phoist (BTP). B'fhiú €5.6 billiún an coigilteas seo in 2007. Is ionann agus thart ar 15% den Fhiachas Náisiúnta é seo.

Tá idirbheartaíochtaí ar siúl ag an nGníomhaireacht le roinnt blianta anuas le An Post maidir le struchtúir fadtéarmach do tháillí chun na scéimeanna seo a fheidhmiú. Coinníodh táillí ag an leibhéal a bhí ann an bhliain roimhe sin, nó laghdaíodh iad i gcásanna áirithe, ar feithimh comhaontú a chur i gcrích le An Post.

Go déanach sa bhliain 2007 rinne an Ghníomhaireacht comhaontú a chur i gcrích le An Post don tréimhse 2007 go 2007, go huile, a chuimsigh

- táillí bainistíochta athbhreithnithe don trí scéim choigiltis - Deimhnithe Coigiltis, Bannaí Coigiltis agus Tráthchoigiltí Náisiúnta - bunaithe ar suimeanna a choiglíodh agus idirbhearta sa bhliain
- táille bainistíochta athbhreithnithe do Bhanc Taisce an Phoist bunaithe ar na suimeanna a coiglíodh agus atá faoi réir agus teorainn foriomlán ó thaobh na táille de
- táille bainistíochta breise i leith na gCuntas Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIA) bunaithe ar shuimeanna a coiglíodh ón uair a bunaíodh an scéim.

Rinneadh Comhaontú Seirbhíse a chur i gcrích a bhfuil sé mar aidhm aige na caighdeáin tionscail is fearr a bhaint amach maidir leis na seirbhísí ar fad a bhaineann leis na táirgí coigiltis miondíola a sholáthar. Déanfar roinnt seirbhísí a bheidh le cur ar fáil ag An Post don Ghníomhaireacht agus do chustaiméirí an choigiltis miondíola a shainmhíniú agus a thomhais go mionsonraithe faoin gcomhaontú seirbhíse agus

cuirfear tús le córas chun monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal seirbhíse cuspóireach.

Tábla 50 an fiachas a ardaíodh agus táillí a íocadh i leith scéimeanna atá á riar ag An Post.

**Tábla 50 Suimeanna Gan Íoc[(a)] ar Tháirgí Coigiltis Miondíola agus na Táillí Bainistíochta Gaolmhara**

| | 2005 | | 2006 | | 2007 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fiachas €m | Táillí €m | Fiachas €m | Táillí €m | Fiachas €m | Táillí €m |
| Deimhnithe Coigiltis | 2,208 | 4 | 2,215 | 4 | 2,223 | 5 |
| Bannaí Coigiltis | 1,585 | 2 | 1,709 | 3 | 1,675 | 4 |
| Tráthchoigiltí Náisiúnta | 385 | 2 | 394 | 3 | 409 | 2 |
| Stampaí Coigiltis[(b)] | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 | 1 |
| Banc Taisce an Phoist[(c)] | 1,486 | 28 | 1,543 | 25 | 1,302 | 35 |
| **Iomlán** | **5,666** | **37** | **5,863** | **36** | **5,611** | **47** |

[(a)] Ní chuimsíonn na hiarmhéideanna ar na trí Scéim Choigiltis ús fabhraithe. Ag deireadh na bliana 2007 tá suim de €780 in ús fabhraithe gan íoc ar na scéimeanna seo.
[(b)] Tá an t-iarmhéid glan ar aistrithe chuig BTP.
[(c)] Bhí an laghdú sna taiscí le BTP ag deireadh na bliana 2007 ann mar gheall ar íocaíochtaí le daoine a bhfuil cuntais SSIA atá ag teacht in aibíocht acu don chuid is mó.

B'fhiú €47.1m na táillí bainistíochta agus costais a íocadh le An Post in 2007 san iomlán agus léiríonn siad an comhaontú a rinneadh sa bhliain. Cuimsíonn na costais bainistíochta de €34.6 do Bhanc Taisce an Phoist suim de €5.7 i leith bainistíocht a dhéanamh ar SSIA. Ní raibh siarghabhála ar bith i gceist leis an gcomhaontú ach amháin go raibh éifeacht aige don bhliain ar fad ina gcuireadh i gcrích é, seachas i gcás na SSIA, nach raibh táillí bainistíochta ar bith íoctha ina leith ón uair ar cuireadh tús leo in 2001.

Meastar go mbeidh táillí de €42m iníoctha le An Post in 2008. Baineann €30m den mhéid sin le BTP.

## Scéim Choigiltis do Leanaí

Is scéim seanbhunaithe í na Stampaí Coigiltis, a bhí ann sular bunaíodh an Ghníomhaireacht. Bhí sé deartha chun leanaí a spreagadh le bheith ag coigilt. Déantar na stampaí a dhíol le leanaí bunscoile ag oifigí an phoist agus trí scoileanna. Déantar iad a ghreamú le cártaí agus baintear úsáid astu ansin chun cuntais taisce BTP a oscailte nó cuirtear le cuntais BTP reatha iad. Mar a thaispeántar i Tábla 50 ní raibh ach €2m i gceist leis an iarmhéid gan íoc ar an scéim ar an meán le blianta beaga anuas agus íocann an Ghníomhaireacht táille bainistíochta bhliantúil de thart ar €1m le An Post. Ón mbliain 2004 i leith tá táillí de €4m íoctha ag an nGníomhaireacht le An Post. B'fhiú idir €4m agus €4.5m díolacháin na stampaí coigiltis ar an meán sa tréimhse seo, agus cuireadh an chuid is mó den mhéid sin ar aghaidh chuig BTP ar deireadh.

### Buncheisteanna an Iniúchta

Mar gheall nár eascair maoiniú breise glan ar bith ó na stampaí coigiltis ó 2004 i leith agus go raibh na díolacháin ar an meán chomh íseal tháinig ceist chun cinn maidir le cén chaoi go bhféadfadh údar a bheith leis an eisíocaíocht ar tháillí bainistíochta agus an ndearnadh gníomhartha ar bith faoin scéal nó an raibh sé beartaithe é sin a dhéanamh.

Mar fhreagra dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach féidir an scéim a mheas mar mheán chun maoiniú a

ardú, ach gur modh atá ann chun leanaí a spreagadh le go mbeadh sé de nós acu a bheith ag coigilt. Mar sin féin, bhí an Ghníomhaireacht den tuairim le píosa fada anuas nach raibh leasanna na scéime i gcomhréir leis na costais a bhí i gceist. Dá réir sin mhol an Ghníomhaireacht an scéim a chur ar ceal in 1992, 1997 agus 1998. Dhiúltaigh Airí Airgeadais leantacha roimh na moltaí seo mar gheall ar an luach a shamhlaítear a bheith ag an scéim maidir le nós de bheith ag coigilt a chur chun cinn i measc daoine óga agus an éifeacht dhearfach go bhféadfadh a bheith aige ar scéimeanna coigiltis miondíola eile an Rialtais. Rinne an Ghníomhaireacht cead an Aire a lorg arís in 2007 chun Stampaí Coigiltis a chur ar ceal ach ar an mbonn go gcuirfí scéim choigiltis eile do leanaí ar bun ar dtús. Tá sonraí na scéime nua seo á thabhairt chun críche le An Post anois, agus tá sé geallta ag An Post í a thabhairt isteach le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2008-2009.

## Torthaí an Iniúchta

Cé go n-aithnítear gur chóir spreagadh a thabhairt don nós de bheith ag coigilt, ba mhaith an rud a bheadh ann aistriú chuig meicníocht riaracháin nach bhfuil chomh costasach.

# Aguisín 1

# Ioncam

# Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

## Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

### Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Déantar cur síos thíos ar an timpeallacht um rialú airgeadais, creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

### Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá coiste iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

### Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

**Iniúchadh Inmheánach**

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

**JOSEPHINE FEEHILY**
**Oifigeach Cuntasaíochta**
**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**
**31 Márta 2008**

# Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá imscrúdú déanta agam ar an gcuntas ar Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncam a leagtar amach ar leathanaigh 158 go 165 faoi Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Cuimsíonn an cuntas, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá anseo, na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas ar Fháltais agus Dhiúscairt an Ioncaim a Bailíodh, Ráiteas na nIarmhéideanna agus na nótaí lena mbaineann.

### Freagrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Faoi Seach

Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an gcuntas a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Is í an fhreagracht atá ormsa ná an cuntas a scrúdú faoi réir ag na riachtanais dhlíthiúla agus reachtúla bainteacha agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire).

Tuairiscím cibé an bhfuil an cuntas curtha i láthair i gceart de réir na mBeartas Cuntasaíochta i mo thuairim nó nach bhfuil. Tuairiscím freisin ar coinníodh leabhair chuntais chuí i mo thuairim nó nár coinníodh. Chomh maith leis sin, sonraím cibé an bhfuil an cuntas ag aontú leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscím aon chás a bhaineann le hábhar nuair nach bhfuil na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím freisin más rud é nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo chun críche m'iniúchta.

### Bunús Tuairime

Ag cleachtadh mo fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, thug mé faoi scrúdú ar na cuntais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na breathnuithe speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir le hiad a bhainistiú agus a fheidhmiú. Thug mé faoi m'imscrúdú ar bhonn trialach a rinne athbhreithniú ar fhianaise ar ábhartha í do na méideanna agus don nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a bhí san áireamh sa chuntas. Chuimsigh sé freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus an raibh na beartais chuntasaíochta oiriúnach, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus arna nochtadh go leordhóthanach.

Rinne mé pleanáil ar m'iniúchadh agus thug mé faoi d'fhonn an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir, faisnéis agus sainmhínithe a mheas mé a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a chur ar fáil dom le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise, nó neamhrialtachta nó earráide eile. Le teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar leordhóthanacht fhoriomlán de chur i láthair faisnéise sna ráitis airgeadais.

**Tuairim**

Is í an tuairim atá agam ná go gcuireann an cuntas fáltas agus diúscairt an ioncaim a bailíodh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus na hiarmhéideanna iarmharacha ar an dáta sin i láthair i gceart.

Is í an tuairim atá agam ná gur choinnigh na Coimisinéirí Ioncaim leabhair chuntais chuí. Tá an cuntas ag aontú leo.

**SEÁN O BUACHALLA**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**19 Meán Fómhair 2008**

**Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007**

## Beartais Chuntasaíochta

1. Cuireann na cuntais seo na cánacha agus dleachtanna a bhailíonn agus a leithdháileann na Coimisinéirí Ioncaim i láthair, ag aistriú na bhfáltas chuig an Státchiste. Ullmhaíodh na cuntais seo faoi réir Alt 3 (9) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

2. Níl muirear ar bith san áireamh sna cuntais seo le haghaidh costais riaracháin nó oibriúcháin de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an tOireachtas cistí don chuspóir sin a vótáil agus tá cuntas orthu sa Chuntas Leithreas bliantúil do Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

3. Tugtar suimeanna a fuarthas i leith pionóis agus ús a ghearr na Coimisinéirí Ioncaim chun cuntais leis na socruithe cánach agus dleachta bainteacha. Tugtar fíneálacha agus pionóis cúirte chun cuntais mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.

4. Cuireann na cuntais seo na fáltais a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do ranna agus ghníomhaireachtaí Rialtais eile i láthair mar seo a leanas:

- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Ranníocaíocht ÁSPC).
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Tobhach Sláinte agus Tobhach Tobac).
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha).
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna).
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann (Dleachtanna Soilse).
- An Roinn Iompair (Táillí Muirí).
- Íoctar Stampaí Táille i leith Chlárlann na nGníomhas, Táillí Eadrána agus Stampaí Táille i leith Táillí um Chlárú Cuideachtaí leis an Státchiste.

5. Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim muirear chun Ranníocaíochtaí ÁSPC, an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha agus Dleachtanna Soilse a bhailiú. Níl suimeanna a fuarthas i leith na muirir seo san áireamh sna cuntais seo ach tugtar cuntas orthu mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.

6. Ullmhaíodh na cuntais seo ar bhonn airgid thirim faoi réir ag na prionsabail de Chuntasaíocht Rialtais. Ach amháin san áit a déantar cur síos air in alt 7, taispeánann na cuntais na suimeanna iarbhír a fuarthas agus a íocadh sa bhliain. Sa chás go bhfaightear suimeanna breise cánach, dleachta srl. i mblianta ina dhiaidh sin nó nuair a dhéantar suimeanna a fuarthas sa bhliain reatha nó i mblianta roimhe sin a aisíoc, déantar na nithe sin a thaifeadadh sa bhliain a fhaightear nó a aisíoctar iad.

7. Tugtar cuntas ar dhleachtanna custaim agus máil áirithe agus CBL ar iompórtálacha ar bhonn fabhruithe sa mhéid is go ndéantar iad a thaifead mar fháltais sa bhliain lena mbaineann siad cé nach bhfaightear iad go dtí deireadh na bliana. Taispeántar an tsócmhainn chomhfhreagrach mar ioncam fabhraithe i Ráiteas na nIarmhéideanna.

8. Tá fritháirimh san áireamh sna figiúirí d'fháltais agus aisíocaíochtaí comhlán do gach ceannteideal cánach .i. cásanna nuair nach ndéantar an aisíocaíocht go díreach leis an gcáiníocóir ach go ndéantar é a fhritháireamh i gcoinne cánacha eile atá gan íoc.

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

## Cuntas ar Fháltas agus ar Dhiúscairt an Ioncaim a Bailíodh

| | Nótaí | 2007 €000 | 2006 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ollfháltais** | | | |
| Cáin agus Dleachtanna a Bailíodh | 1 | 56,639,866 | 53,787,701 |
| Fáltais a bailíodh Thar Ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile | 2 | 9,508,543 | 8,542,238 |
| **Ollfháltais Ioncaim Iomlán a Bailíodh** | | **66,148,409** | **62,329,939** |
| **Aisíocaíochtaí** | | | |
| Aisíocaíochtaí ar Chánacha agus Dhleachtanna | 3 | (9,137,372) | (8,251,283) |
| Aisíocaíocht ar Fháltais a bailíodh Thar Ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile | 6 | (74,677) | (68,450) |
| **Aisíocaíochtaí Iomlán** | | **(9,212,049)** | **(8,319,733)** |
| **Glanfháltais** | | | |
| Cáin agus Dleachtanna a Bailíodh | 4 | 47,502,494 | 45,536,418 |
| Fáltais a bailíodh Thar Ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile | 6 | 9,433,866 | 8,473,788 |
| **Glanfháltais Ioncaim Iomlán a Bailíodh** | | **56,936,360** | **54,010,206** |
| **Diúscairt na nGlanfháltas** | | | |
| Cánacha agus Dleachtanna a Aistríodh chuig an Státchiste | 5 | (47,246,851) | (45,535,997) |
| An Tobhach Tobac a Aistriú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 5 | (167,605) | (167,605) |
| Fáltais a Aistriú chuig Ranna/Gníomhaireachtaí Eile | 6 | (9,432,944) | (8,466,636) |
| **Diúscairt Iomlán na bhFáltas Ioncaim a Bailíodh** | | **(56,847,400)** | **(54,170,238)** |
| **Glanfháltais Coinnithe ag Deireadh na Bliana** | | 88,959 | (160,032) |
| Iarmhéid Tosaigh ar an gcuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt Ioncaim ar 1 Eanáir | | (403,917) | (243,885) |
| Iarmhéid Deiridh ar an gcuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt Ioncaim ar 31 Nollaig | | **(314,958)** | **(403,917)** |

*Is é an fáth atá le neamhréiteach dealraitheach ar bith sna hiomláin ná slánú ar na figiúirí a dhéanann suas iad*

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 12 mar chuid de na Cuntais seo

**LIAM IRWIN**
**Ard-Chuntasóir**
**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**
**31 Márta 2008**

**JOSEPHINE FEEHILY**
**Oifigeach Cuntasaíochta**
**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**
**31 Márta 2008**

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

## Ráiteas na nIarmhéideanna

| | Nótaí | 2007<br>€000 | 2006<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 7 | 40,132 | 123,553 |
| Ioncam Fabhraithe | 8 | 20,367 | 31,696 |
| Réamhíocaíochtaí ar mhaithe le hIoncam | 9 | 146 | 112 |
| Suimeanna Dlite ó Ranna Rialtais | 10 | 3,465 | 1,046 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | | **64,110** | **156,407** |
| **Dliteanais** | | | |
| Suimeanna ar Feithimh Fáltas agus Leithdháileadh | 11 | (83,732) | (148,254) |
| Taiscí i Seilbh | 12 | (295,336) | (412,070) |
| **Iomlán na nDliteanas** | | **(379,068)** | **(560,324)** |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | | **(314,958)** | **(403,917)** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Iarmhéid Deiridh ar an gCuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt Ioncaim** | | | |
| Iarmhéid ar Chánacha agus Dhleachtanna dlite chuig/(ón) Státchiste | 5 | (329,052) | (417,090) |
| Iarmhéid ar Fháltais bailithe agus dlite chuig/(ó) Ranna/Gníomhaireachtaí eile | 6 | 14,094 | 13,173 |
| | | **(314,958)** | **(403,917)** |

*Is é an fáth atá le neamhréiteach dealraitheach ar bith sna hiomláin ná slánú ar na figiúirí a dhéanann suas iad*

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 12 mar chuid de na Cuntais seo

**LIAM IRWIN**
**Ard-Chuntasóir**
**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**
**31 Márta 2008**

**JOSEPHINE FEEHILY**
**Oifigeach Cuntasaíochta**
**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**
**31 Márta 2008**

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

## Nótaí leis na Cuntais

### Nóta 1. Cánacha agus Dleachtanna Comhlána a Bailíodh

| | 2007<br>€000 | 2006<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Cáin Bhreisluacha | 19,248,495 | 17,808,991 |
| Cáin Ioncaim | 16,788,418 | 15,449,609 |
| Cáin Chorparáide | 7,329,215 | 7,270,704 |
| Dleacht Mháil | 6,126,508 | 5,833,978 |
| Dleachtanna Stampála | 3,308,864 | 3,674,511 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 3,160,762 | 3,134,123 |
| Cáin Fháltais Caipitiúil | 397,482 | 354,818 |
| Dleacht Chustaim | 280,123 | 260,739 |
| Cáin Réadmhaoine Cónaithe [a] | – | 228 |
| | **56,639,866** | **53,787,701** |

[a] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2007 cuimsítear Cáin Réadmhaoine Cónaithe mar chuid den Cháin Fháltais Caipitiúil.

### Nóta 2. Ollfháltais a bailíodh Thar Ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile

| | 2007<br>€000 | 2006<br>€000 |
|---|---:|---:|
| An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh | 9,291,349 | 8,347,902 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 187,655 | 168,682 |
| An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil | 22,499 | 18,704 |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 1,838 | 1,748 |
| Coimisinéirí Soilse na hÉireann | 4,760 | 4,572 |
| An Roinn Airgeadais (Ioncam Ilghnéitheach) | 427 | 622 |
| An Roinn Iompair (Táillí Muirí) | 15 | 7 |
| | **9,508,543** | **8,542,238** |

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

## Nótaí leis na Cuntais

### Nóta 3. Aisíocaíochtaí ar Chánacha agus Dhleachtanna

| | 2007<br>€000 | 2006<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Cáin Bhreisluacha | (4,729,677) | (4,357,583) |
| Cáin Ioncaim | (3,206,246) | (3,074,849) |
| Cáin Chorparáide | (935,822) | (586,092) |
| Dleacht Mháil | (123,141) | (137,571) |
| Dleachtanna Stampála | (64,860) | (42,447) |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | (63,384) | (34,891) |
| Cáin Fháltais Caipitiúil | (6,860) | (11,607) |
| Dleacht Chustaim | (7,381) | (5,980) |
| Cáin Réadmhaoine Cónaithe [(a)] | – | (264) |
| | **(9,137,372)** | **(8,251,283)** |

[(a)] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2007 cuimsítear Cáin Réadmhaoine Cónaithe mar chuid den Cháin Fháltais Caipitiúil.

### Nóta 4. Ollfháltais Cánacha agus Dleachtanna

| | Ollfháltais<br>2007<br>€000 | Aisíocaíochtaí<br>2007<br>€000 | Glanfháltais<br>2007<br>€000 | Glanfháltais<br>2006<br>€000 |
|---|---:|---:|---:|---:|
| Cáin Bhreisluacha | 19,248,495 | (4,729,677) | 14,518,817 | 13,451,408 |
| Cáin Ioncaim | 16,788,418 | (3,206,246) | 13,582,172 | 12,374,760 |
| Cáin Chorparáide | 7,329,215 | (935,822) | 6,393,392 | 6,684,612 |
| Dleacht Mháil | 6,126,508 | (123,141) | 6,003,366 | 5,696,408 |
| Dleachtanna Stampála | 3,308,864 | (64,860) | 3,244,004 | 3,632,065 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 3,160,762 | (63,384) | 3,097,378 | 3,099,232 |
| Cáin Fháltais Caipitiúil | 397,482 | (6,860) | 390,623 | 343,211 |
| Dleacht Chustaim | 280,123 | (7,381) | 272,742 | 254,759 |
| Cáin Réadmhaoine Cónaithe [(a)] | – | – | – | (36) |
| | **56,639,866** | **(9,137,372)** | **47,502,494** | **45,536,418** |

[(a)] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2007 cuimsítear Cáin Réadmhaoine Cónaithe mar chuid den Cháin Fháltais Caipitiúil.

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

## Nótaí leis na Cuntais

**Nóta 5. Cánacha agus Dleachtanna a aistríodh chuig an Státchiste**

| | **Iarmhéid Ag 1 Eanáir 2007 €000** | **Glanfháltais 2007 €000** | **Iomlán Aistrithe 2007 €000** | **Iarmhéid Ag 31 Nollaig 2007 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Cáin Bhreisluacha | 7,840 | 14,518,817 | (14,496,588) | 30,070 |
| Cáin Ioncaim | (34,572) | 13,582,172 | (13,572,410) | (24,810) |
| Cáin Chorparáide | (1,450) | 6,393,392 | (6,390,625) | 1,318 |
| Dleacht Mháil | (155,729) | 6,003,366 | (6,005,483) [a] | (157,846) |
| Dleachtanna Stampála | (235,195) | 3,244,004 | (3,185,602) | (176,793) |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 13,620 | 3,097,378 | (3,105,495) | 5,503 |
| Cáin Fháltais Caipitiúil | (8,968) | 390,623 | (392,349) | (10,695) |
| Dleacht Chustaim | (2,637) | 272,742 | (265,904) | 4,201 |
| | **(417,090)** | **47,502,494** | **(47,414,456)** | **(329,052)** |

[a] Tá €167,605,000 san áireamh sa tsuim de €6,005,483,000 a íocadh ó na Fáltais ón Dleacht Máil ar Thobac chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi Alt 3 den Acht Leithreasa, 1999 arna leasú ag an Acht Leithreasa, 2005.

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

## Nótaí leis na Cuntais

### Nóta 6. Fáltais a Aistriú chuig Ranna/Gníomhaireachtaí Eile

| | Iarmhéid Ag 1 Eanáir 2007 €000 | Glanfháltais 2007 €000 | Iomlán Aistrithe 2007 €000 | Iarmhéid Ag 31 Nollaig 2007 €000 |
|---|---|---|---|---|
| An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh | 10,299 | 9,216,674[(a)] | (9,218,617) | 8,357 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 2,398 | 187,655 | (185,199) | 4,853 |
| An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil | 136 | 22,497[(b)] | (22,212) | 421 |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 98 | 1,838 | (1,710) | 218 |
| Coimisinéirí Soilse na hÉireann | 159 | 4,760 | (4,790) | 129 |
| An Roinn Airgeadais (Ioncam Ilghnéitheach) | 84 | 426[(b)] | (409) | 101 |
| An Roinn Iompair (Táillí Muirí) | 7 | 15 | (7) | 15 |
| | **13,173** | **9,433,866** | **(9,432,944)** | **14,094** |

[(a)] Tá an tsuim de €9,216,674,196 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €74,674,438.
[(a)]Tá na suimeanna de €22,497,177 agus €426,098 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €1,966 agus €1,157 faoi seach

### Nóta 7. Airgead sa Bhanc agus ar Láimh

| | 2007 €000 | 2006 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid i gCuntas na gCoimisinéirí Ioncaim ag an mBanc Ceannais | 21,613 | 34,986 |
| Airgead ar láimh [(a)] | 18,519 | 88,567 |
| | **40,132** | **123,553** |

[(a)] Léiríonn airgead ar láimh suimeanna atá á choinneáil ag na Coimisinéirí Ioncaim i mbainc thráchtála ar feitheamh próiseáil a chur i gcrích trí chórais chuntasaíochta na gCoimisinéirí.

### Nóta 8. Ioncam Fabhraithe

Léiríonn ioncam fabhraithe suimeanna ar chuí don bhliain 2007 iad lena bhfuarthas íocaíocht i ndiaidh deireadh na bliana. Déantar na suimeanna seo a thaifeadadh mar shuimeanna airgid thirim a fuarthas in 2008.

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

## Nótaí leis na Cuntais

### Nóta 9. Réamhíocaíochtaí ar Mhaithe le hIoncam

Bíonn Réamhíocaíochtaí ar Mhaithe le hIoncam ann mar thoradh ar nós imeachta cuntasaíochta a fheidhmítear sna dúichí i leith Dleachtanna Custaim agus Máil. Nuair atá easnamh maidir le hairgead a bhailiú mar thoradh ar nithe cosúil le seic atá gan íoc déantar é a líonadh go sealadach leis an meicníocht de "réamhíocaíocht" a tharraingítear ar chuntas de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Déantar na "réamhíocaíochtaí" seo a ghlanadh ina dhiaidh sin nuair a fhaightear íocaíocht ón trádálaí.

### Nóta 10. Suimeanna Dlite ó Ranna Rialtais

Nuair a bhíonn dliteanas ann mar thoradh ar Ranna Rialtais a bheith ag iompórtáil earraí, scaoiltear na hearraí gan dleachtanna ná cánacha a íoc láithreach agus gearrtar an tsuim atá dlite ar an Roinn ina dhiaidh sin.

### Nóta 11. Suimeanna ar Feithimh Fáltas agus Leithdháileadh

| | 2007<br>€000 | 2006<br>€000 |
|---|---|---|
| Taiscí Cánach gan Leithdháileadh [a] | (21,612) | (35,006) |
| Fáltais chánach ar feitheamh aistriú agus leithdháileadh | (61,998) | (113,137) |
| Ilghnéitheach | (112) | (112) |
| | **(83,732)** | **(148,254)** |

[a] Tá Taiscí Cánach gan Leithdháileadh (TCL) déanta suas don chuid is mó d'íocaíochtaí a dhéantar ar chuntas le linn iniúchtaí cánach agus socruithe iniúchta nach bhfuil treoracha cuntasaíochta curtha i gcrích dóibh fós. Dá réir sin, ní féidir na híocaíochtaí a leithdháileadh chuig na ceannteidil chánacha chuí agus coinníonn na Coimisinéirí Ioncam i gcuntas TCL sa Bhanc Ceannais iad.

### Nóta 12. Taiscí i Seilbh [a]

| | 2007<br>€000 | 2006<br>€000 |
|---|---|---|
| Stampálacha | (160,199) | (239,115) |
| Bailitheoirí C&M | (25,924) | (139,194) |
| Bailitheoir AEP | (109,213) | (33,762) |
| | **(295,336)** | **(412,070)** |

[a] Léiríonn taiscí i seilbh suimeanna atá íoctha ag cáiníocóirí d'idirbhearta nár próiseáladh trí chórais chuntasaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim fós iad.